

CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL
(Bunaithe 1884)

An Treoir Oifigiúil - Cuid 1

Cuimsítear inti Bunreacht agus Rialacha CLG atá athbhreithnithe agus ceartaithe chun dáta, agus foilsithe ar údarás na hArd-Chomhairle.

Tá an foilseachán seo curtha
in ionad na leaganacha uile a
foilsíodh roimhe seo.

GACH CEART AR COSAINT

© Arna foilsiú ag Ard-Chomhairle an Chumann, Páirc an
Chrócaigh, Baile Átha Cliath 3.
(Le héifeacht ón 23 Márta 2019 mura sonraítear a mhalairt i
Riail.)

Cuid 1

CLÁR NA nÁBHAR

LEATHANACH

Cumann Lúthchleas Gael

CAIBIDIL 1: AIDHMEANNA AGUS ÉITEAS

Bunrudaí

Aonaid/Dlínse

Stádas Amaitéarach

Neamhpháirtí Polaitíochta

Frithsheicteach/Frithchiníoch

Cosaint Leanaí/Daoine Óga (Faoi bhun 18 mbliana d'aois)

Cód Iompair

Gealltóireacht

Frithdhópáil

Urraíocht

Feisteas agus Trealamh Imeartha

CAIBIDIL 2: BALLRAÍOCHT AGUS CLÁRÚ

CAIBIDIL 3: STRUCHTÚIR EAGRAÍOCHTA: COMHDHÉANAMH, CUMHACHTAÍ AGUS FEIDHMEANNA

An Club

An Contae - Coinbhinsiún

An Contae - Coiste

An Cúige - Coinbhinsiún

An Cúige - Comhairle

Náisiúnta - Comhdháil

Náisiúnta - Ard-Chomhairle

Náisiúnta - Coistí Láir

Liathróid Láimhe

Cluiche Corr

Institiúidí Oideachais

Cumann Imreoirí Gael

Imeacht ó Rialacha

CAIBIDIL 4: RIARACHÁN: RIALACHÁIN RIARACHÁIN, PRÓTACAIL AGUS RIALUITHE

Oifig Thoghtach

Córam

Vótáil

Forálacha Coistí Idirthréimhseacha

Comhfhreagras

Cumarsáid

Físchomhdháil agus/nó Comhdháil Ghutháin

Speansais Taistil agus Óstán

Trófaíthe agus Boinn

Taifid

Ciste Gortuithe na nImreoirí

CAIBIDIL 5: RIALÚ MHAOIN AN CHUMAINN

Úsáid na Maoine

Cumhachtaí

Iontaobhais Mhaoín an Chumainn

Eisiamh

CAIBIDIL 6: CLUICHÍ AGUS COMÓRTAIS

Incháilitheacht Imeartha/Aistrithe/Dearbhuithe

Incháilitheacht i leith Craobhchomórtas/Grádú

Craobhchomórtais Chlubanna

Craobhchomórtais Idirchontae

Comórtais Sraithchomórtais

Cluichí Turnaiminte agus Dúshláin

Cluichí - Ginearálta

Rialacha maidir le Sonraíocht agus Rialú - Pionóis

Míonna Dúnta / Comhthraenáil

Athruithe ar Struchtúr na gComórtas

CAIBIDIL 7: FORFHEIDHMIÚ NA RIALACHA/EADRÁNA

Dlínse Smachtaithe

Calaoisí

Nósanna Imeachta maidir le Smachtú agus Éisteachtaí lena mBaineann

Bailíocht Bhunú na Foirne

Fionraíocht

Dícháilíocht Foirne agus Cluichí a chur ar Ceal

Fíneálacha

Díbharrú

Ruaigeadh

Agóidí

Achomhairc

Tabhairt ar Ais

Eadráin

Cásanna Tarchurtha - Bunú na gCoistí

AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Léirmhínithe agus Sainmhínithe

Aguisín 2: Cóid, Treoirlínte agus Treoracha CLG

Aguisín 3: Róta Pheil Mhionúr na hÉireann

Aguisín 4: Contaetha a bhfuil cead acu leas a bhaint as Rialacha 6.6 (b)(iii) & 6.9(b)(iii)

Aguisín 5: Bunreacht agus Rialacha an Chlub

Aguisín 6: An Cód Réitigh Díospóidí

Aguisín 7: Litir an Dr Uí Chrócaigh

Aguisín 8: Michael Cusack, Maurice Davin, Ardeaspag Ó Crócaigh

Aguisín 9: Ard-Rúnaithe/Ard-Stiúrthóirí

Aguisín 10: Uachtaráin

INNÉACS

CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

Eagraíocht is ea Cumann Lúthchleas Gael inniu a shroicheann gach coirnéal den tír agus tá a fhréamhacha i ngach paróiste na hÉireann. Ar fud na Tíre, tá scata mór oibrithe deonacha atá sásta íobairtí a dhéanamh lena idéil a chur chun cinn agus a ualaí laethúla a dhéanamh. Cén fáth a bhfaigheann an Cumann an tacaíocht neamhleithleach seo?

Feiceann na daoine a imríonn a chluichí, iad siúd a eagraíonn a ghníomhaíochtaí agus iad siúd a rialaíonn a chinneamh CLG mar bhealach lenár bhféiniúlacht Éireannach a chomhdhlúthú. Dar leis na daoine sin, tá níos mó ag baint leis na cluichí ná na cluichí iad féin go díreach - baineann suntasacht náisiúnta leo - agus mar sin tá cur chun cinn an chaithimh aimsire dhúchasaigh mar chuid den idéal náisiúnta, ina samhlaítear ár dteanga féin a labhairt, ár gceol féin agus ár ndamhsaí féin. Is é príomhchuspóir CLG caithimh aimsire dhúchasacha a eagrú agus an chorpacmhainn lúthchleasaíochta a chur chun cinn mar bhealach le fearúlacht smachtaithe, fhéintuilleamaíoch le meon náisiúnta a chruthú. Is é an toradh foriomlán léiriú rogha na ndaoine le haghaidh bealaí dúchasacha in áit bealaí a thugtar isteach. Toisc nach bhfuil smacht ag Éirinn thar an gcríoch náisiúnta ar fad, tá a héileamh ar an náisiúntacht lagaithe. Bheadh sé níos lagaithe fós dá mba rud é go gcaillfeadh sí a teanga, dá dteipfeadh uirthi slí bheatha sách maith a chur ar fáil dá muintir sa bhaile, nó dá ndéanfadh sí a cluichí agus gnásanna féin a thréigeadh i bhfabhar cluichí agus gnásanna náisiúin eile. Má chailltear an bród i dtréithe na náisiúntachta, faigheann rud éigin maith agus sainiúil inár gcine bás leis. Le gach tréith náisiúnta a chailltear déantar i bhfad níos boichte muid mar Náisiún. Inniu, tá suntasacht úr ag na cluichí dúchasacha nuair a thuigfear go raibh siad ina gcuid, agus go bhfuil siad fós ina gcuid, de mhian an Náisiúin a saol féin a bheith aici, agus a gnóthaí féin a rialú.

CAIBIDIL 1 - AIDHMEANNA AGUS ÉITEAS

1.1 Ainm

Is é is ainm don Chumann:
“Cumann Lúthchleas Gael”.

1.2 Bunaidhm

Eagraíocht Náisiúnta is ea an Cumann agus is é a bhunaidhm an Fhéiniúlacht Náisiúnta a neartú in Éirinn ina bhfuil 32 Chontae trí Chluichí Gaelacha agus caithimh aimsire Gaelacha a chaomhnú agus a chur chun cinn.

1.3 Cluichí Náisiúnta

Déanfaidh an Cumann na cluichí Náisiúnta Iománaíochta, na Peile Gaelaí, Liathróide Láimhe agus Cluiche Corr, agus cluichí ar bith eile dá leithéid, arna gceadú nó arna bhfaomhadh ag an gComhdháil Bhliantúil a chur chun cinn agus a rialú.

1.4 Aidhmeanna Eile

(a) Tacóidh an Cumann go gníomhach leis an nGaeilge, damhsa, ceol, amhránaíocht traidisiúnta na hÉireann, agus le gnéithe eile de chultúr na hÉireann. Cothóidh sé feachtas agus gean ar na hidéil náisiúnta i muintir na hÉireann, agus cuideoidh sé le spiorad pobail a chur chun cinn trína chlubanna.

(b) Cuirfidh an Cumann a aidhmeanna chun cinn i measc pobal thar lear trína Aonaid Idirnáisiúnta.

(c) Tacóidh an Cumann le cur chun cinn na Camógaíochta agus Pheil na mBan.

(d) Déanfaidh an Cumann gach dícheall praiticiúil chun tacaíocht a thabhairt do Thionscail na hÉireann go háirithe i ndáil le soláthar trófaí agus feistis agus trealaimh imeartha.

1.5 Tiomantas

Bainfear úsáid as an gCumann agus as a acmhainní le haghaidh na n-aidhmeanna thuas agus beidh siad tiomanta do na haidhmeanna thuas amháin.

1.6 Leaganacha Gaeilge/Béarla de na Rialacha

Foilseofar Rialacha an Chumainn i nGaeilge agus i mBéarla.

1.7 Úsáid na Gaeilge i ndoiciméid/comhfhreagras

Beidh an méid seo a leanas i nGaeilge sna doiciméid oifigiúla agus i gcomhfhreagras oifigiúil:

(a) Ainm an Chlub/Choiste a mbeidh ionadaíocht á déanamh thar a cheann (i gcás go bhfuil Club/Coiste bainteach).

(b) Síniú an tseoltóra, faoi réir Riall 4.6(e).

(c) Ainm agus seoladh an tseolaí, i gcás ina mbaintear úsáid astu, lena n-áirítear ar chlúdaigh litreach.

(d) Priontáil agus sínithe ar sheicléabhair agus ar sheiceanna oifigiúla chun táillí a íoc.

(e) Ainmneacha iomlána na n-imreoirí agus síniú an Rúnaí nó an Rúnaí Chúnta, nó i gcás comórtas d'imreoirí Faoi 16 agus comórtas do ghráid níos óige, síniú an Oifigigh údaráithe i bhFeighil ar an bhfoireann de réir Riall 4.5, ar an liosta oifigiúil imreoirí do chluichí.

Rialófar comhfhreagras agus doiciméid nach mbeidh comhlíontach as ord, ach féadfar, faoi réir teorainn ama ar bith arna sainiú leis an Riall nó ag an gCoiste i bhFeighil, iad a chur isteach arís i bhfoirm chomhlíontach.

Eisceachtaí:

(1) I gcásanna sloinnte neamhghnácha nó i gcás go bhfuil níos mó ná cineál amháin de leagan sloinne i nGaeilge, féadfar an leagan Béarla den sloinne a chur leis chun críche aitheanta.

(2) I gcásanna nach bhfuil leagan Gaeilge ar bith ar ainm.

(3) Is féidir le hainmneacha atá luaite i dTuarascálacha na Réiteoirí a bheith i mBéarla.

(4) I gClár Leictreonach na mBall agus na nImreoirí (Rialacha 2.2 agus 2.3), féadfaidh na seoltaí a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

(5) Féadfar Fógraí na gCluichí a bheith i nGaeilge nó i mBéarla nó i nGaeilge agus i mBéarla araon.

1.8 An Bhratach Náisiúnta agus an tAmhrán Náisiúnta

(a) Ba cheart an Bhratach Náisiúnta a chur in airde ag cluichí de réir prótacail.

(b) Sa chás go mbeidh an tAmhrán Náisiúnta ar siúl roimh chluiche, seasfaidh na foirne ar aire, ag féachaint i dtreo na Brataí, ar mhodh measúil. San Iománaíocht, bainfidh na himreoirí a gclogaid díobh le linn an Amhráin Náisiúnta.

1.9 Aonaid/Dlínse

Eagraíocht dhaonlathach is ea an Cumann ina gcuimsítear na haonaid seo a leanas:

- (a) Clubanna
- (b) Coistí Contae
- (c) Comhairlí Cúige
- (d) Ard-Chomhairle
- (e) Comhdháil Bhliantúil

Beidh Baill an Chumainn, de bhua a mballraíochta, faoi réir dhlínse Rialacha, Fhodhlíthe agus Rialacháin an Chumainn, lena rialófar an caidreamh idir na haonaid éagsúla, idir baill, agus idir baill agus aonaid.

Beidh baill agus aonaid faoi cheangal díospóid ar bith agus gach díospóid a thíocfadh chun cinn a réiteach, faoi chuimsiú na nósanna imeachta, an Chórais Achomhairc agus na bhForálacha Réitigh Díospóidí reatha arna leagan amach sna Rialacha seo. Ní rachaidh baill i muinín imeachtaí cúirte ag tabhairt neamhaird ar na nósanna imeachta, ar an gCóras Achomhairc agus ar na Forálacha Réitigh Díospóidí sin.

1.10 Stádas amaitéarach

Cumann Amaitéarach is ea an Cumann. Ní ghlacfaidh imreoir, foireann, oifigeach nó ball íocaíocht in airgead tirim nó íocaíocht chomhchineáil i gcomhar le himirt na gCluichí Gaelacha.

Ní dhéanfaidh imreoir, foireann, oifigeach nó ball conradh le gníomhaí ar bith seachas iad siúd atá faofa go hoifigiúil ag an Ard-Chomhairle. Ní bheidh na speansais a íocfar le hoifighigh, imreoirí agus baill níos mó ná na rátaí caighdeánacha atá leagtha síos ag an Ard-Chomhairle. Ní ghlacfaidh baill an Chumainn páirt in oiliúint lánaimseartha. Ní chuirfear toirmeasc ar íocaíocht tuarastal nó pánna d'fhostaithe an Chumainn leis an Rial seo.

Pionós: Fionraíocht nó Ruaigeadh ceithre seachtaine is fiche.

1.11 Neamhpháirtí Polaitiúil

Beidh an Cumann ina neamhpháirtí polaitiúil. Ní phléifear ceisteanna polaitiúla páirtí ag a chruinnithe, agus ní ghlacfaidh Coiste, Club, Comhairle, nó ionadaí ar bith thar a gceann, páirt, mar sin, i ngluaiseacht pholaitiúil páirtí ar bith.

D'fhéadfaí pionós suas le fionraíocht ceithre seachtaine is fiche a ghearradh mar gheall ar shárú.

1.12 Frithsheicteach/Frithchiníoch

Tá an Cumann ina Chumann Frithsheicteach, Frithchiníoch agus tá sé tiomanta do phrionsabail an chuimsithe agus na héagsúlachta ar gach leibhéal. Iompar ar bith trí ghníomh, trí fhocal, nó trí chomhartha seicteach nó ciníoch ar bith a thagann salach ar phrionsabail an chuimsithe agus na héagsúlachta i gcoinne imreora, oifigigh, duine den lucht féachana nó duine ar bith, i rith gníomhaíochtaí a bheidh eagraithe ag an gCumann, measfar gur tharraing siad míchlú ar an gCumann.

1.13 Leanaí/Daoine óga (faoi bhun 18 mbliana d'Aois) a chosaint

(a) Déanfaidh an Cumann leasanna agus folláine na ndaoine óga uile faoi bhun 18 mbliana d'aois atá páirteach ina chluichí agus i gníomhaíochtaí gaolmhara a chosaint agus a chur chun cinn.

(b) Déanfaidh an Cumann gach beart praiticiúil chun iad a chosaint ar gach cineál inbhraite mí-úsáide, ar chontúirt, ar idirdhealú nó ar chaitheamh maslach, agus beidh meas aige ar a gcearta, a mianta agus a mothúcháin.

(c) Beidh Cód Dea-Chleachtais Iompair (Faoi bhun Aoise) i bhfeidhm ag an Ard-Chomhairle chun leanaí/daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a chosaint agus a choinneáil sábháilte (lena n-áirítear

na nósanna imeachta um smachtú agus nósanna imeachta eile a chuirfear i bhfeidhm i gcás go sárófaí an Cód sin) agus beidh siad i dteideal foráil ar bith sa Chód a leasú nó a aisghairm ó am go chéile.

Déanfar foráil sa Chód maidir leis an dóigh a gcinnfear cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar na nósanna imeachta faoin gCód nó faoi fhorálacha Riail 7 a aisghairm i gcás faoi leith ar bith.

(d) Saineofar sa Chód na nósanna imeachta um smachtú a chuirfear i bhfeidhm mar gheall ar shárúithe ar an gCód. Leis an Riail tabharfar agus bunófar údarás chun na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí go léir a chomhlíonadh de réir an Chóid agus na dTreoirilínte.

(e) Beidh Treoir CLG chun Déileáil le Líomhaintí Mí-Úsáide agus iad a Thuairisciú i bhfeidhm ag an Ard-Chomhairle. Déileálfar le

líomhaintí agus gearáin mí-úsáide ar bith go heisiach de réir fhorálacha na dTreoirínte sin agus ní faoi fhorálacha ar bith eile de chuid na Rialacha sin nó de chuid Bhunreacht agus Rialacha na gClubanna.

(Féach Aguisín 2).

1.14 Cód Iompair

Glacfaidh an Ard-Chomhairle le Cód Iompair d'Oifigigh, Baill, Imreoirí, Tuismitheoirí/Caomhnóirí, Meantóirí, Lucht Leanta, Oifigigh Chluiche, Foirne, Aonaid agus Neamhbhaill, ina saineofar iompraíocht agus cleachtais chuí.

Saineofar sa Chód na nósanna imeachta um smachtú a chuirfear i bhfeidhm mar gheall ar sháruithe ar an gCód. Leis an Riail tabharfar agus bunófar údarás chun na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí go léir a chomhlíonadh de réir an Chóid.

1.15 Gealltóireacht

Tá dianchosc ar Imreoir, ar Fhoireann, ar Bhall an Lucht Bainistíochta Foirne nó ar Oifigeach Cluiche atá bainteach le Cluiche geall a chur ar thoradh gné ar bith den Chluiche lena mbaineann.

Pionós: Gearrfar pionós mar gheall ar shárú de réir Riail 7.2(e).

1.16 Frithdhópáil

Cuireann an Cumann cosc ar úsáid substaintí nó modhanna toirmisce, cleachtas ar a dtugtar dópáil sa spórt go ginearálta. Is iad Rialacha an Chumainn maidir le dópáil Rialacha Frithdhópála na hÉireann arna nglacadh ag Spórt Éireann agus arna leasú ó am go chéile.

Is féidir an leagan is déanaí a íoslódáil ó <http://sportireland.ie/anti-Dópáil>.

Beidh éifeacht ag na Rialacha i Rialacha Frithdhópála na hÉireann a luadh agus forléireofar iad mar Rialacha an Chumainn. Bunóidh an Ard-Chomhairle coiste ar a dtabharfar an Coiste um Éisteachtaí Frithdhópála. De bhun Airteagal 8.6 de Rialacha Frithdhópála na hÉireann agus le comhaontú ó Chomhairle Spóirt na hÉireann, chinn an Cumann go réachtálfar éisteachtaí de bhun Airteagal 8 de Rialacha Frithdhópála na hÉireann os comhair an Choiste um

Éisteachtaí Frithdhópála agus chun críche na Rialach seo agus Rialacha Frithdhópála na hÉireann, forléireofar gach tagairt do Phainéal Smachtaithe Frithdhópála Spórt Éireann in Airteagal 8, 10 (gan Airteagal 10.5 san áireamh), agus 13.2.1(f) i Rialacha Frithdhópála na hÉireann mar thagairtí don Choiste um Éisteachtaí Frithdhópála. Chun amhras a sheachaint, déanfar achomhairc in aghaidh cinntí an Choiste um Éisteachtaí Frithdhópála chuig Cathaoirleach Phainéal Smachtaithe Frithdhópála Spórt Éireann agus éistfidh painéal achomhairc leo a roghnófar ó Phainéal Smachtaithe Frithdhópála Spórt Éireann.

Cloifidh Aonaid Idirnáisiúnta leis an reachtaíocht um Fhrithdhópáil ina dTíortha oibríochta faoi seach.

Bunóidh an Ard-Chomhairle coiste ar a dtabharfar an Coiste Rialaithe Frithdhópála agus saineoidh sí dó na feidhmeanna sin de chuid an Chumainn a bhaineann le cosc ar dhópáil i gcluichí an Chumainn de réir mar is cuí leis.

1.17 Urraíocht

(a) Beidh an t-údarás ag an Ard-Chomhairle agus ag a Fochomhairlí agus a Fochoistí chun urraíocht a idirbheartú lena n-áireofar cearta ainmníochta do staidiamáí, seastáin agus ardáin de réir na rialachán a dhréachtóidh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

(b) Beidh an chumhacht ag an gCoiste Bainistíochta urraíocht agus cearta ainmníochta a idirbheartú agus a riar thar ceann na hArd-Chomhairle.

Beidh comhaontú ar bith ina rachaidh an Ard-Chomhairle maidir lena haonaid ceangailteach ar aonaid uile an Chumainn.

(d) Tá cosc ar urraíocht trí chuideachtaí gealltóireachta d'aon comórtas, foireann, trealamh imeartha nó saoráid.

Pionós: Beidh aonad ar bith a sháróidh an Riail faoi dhliteanas dícháilithe agus/nó cailteanas speansas, agus beidh duine aonair faoi dhliteanas fionraíochta nach lú ná ceithre seachtaine is fiche.

1.18 Feisteas agus Trealamh Imeartha

(a) Na geansaithe, brístí gairide, stocaí, cultacha spóirt (barréidí agus brístí) agus málaí spóirt uile, a chaitear/nó a úsáidtear le haghaidh cluichí oifigiúla, in agallaimh teilifíse nó físe réamhchluiche nó iarchluiche, siúl suas agus grianghraif imreoirí, beidh siad déanta in Éirinn.

Beidh an ceanglas seo i bhfeidhm ar fheisteas imeartha macasamhlach chomh maith.

Brandáil

(b) Beidh lógó corparáideach an Chumainn taispeánta ar na geansaithe uile a chaithfidh na himreoirí le linn cluichí oifigiúla, in agallaimh teilifíse nó físe réamhchluiche nó iarchluiche, siúl suas agus grianghraif imreoirí.

(c) Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó urraitheora ach amháin de réir Comhaontú Urraíochta a bheidh faofa go hoifigiúil ar gheansaithe, ar chultacha spóirt ná ar mhálaí spóirt imreoirí.

Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó urraitheora ar bhrístí gairide nó ar chorp imreora nó oifigh cluiche.

(d) Ní bheidh Club i dteideal dul isteach i gcomhaontú urraíochta maidir le húsáid ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna an urraitheora ar fheisteas imeartha mura bhfuarthas cead i scríbhinn ón gCoiste Contae.

(e) Ní bheidh Contae i dteideal dul isteach i gcomhaontú urraíochta maidir le húsáid ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna an urraitheora ar fheisteas imeartha mura bhfuarthas cead i scríbhinn ón Ard-Chomhairle.

Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna Urraitheoir an Chontae ach amháin ar gheansaithe agus ar gheansaithe macasamhlacha de réir na sonraíochtaí arna bhfaomhadh ag an Ard-Chomhairle.

(f) Ní bheidh achar iomlán ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna an urraitheora ar gheansaithe níos mó ná achar 350 ceintiméadar cearnach. Déanfar an t-achar sin a ríomh tríd an achar iomlán a thomhas, lena n-áirítear aibhsiú cúlra, cumhdaithe ón bpointe is faide uait go dtí an bpointe eile. Ní thagraíonn ríomh na méide don achar a bheidh cumhdaithe ag litrithe aonair ainm nó marcanna sainiúla nó lógó ach tagraíonn sé don achar iomlán. Ceadófar brandáil bhreise ar achar (achair) eile

geansaithe agus geansaithe macasamhlacha de réir na sonraíochtaí arna bhfaomhadh ag an Ard-Chomhairle.

(g) Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna nó ábhar fógraíochta ar bith eile ar bhróga peile, lámhainní, camáin, tíonna ciceála, cosaintí láimhe, bandaí allais, fo-éadaí, bandaí cinn nó clogaid nó mír ar bith de threalamh imeartha nó oiriúintí a chaithfear nó a thaispeánfar le linn cluichí oifigiúla nó in agallaimh teilifíse nó físe réamhchluiche nó iarchluiche nó grianghraf, seachas ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó an déantóra.

(h) Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógónna déantóra ar mhíreanna fearais imeartha faoi mar atá leagtha amach i bhfochlásal (a) den Rial seo mura bhfuil míreanna dá leithéid san áireamh i gComhaontú Ceadúnais Oifigiúil a d'fhaomh Coiste Bainistíochta na hArd-Chomhairle roimh ré.

Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó de chineál ar bith ar stocaí.

(i) Seachas de réir fhochlásail (c) agus (h), ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó nó ábhar fógraíochta eile ar bith ar gheansaithe, brístí gairide, cultacha spóirt nó málaí spóirt.

(j) Ceadófar glacadh feistis agus/nó trealamh imeartha ag aonad ar bith den Chumann de réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) Go gcomhlíonfar fochlásail na Rialach seo;

(ii) Go dtabharfar an feisteas agus/nó trealamh imeartha d'Oifigigh Aonad cuí an Chumainn; agus

(iii) Go gcloíonn an fearas agus/nó trealamh imeartha leis na Rialacháin maidir le Fearas agus Trealamh Imeartha faoi mar a dhaingneoidh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

(k) Ní dhéanfaidh aonad, imreoir, oifigeach nó ball a chonradh féin chun branda sainiúil fearais, trealamh imeartha nó oiriúintí ar bith a chaitheamh nó a úsáid mura gcloíonn feisteas, trealamh imeartha nó oiriúintí dá leithéid go hiomlán le forálacha na Rialach seo.

(l) (i) Ní thaispeánfar ainm (ainmneacha) branda, marcanna sainiúla nó lógó nó ábhar fógraíochta eile a bhaineann le cuideachtaí alcóil, tithe tábhairne, nó áitribh eisceadúnais ar an bhfeisteas imeartha, arna leagan amach i bhfochlásal (a), nó feisteas /trealamh breise ar

bith, arna leagan amach i bhfochlásal (g) ar le foirne iad nó a bhaineann le foirne a fhreastalaíonn ar dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois amháin.

(ii) Tá cosc ar urraíocht foirne a fhreastalaíonn ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois amháin ó chuideachtaí alcóil

Pionós:

Beidh aonad nó foireann ar bith a sháróidh an Riail seo faoi dhliteanas dícháilithe agus/nó caillteanas speansas, agus beidh duine aonair faoi dhliteanas fionraíochta nach lú ná ceithre seachtaine is fiche nó faoi dhliteanas ruaigthe.

CAIBIDIL 2 - BALLRAÍOCHT AGUS CLÁRÚ

2.1 Ballraíocht

(a) Beidh trí chineál Ballraíochta sa Chumann:

(i) Ballraíocht Iomlán, do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois (i.e. beidh a 18ú breithlá slánaithe acu roimh an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta.

(ii) Ballraíocht Faoi Aois, do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois agus Os cionn 9 mbliana d'aois (i.e. beidh a 18ú breithlá slánaithe acu an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta nó ar dháta ina dhiaidh sin agus beidh a 9ú mbreithlá slánaithe acu roimh an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta).

(iii) Ballraíocht Leanaí, do leanaí Faoi 9 mbliana d'aois (i.e. beidh a 9ú breithlá slánaithe acu ar an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta nó ar dháta ina dhiaidh sin). Nuair a éagfaidh Ballraíocht Linbh sa Chumann, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar Bhallraíocht Faoi Aois sa Chumann trí Chlub a bhfuil siad i dteideal imirt dó.

(b) Ní dheonóidh Club Ballraíocht sa Chumann, ach amháin do dhaoine a aontaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí Chumann Lúthchleas Gael agus a gheallann iad a chur chun cinn, faoi mar atá sonraithe sa Treoir Oifigiúil.

(c) Beidh duine ina Bhall Iomlán nó ina Bhall Faoi Aois den Chumann nuair a cheadófar é/í mar Bhall Iomlán nó mar Bhall Faoi Aois faoi seach de Chlub.

Nuair a bheidh sé deonaithe, leanfaidh an Bhallraíocht Iomlán sa Chumann ar feadh an tsaoil, agus leanfaidh an Bhallraíocht Faoi Aois go dtí deireadh na bliana ina slánóidh an ball ocht mbliana déag d'aois, ag an am a bheidh an chéad fócaíocht as síntiús ballraíochta déanta mar Bhall Iomlán go huathoibríoch mura n-éiríonn an ball as i scríbhinn, nó má chuirtear amach am ball i gcomhréir leis an Treoir Oifigiúil.

Ball a éiríonn as a bhallraíocht sa Chumann agus a theastaíonn uaidh/uaithi iarratas a dhéanamh arís ar an mBallraíocht, beidh sé teoranta d'iarratas dá leithéid a dhéanamh leis an gClub ina raibh sé/sí ina b(h)all díreach sular éirigh sé/si as.

(d) Beidh cearta Baill den Chumann ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an ball Rialacha agus Rialacháin an Chumainn

agus an Chlub, lena n-áirítear Táillí nó Tobhaigh Bhliantúla na Ballraíochta a íoc. D'fhéadfaí na cearta sin a choinneáil siar, a shrianadh nó a chur ar fionraí de réir Rialacha an Chumainn agus an Chlub.

Faoi réir an mhéid thuas, ní bheidh ach Baill Iomlána Cláraithe amháin i dteideal vótáil ag Cruinnithe an Chlub, lena n-áirítear an Cruinnithe Ginearálta Bliantúil.

(e) Déanfar na Rialacha agus Rialacháin lena rialaítear iarratas ar Bhallraíocht a leagan amach i mBunreacht Oifigiúil an Chlub.

(f) Mairfidh Ballraíocht i gCumann Lúthchleas Gael ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig gach bliain.

(g) Ní bheidh ach Ball Iomlán amháin a d'íoc an síntiús bliantúil Club faoin dáta dlite a shocraíonn Coiste Feidhmiúcháin an Chlub (a bheidh roimh an 31 Márta gach bliain) i dteideal vótáil ag an gCoiste Feidhmiúcháin, ainmniú a dhéanamh don Choiste Feidhmiúcháin, nó iarracht a dhéanamh go dtoghfar chun an Choiste Feidhmiúcháin an ball ag Cruinniú Ginearálta ar bith de chuid an Chlub a thionólfar suas go dtí an dáta dlite don íocaíocht, agus an dáta sin san áireamh, le haghaidh shíntiús bliantúil an Chlub agus Bliain na Ballraíochta ina dhiaidh sin.

2.2 Clárú ball

(a) Roimh an 1 Aibreán, cuirfidh Cláraitheoir an Chlub liosta, i nGaeilge, (ach amháin mar a fhoráiltear i Riall 1.7) isteach chuig an Ard-Chomhairle ar bhonn bliantúil, trí phróiseas Cláraithe Leictreonaigh, de na Baill Iomlána a chomhlíon an ceanglas dá Síntiús Bliantúil de réir Riall 6.2 de Bhunreacht agus Rialacha na gClubanna. Áireofar air sin ainm agus seoladh iomlán gach Baill Iomláin. Cuirfidh an Ard-Chomhairle cóip de Chlárú an Chlub ar aghaidh le ríomhphost chuig an Rúnaí Contae agus chuig an Rúnaí Roinne, nuair is infheidhme.

(b) Roimh an 1 Aibreán, cuirfidh Cláraitheoir an Chlub liosta i nGaeilge, (ach amháin mar a fhoráiltear i Riall 1.7) isteach chuig an Ard-Chomhairle ar bhonn bliantúil, trí phróiseas Cláraithe Leictreonaigh, de na Baill Faoi Aois uile Faoi bhun 18 mbliana d'aois a chomhlíon an ceanglas dá Síntiús Bliantúil de réir Riall 6.2 de Bhunreacht agus Rialacha na gClubanna. Áireofar air sin ainm agus seoladh iomlán agus dáta breithe gach Baill Faoi Aois. Cuirfidh an Ard-Chomhairle cóip de Chlárú an Chlub ar aghaidh le ríomhphost chuig an Rúnaí Contae, agus nuair is infheidhme chuig

an Rúnaí Roinne, chuig Coiste Mionúr an Chontae agus Coiste Ógánach an Chontae.

(c) Féadfaidh seoltaí na mBall Iomlán agus na mBall Faoi Aois a bheith i nGaeilge nó i mBéarla.

(d) Cuirfidh Clubanna táille bhliantúil €2 isteach do gach Ball Iomlán a d'íoc as an táille dá Bhallraíocht sa Chlub le haghaidh na bliana tríd an Rúnaí Contae.

(e) Dáilfidh an Ard-Chomhairle Uimhir Chlárúcháin ar gach Ball. Coimeádfaidh an ball a uimhir fad is a bheidh sé ina bhall de Chumann Lúthchleas Gael.

2.3 Clárú Imreoirí

(a) Cuirfidh Cláraitheoir an Chlub Cláir ar leith i nGaeilge (ach amháin mar a fhoráiltear i Riail 1.7) isteach chuig an Ard-Chomhairle ar bhonn bliantúil, trí phróiseas Cláraithe Leictreonaigh, d'imreoirí Aosaigh, Faoi bhun 21/20, Mionúir agus Ógánaigh (gach gráid) an Chlub. Ní chuirfear imreoir san áireamh ach ar cheann amháin de na Cláir.

Cuirfidh an Ard-Chomhairle cóip de Chlárú an Chlub ar aghaidh le ríomhphost chuig an Rúnaí Contae agus chuig an Rúnaí Roinne, nuair is infheidhme, agus chuig Coiste Mionúr an Chontae agus Coiste Ógánach an Chontae. Áireofar ar an liosta ainm agus seoladh iomlán agus dáta breithe gach imreora.

(b) Féadfaidh seoltaí na nImreoirí a chlárú i nGaeilge nó i mBéarla.

(c) Féadfar Clárúcháin bhreise a dhéanamh ina dhiaidh sin. Ní mór d'Imreoir a bheith cláraithe trí lá ar a laghad roimh chluiche.

(d) Beidh Clár Imreoirí ar fáil lena iniúchadh do Rúnaí Aonaid ar bith, ach é a iarraidh i scríbhinn.

Pionós: Is é seo a leanas an Pionós a bheith i gceist d'imreoir nach bhfuil cláraithe:

Ar agóid chruthaithe - Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile,

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil - An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

CAIBIDIL 3 - STRUCHTÚIR EAGRAÍOCHTA: COMHDHÉANAMH, CUMHACHTAÍ AGUS FEIDHMEANNA

AN CLUB

3.1 An Club

(a) Is é an Club aonad bunaidh an Chumainn, agus is é a chuspóir aidhmeanna an Chumainn, faoi mar atá sonraithe sa Treoir Oifigiúil seo, a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.

(b) Beidh sé d'obleagáid ar Chlub cóip reatha den Treoir Oifigiúil a fháil, agus measfar go mbeidh eolas iomlán ag a bhaill ar na Rialacha agus na Rialacháin inti, agus beidh orthu cloí leo. Beidh Club freagrach as iompar a bhaill agus a leantóirí aitheanta.

(c) Beidh Club ina Aonad a bheidh i dteideal páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas na Sinsear, Idirmheánach nó na Sóisear. Eisceacht

Féadfaidh Coiste Bainistíochta na hArd-Chomhairle breathnú ar iarratas ar imeacht ón Riail seo arna chur isteach ag Coiste Contae i scríbhinn agus má fhaomhtar é cinnfidh sé a Théarmaí.

3.2 Cleamhnú

(a) Roimh an 1 Aibreán, cuirfidh Club liosta i nGaeilge, (ach amháin mar a fhoráiltear i Riail 1.7) isteach chuig an Ard-Chomhairle ar bhonn bliantúil, trí phróiseas Cláraithe Leictreonaigh, d'ainmneacha Choiste Feidhmiúcháin an Chlub. Cuirfidh an Ard-Chomhairle cóip den liosta ar aghaidh le ríomhphost chuig an Rúnaí Contae.

(b) Cleamhnóidh Club gach bliain leis an gCoiste Contae ar fhoirm chaighdeánach um chleamhnú, ar a mbeidh ainmneacha Choiste Feidhmiúcháin an Chlub, dathanna agus dathanna comhroghnacha an Chlub agus dearbhóidh sé gur ghlac sé an fhoirm iomchuí de Bhunreacht agus Rialacha Oifigiúla an Chlub.

(c) Sula nglacfaidh Club páirt i gcomórtas ar bith, íocfar táille chleamhnaithe €20 le haghaidh na bliana leis an gCoiste Contae. Is í an táille iontrála a ghearrfar le haghaidh Craobhchomórtas €20 do gach foireann aosaigh agus €8 do gach foireann faoi bhun aoise, ach amháin sa chás go ndéantar foráil i bhFodhlíthe Contae i

gcomhair suim níos mó.

3.3 Cleamhnú Club nua

Déanfar Iarratas ar chleamhnú Club Nua leis an gCoiste Contae agus síneoidh cúigear ball imeartha déag ar a laghad é ag léiriú go bhfuil siad sásta ballraíocht sa chlub Nua a lorg ach na rialacha ábhartha maidir le Ballraíocht agus Aistrithe arna gcuimsiú sa Treoir Oifigiúil, más infheidhme, a bheith comhlíonta acu ar dtús. Nuair a bheidh sé sásta gur comhlíonadh an méid réamhluaite, féadfaidh an Coiste Contae an t-iarratas seo ar chleamhnú a fhaomhadh faoi réir cibé téarma agus coinníollacha a mheasfar a bheith iomchuí nó féadfaidh sé an t-iarratas a dhiúltú má bhíonn sé de thuairim an Choiste Contae nach mbeadh an cleamhnú ar mhaithe leis an bpeil agus/nó leis an iománaíocht a chur chun cinn laistigh den Chontae.

3.4 Ainm an Chlub

Ní thabharfar ainm ar an gClub as duine beo nó as eagraíocht pholaitiúil nó leathpholaitiúil reatha ar bith. Ní foláir nó go mbeidh ainm Gaeilge air.

Le haghaidh rúin le hainm an Chlub a athrú teastaíonn tromlach dhá thrian de na baill a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil ag Cruinniú Ginearálta.

3.5 Bunreacht agus Rialacha an Chlub

Rialófar gnóthaí na gClubanna uile le Bunreacht agus Rialacha Oifigiúla an Chlub, atá faofa ag an gComhdháil agus leagtha amach in Aguisín 5 den Treoir Oifigiúil seo.

Glaifadh gach Club an fhoirm iomchuí de Bhunreacht agus Rialacha Oifigiúla an Chlub.

Féadfar Breiseanna agus Leasuithe ar Bhunreacht agus Rialacha Club é féin a dhéanamh ag Cruinniú Cinn Bliana nó Cruinniú Ginearálta Speisialta, mar atá leagtha síos i Riail 14.1 de Bhunreacht agus Rialacha Oifigiúla an Chlub, ar an gcoinníoll nach dtagann siad salach ar Bhunreacht agus Rialacha Oifigiúla an Chlub nó ar an Treoir Oifigiúil agus go gcuirfear isteach i scríbhinn iad chuig an gCoiste Bainistíochta Contae.

3.6 Ruaigeadh Club

Má ruaigfear Club as an gCumann, agus má bhíonn maoin ar bith

ar chor ar bith fágtha, i ndiaidh shásamh a fhiach agus a dhliteanas uile, ní íocfar an mhaoín sin leis na baill nó ní dháilfear ina measc í, ach coinneoidh na hIontaobhaithe ar iontaobhas í do Choiste Contae cuí an Chumainn, lena diúscairt faoi mar a ordóidh an Coiste Contae sin.

3.7 Foirceannadh Club

Ní rithfear rún chun Club a fhoirceannadh ach amháin ag Cruinniú Ginearálta, a ghairfear go speisialta chun críche rúin dá leithéid, má bhíonn sé tacaíthe ag líon nach lú ná trí cheathrú díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil. Ar fhoirceannadh dá leithéid, má bhíonn maoin ar bith ar chor ar bith fágtha, i ndiaidh shásamh a fhiach agus a dhliteanas uile, ní íocfar an mhaoín sin le baill, oifigigh nó fostaithe an Chlub, nó ní dháilfear ina measc í, ach coinneoidh na hIontaobhaithe ar iontaobhas í do Choiste Contae cuí an Chumainn, lena diúscairt faoi mar a ordóidh an Coiste Contae sin, ach ní íocfaidh siad an mhaoín leis na baill, na hoifigigh nó na fostaithe, nó ní dháilfidh siad í ina measc i gcás ar bith.

Beidh cinneadh ar bith maidir le Club a Fhoirceannadh faoi réir fhaomhadh an Choiste Contae.

In ainneoin an mhéid thuas, i gcás go dteipeann ar Chlub cloí le Rial 3.2 (Cleamhnú) agus/nó má theipeann air páirt a ghlacadh i gcomórtas ar bith in dá Bhliain Chomórtais as a chéile measfar go bhfuil an Club foirceannta, agus beidh éifeacht iomlán ag forálacha thuasluaite na Rialach seo amhail dá mba rud é gur glacadh agus gur faomhadh an cinneadh maidir le foirceannadh ar shlí eile de réir an nós imeachta atá léirithe.

3.8 Cónascadh Clubanna

Ní rithfear rún chun dhá Chlub nó níos mó a chónascadh ach amháin ag Cruinnithe Ginearálta de na Clubanna lena mbaineann, a ghairfear go speisialta chun críche rúin dá leithéid, má bhíonn sé tacaíthe ag gach ceann de na cruinnithe faoi seach, ag líon nach lú ná trí cheathrú díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

Ar chónascadh dá leithéid, déanfar maoin, sócmhainní agus dliteanais uile na gClubanna lena mbaineann a aistriú agus a dhílsiú sa Chlub Cónasctha.

Measfar go mbeidh imreoirí na gClubanna lena mbaineann ina n-imreoirí den Chlub Cónasctha.

Beidh cinneadh ar bith maidir le clubanna a chónascadh faoi réir fhaomhadh an Choiste Contae.

3.9 Caillteanas Ceart Club

Club ar bith nach nglacfaidh páirt i gCraobhchomórtas na Sóisear, Idirmheánach nó na Sinsear, mar Aonad aonair, nó mar chuid d'fhoireann Ghrúpa Sóisear nó Idirmheánach faoi Riail 3.19(m), caillfidh siad ionadaíocht ar an gCoiste Contae agus ar Choistí eile, agus ní bheidh siad i dteideal ainmniúcháin a dhéanamh, rúin a chur i láthair, nó páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún Bliantúil, faoi réir athrú ar bith atá ceadaithe faoi Riail 3.1.

AN CONTAE

Coinbhinsiún

3.10 Coinbhinsiún

Tionólfar Coinbhinsiún Bliantúil Contae roimh an 18 Nollaig. Beidh sé comhdhéanta d'Oifigigh agus de Bhaill an Choiste a bheidh ag dul as oifig (cearta vótála mar atá ar an gCoiste) agus beirt toscairí ó gach Club a ghlac páirt i gCraobhchomórtas Sóisear nó de ghrád níos airde sa bhliain reatha. Ní bheidh ceart ag Oifigeach nuathofa, mura bhfuil sé ina bhall den Choiste Contae atá ag dul as oifig nó ina thoscaire, vótáil ag céim ar bith den Choinbhinsiún.

I gcúinsí speisialta, féadfaidh Coiste Contae Coinbhinsiún Speisialta a ghairm. Cinnfidh an Coiste Contae Ionadaíocht agus Fógra.

3.11 Toghcháin

Faoi réir na nEisceachtaí thíos:

(a) Toghfaidh na hOifigigh seo a leanas den Choiste Contae an Coinbhinsiún Bliantúil Contae:

Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí, Rúnaí Cúnta, más inmhianaithe; Cisteoir, Cisteoir Cúnta, más inmhianaithe; Oifigeach Cóitseála, Oifigeach na Gaeilge agus an Chultúir, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, agus Oifigeach Iománaíochta, más inmhianaithe; agus ceapfar

Oifigeach Forbartha agus Oifigeach na Leanaí a mholfaidh an Coiste Contae a bheidh ag dul as oifig.

Ní bheidh níos mó ná ceann amháin de na hOifigí ag ball ar bith ag am faoi leith ar bith.

Beidh na hOifigigh thofa/cheaptha i seilbh oifige go dtí go gcuirfear an chéad Choinbhinsiún Bliantúil eile i gcrích.

(b) Ball a bheidh cúig bliana as a chéile nó cúig bliana charnacha in oifig aige, in Oifig faoi leith, ní bheidh sé i dteideal an Oifig sin a shealbhú le haghaidh na tréimhse cúig bliana díreach i ndiaidh an cúigiú bliain san Oifig sin a fhónamh.

Eisceachtaí ar (a) agus ar (b) thuas:

(1) I gcás gur cheap Coiste Contae, le cead ón Ard-Chomhairle, Rúnaí ar feadh tréimhse níos mó ná bliain amháin, ní bheidh an Oifig sin faoi réir Toghcháin nó fhoráil Alt (b)

(2) I gcás go ndéantar foráil i bhFodhlí Contae nach bhfuil na poist mar Chisteoir agus/nó Oifigeach na Leanaí faoi réir líon uasta blianta in oifig, ní bheidh feidhm ag foráil Alt (b).

(c) Faoi réir na dteorainneacha arna leagan amach ag (b), féadfar foráil a dhéanamh i bhFodhlí Contae lena ndéantar incháilitheacht/tréimhse oifige maidir le toghadh chun na bpost mar Oifigigh atá léirithe in Alt (a) a rialáil agus a rialú.

(d) Toghfar leis chomh maith: Beirt ionadaithe ar an gComhairle Chúige agus ionadaí amháin ar an Ard-Chomhairle, a bheidh i seilbh oifige faoi seach le haghaidh théarma na gComhairlí Cúige agus na hArd-Chomhairle ina dhiaidh sin.

(e) Má thagann folúntas chun cinn in Oifigí an Choiste Contae nó in ionadaíocht Chontae ar an Ard-Chomhairle nó ar Chomhairle Chúige, líonfar é ar bhonn (a) Ainmniú ag Clubanna, (b) vótáil bhallóide Oifigigh agus Bhaill an Choiste Contae reatha.

(f) Déanfar an vótáil chun na poist Thoghtacha arna sainiú thuas le ballóid rúnda ar bhonn chóras na hIonadaíochta Cionmhaire.

3.12 Toscairí

Toghfaidh nó údaróidh an Coinbhinsiún Contae roghnú agus/nó toghchán:

(a) Toscairí chun freastal ar an gComhdháil Bhliantúil, ar a n-áireofar an Cathaoirleach agus an Rúnaí Contae, nuair a bheidh siad ar fáil.

(b) Toscairí chun freastal ar an gCoinbhinsiún Cúige.

3.13 Ainmniúcháin

Ainmneoidh an Club iarrthóir le haghaidh ceann ar bith de na poist atá léirithe i Riail 3.11, ach amháin Oifigeach na Leanaí. Cuirfear na hainmniúcháin sin isteach ar an bpáipéar ainmniúcháin, a chuirfear chuig gach Club sé seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún Chontae, agus a chomhlánófar agus a chuirfear ar ais chuig an Rúnaí Contae ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

3.14 Rúin

Is iad na Clubanna agus an Coiste Contae amháin a chuirfidh rúin isteach lena mbreathnú ag an gCoinbhinsiún Contae.

Cuirfear rúin ó Chlubanna isteach ar an bhfoirm rúin, a chuirfear chuig na Clubanna sé seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún Chontae, agus a chomhlánófar agus a chuirfear ar

ais chuig an Rúnaí Contae ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

Beidh Rún ó Chlub faofa ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó Speisialta an Chlub agus beidh dáta an chruinnithe sin taispeánta ar an bhfoirm rúin.

3.15 Clár oibre agus fógra

Cuirfidh an Rúnaí Contae clár oibre, ina gcuimseofar a Thuarascáil agus na Cuntais Iniúchta le haghaidh na bliana, ina mbeidh na hainmníocháin agus na rúin, chuig gach Rúnaí Club agus chuig Baill an Choiste Contae a bheidh ag dul as oifig, seachtain amháin ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

Cuirfear cóip de na doiciméid sin, agus Cuntais Pháirceanna an Chontae le haghaidh na bliana airgeadais roimhe sin, ar aghaidh, ag an tráth céanna, chuig an Ard-Chomhairle agus an gComhairle Chúige.

Mura ndéantar é sin d'fhéadfadh fionraíocht a bheith i gceist.

3.16 Rúin a chur ar aghaidh

Ach amháin faoi mar a fhoráiltear i Riail 3.19(k), ní chuirfidh Contae ach rúin a bhí ar chlár oibre an Choinbhinsiúin Chontae, agus a bhfuil faomhadh faighte ina leith, ar aghaidh chuig an gCoinbhinsiún Chúige nó chuig an gComhdháil Bhliantúil. I gcás gurb é Club a chur rún isteach ar dtús, beidh ainm an Chlub agus ainm an Chontae léirithe ar dhoiciméid na Comhdhála. Féadfaidh Coinbhinsiún Contae rún leasaithe a chur isteach chuig an gComhdháil, ar an gcoinníoll nach n-athraíonn an leasú sin ciall bhunúsach an rúin bhunaidh a cuireadh isteach.

3.17 Fodhlíthe Contae

Déanfaidh Coinbhinsiún Chontae Fodhlíthe ar a ndéanfar athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus a chuirfear ar aghaidh lena gceadú chuig Coiste Bainistíochta na hArd-Chomhairle laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Choinbhinsiúin. Ní thiocfaidh fodhlíthe úra nó leasaithe arna moladh ag Contaetha i bhfeidhm go dtí go gceadófar iad.

Ní thiocfadh Fodhlí salach ar Riail sa Treoir Oifigiúil. Ní chuirfear srian leo ar cathain a imreofar Cluichí Club nó ní rialófar leo cealú cluichí, toisc go bhfuil na cúrsaí sin faoi chumhachtaí an Choiste Rialaithe Comórtas.

Féadfaidh an Coiste Bainistíochta, chun cloí leis na Rialacha Ginearálta agus le caighdeánú, agus i ndiaidh comhairliúcháin idir a Choiste Chomhairleach Rialacha agus an Coiste Contae lena mbaineann, leasuithe a dhéanamh ar Fodhlí a chuirfear isteach lena cheadú.

Tiocfaidh Fodhlí dá leithéid i bhfeidhm láithreach gan gá faomhadh eile a fháil ó Choinbhinsiún Contae nó ó Choinbhinsiún Speisialta ina leith.

Ní mór rúin chun Fodhlí reatha a bhaint nó a leasú a bheith glactha ag trí chúigiú díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

AN CONTAE

COISTE

3.18 Coiste

- (a) Beidh Coiste Contae comhdhéanta d'Oifigigh, Ionadaithe na hArd-Chomhairle agus na Comhairle Cúige (a bheidh ina mbaill ex-officio), ionadaithe eile Coiste Dúiche nó Coistí nó Clubanna eile arna leagan amach i bhFodhlíthe an Chontae, an Riarthóir Réiteoirí Contae agus ionadaí ó gach ceann de na Coistí seo a leanas: Liathróid Láimhe Contae CLG (más infheidhme), Bunscoileanna an Chontae, Iarbhunscoileanna an Chontae.
- (b) Beidh líon ball vótála Coiste Contae leagtha amach sna Fodhlíthe Contae. Ní bheidh cearta vótála ag Rúnaí Contae lánaimseartha sa cháil sin ar an gCoiste.
- (c) Beidh an Coiste Contae i seilbh oifige go dtí go gcuirfear an chéad Choinbhinsiún Bliantúil eile i gcrích. Beidh sé faoi réir údarás na Comhairle Cúige agus na hArd-Chomhairle.
- (d) Ball a bheidh as láthair, gan chúis chóir, ó thrí chruinniú as a chéile, dícháileofar é go huathoibríoch ó bhallraíocht an Choiste le haghaidh na bliana sin. Beidh feidhm aige sin maidir le baill uile na bhFochoistí chomh maith.
- (e) I gcás nach ndéantar ionadaíocht do Chlubanna ar an gCoiste Contae, tionólfar cruinnithe ginearálta a bhaineann leis na Clubanna dhá uair sa bhliain ar a laghad.
- (f) Ní fhéadfaidh Coistí Dúiche nó Coistí eile, fógra i scríbhinn a thabhairt do Rúnaí an Choiste Contae, tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa i mbliain ar bith maidir le ceapadh ionadaí eile ar an gCoiste Contae. Glacfaidh an t-ionadaí sin ballraíocht iomlán sa Choiste Contae as sin amach go dtí go gcuirfear an Choinbhinsiún Contae ina dhiaidh sin i gcrích.

3.19 Cumhachtaí

Beidh Coiste Contae ina chomhlacht rialála agus rialaithe ar ghnóthaí uile an Chumainn laistigh den Chontae, ach amháin na feidhmeanna sin atá coimeádta don Chomhairle Chúige agus don Ard-Chomhairle faoin Treoir Oifigiúil seo. Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCoiste Contae:

(a) Cleamhnuithe an Chlub a rialú. Áireofar leis sin an chumhacht Foirceannadh Club nó Cónascadh Clubanna a fhaomhadh nó a dhiúltú.

(b) Bainistíocht a dhéanamh ar chomórtais iománaíochta agus peile Contae faoi réir Rialacha 3.30(k) agus 3.31.

(c) Gach cúrsa a bhaineann le bainistíocht agus roghnú a fhoirne Idirchontae a chinneadh.

(d) Rialacháin a dhéanamh lena rialáítear:

(i) Comórtais faoina smacht ach ní chuirfidh sé srianta ar an gCoiste Rialaithe Comórtais ina sceidealú Cluichí. agus

(ii) Cúrsaí eile a bhaineann lena chumhachtaí, lena fheidhmeanna agus lena oibríochtaí.

Nuair a ghlacfar Rialachán fanfaidh sé i bhfeidhm mura n-athraíonn nó mura scriosann tromlach simplí díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

Ní bhreathnófar ar athruithe ach ar bhonn bliantúil amháin.

(e) Chun soláthar a dhéanamh do shlándáil agus d'fhorbairt mhaoin an Chumainn laistigh dá dhlínse.

(f) Chun Rúnaí Contae Lánaimseartha nó Riarthóir Lánaimseartha eile a cheapadh, faoi réir cead a fháil ón Ard-Chomhairle agus próiseas agus coinníollacha a chinneadh an Coiste Bainistíochta thar ceann na hArd-Chomhairle.

(g) Chun pleananna gearrthéarmacha (bliain amháin) agus fadtéarmacha (trí/cúig bliana) dá ghníomhaíochtaí ar fad laistigh dá dhlínse a dhréachtú, agus chun na pleananna sin a thuairisciú don Choinbhinsiún Cúige.

(h) Chun Riarthóir Réiteoirí Contae a cheapadh. Is é cúig bliana an tréimhse uasta oifige. Má cheaptar ball sa phost 'i dtéarma' sé seachtaine is fiche nó níos lú roimh an gcéad Choinbhinsiún eile, ní chuirfear an t-am sin a fónadh san áireamh mar chuid den tréimhse cúig bliana.

(i) Oifigeach Sábháilteachta Contae a cheapadh.

(j) Na ceapacháin riachtanacha a comhaontaíodh i mbeartais agus nósanna imeachta na hArd-Chomhairle maidir le cosaint leanaí a dhéanamh.

(k) Rún amháin a chur isteach chuig an gComhdháil Bhliantúil.

(l) Fochoistí Roinne agus Fochoistí eile (e.g. Fochoistí Peile, Iománaíochta, Mionúir agus Faoi Aois) a bhunú, a saineofar a bhfeidhmeanna agus a gcumhachtaí i bhFodhlíthe Contae. Toghfار

Oifigigh na bhFochoistí Roinne ag Cruinnithe Ginearálta Bliantúla na bhFochoistí Roinne.

Ceapfaidh an Coiste Contae (nó Coiste Roinne, más cuí) Oifigigh na bhFochoistí eile dá dtagraítear thuas, gan toghchán.

Ball a bheidh cúig bliana fónta aige i bpost Oifigigh faoi leith ar bith, ní bheidh sé i dteideal an Oifigeacht sin a shealbhú le haghaidh na tréimhse cúig bliana i ndiaidh sin.

Má thoghfar ball chun post Oifigigh 'i dtéarma' sé seachtaine is fiche nó níos lú roimh an gcéad Choinbhinsiún eile, ní chuirfear an t-am sin a fónadh san áireamh mar chuid den tréimhse cúig bliana.

Beidh sé d'oibleagáid ar Fhochoistí dá leithéid a shocraíonn cluichí Coiste Rialaithe Comórtas a choimeád ag a mbeidh na feidhmeanna céanna laistigh de dhlínse an Fhochoiste is atá ag Coiste Rialaithe Comórtas ar bith ar leibhéal Contae.

Éistfear le hÉisteachtaí Smachtaithe faoi dhlínse Fhochoistí Roinne nó Fhochoistí eile ag:

(i) an Coiste Contae um Éisteachtaí, mura bhforáiltear a mhalairt le Fodhlí Contae. Cuirfear achomhairc ón gCoiste Éisteachtaí Contae sna cásanna sin chuig an gCoiste Contae um Éisteachtaí de réir Riail 7.11(a)(2).

(ii) i gcás go bhforáiltear ina leith i bhFodhlí Contae, ag Coiste Éisteachtaí de chúigear ball nó níos mó, ag a mbeidh na feidhmeanna céanna laistigh de dhlínse an Fhochoiste is atá ag Coiste Éisteachtaí ar bith ar leibhéal Contae.

Féadfaidh dá cheann nó níos mó d'Fhochoistí Roinne agus Fochoistí eile Coistí Éisteachtaí a choimeád a bheidh comhdhéanta de na daoine céanna.

Cuirfear achomhairc ó Choiste Éisteachtaí dá leithéid chuig an gCoiste Contae um Éisteachtaí.

(m) (i) Ionas go mbeidh imreoirí ó Chlubanna Sóisear agus Idirmheánacha, lena n-áirítear imreoirí Clubanna nach féidir leo Foirne Sóisear agus/nó Idirmheánacha a chur chun páirce, ábalta imirt d'Fhoirne Roinne agus Foirne Grúpa Sinsir.

(ii) Ionas go mbeidh imreoirí Clubanna Sóisear, agus imreoirí Clubanna Idirmheánacha nach féidir a chur chun páirce sa ghrád sin, ábalta imirt d'Fhoirne Grúpa Idirmheánacha.

Beidh socruithe faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an gCoiste Contae.

Ní chaillfidh imreoirí, trí imirt sna foirne Roinne nó Grúpa sin, a stádas Craobhchomórtais.

Maidir le Coiste i bhFeighil de Fhoireann Rannáin nó Ghrúpa, beidh na cearta céanna aige, a eascraíonn as cluichí inar imir an fhoireann, is atá ar fáil do Chlub faoi Rialacha 7.3 (x), 7.4, 7.10, 7.11 agus 7.13.

(n) Ionas go mbeidh imreoirí Faoi bhun 21/20, Mionúir nó de Ghrád níos Óige de Chlubanna nach féidir a chur chun páirce faoi fhoirne Faoi bhun 21/20, Mionúir nó de Ghrád níos Óige, ábalta leas a bhaint as foráil Riail 6.8, Eisceacht (1) (a) nó (b).

3.20 Fochoistí/Feidhmeanna

Ceapfaidh Coiste Contae na Fochoistí seo a leanas, agus beidh a mballraíocht leagtha amach sna Fodhlíthe Contae ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Riail seo:

(i) Coiste Bainistíochta

Beidh sé freagrach, faoi réir dhlínse fhoriomlán an Choiste Contae, as bainistíocht ghnóthaí an Chumainn, lena n-áirítear gnóthaí airgeadais, idir cruinnithe an Choiste Contae.

Féadfaidh Fodhlí a bheith ag Contae sa chéill nach féidir cur as do Mholadh ón gCoiste Bainistíochta Contae ar ábhar Airgeadais ach amháin ag tromlach dhá thrían de bhaill an Choiste Contae a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

(ii) Coiste Rialaithe Comórtas

Beidh sé freagrach as na socruithe ar fad, lena n-áirítear ceapadh Réiteoirí, as cúrsaí ar bith a eascraíonn as Cluiche faoi dhlínse an Choiste Contae, agus as iad a rialú, lena n-áirítear cúrsaí smachtaithe seachas na feidhmeanna a choimeádtar don Choiste Contae um Éisteachtaí. Déanfaidh sé moltaí a phróiseáil agus déanfaidh sé moltaí don Choiste Contae maidir le Grádú Clubanna. Déanfaidh sé cúrsaí a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha, lena n-áirítear Agóidí agus Frithagóidí a imscrúdú agus a phróiseáil. Beidh sé freagrach, ar an gcéad dul síos, as cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar Aistriú Laistigh den Chontae agus Grádú Imreoirí.

Beidh sé comhdhéanta de chúigear ball ar a laghad, a cheapfar as baill an Choiste Contae agus/nó pearsanra oiriúnach eile, ball

amháin d'Fhochoiste Anailísithe an Chláir Cluichí, mar aon leis an Riarthóir Réiteoirí Contae a bheidh i dteideal vótáil ar cheapadh na réiteoirí amháin.

Féadfaidh Coiste Contae cumhachtaí iomlánacha eile a tharmligeán chuig a Choiste Rialaithe Comórtas, agus i gcás den sórt sin ní fhéadfar Achomhairc a dhéanamh ach chun na Comhairle Cúige amháin.

(iii) Anailísithe Cluichí

(a) Ceapfar Anailísí Cluichí amháin ar a laghad ar ainmniú an Choiste Bainistíochta.

(b) Beidh an tAnailísí (na hAnailísithe) Cluichí freagrach as monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar an gClár Cluichí Contae ar bhonn bliantúil.

(c) Cuirfidh an tAnailísí (na hAnailísithe) Cluichí Tuarascáil i láthair an Choinbhinsiúin Bhliantúil maidir leis na cluichí a imríodh i ngach comórtas club agus déanfaidh sé (siad) moltaí maidir le hathruithe i bhféilire na gcluichí de réir mar is cuí.

(d) Cuirfear an Tuarascáil sin faoi bhráid na gCoistí Cúige agus na Lárchoistí Anailíse Cluichí gach bliain.

(e) Ceapfar Anailísí Cluichí mar bhall den Choiste Rialaithe Chomórtais Chontae.

(iv) Coiste Éisteachtaí

(a) Déanfaidh sé breithniú ar gach Cúrsa Smachtaithe i gcás go ndéanfar Éisteacht a leagan síos agus a iarraidh, a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha a eascraíonn as cúrsaí faoi dhlínse an Choiste Chontae.

Eisceacht:

Feidhm de chuid Choiste Rialaithe Comórtas an Chontae is ea Éisteacht ar Agóid/Frithagóid.

(b) Déanfaidh sé breithniú ar Achomhairc a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó chinntí an Choiste Rialaithe Comórtas maidir le hiarratais ar Aistriú Laistigh den Chontae agus Grádú Imreoirí.

(Féach na forálacha atá leagtha amach i Rialacha 6.5(f) agus 6.20 faoi seach.)

(c) Beidh sé comhdhéanta de chúigear Ball ar a laghad a cheapfar as baill an Choiste Contae agus/nó pearsanra oiriúnach eile. Ní fhónfaidh Ball ar bith den Choiste Bainistíochta nó den Choiste Rialaithe Comórtas mar bhall den Choiste Contae um Éisteachtaí.

(d) Is iad cumhachtaí iomlánacha na cumhachtaí a bheidh ag an gCoiste Contae um Éisteachtaí.

(v) An Coiste Pleanála, Forbartha Fisicí agus Sábháilteachta

Beidh sé freagrach as

(a) Pleanáil agus Forbairt Club

(b) Pleanáil agus Forbairt Páirceanna agus Saoráidí, agus Sláinte agus Sábháilteacht.

Feidhmeoidh daoine ag a bhfuil na tacair sainscileanna ar leith is oiriúnach d'fheidhmeanna faoi seach an Choiste mar ghrúpaí oibre comhlántacha.

(vi) Coiste Riaracháin na Réiteoirí

Beidh sé freagrach as Riarachán agus Forbairt na Réiteoireachta sa Chontae, lena n-áirítear earcaíocht, oiliúint, measúnú agus rangú réiteoirí.

(vii) Coiste cóitseála agus forbartha cluichí

Beidh sé freagrach as cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí um Fhorbairt Cluichí ar leibhéal na gClubanna agus ar leibhéal Scoileanna.

(viii) Coiste Cultúrtha

Beidh sé freagrach as (a) an nGaeilge (b) Scór agus (c) Gníomhaíochtaí Cultúrtha eile.

(ix) Coiste um Chaidreamh Poiblí/Margaíochta

Beidh sé freagrach as Poiblíocht, Margaíocht agus Foilseacháin.

(x) Coiste na hÓige

Beidh sé freagrach as tionscnamh agus comhordú na nGníomhaíochtaí Óige uile laistigh den Chontae.

(xi) Fochoiste Airgeadais

Beidh sé freagrach as na Cúrsaí Airgeadais uile a threoróidh an Coiste Contae agus/nó an Coiste Bainistíochta Contae chuige.

(xii) Coiste Teicneolaíochta Faisnéise

Cuirfidh sé nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le hoiliúint agus forbairt riachtanais na Teicneolaíochta Faisnéise ar an leibhéal Contae agus ar an leibhéal club, faoi mar a ordóidh an Coiste Náisiúnta um Theicneolaíocht Faisnéise.

(xiii) Fochoiste bainistíochta agus Phainéil na bhFoirne Contae

Déanfaidh sé, faoi réir rialú foriomlán an Choiste Contae, bainistíocht ar an gcaidreamh idir

(a) an gCoiste Contae (mar ionadaí na gClubanna),

(b) Bainisteoirí na bhFoirne Sinsir Contae agus gach pearsanra a cheapfaidh an Coiste Contae chun cuidiú a thabhairt le painéil fhoirne Idirchontae na Sinsiar a bhainistiú agus

(c) Painéil Fhoirne Idirchontae na Sinsiar.

Ní mór don Fhochoiste teacht le chéile dhá uair ar a laghad gach bliain agus de réir mar is gá murach sin. Comhlíonfaidh an Fochóiste a fheidhmeanna i gcomhthéacs na Cairte maidir le Caidreamh Coistí/Imreoirí Contae (Cairt na nImreoirí/Bainisteoirí) a fhaomhfaidh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

Beidh sonraí faoi bhallraíocht an Fhochoiste sa Cháirt chomhlánaithe sin, a chuirfear isteach chuig an Ard-Chomhairle faoin 31 Eanáir gach bliain.

(xiv) Coiste Sláinte agus Folláine

Beidh sé freagrach as na cúrsaí uile a bhaineann le sláinte a threoróidh an Coiste Contae agus/nó an Coiste Bainistíochta Contae chuige.

Ach amháin i gcás gur tarmligeadh cumhachtaí nó feidhmeanna iomlánacha go sonrach chuig Fochóiste, cuirfear cinntí uile Fochóiste ar bith faoi bhráid an Choiste Contae lena bhfaomhadh sula gcuirfear chun feidhme iad.

Ní bheidh Oifigigh nó Baill na bhFochóistí thuas mar Riail Ghinearálta faoi réir uastearmaí oifige ach d'fhéadfadh teorainn(eacha) i dtéarmaí oifige a bheith leagtha síos i bhFodhlí Contae.

3.21 Fochóistí Ginearálta Contae

(i) Roghnófar Cathaoirleach gach Fochóiste as Oifigigh nó Baill an Choiste Contae nó as pearsanra ar bith a mheasfaidh an Coiste Contae go bhfuil siad cáilithe.

(ii) Cuirfidh Cathaoirleach gach Fochóiste Tuarascáil um Dhul chun Cinn maidir le hobair an Fhochoiste i láthair ag cruinnithe an Choiste Contae.

(iii) Buailfidh na Fochóistí Contae uile le Fochóistí comhfhreagracha ar an (a) leibhéal Cúige agus ar an (b) leibhéal Club, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, agus beidh an Choiste is uachtaraí ina thionólaí.

(iv) Déanfar Téarmaí Tagartha na bhFochóistí uile, agus sonraíochtaí poist na nOifigeach uile a thaifeadadh agus a dháileadh, nuair a iarrfar é sin.

(v) Cuirfidh gach Fochoiste Tuarascáil i scríbhinn isteach chuig an gCoinbhinsiún Contae, a chuirfear ar Chlár Oibre an Choinbhinsiúin.

3.22 Cleamhnuithe a chur ar Aghaidh

Roimh an 1 Márta gach bliain, cuirfidh Coiste Contae liosta de na clubanna cleamhnaithe ar fad sa chontae isteach chuig an gComhairle Chúige le táille de €2 in aghaidh an chlub. Má theipeann ar Chontae ar bith cloí leis sin géillfidh sé ionadaíocht ar an gComhairle Chúige agus ar an Ard-Chomhairle go dtí go dtabharfar an liosta agus na táillí.

3.23 Cailteanas Ceart Club

Má theipeann ar Chontae páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, Idirmheánach nó na Sóisear, géillfidh sé ionadaíocht ar an gComhairle Chúige agus ar an Ard-Chomhairle, agus ní bheidh cead aige ainmniúcháin a dhéanamh, rúin a chur i láthair, nó páirt a ghlacadh i gCoinbhinsiún Cúige nó i gComhdháil Bhliantúil.

AN CÚIGE

Coinbhinsiún

3.24 Coinbhinsiún

Tionólfar Coinbhinsiún Cúige ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gComhdháil Bhliantúil. Beidh sé comhdhéanta de:

- (a) Baill na Comhairle Cúige a bheidh ag dul as oifig (cearta vótála mar atá ar an gComhairle).
 - (b) Ionadaí amháin in aghaidh gach deich gClub chleamhnaithe, nó codán de dheich thar chúig, a ghlac páirt i gCraobhchomórtas na bliana roimhe sin, faoi réir ceathrar ionadaithe ar a laghad agus seisear ionadaithe ar a mhéad d'aon Chontae amháin.
- I gcúinsí speisialta, féadfaidh an Chomhairle Chúige Coinbhinsiún Speisialta a ghairm. Beidh an ionadaíocht faoi mar a chinnfidh an Chomhairle Chúige í.

3.25 Feidhmeanna/toghcháin

- (a) Beidh sé i measc fheidhmeanna an Choinbhinsiúin Chúige breathnú ar chuntais iniúchta, rúin agus gníomhaíochtaí ginearálta Cúige. Faoi réir na heisceachta thíos, toghfaidh sé na hOifigigh seo a leanas: Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí agus Oifigeach PR. Cuirfear na Toghcháin i gcrích ag an gCoinbhinsiún ar bhonn vóta ballóide rúnda amháin ar Chórais na hIonadaíochta Cionmhaire, ach fógrófar toradh gach comhairimh ag an gCoinbhinsiún.

Eisceacht:

Faoi réir fhaomhadh na hArd-Chomhairle, féadfaidh Coinbhinsiún Cúige Rúnaí lánaimseartha a cheapadh, nach mbeidh faoi réir ag toghchán bliantúil, agus gheofar faomhadh ón gCoiste Bainistíocht don chonradh fostaíochta agus don tsonraíocht poist ina leith.

- (b) Ní bheidh Oifigeach Cúige, seachas Rúnaí lánaimseartha i seilbh oifige ar feadh níos mó ná trí bliana as a chéile. Má thagann folúntas chun cinn in Oifigeacht na Comhairle Cúige roimh an 31 Deireadh Fómhair i mbliain ar bith, líonfar é ar bhonn (a) ainmniúcháin ag Clubanna, (b) vótáil bhallóide Contaetha (bunaithe ar chumhacht

vótála an Choinbhinsiúin Chúige) agus Bhaill na Comhairle Cúige reatha.

3.26 Ainmniúcháin

Ainmneoidh Coiste Contae iarrthóir lena thoghadh mar Oifigeach Cúige. Déanfar ainmniúchán dá leithéid ar an bPáipéar Ainmniúcháin, a chuirfear chuig na Coistí Contae sé seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún Cúige, agus a chomhlánófar agus a chuirfear ar ais chuig an Rúnaí Contae seachtain amháin ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

3.27 Rúin agus Fodhlíthe

(a) **Rúin** Ní féidir le Coiste Contae ach rúin a dhéantar ag Coinbhinsiún Contae a chur isteach lena mbreathnú ag an gCoinbhinsiún Cúige. Cuirfear na rúin sin isteach ar an bPáipéar Rúin, a chuirfear chuig an gCoiste Contae ceithre seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún Cúige, agus a chomhlánófar agus a chuirfear ar ais chuig an Rúnaí Contae trí seachtaine ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

Féadfaidh Comhairle Chúige Rúin a chur isteach chuig a Coinbhinsiún féin ar an mbealach a leagfar síos, faoi mar a chinnfidh an gComhairle Chúige.

(b) **Fodhlíthe.** Féadfaidh an Coinbhinsiún Cúige Fodhlíthe a dhéanamh, a thiocfaidh i bhfeidhm, nuair a cheadóidh an Coiste Bainistíochta é, thar ceann na hArd-Chomhairle. Ní thiocfaidh Fodhlí Cúige salach ar Riail sa Treoir Oifigiúil. Ceadóidh nó diúltóidh an Coiste Bainistíochta, thar ceann na hArd-Chomhairle, Fodhlí molta laistigh de cheithre seachtaine ó dháta na fála.

3.28 Clár oibre agus fógra

Cuirfidh an Rúnaí Cúige Clár Oibre, ina gcuimseofar an Tuarascáil dá chuid agus na Cuntais iniúchta le haghaidh na bliana, ina mbeidh na hAinmniúcháin agus na Rúin, chuig gach Rúnaí Club agus chuig Baill an Choiste Cúige a bheidh ag dul as oifig, dhá sheachtain ar a laghad roimh an gCoinbhinsiún.

AN CÚIGE

COMHAIRLE

3.29 Comhairle

Beidh Comhairle Chúige comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Cisteoir, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, Rúnaí lánaimseartha (gan cearta vótála), agus beirt Ionadaithe ó gach Contae. Beidh iar-Chathaoirleach na Comhairle a tháinig roimhe ina bhall ex-officio le haghaidh na bliana i ndiaidh deireadh a chur leis an téarma oifige. Beidh Ionadaí amháin an ceann acu, gan cearta vótála, ar Chomhairle ag Comhairle Chúige Liathróid Láimhe CLG, Comhairle Chúige Ardoideachais, Comhairle Chúige Iarbhunscoileanna agus Coiste Chúige Bunscoileanna.

Beidh an Comhairle Chúige i seilbh oifige go dtí go gcuirfear an chéad Choinbhinsiún Cúige eile i gcrích.

Ní bheidh Ionadaí de chuid na Comhairle i seilbh oifige ar feadh níos mó ná cúig bliana.

Beidh téarma bliana ó dhíreach i ndiaidh Coinbhinsiún Cúige Bliantúil go dtí go gcuirfear an Chéad Choinbhinsiún Cúige Bliantúil eile i gcrích.

Má thoghfar ball mar Ionadaí ar an gComhairle ‘i dtéarma’ sé seachtaine is fiche nó níos lú roimh an gcéad Choinbhinsiún Cúige eile, ní chuirfear an t-am sin a fónadh san áireamh mar chuid den tréimhse cúig bliana.

Tiocfaidh Comhairle Chúige le chéile tráth nach lú ná ceithre huaire in aghaidh na bliana.

Ball a bheidh as láthair, gan chúis chóir, ó thrí chruinniú as a chéile, dícháileofar é go huathoibríoch ó bhallraíocht na Comhairle le haghaidh na bliana sin.

Beidh feidhm aige sin maidir le baill uile na bhFochoistí chomh maith.

3.30 Cumhachtaí

Faoi réir dhlínse fhoriomlán na hArd-Chomhairle, beidh na cumhachtaí seo a leanas ag Comhairle Chúige laistigh den Chúige:

- (a) Na Craobhchomórtais Chúige Iománaíochta agus Peile a bhainistiú, gan ceapadh Réiteoirí san áireamh, agus cúrsaí mí-iompair agus sáruithe ar Rialacháin Chluichí a eascraíonn as cluichí Craobhe Idirchontae Sinsir Cúige.

Áireofar leis sin breathnú ar Athghrádú Iarratas ar rannpháirtíocht i gCraobhchomórtais Chlubanna Idirmheánacha agus Sóisear Cúige.

Beidh an fhreagracht as Bronnadh gach Cluiche faoina dhlínse, lena n-áirítear Cluichí Craoibhe Idirchontae Sinsir Cúige, ar an gComhairle Chúige.

(b) Gach cúrsa a bhaineann le bainistíocht agus roghnú a fhoirne Idirchúige a chinneadh.

(c) Teorainneacha na gContaetha a eagrú chun críche imeartha.

(d) Cúrsaí airgeadais agus gach cúrsa eile de chuid an Chumainn laistigh den Chúige nach bhfuil faoi dhlínse Coiste Contae a rialú.

(e) Rialacháin a dhéanamh lena rialaítear Comórtais faoina smacht agus cúrsaí eile a bhaineann lena Chumhachtaí, lena Fheidhmeanna agus lena Oibríochtaí. Nuair a ghlacfar Rialachán fanfaidh sé i bhfeidhm mura n-athraíonn nó mura scriosann tromlach simplí díobh siúd a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

Ní bhreathnófar ar athruithe ach ar bhonn bliantúil amháin.

(f) Dualgaís Coiste Contae atá ar fionraí mar gheall ar shárú Rialach a chomhlíonadh.

(g) Riarthóir Réiteoirí Cúige a cheapadh a fhreastalóidh ar chruinnithe chun réiteoirí a cheapadh le haghaidh cluichí eile, seachas cluichí Craoibhe Idirchontae Sinsir Cúige, agus beidh sé ábalta vótáil ina leith sin.

Is é trí bliana an tréimhse uasta oifige.

(h) Rún amháin a chur isteach chuig an gComhdháil Bhliantúil.

(i) Monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar Choiste Contae laistigh dá dhlínse agus comhairle a thabhairt dó maidir lena fheidhmíocht sna réimsí maidir le Forbairt Cluichí, Comórtais, Riarachán Cluichí, cloí le Treoracha na hArd-Chomhairle, Feidhmíocht Airgeadais, Margaíocht, Caidreamh Poiblí agus infheistíocht i Saoráidí Fisiceacha.

(j) Iarratais ó Chontaetha a bhreithniú maidir le hathghrádú níos mó ná Club amháin go stádas Idirmheánach nó go stádas Sóisearach i mbliain

Chraobhchomórtais ar bith. Ní mór cead roimh ré a fháil ón gComhairle Cúige le haghaidh athghrádú ar bith den sórt sin a bheidh sa bhreis ar Chlub amháin i ngach grád.

(k) Iniúchadh Cluichí a dhéanamh agus scrúdú a dhéanamh ar Chlár na gCluichí i ngach Contae faoina dhlínse, agus moltaí a dhéanamh nó beart ar bith is iomchuí leis a dhéanamh maidir leis sin.

(l) Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ar staid na gCluichí agus ar Fhorbairt Cluichí sna Contaetha faoina dhlínse.

(m) Forbairtí fisiceacha ag Clubanna a fhaomhadh, agus Forbairt Páirceanna Contae a mholadh don Ard-Chomhairle.

(n) Fochoistí a cheapadh, de réir mar is gá ó am go chéile, le cumhachtaí tarmligthe i ndáil leis na cúrsaí/gníomhaíochtaí sonraithe sin de réir mar a chinnfidh an Chomhairle.

3.31 Monatóireacht ar na Cláir Cluichí Contae

Cuirfidh Contae a Chlár Cluichí iomlán, Aosaigh agus Faoi bhun aoise araon, isteach chuig a Chomhairle Chúige faoin lá deireanach de mhí Feabhra gach bliain agus faomhfaidh an Chomhairle Chúige an clár nó tabharfaidh sí ordú leis an gClár a choigeartú má mheastar é a bheith iomchuí. Déanfaidh Comhairlí Cúige monatóireacht ar dhul chun cinn Chraobhchomórtais gach Contae gach mí.

Cuirfear an Chomhairle Chúige ar an eolas faoi chur siar Cluiche Craoibhe ar bith laistigh de trí lá ó bhundáta an Chluiche, agus ní mór an chúis leis an gcur siar a thabhairt.

Bunóidh gach Comhairle Chúige Fochoiste, ina gcuimseofar an Cathaoirleach Cúige, lena chinntiú go gcomhlíonfar a fhreagrachtaí maidir le Cluichí Club, agus tabharfaidh an Fochoiste sin, tríd an gCathaoirleach, tuairisc go rialta do Choiste Bainistíochta na Comhairle Chúige ar bhearta a rinneadh. Déileálfaidh Coiste Bainistíochta na Comhairle Cúige le mainneachtain ar bith ag an gComhairle Cúige sa Rial seo a fhorfheidhmiú.

Ní chuirfear Cluichí Club siar i ngeall ar rannpháirtíocht an Chontae i gCraobhchomórtas Idirchontae, ach amháin faoi mar a fhoráiltear sna Rialacha seo. Gearrfar pionóis ar Chontae ar bith a

dteipeann air cloí le Beartas agus Treoracha na hArd-Chomhairle maidir le sceidealú cuí Cluichí Club. Gearrfaidh siad seo a leanas na pionóis:

- an Chomhairle Chúige i gcás go dtarlaíonn neamhchomhlíonadh le linn Chraobhchomórtas Idirchontae Cúige.

- Coiste Bainistíochta na hArd-Chomhairle i gcás go dtarlaíonn neamhchomhlíonadh le linn na Sraithe Cáilithe/Chraobhchomórtas na hÉireann.

Pionós i ngeall ar neamhchomhlíonadh:

Cailliúint Chostais agus/nó Dheontais an Chraobhchomórtais, nó dícháiliú ón gCraobhchomórtas Idirchontae lena mbaineann.

Eagróidh Comhairlí Cúige Seimineár Bliantúil do Chontaetha maidir le socrú éifeachtach cluichí.

3.32 Fochoistí/Feidhmeanna

(A) Ceapfaidh Comhairle Chúige na Fochoistí seo a leanas:

(i) Coiste Bainistíochta

Beidh sé freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí laistigh den Dlínsé Chúige, idir cruinnithe na Comhairle Cúige.

Féadfaidh Comhairle Chúige Coiste Bainistíochta agus Airgeadais a cheapadh, má chinneann sé sin.

(ii) Coiste Rialaithe Comórtas

Beidh sé freagrach as na socruithe ar fad (lena n-áirítear ceapadh Réiteoirí do Chluichí Craoibhe neamh-Idirchontae na Sinsear), le haghaidh na gCluichí faoin gComhairle Chúige agus as iad a rialú, agus as cúrsaí a eascraíonn as sin, seachas na feidhmeanna sin a choimeádtar don Choiste Cúige um Éisteachtaí, don Lárchoiste Rialaithe Comórtas, don Lárchoiste um Cheapacháin Réiteoirí agus don Lárchoiste Éisteachtaí. Éistfidh sé Agóidí agus Frithagóidí a eascraíonn as Cluiche ar bith faoina smacht.

Déanfaidh sé cúrsaí a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha agus Rialacháin Cluichí a iniúchadh, seachas na feidhmeanna sin a choimeádtar do na Coistí (a dhéileálann le cúrsaí smachtaithe) atá luaite thuas.

Beidh sé freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar Aistriú Idirchontae laistigh dá dhlínse.

(iii) Coiste Éisteachtaí

Déanfaidh sé breithniú ar gach Cúrsa Smachtaithe i gcás go ndéanfar Éisteacht a leagan síos agus a iarraidh, a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha a eascraíonn as cúrsaí faoi Dhlínse na Comhairle Cúige.

Eisceachtaí:

(1) Feidhm de chuid Choiste Rialaithe Comórtas an Chúige is ea Éisteacht ar Agóid/Frithagóid.

Coiste.

(2) Feidhm de chuid an Lárchoiste Éisteachtaí is ea Éisteacht i dtaca le Mí-iompar agus Sáruithe ar Rialacháin Cluichí a eascraíonn as Cluichí Craoibhe Idirchontae Cúige na Sinsear.

(b) Éistfidh sé na hAchomhairc uile i gcoinne chinntí na gCoistí Contae.

(c) Beidh sé comhdhéanta de chúigear Ball ar a laghad nach mbeidh ina measc Ball de Choiste Rialaithe Comórtas Cúige nó den Choiste Bainistíochta ach amháin go bhféadfadh an Rúnaí Cúige feidhmiú mar Rúnaí neamh-Vótála ar an gCoiste Éisteachtaí nuair a bheifear ag déileáil le hAchomhairc.

(iv) An Coiste Pleanála, Forbartha Fisicí agus Sábháilteachta

Beidh sé freagrach as Páirceanna agus as Forbairt Fhisiceach, Forbairt Clubanna, Riarachán Clubanna agus Contae, agus Sábháilteacht na bPáirceanna

(v) Coiste Riaracháin na Réiteoirí

Beidh sé freagrach as earcaíocht, oiliúint, measúnú agus rangú Réiteoirí faoi dhlínse na Comhairle Cúige.

(vi) Coiste cóitseála agus forbartha cluichí

Beidh sé freagrach as cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí um Fhorbairt Cluichí ar leibhéal na gClubanna agus ar leibhéal Scoileanna.

(vii) Coiste Cultúrtha

Beidh sé freagrach as (a) an nGaeilge (b) Scór agus (c) Gníomhaíochtaí Cultúrtha eile.

(viii) Coiste um Chaidreamh Poiblí/Margaíochta

Beidh sé freagrach as Poiblíocht, Margaíocht agus Foilseacháin.

(ix) Coiste Airgeadais

Beidh sé freagrach as na Cúrsaí Airgeadais uile a threoróidh an Chomhairle Chúige chuige. Féadfaidh Comhairle Chúige Coiste Bainistíochta agus Airgeadais a cheapadh, má chinneann sé sin.

(x) Anailísithe Cluichí

(a) Ceapfaidh an Coiste Bainistíochta beirt Anailísithe Cluichí. Ainmneofar duine amháin díobh sin mar an Ionadaí Contae ar an Lárchoiste Anailísithe Cluichí.

(b) Beidh na hAnailísithe Cluichí freagrach as monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar an gClár Cluichí Chúige.

(c) Cuirfidh na hAnailísithe Cluichí Tuarascáil i láthair an Choinbhinsiúin Chúige maidir leis na Cluichí uile ar an leibhéal Chúige agus ar an leibhéal Contae agus déanfaidh siad moltaí maidir le hathruithe i bhféilire na gcluichí de réir mar is cuí.

(d) Cuideoidh na hAnailísithe Cluichí leis an Lárchoiste Anailíse Cluichí maidir le hoideachas agus oiliúint na nAnailísithe Cluichí ar an leibhéal Contae a eagrú.

(B) (i) Ceapfar gach Fochoiste, faoi réir Riall 3.29, ar feadh téarma trí bliana i gcomhthráth le toghchán an Chathaoirligh Chúige. Líonfar folúntas, de réir mar is cuí, ag an gcéad chruinniú i ndiaidh Coinbhinsiún Chúige nó nuair a thiocfaidh sé chun cinn.

(ii) Beidh líon bhaill vótála na Comhairle Chúige ar gach Fhochoiste leagtha amach i bhFodhlíthe na Comhairle Chúige.

(iii) Toghfar an Coiste Bhainistíochta ó Oifigigh agus Ionadaithe Contae na Comhairle Chúige.

(iv) Toghfar ballraíocht an Choiste Rialaithe Comórtas as Oifigigh agus Ionadaithe Contae na Comhairle Chúige, in éineacht leis an Riarthóir Réiteoirí Chúige, a bheidh ina bhall den Choiste de réir Riall 3.30(g).

(v) Beidh Ballraíocht Choiste Riaracháin na Réiteoirí comhdhéanta de Chathaoirleach arna cheapadh ag an gComhairle Chúige, agus Riarthóirí Réiteoirí na gContaetha sa Chúige.

(Is féidir le duine de Riarthóirí Contae na Réiteoirí nó duine breise arna cheapadh ag an gComhairle Chúige a bheith ina Rúnaí den Choiste seo.)

(vi) Beidh Cathaoirligh na Coiste Bainistíochta agus an Choiste Rialaithe Comórtas faoi seach ina nOifigeach de chuig na Comhairle Cúige. Roghnófar Cathaoirleach gach Fochoiste eile as Oifigigh nó Baill na Comhairle Cúige nó as pearsanra cuí eile.

Cuirfidh Cathaoirleach gach Fochoiste Tuarascáil um Dhul chun Cinn maidir le hobair an Choiste i láthair de réir mar a éileoidh an Chomhairle Chúige é. Cuirfidh na Coistí ar fad Tuarascáil um Dhul chun Cinn i láthair uair amháin sa bhliain ar a laghad.

(viii) Buailfidh Fochoistí na Comhairle Cúige uile le Fochoistí comhfhreagracha ar an (a) leibhéal Náisiúnta agus ar an (b) leibhéal Contae, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, agus ghníomhóidh an Coiste is uachtaraí mar thionólaí.

(ix) Déanfar Téarmaí Tagartha na bhFochoistí uile, nuair a cheapfar na Fochoistí, a thaifeadadh agus a dháileadh.

3.33 Na Taifid a Chur Isteach

(a) Cuiridh Comhairle Chúige liosta de na Clubanna i ngach Contae faoina dhlínse, mar aon le táille €1 in aghaidh an Chlub isteach chuig an Ard-Chomhairle roimh an 1 Bealtaine gach bliain.

(b) Cuirfidh Comhairle Chúige an méid seo a leanas i láthair na Comhdhála Bliantúla:

(a) Tuarascáil an Rúnaí

(b) Cuntais Iniúchta

(c) Measúnú ar staid reatha an Chumainn sna Contaetha.

Mura gcuirtear na cuntais sin ar fáil d'fhéadfaí fionraí a ghearradh, agus i gcás dá leithéid glacfaidh an Ard-Chomhairle, ar bhonn idirthréimhseach, ceannas ar ghnóthaí an Chumainn laistigh den Chúige.

3.34 Fógra maidir le Cruinnithe

Tabharfaidh an Rúnaí Cúige fógra cúig lá ar a laghad i scríbhinn do na Baill uile maidir le cruinnithe, ach amháin in éigeandáil, i gcás go bhféadfadh sé, i gcomhar leis an gCathaoirleach, cruinniú a ghairm le fógra níos gairide.

Féadfaidh an Rúnaí cruinniú speisialta a thionól ar iarratas i scríbhinn ó thromlach na mball.

NÁISIÚNTA

COMHDHÁIL

3.35 Comhdháil

Tionólfar an Chomhdháil Bhliantúil roimh an 1 Márta. Roghnóidh an Ard-Chomhairle an t-ionad, agus breithneoidh sí go cuí ar gach iarratas a gheobhaidh an Chomhairle. Beidh sé comhdhéanta den Chomhairle a bheidh ag dul as oifig (cearta vótála mar atá ar an gComhairle), na hiar-Uachtaráin, agus toscairí ó na Contaetha ar bhonn toscaire amháin ó gach deich gClub cleamhnaithe nó codán de dheich thar chúig, ach is Ceathrar toscairí an t-íoslón ionadaithe ó na Contaetha sin. Beidh beirt ionadaithe ag Contaetha a bhfuil níos lú ná cúig chleamhnú acu. Is é deichniúr toscairí an t-uaslón ionadaithe do Chontae amháin ar bith. Déanfaidh ionadaí ainmnithe amháin de chuid an Chumainn ionadaíocht ar son an Chumainn Imreoirí Gael. Beidh Rúnaithe Cúige agus Cathaoirligh Coistí Náisiúnta i dteideal freastal uirthi agus labhairt, ach ní bheidh cearta vótála acu. Féadfaidh an tUachtarán, dá rogha féin, cuireadh a thabhairt do chuartheoirí eile chuig an gComhdháil le labhairt.

3.36 Feidhmeanna

Is iad seo a leanas feidhmeanna na Comhdhála Bliantúla:

- (a) Breithniú ar Thuarascálacha agus ar Chuntais Iniúchta na hArd-Chomhairle agus a Fochomhairlí don bhliain roimhe sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair.
- (b) Breithniú ar Thuarascálacha ó Cheardlanna na Comhdhála.
- (c) Uachtarán agus beirt Ionadaithe Comhdhála a thoghadh le ballóid rúnda.
- (d) Breithniú ar rúin agus rialacha a achtú, a leasú nó a chur ar ceal.
- (e) Léirmhíniú ar bith ar Riail a thabharfaidh an Ard-Chomhairle don Chomhdháil a fhaomhadh nó a dhiúltú faoin 31 Nollaig, de réir Riail 3.43(b), maidir lena chuimsiú sa Riail.
- (f) Beartas an Chumainn a chinneadh i gcreatlach ghinearálta.
- (g) Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí a cheapadh ar ainmniú na hArd-Chomhairle, nó i gcás folúntas a bheith ann idir Comhdhálacha, ceapacháin dá leithéid a dhéanfaidh an Ard-Chomhairle a dhaingniú ag an gComhdháil ina dhiaidh sin.

3.37 Uachtarán/Ionadaithe na Comhdhála

Ainmneoidh Coiste Contae iarrthóir le haghaidh phost Uachtarán nó Ionadaí na Comhdhála. Cuirfear an t-ainmniúchán sin isteach ar an bPáipéar Ainmniúcháin, a chuirfear chuig an gCoiste Contae ocht seachtaine ar a laghad roimh an gComhdháil Bhliantúil, agus a chomhlánófar agus a chuirfear ar ais chuig an Rúnaí Contae sé seachtaine ar a laghad roimh an gComhdháil.

Dearbhóidh na hainmnithe don Ard-Stiúrthóir dhá sheachtain ar a laghad roimh an gComhdháil cibé an seasfaidh siad/nach seasfaidh siad lena dtoghadh.

Cuirfear toghcháin Uachtarán agus Ionadaithe na Comhdhála i gcrích ag an gComhdháil ar bhonn vóta ballóide rúnda amháin ar Chórais na hIonadaíochta Cionmhaire, ach fógrófar toradh gach comhairimh ag an gComhdháil.

Ní bheidh Uachtarán nó Ionadaí na Comhdhála i seilbh oifige ar feadh níos mó ná trí bliana as a chéile.

Toghfear Uachtarán bliain roimh thosach a théarma oifige agus le haghaidh na bliana sin tabharfar an tUachtarán tofa air.

Má thagann folúntas chun cinn i measc Ionadaithe na Comhdhála roimh an 30 Samhain i mbliain ar bith, líonfar é ar bhonn:

(a) Ainmniúcháin ag na Contaetha,

(b) Vóta ballóide na gContaetha (bunaithe ar chumhacht vótála na Comhdhála) agus Baill de chuid na hArd-Chomhairle reatha.

Má thagann folúntas chun cinn i ndiaidh an 30 Samhain, fágfar an post folamh go dtí an chéad Chomhdháil eile.

I gcás bhás nó éagumas buan an Uachtaráin, beidh an t-údarás ag an Ard-Chomhairle Uachtarán gníomhach a cheapadh as na Leas-Uachtaráin, a chomhlíonfaidh dualgais na hUachtaránachta go dtí an chéad Chomhdháil eile.

3.38 Comhdháil Speisialta

I gcúinsí speisialta, agus le tacaíocht thromlach dhá thrían dá ball, féadfaidh an Ard-Chomhairle Comhdháil Speisialta a ghairm.

Féadfaidh an Ard-Chomhairle Comhdháil Speisialta um Rialacha Imeartha a ghairm chun forálacha Rial 3.40(d) a chomhlíonadh. I gcúinsí dá leithéid, beidh an Ard-Chomhairle i dteideal an Ionadaíochta a chinneadh.

I gComhdháil Speisialta a thionólfar laistigh d'ocht seachtaine is daichead i ndiaidh Comhdháil Bhliantúil, ní athrófar cinneadh a rinneadh sa Chomhdháil Bhliantúil sin.

3.39 Fóram Náisiúnta don Óige

Tionólfar Fóram Náisiúnta don Óige gach bliain, roimh an gComhdháil, agus freastalóidh triúr toscairí air faoi bhun 21 bhliain d'aois ó gach Contae. Toghfaidh an Fóram cúigear toscairí, toscaire amháin ó gach Cúige (lena n-áirítear an Bhreatain) lena Thuarascáil a chur i láthair na Comhdhála, áit a mbeidh cearta chun labhartha acu.

3.40 Rúin

- (a) Féadfar rúin don Chomhdháil a chur isteach mar a leanas:
- (i) Rúin a dhéantar ag Coinbhinsiún Contae.
 - (ii) Rúin amháin ar a mhéad a chuirfidh Coiste Contae isteach go díreach.
 - (iii) Rúin amháin ar a mhéad ó Chomhairle Chúige.
 - (iv) Beidh an Ard-Chomhairle i dteideal Rúin a chur isteach maidir le:
 - (1) Léirmhínte ar bith ar Riail a thug an Ard-Chomhairle an Bhliain Fhéilire roimhe sin.
 - (2) Cúrsa ábhartha ar bith a bhaineann le Riail a eascraíonn as cinneadh bhinse an Údaráis Réitigh Díospóidí an Bhliain Fhéilire roimhe sin.
 - (3) Rúin ar bith de thoradh ar Thuarascáil Fhochoiste na hArd-Chomhairle.
 - (4) Moltaí ar bith de chuid an Bhuanchoisite maidir leis na Rialacha Imeartha a d'fhaomh an Ard-Chomhairle faoi Riail 3.55.
 - (5) Cúrsaí éigeandála a bhaineann leis na Rialacha Imeartha.
 - (6) Trí Rúin ar a mhéad seachas na cinn atá liostaithe sna Catagóirí atá liostaithe thuas.
 - (v) Rúin amháin ar a mhéad arna chur isteach ag an gCumann Imreoirí Gael.
 - (vi) Rúin a dhéantar ag Cruinnithe Ginearálta Bliantúla Chomhairle Iarbhunscoileanna na hÉireann ar chúrsaí ar bith a bhaineann leis an gCumann ar a leibhéal.
 - (vii) Rúin a dhéantar ag Coinbhinsiún Bliantúil na Comhairle Ardoideachais ar chúrsaí ar bith a bhaineann leis an gCumann ar a leibhéal.
- (b) (i) Déanfar Rúin (rúin) don Chomhdháil, a dhéantar ag Coinbhinsiún Contae nó a chuireann Coinbhinsiún Contae isteach go díreach, a sheoladh le tarchur leictreonach

chuig an Ard-Stiúrthóir laistigh de chúig lá ón dáta ar a dtionólfar an Coinbhinsiún Contae.

(ii) Déanfar Rún ó Chomhairle Chúige a sheoladh le tarchur leictreonach chuig an Ard-Stiúrthóir laistigh de chúig lá ón dáta ar a dtionólfar an Coinbhinsiún Cúige.

(c) I Rúin chun Rialacha nua a achtú nó Rialacha atá ann cheana a leasú, tabharfar téacs iomlán nó na breise nó an leasaithe a bheartaítear, agus beidh líon na rialacha lena mbainfidh luaite leis.

(d) Ní fhéadfar Rúin chun Rialacha Imeartha a athbhreithniú a chur i láthair ach i mblianta amháin atá inroinnte faoi chúig, ach amháin faoi mar a fhoráiltear i gCuid (a)(iv) den Riail seo. Bliain ar bith ina mbeidh Rialacha Imeartha ar Chlár Oibre na Comhdhála, tabharfar tús áite dóibh sa liosta rún, nó féadfar iad a phlé ag Comhdháil Speisialta, má chinneann an Ard-Chomhairle é sin.

(e) Ní mór rúin chun Riail a bhaint, a leasú nó a leasú/a chur ar leataobh ar bhonn sealadach a bheith glactha ag trí chúigiú díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

(f) Féadfaidh an Chomhdháil rún a chur ar aghaidh lena bhreathnú chuig an Ard-Chomhairle nó Fochoiste den chomhlacht sin.

Cuirfear na moltaí ina dhiaidh sin, má mholfar iontu Riail reatha a leasú, i bhfoirm rúin chuig an gComhdháil ina dhiaidh sin.

(g) Tiocfaidh Rialacha nua agus leasaithe i bhfeidhm ceithre seachtaine ó dháta na Comhdhála Bliantúla nó na Comhdhála Speisialta, mura sonraítear agus mura bhfaomhtar a mhalairt sa Rún a glacadh, nó faoi mar a fhoráiltear thíos.

Féadfaidh an Ard-Chomhairle (nó i gcásanna práinneacha an Coiste Bainistíochta thar ceann na hArd-Chomhairle) dáta chur chun feidhme Rialach nua nó leasaithe a thabhairt ar aghaidh nó a chur siar.

Ní bheidh feidhm shiarghabhálach ag Riail nua nó leasaithe. Cuirfear comórtas a tosaíodh faoi na Rialacha/Rialacháin a bhí ann an tráth sin (seachas Rialacha Imeartha) i gcrích faoi na Rialacha/Rialacháin seo.

Scaipfear téacs Rialach nua nó leasaithe ar na Rúnaithe Contae laistigh de cheithre seachtaine óna chur i gcrích, lena dháileadh ar Chlubanna.

(h) Ní fhéadfar rún ar dearbhaíodh nach bhfuarthas aon trian de na vótaí ina leith ag an gComhdháil a chur ar Chlár Oibre na

Comhdhála le haghaidh na chéad trí bliana ina dhiaidh sin, mura gceadóidh an Coiste Bainistíochta é i gcúinsí eisceachtúla.

3.41 Clár oibre agus fógra

Dhá sheachtain ar a laghad roimh an gComhdháil Bhliantúil, eiseofar cóipeanna, chuig gach Contae, de réir ionadaíochta, de Thuarascáil an Ard-Stiúrthóra, de na Cuntais Iniúchta, de Thopaicí an Chláir Oibre agus Ceardlainne, agus de liosta Ainmniúchán agus Rún.

NÁISIÚNTA

AN ARD-CHOMHAIRLE

3.42 Comhairle

(a) Beidh an Ard-Chomhairle comhdhéanta díobh siúd a leanas: an tUachtarán, an tArd-Stiúrthóir (gan cearta vótála), an tUachtarán tofa, má bhíonn sé in oifig; an tUachtarán díreach roimhe sin le haghaidh na bliana i ndiaidh a théarma mar Uachtarán, na Leas-Uachtaráin, arb iad sin Cathaoirligh na gComhairlí Cúige, beirt Ionadaithe Comhdhála agus ionadaí ag a mbeidh cearta vótála de gach ceann díobh seo a leanas - gach Contae in Éirinn; an Bhreatain; Coiste Contae Londen; Bord CLGSAM Bord Nua-Eabhrac; an Bord Eorpach; Liathróid Láimhe CLG; an Chomhairle Ard-Oideachais; Comhairle Iar-Bhunscoileanna na hÉireann agus Cumann Imreoirí Gael agus Ionadaí gan Cearta Vótála ó gach ceann den Chumann Camógaíochta agus Cumann Pheil na mBan. Ní bheidh Ionadaí de chuid na Comhairle i seilbh oifige ar feadh níos mó ná cúig bliana. Mairfidh téarma bliana díreach i ndiaidh Comhdháil Bhliantúil go dtí go gcuirfear an chéad Chomhdháil Bhliantúil eile i gcrích.

Má thoghfar ball mar Ionadaí ar an gComhairle 'i dtéarma' sé seachtaine is fiche nó níos lú roimh an gcéad Chomhdháil eile, ní chuirfear an t-am sin a fónadh san áireamh mar chuid den tréimhse cúig bliana.

(b) Ní dhéanfaidh ionadaithe ionadaíocht ar son an Uachtaráin, an Ard-Stiúrthóra, an Uachtaráin tofa, an iar-Uachtaráin díreach roimhe sin, agus Ionadaithe na Comhdhála ag cruinnithe na Comhairle. Féadfaidh Oifigeach eile de chuid na Comhairle Cúige ionadaíocht a dhéanamh ar son Cathaoirleach Cúige.

Féadfaidh ionadaí ionadaíocht a dhéanamh ar son Ionadaí Contae, a bheidh ina bhall den Choiste Contae lena mbainfidh.

(c) Má thagann folúntas chun cinn in ionadaíocht, líonfaidh an comhlacht lena mbainfidh an folúntas sin.

(d) Beidh an Ard-Chomhairle i seilbh oifige go dtí go gcuirfear an chéad Chomhdháil eile i gcrích.

(e) Ball a bheidh as láthair, gan chúis chóir, ó thrí chruinniú as a chéile, dícháileofar é go huathoibríoch ó bhallraíocht na Comhairle le haghaidh na bliana sin. Beidh feidhm aige sin maidir le baill uile na bhFochoistí chomh maith.

3.43 Cumhachtaí agus Feidhmeanna

(a) Is í Comhlacht Rialaithe Uachtarach an Chumainn idir Comhdhála Bliantúla.

(b) Is í an t-údarás deiridh a léirmhíneoidh na Rialacha, de réir Riail 3.36(e). Déanfaidh sí breathnú agus breithniú ar gach molta a dhéanfaidh an Coiste Bainistíochta ar iarratais ar Léirmhíniú Rialach a gheofar i scríbhinn ón Ard-Stiúrthóir.

Beidh feidhm na Rialach ag Léirmhínithe dá leithéid go dtí an Chomhdháil a thionólfar an Bhliain Fhéilire i ndiaidh an Léirmhíniú a bheith tugtha, agus ina ndéanfaidh an Chomhdháil, ar Rún arna chur isteach ag an Ard-Chomhairle, cuimsiú an Léirmhínithe sa Riail a fhaomhadh nó a dhiúltú.

Ní thabharfar Léirmhíniú ar ábhar cáis atá ar feitheamh os comhair Aonad Breithnithe an Chumainn.

Féadfaidh sí Treoirlínte agus Treoracha a eisiúint chuig Aonaid agus Baill chomh maith chun cuidiú leo an Riail a chomhlíonadh.

(c) Beidh freagracht aici as na Rialacha seo a leanas sa Treoir Oifigiúil a athbhreithniú, a leasú nó a chur siar:

Caibidil 1

Riail 1.13(c) agus (d) - An Cód Cleachtais i Spórt/Treoirlínte na hÓige.

Riail 1.14 – an Cód.

Riail 1.16 – An Coiste um Éisteachtaí Frithdhópála; an Coiste Rialaithe Dópála.

Caibidil 4

Riail 4.5 – Comhfhreagras.

Riail 4.7 Físchomhdháil agus/nó Comhdháil Ghutháin.

Riail 4.8 Speansais Taistil agus Óstán.

Riail 4.9 Trófaithe agus Boinn.

Riail 4.10 Boinn Chraobh na hÉireann.

Riail 4.11 Boinn Idirchúige.

Riail 4.12 Boinn Craobhchomórtas Cúige

4.13 Boinn – Ginearálta.

Riail 4.14 Trófaithe Turnaimintí.

Riail 4.15 Trófaithe – Ginearálta

Riail 4.16 (b) Taifid

Caibidil 5

Riail 5.2 Réadmhaoin – Cumhachtaí.

Riail 5.3 Dílsiú.

Riail 5.4 Eisiamh.

Caibidil 6

Riail 6.37 Sraitheanna – Eagraíocht.
Riail 6.38 Sraitheanna (Ginearálta)
Riail 6.39 Sraitheanna Náisiúnta.
Riail 6.40 Cluichí Turnaimintí.
Riail 6.41 Cluichí Dúshlán.

Ní mór rúin chun Riail a bhaint nó a leasú a bheith glactha ag dhá thrian díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil ag cruinniú na hArd-Chomhairle. Beidh baint nó leasú ar bith maidir leis na Rialacha seo liostaithe i gClár Oibre na Comhdhála ina dhiaidh sin, sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm ceithre seachtaine ó dháta na Comhdhála agus sula gcuimseofar iad sa Treoir Oifigiúil.

(d) Beidh an chumhacht aici (nó i gcásanna práinneacha an Coiste Bainistíochta thar ceann na hArd-Chomhairle) dáta chur chun feidhme Rialach nua nó leasaithe a thabhairt ar aghaidh nó a chur siar.

(e) Sínefar a dlínse thar an gCumann iomlán i ngach uile chúrsa. Ceapfaidh sí Iontaobhaithe chun cistí, infheistíochtaí, agus maoin an Chumainn a shealbhú. Gheofar a cead roimhe ré do ghníomh ar bith a rachaidh i gcion ar bheartas ginearálta an Chumainn agus do chaiteachas caipitil.

(f) Déanfaidh sí, trína Coiste Bainistíochta, athbhreithniú ar Chuntais Iniúchta an Choiste Contae agus beidh an t-údarás aici cibé beart a mheastar a bheith riachtanach a dhéanamh chun rialachas airgeadais cuí a chinntiú.

(g) Tá a cinntí maidir leis na cúrsaí uile a bhaineann leis an gCumann críochnaitheach agus ceangailteach ar bhail an Chumainn.

(h) Beidh an chumhacht aici Rialacháin a dhéanamh lena rialáítear Comórtais faoina smacht (ar mholtaí ón gCoiste Bainistíochta nó ar chomhairle ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas, dá bhforáiltear sna Rialacha seo), agus cúrsaí eile a bhaineann lena Cumhachtaí, lena Feidhmeanna agus lena hOibríochtaí.

Nuair a ghlacfar Rialachán fanfaidh sé i bhfeidhm mura n-athraíonn nó mura scriosann tromlach simplí díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

Ní bhreathnófar ar athruithe ach ar bhonn bliantúil amháin.

(i) Rialóidh sí Craobhchomórtas na hÉireann, Comórtais Idirchúige, agus Comórtais na Sraithe Náisiúnta.

- (j) Ag a céad chruinniú gach bliain toghfaidh sí, de réir mar is gá
 - (i) baill chun an Choiste Bainistíochta
 - (ii) ceapfaidh sí baill ar an Lárchoiste Éisteachtaí agus ar an Lárchoiste Achomharc, ar mholadh ón gCoiste Bainistíochta.
- (k) Ceapfaidh sí Coiste Iniúcháireachta, a bheidh comhdhéanta de sheisear ball ar a laghad.
- (l) Ceapfaidh sí Coiste Comhairleach Rialacha agus Buainchoiste ar na Rialacha Imeartha.
- (m) Breithneoidh sí Tuarascáil ón gCoiste Bainistíochta maidir lena ghníomhaíochta ag gach cruinniú.
- (n) Ainmneoidh sí Rúnaí don Údarás Réitigh Díospóidí lena cheapadh ag an gComhdháil. Má thagann folúntas chun cinn idir Comhdhálacha líonfaidh sí an folúntas, agus cuirfear an ceapachán isteach lena dhaingniú ag an gcéad Chomhdháil eile. Daingneoidh sí an painéal a roghnóidh an Rúnaí sin de réir an Chóid Réitigh Díospóidí.
- (o) Beidh an chumhacht aici, ag a céad chruinniú i ndiaidh dheireadh seachtaine na Comhdhála, athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid na dtáillí agus na bhfíneálacha dá dtagraítear sna Rialacha, agus iad sin a athrú de réir mar is gá.
- (p) Beidh an chumhacht aici úsáid Mhaoín an Chumainn a údarú i gcomhréir le Riail 5.1 do chluichí/ghníomhaíochtaí seachas na cinn a rialaíonn an Cumann.
- (q) Beidh an chumhacht aici na teorainneacha idir na Cúigí a eagrú chun críche imeartha.
- (r) Ní fhorléireofar rud ar bith sa Riail seo ionas go dtabharfar údarás don Ard-Chomhairle nó dá Fochóistí Rialacha a thabhairt isteach, a achtú, a leasú nó a chur ar ceal, nó iad a athrú ar dhóigh ar bith nó an chumhacht a choimeádtar don Chomhdháil faoi Riail 3.36 ón gComhairle a mhaolú. Beidh an Riail seo ar gach slí faoi réir Riail 3.36 agus i gcás coinbhleachta beidh Riail 3.36 i réim.

3.44 Cumhachtaí an Ard-Stiúrthóra agus Oifigeach eile

- (a) Ceapfaidh an Ard-Chomhairle Ard-Stiúrthóir, a bheidh ina Phríomhfheidhmeannach ar an gCumann.
- (b) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir dul isteach i gconradh nó idirbheart thar ceann an Chumainn ar gnáthchúrsa gnó an Chumainn é nó ar fhaomh an Coiste Bainistíochta é.
- (c) Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir ó am go chéile cumhacht den sórt sin atá leagtha amach i gclásal (b) a tharmligean go hiomlán nó i

bpáirt, chuig duine nó daoine ar bith a ainmneoidh sé chun na críche sin.

(d) Féadfaidh Rúnaí an Aonaid Riaracháin dul isteach i gconradh nó idirbheart thar ceann an Aonaid sin ar gnáthchúrsa gnó an Aonaid sin é nó ar fhaomh Coiste Bainistíochta an Aonaid sin é.

3.45 Fógra maidir le Cruinnithe

Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir fógra cúig lá ar a laghad i scríbhinn do na baill uile maidir le cruinnithe, ach amháin in éigeandáil, i gcás go bhféadfadh sé, i gcomhar leis an Uachtarán, cruinniú a ghairm le fógra níos gairide. Féadfaidh an tArd-Stiúrthóir cruinniú speisialta a thionól ar iarratas ó thromlach na mball.

NÁISIÚNTA

LÁRCHOISTÍ

3.46 Coiste Bainistíochta

(a) Beidh sé comhdhéanta díobh siúd a leanas: an tUachtarán, an tArd-Stiúrthóir (gan cearta vótála), an tUachtarán tofa, má bhíonn sé in oifig; an tUachtarán díreach roimhe sin le haghaidh na bliana i ndiaidh a théarma mar Uachtarán, Cathaoirligh na gComhairlí Cúige, beirt Ionadaithe Comhdhála arna dtoghadh ag an gComhdháil, agus ionadaí amháin ón Ard-Chomhairle ó gach ceann den cheithre Chúige, arna dtoghadh ag an Ard-Chomhairle, agus beirt Ainmnithe ag an Uachtarán agus an Ard-Stiúrthóir, ar baill iad den Chumann, faoi réir a bhfaofa ag an Ard-Chomhairle, i dteannta leo siúd go léir nach mbeidh cearta vótála acu: an Stiúrthóir Airgeadais, Ionadaí ar an gCumann Camógaíochta agus Ionadaí ar Pheil na mBan. Beidh ainmniú i gcomhar an phoist mar ‘aon bhall amháin den Ard-Chomhairle ó gach ceann de na ceithre chúige’ bunaithe ar ainmní a bheith molta agus tacaithe ag baill den Ard-Chomhairle ó Chúige an ainmní féin.

(b) Faoi réir dhlínse fhoriomlán na hArd-Chomhairle, beidh sé freagrach as bainistíocht ghnóthaí an Chumainn, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí ginearálta, cúrsaí smachtaithe, airgeadais, agus beartais arna gcinneadh ag an gComhdháil a chur chun feidhme. Tuairisceoidh gach Fochoiste eile de chuid na hArd-Chomhairle díreach don Choiste Bainistíochta.

(c) Cuirfidh sé a thograí Buiséid don bhliain dár gcionn faoi bhráid na hArd-Chomhairle lena mbreithniú.

(d) Tabharfaidh sé údarás don Ard-Chomhairle chun moltaí a dhéanamh maidir le beartas agus airgeadas.

(e) Cuirfidh sé moltaí isteach chuig an Ard-Chomhairle, le machnamh a dhéanamh orthu agus lena mbreithniú, maidir le hiarratais ar Léirmhíniú Rialach a gheofar i scríbhinn ón Ard-Stiúrthóir.

(f) Déanfaidh sé, de réir mar is gá, agus faoi réir na bhforálacha i Rialacha 3.47, 3.48, 3.49, 3.50, agus 3.53, ceapacháin ball a cheapadh nó a mholadh don Ard-Chomhairle ar an Lárchoiste Rialaithe Comórtas, ar Lárchoistí Éisteachtaí, ar an Lárchoiste Achomharc, ar an Lárchoiste um Cheapacháin Réiteoirí agus ar an Lárchoiste Pleanála Cluichí.

- (g) Beidh an t-údarás aige Fochoistí a cheapadh chun déileáil le cúrsaí/gníomhaíochtaí tarmlogthe.
- (h) Tabharfaidh sé Tuarascáil ar a chuid gníomhaíochtaí do gach cruinniú de chuid na hArd-Chomhairle.
- (i) Ceapfaidh sé Riarthóir Náisiúnta Réiteoirí.

3.47 An Coiste Rialaithe Comórtas

- (a) Beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus de bhaill amháin ó gach ceann de na ceithre Chúige, a cheapfaidh an Coiste Bainistíochta. Beidh an fhreagracht ag na baill sin i dtaca le gach feidhm atá léirithe sa Riail seo.
- Lena chois sin, beidh Rúnaithe gach ceann de na ceithre Chomhairle Chúige ina mbaill ag a mbeidh comhfhreagracht leis na baill eile as na feidhmeanna atá léirithe ach amháin na cinn in (c), (d) agus (e).
- (b) Beidh sé freagrach as Sceidealú Cluichí agus na Socruithe le haghaidh na gCluichí agus Rialú na gCluichí (seachas ceapadh na Réiteoirí) faoi dhlínse na hArd-Chomhairle.
- (c) Déanfaidh sé imscrúdú ar chúrsaí a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha (lena n-áirítear Agóidí agus Frithagóidí) agus Rialacháin Cluichí a eascraíonn as na Comórtais agus Cluichí faoi dhlínse na hArd-Chomhairle.
- (d) Déanfaidh sé imscrúdú ar chúrsaí a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha (lena n-áirítear Agóidí agus Frithagóidí) agus Rialacháin Cluichí a eascraíonn as Cluichí Craoibhe Idirchontae Sinsir Cúige.
- (e) Beidh an t-údarás aige ordú a thabhairt do Choistí laistigh de na Cúigí agus na Contaetha na pionóis a fhorordaítear sna Rialacha seo maidir le Cúrsaí Smachtaithe a eascraíonn as Cluichí a fhorfheidhmiú.
- (f) Ullmhóidh sé Rialacháin Cluichí lena mbreithniú agus lena gcinneadh ag an gCoiste Bainistíochta agus ag an Ard-Chomhairle.
- (g) Beidh sé freagrach as cinntí a dhéanamh maidir le hiarratais ar Aistriú Idirchontae laistigh dá dhlínse.

3.48 An Lárchoiste Éisteachtaí

- (a) Beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, ball amháin ó gach ceann de na ceithre Chúige arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, agus ball amháin ó gach ceann de na ceithre Chúige arna cheapadh ag an Ard-Chomhairle ar mholadh ón gCoiste Bainistíochta.

(b) Déanfaidh sé breithniú ar gach Cúrsa Smachtaithe i gcás go ndéanfar Éisteacht a leagan síos agus a iarraidh, a bhaineann le:

(i) Forfheidhmiú Rialacha a eascraíonn as cúrsaí faoi dhlínse na Comhairle Cúige.

Eisceacht:

Feidhm de chuid an Lárchoiste Rialaithe Comórtas is ea Éisteacht ar Agóid/Frithagóid.

(ii) Mí-iompar a eascraíonn as Cluichí Craoibhe Idirchontae Cúige na Sinsear.

(iii) Rialacháin Cluichí a eascraíonn as na Comórtais agus Cluichí faoi dhlínse na hArd-Chomhairle agus as Cluichí Craoibhe Idirchontae Sinsir Cúige.

3.49 An Lárchoiste Achomharc

(a) Beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, ball amháin ó gach ceann de na ceithre Chúige arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, agus ball amháin ó gach ceann de na ceithre Chúige arna cheapadh ag an Ard-Chomhairle ar mholadh ón gCoiste Bainistíochta.

(b) Éistfidh sé na hachomhairc uile a dhéanfar ar an Leibhéal Láir.

(c) Beidh a chinntí maidir le hachomhairc críochnaitheach agus ceangailteach, faoi réir cás a thabharfar chun Eadrána faoin gCód Réitigh Díospóidí amháin, dá bhforáiltear sna Rialacha seo.

(d) Beidh an fheidhm aige breathnú ar Iarratais ar Athbhreithniú ar Fhionraíocht a fhorchuirfear de réir na Rialach, arna leagan amach i Riail 7.12 - Tabhairt ar ais, agus Moltaí a dhéanamh ar na hIarratais don Ard-Chomhairle.

3.50 An Lárchoiste um Cheapacháin Réiteoirí

(a) Beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, Cathaoirleach an Lárchoiste Rialaithe Comórtas, agus ball amháin ó Choiste Náisiúnta na Réiteoirí arna gceapadh ag an gCoiste Bainistíochta.

(b) Beidh sé freagrach as ceapacháin na Réiteoirí agus na Maor (duine acu a bheidh ina Réiteoir cúltaca, a ainmneofar roimh ré) agus as gach Cluiche faoi dhlínse na hArd-Chomhairle agus as Cluichí Craoibhe Idirchontae Sinsir Cúige. Ceapfaidh sé Oifigeach Taobhlíne le haghaidh Cluichí Idirchontae na Sinsear chomh maith.

3.51 Coiste cóitseála agus forbartha cluichí

- a) Beidh sé comhdhéanta de Chathaoirleach arna ainmniú ag an Uachtarán, de Chathaoirleach an Choiste Forbartha Cóitseála agus Cluichí as gach ceann de na ceithre Chúige, den Stiúrthóir Forbartha Cluichí, de Chathaoirleach an Fheidhmeannacht Náisiúnta Forbartha Cluichí agus ainmnithe an Uachtaráin sna réimsí seo a leanas: oideachas cóitseálaithe, rannpháirtíocht, forbairt tallainne, eolaíocht spóirt, leas imreoirí; chomh maith le Cathaoirligh an Choiste Forbartha Iománaíochta, na Comhairle Ardoideachais, Comhairle Iar-bhunscoileanna na hÉireann agus Comhairle Bunscoileanna na hÉireann.
- b) Beidh sé freagrach as forbairt leanúnach cluichí; as maoirseacht ar straitéisí forbartha cluichí ar leibhéal náisiúnta, cúige agus contae, agus beidh mar fhoinsé comhairle saineolaí don Choiste Bainistíochta ar ghníomhaíochtaí forbartha cluichí.
- c) Beidh sé freagrach tríd an gComhairle Cúige as monatóireacht, maoirseacht agus comhairle i leith an bheartais forbartha cluichí ar leibhéal contae i gcomhréir le Riail 3.30 (i).
- d) Tabharfaidh sé tuarascáil ar a chuid gníomhaíochtaí do gach Comhairle Cúige gach ráithe.

3.52 Téarmaí oifige ar Choistí

Ní bheidh ball de cheann ar bith de Choistí na hArd-Chomhairle thuas, seachas an tArd-Stiúrthóir nó Oifigeach Feidhmiúcháin eile, i seilbh oifige ar an gCoiste sin, sa cháil chéanna, ar feadh tréimhse níos mó ná sé bliana ar an iomlán, agus ní fhónfar trí chinn de na blianta sin as a chéile.

3.53 An Coiste Comhairleach Rialacha

- (a) Beidh sé comhdhéanta de líon nach mó ná deichniúr ball lena n-áirítear Cathaoirleach arna cheapadh ag an gCoiste Bainistíochta, ceathrar Anailísithe Cluichí Cúige a ainmneofar agus Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas.
- (b) Beidh sé freagrach as monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar an gClár Cluichí Náisiúnta.
- (c) Cuirfidh sé Tuarascáil i láthair na Comhdhála Bliantúla maidir leis na Cluichí uile ar an leibhéal Náisiúnta, ar an leibhéal Cúige agus ar an leibhéal Contae agus déanfaidh sé moltaí maidir le hathruithe i bhféilire na gcluichí de réir mar is cuí.
- (e) Cinnfidh sé an t-íosmhéid Caighdeán Náisiúnta a Theastaíonn le haghaidh clár cluichí ar gach leibhéal.

(f) Coinneoidh sé clár agus eagróidh sé oiliúint na nAnailísithe Cluichí eile ar an leibhéal Cúige agus ar an leibhéal Contae.

3.54 An Buanchóiste maidir le Rialacha Imeartha

(A) Beidh Coiste Comhairleach Rialacha, arna cheapadh ag an Ard-Chomhairle, ina Bhuanchoiste maidir le Rialacha an Chumainn (seachas na Rialacha Imeartha).

Tabharfaidh sé comhairle don Ard-Chomhairle maidir le cúrsaí a bhaineann leis na Rialacha.

Ullmhóidh sé Rúin, de réir mar a éileoidh an Ard-Chomhairle, lena mbreithniú ag an gComhdháil, lena n-áirítear Rúin a bhfuil gá leo de thoradh ar Léirmhínte na Rialach a thug an Ard-Chomhairle nó ar Chinntí an Údarais Réitigh Díospóidí.

(B) Beidh an t-údarás ag an gCoiste chun:

(1) Páirt a ghlacadh, agus dul i gcomhairle, le hAonaid a bheidh Rúin á n-urrú acu don Chomhdháil chun a chinneadh an bhfuil na Rúin in ord nó nach bhfuil.

Féadfaidh an Coiste Rún a chur in ord i gcás go bhfuil mainneachtain ann líon na Rialacha lena mbaineann a lua nó i gcás go bhfuil mionearráidí cléireachais ann.

I gcás Rúin a chuireann Contae isteach nach bhfuil in ord, tabharfar comhairle don Chontae i scríbhinn maidir leis an gcúis (cúiseanna) nach bhfuil Rúin in ord, agus faoi réir ag teorainn ama a chinnefidh an Coiste, tabharfar an deis dó Rúin a bheidh ceartaithe go cuí a chur isteach arís lena bhreithniú ag an gCoiste.

Beidh an t-údarás ag an Uachtarán ag an gComhdháil Rúin a rialú as ord.

(2) Rúin a fuarthas ó Urraitheoirí difriúla lena bhfuil cuspóir an-choitianta a chomhcheangal i Rúin a bheidh níos soláimhsithe agus comhdhéanta go soiléir.

(C) I gcás na Rúin uile a rithfear ag an gComhdháil a bhaineann le leasú nó athrú Rialach, beidh an t-údarás ag an mBuanchoiste scrúdú a dhéanamh ar na Rúin sin agus gan mhaolú óna mbrí, abairt nua nó athshuí ar bith a mheasfar gá a bheith leo a mholadh, sula gcuirfear leagan úr den Riail lena mbaineann i gcló. Beidh cead na hArd-Chomhairle ag teastáil le haghaidh moltaí dá leithéid ag a céad chruinniú i ndiaidh dheireadh seachtaine na Comhdhála.

3.55 Buancoiste maidir le Rialacha Imeartha

Déanfaidh Buancoiste, arna cheapadh ag an Ard-Chomhairle, monatóireacht ar Rialacha Imeartha na hIománaíochta agus Rialacha Imeartha na Peile ar bhonn leanúnach maidir le:

(a) Léirmhíniú na Rialacha agus agus

(b) Cur chun Feidhme na Rialacha

Beidh an fhreagracht ag an mBuanchoiste as moltaí ar bith ar leasuithe a mheasann sé go bhfuil gá lena mbreithniú ag Comhdháil na bliana dár gcionn a thabhairt ar aghaidh chuig cruinniú deireanach fhéilire bhliana na hArd-Chomhairle gach bliain.

Beidh an ceart ag Coistí Contae moltaí ar bith a chur isteach chuig an mBuanchoiste ach is faoin mBuanchoiste a bheidh sé cibé moltaí, nó cónascadh moltaí má bhaineann siad leis an Riail chéanna, a chuirfear isteach chuig an Ard-Chomhairle lena mbreithniú a chinneadh.

3.56 Liathróid Láimhe

(a) Beidh Liathróid Láimhe CLG, faoi réir rialú foriomlán na hArd-Chomhairle, freagrach as an gCluiche Náisiúnta Liathróide Láimhe a chur chun cinn.

(b) Beidh gnóthaí Liathróid Láimhe CLG faoi réir Rialacha Ginearálta an Chumainn agus na Bunreachta um ghnóthaí na heagraíochta a rialú, faoi mar a cheadóidh an Coiste Bainistíochta.

3.57 Cluiche Corr

(a) Beidh Comhairle Cluiche Corr na hÉireann, faoi réir rialú foriomlán na hArd-Chomhairle, freagrach as an gCluiche Náisiúnta Cluiche Corr a chur chun cinn.

(b) Beidh gnóthaí Chomhairle Cluiche Corr na hÉireann faoi réir Rialacha Ginearálta an Chumainn agus na Bunreachta um ghnóthaí na heagraíochta a rialú, faoi mar a cheadóidh an Coiste Bainistíochta.

3.58 Institiúidí Oideachais

Faoi réir rialú foriomlán na hArd-Chomhairle, beidh na Comhairlí seo a leanas freagrach as eagrú agus rialú na ngnóthaí uile ag na Leibhéil atá sonraithe thíos.

- An Chomhairle Ardoideachais i ngach Coláiste agus Ollscoil Ardoideachais.

- Comhairle Iarbhunscoileanna na hÉireann do gach scoil chleamhnaithe ar an Dara Leibhéal.

- Comhairlí Bunscoileanna na hÉireann.

Seachas i gcás go dtugann an Ard-Chomhairle cead speisialta, beidh gnóthaí gach Comhairle faoi réir Rialacha Ginearálta an Chumainn agus tá Bunú dá leithéid ceadaithe ag an gCoiste Bainistíochta, thar ceann na hArd-Chomhairle.

Éistfidh an Coiste ábhartha éisteachtaí a eascróidh as Cásanna agus Achomhairc Smachtaithe ag an gCoiste Contae, ar leibhéal na Comhairle Cúige nó na hArd-Chomhairle.

3.59 Cumann Imreoirí Gael

Tá Cumann Imreoirí Gael aitheanta mar an gcomhlacht ionadaíoch oifigiúil do na himreoirí idirchontae sinsearacha.

3.60 Imeacht ó Rialacha

(a) Féadfaidh Coiste Contae nó Ardchomhairle de chuid an Chumainn lasmuigh d'Éirinn iarratas a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an Ard-Chomhairle ar chead imeachta ó Riail faoi leith. Féadfar cead dá leithéid a thabhairt i gcás go meastar go bhfuil gá leis de réir cúinsí eisceachtúla.

(b) Féadfaidh Coiste Contae nó Ardchomhairle iarratas a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an Ard-Chomhairle ar chead, laistigh dá dhlínse, gan cur i bhfeidhm docht Rialach a fheidhmiú, i gcás go bhféadfadh sé nach mbeadh cloí docht leis an Riail ar mhaithe le leasa an Chumainn laistigh den dlínse sin.

Ní fhéadfar cead dá leithéid a thabhairt ach i gcúinsí eisceachtúla ar mhaithe leis an Iománaíocht/an bPeil a chur chun cinn.

Déanfar iarratas ar chead mar atá in (a) agus (b) thuas ar bhonn bliantúil.

(c) I gcás Fodhlí ó Aonad Idirnáisiúnta, seachas sa Bhreatain, ní theastóidh cead ar imeacht ó Riail Ghinearálta i gcúinsí go bhfuil an Coiste Bainistíochta, agus cead á thabhairt aige i leith Fodhlí dá leithéid, sásta i gcás go bhfuil forálacha ar bith iontu a thagann salach ar Riail Ghinearálta nó nach dtagann go hiomlán le Riail Ghinearálta dosheachanta, riachtanach le haghaidh fheidhmiú cuí an Aonaid faoi leith, agus go bhfuil siad ar mhaithe le leasa CLG agus cur chun cinn na gCluichí Gaelacha laistigh dá dhlínse.

CAIBIDIL 4 - RIARACHÁN

RIALACHÁIN RIARACHÁIN, PRÓTACAIL AGUS RIALUITHE

4.1 Oifig Thoghthach

Ní bheidh ach Ball Iomlán a mbeidh a shíntiús bliantúil Club íoctha aige roimh an 31 Márta i mbliain bhallraíochta i dteideal a bheith ainmnithe le haghaidh Oifig Thoghthach, nó a bheith tofa chun Oifig Thoghthach ar bith dá dtagraítear sa Treoir Oifigiúil a eascraíonn sa bhliain bhallraíochta chéanna.

4.2 Córam

Is é an córam le haghaidh gach cruinntithe de chuid Choistí nó Chomhairlí an Chumainn aon cheathrú agus líon nach lú ná triúr ball a bheidh i dteideal freastal orthu, mura bhforálann na Rialacha seo nó Fodhlíthe a mhalairt.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas seo maidir le Cruinniú Ginearálta Club.

4.3 Vótáil

Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sna Rialacha seo, déanfaidh tromlach simplí díobh siúd a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil, na cinntí uile ag Cruinnithe Ginearálta agus Cruinnithe Coiste, agus i gcás comhionannas vótaí a bheith ann, beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach ceannais sa bhreis ar a vóta féin, beag beann ar cibé ar chaith sé vóta ar an ábhar i dtosach nó nár chaith. Cinneadh ar bith a dhéanfar ag cruinniú ar bith de chuid Choiste nó Chomhairle an Chumainn a tionóladh go cuí, ní chuirfear ar ceal é ag cruinniú ina dhiaidh sin, ach i gcás gur cuireadh fógra cuí maidir leis an rún cur ar ceal a mholadh in iúl do gach ball roimhe sin, agus go bhfaighfear toiliú dhá thrian dóibh siúd a bheidh i láthair agus a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

4.4 Forálacha Coistí Idirthréimhseacha

(a) Athrú nó athnuachan ar bhallraíocht Chomhairle nó Chontae de chuid an Chumainn (cibé i gcomhthéacs scoir, Comhdhála Bliantúla, Coinbhinsiúin Chúige, Coinbhinsiúin Chontae nó eile), ní

dhéanfar leo leanúnachas gnímh nó nós imeachta ar bith ar cuireadh tús leo roimh an athrú ar bhallraíocht an Chumainn nó aonaid a dhiúltú nó a chosc agus beidh na cumhachtaí ag an coiste nuabhunaithe leanúint leis na gníomhartha nó na nósanna imeachta sin amhail dá mba rud é nach ndearnadh athrú ar bith ar an mballraíocht.

(b) I gcás go bhfuil bearna san am idir éag téarma oifige baill de Choiste Bainistíochta, de Choiste Rialaithe Comórtas, nó de Choiste Éisteachtaí nó den Lárchoiste Achomharc, agus baill nua a chur ina n-ionad (e.g. i ndiaidh chruinniú an Choinbhinsiún Chontae agus roimh an gcéad chruinniú Coiste Contae eile), ansin, in ainneoin Riail 3.52, leanfaidh na Baill Coiste a bhí ann roimhe seo leis na cúrsaí uile a eascróidh dá mba rud é nár éag a dtéarma a chomhlíonadh ach amháin i gcás, de bhua Fodhlí nó ar shlí eile, go ndéanfar ball de dhuine ar bith nó go bhfuil sé le ceapadh i gCoistí ar bith den sórt sin de bhua a dtofa chun oifige dá leithéid (e.g. ag Coinbhinsiún Contae), beidh an duine sin go díreach i ndiaidh a thofa ina bhall den Choiste a bheidh i bhfeidhm in ionad a réamhtheachtaí san oifig sin.

4.5 Comhfhreagras

Tiocfaidh an comhfhreagras oifigiúil ar fad chuig an Ard-Chomhairle agus an gComhairle Chúige i ndáil le cúrsaí Contae agus Comhairle, ach amháin mar a fhoráiltear i Rialacha 7.10 agus 7.11, trí Rúnaí an Choiste Contae, nó má bhíonn sé as láthair, tríd an Rúnaí Cúnta (a toghadh ag an gCoinbhinsiún Contae roimhe sin). Mar an gcéanna, ní mór go dtiocfaidh comhfhreagras uile an Chlub chuig Coistí Contae nó Coistí Roinne tríd an Rúnaí Club, nó má bhíonn sé as láthair, tríd an Rúnaí Cúnta, ar an gcoinníoll gur tugadh fógra oifigiúil roimh ré, i scríbhinn, maidir leis an neamhláithreach, don Rúnaí Contae nó don Rúnaí Roinne, de réir mar is cuí.

I ngráid Faoi bhun 16 nó gráid níos óige, síneoidh an Rúnaí liostaí oifigiúla d'imreoirí nó, má bhíonn sé as láthair, an Rúnaí Cúnta, nó Oifigeach i bhFeighil na Foirne, nach mór a ainm a chur in iúl go hoifigiúil roimh ré chuig an gCoiste a bheidh i bhFeighil an chomórtais.

4.6 Cumarsáid

Modhanna

(a) Mura sonraítear a mhalairt i gcás faoi leith ar bith, féadfar na fógraí agus na cumarsáidí uile faoi Rialacha an Chumainn (lena n-áirítear Agóidí, Frithagóidí agus Achomhairc) a thabhairt:

(i) do Bhall:

- (1) go pearsanta, nó
 - (2) tríd an bpost nó seachadadh de láimh chuig gnáthsheoladh Baill, nó
 - (3) le ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist cuí ar bith arna fhógairt ag an mBall nó thar ceann an Bhaill chuig an seoltóir nó chuig an gComhairle nó an gCoiste i bhFeighil, nó
 - (4) ar fhacs chuig seoladh facs cuí ar bith arna fhógairt ag an mBall nó thar ceann an Bhaill chuig an seoltóir nó chuig an gComhairle nó an gCoiste i bhFeighil; nó
 - (5) trí sheachadadh de láimh, tríd an bpost, ar fhacs nó le ríomhphost chuig an Rúnaí cuí agus aird á tabhairt ar an leibhéal ar a bhfuil sé líomhnaithe gur tharla sárú ar Rial (e.g. Rúnaí Club an Bhaill sin, Coiste Contae, Comhairle Chúige etc.).
- Beidh an Fógra seolta go pearsanta chuig an mBall lena mbaineann.

(ii) agus chuig Aonad:

- (1) go pearsanta chuig a Rúnaí, nó
- (2) tríd an bpost nó seachadadh de láimh chuig seoladh an Aonaid nó gnáthsheoladh an Rúnaí, nó
- (3) le ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist cuí ar bith arna fhógairt ag an Aonad nó Rúnaí nó thar ceann an Aonaid nó an Rúnaí chuig an seoltóir nó chuig an gComhairle nó an gCoiste i bhFeighil, nó
- (4) ar fhacs chuig seoladh facs cuí ar bith arna fhógairt ag an Aonad nó Rúnaí nó thar ceann an Aonaid nó an Rúnaí chuig an seoltóir nó chuig an gComhairle nó an gCoiste i bhFeighil.

(b) I gcás go seoltar comhfhreagras oifigiúil le ríomhphost chuig nó ó Aonaid/Choistí de chuid an Chumainn nó Oifigigh/Ionadaithe de chuid na nAonad/gCoistí sin ar leithdháileadh seoltaí ríomhphoist orthu i bhfoirm @gaa.ie, beidh úsáid seoltaí den sórt

sin éigeantach chun cloí leis na Rialacha lena rialaítear Comhfhreagras agus Cumarsáidí.

Am an tseachadta

(c) Mura gcruthaítear a mhalairt chun sástachta na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil iomchuí (nó Comhairle nó Coiste Achomhairc de réir mar is cuí), measfar go bhfuarthas fógra dá leithéid nó cumarsáid de chineál éigin eile:

(i) I gcás go seoltar é tríd an ngnáthphost, ag 10 a.m. ar an dara lá oibre i ndiaidh é a sheoladh;

(ii) I gcás gur seachadadh de láimh é, ag am an tseachadta;

(iii) I gcás gur seoladh le ríomhphost nó ar fhacs é, ag am an tarchurtha.

Eisceacht le (ii) thuas: Má bhíonn an tarchur i ndiaidh 9 p.m. ó Luan go Déardaoin san áireamh, ar lá ar bith nó ar dheireadh seachtaine, measfar an t-am fála mar 9 a.m. an mhaidin dar gcionn.

Má bhíonn an tarchur le linn an deireadh seachtaine i.e. ó 6 p.m. ar an Aoine go 12 meán oíche ar an Domhnach, measfar an t-am fála mar 9 a.m. maidin Dé Luain dar gcionn.

(iv) I gcás go seoltar é chuig ball tríd an Rúnaí cuí, agus go bhfuil tionchar ag teorainn ama ar an mball maidir le freagairt a thabhairt, measfar gurb ionann am fála ag an mball agus ceithre huaire tar éis don Rúnaí cuí é a fháil, faoi réir ag an bhforail san Eisceacht le (iii)

Cruthúnas ar sheachadadh

(d) I gcás go dtiocfaidh díospóid chun cinn maidir le fíric nó seirbhís fógra nó cumarsáide ar bith le ríomhphost nó ar fhacs, beidh ar an seoltóir cruthúnas ar tharchur a thabhairt de réir mar is iomchuí leis an gComhairle nó an gCoiste i bhFeighil sna cúinsí.

Sínithe

(e) I gcás go dteastaíonn síniú ar fhógra nó ar chumarsáid eile le ríomhphost, measfar go mbeidh tarchur an fhógra sin nó cumarsáide eile le ríomhphost sínithe go cuí má bhíonn ainm an tseolaí (i nGaeilge nó le haghaidh Fógraí Cluichí i nGaeilge agus/nó i mBéarla ann agus gur féidir a aithint go dóthanach ó theachtaireacht an ríomhphoist (trí thagairt do sheoladh ríomhphoist an tseoltóra nó ar shlí eile) gur tháinig sé ón duine a

airbheartaíonn gurbh é a chuir é.

Táillí agus Iatáin eile

(f) I gcás nach mór airgead nó iatáin a chur le fógra nó cumarsáid ar bith eile, ní bheidh tarchur an fhógra nó cumarsáide eile le ríomhphost nó ar fhacs neamhbhailí má fhaightear an t-iatán iarbhrí laistigh de dhá lá oibre ó tharchur an ríomhphoist nó an fhacs.

Tarchur Aonair Ríomhphoist

(g) I gcás go gcaithfear fógra nó cumarsáid eile, a cheanglaítear faoin Riall a chur isteach faoi dhó, a chur le ríomhphost, is leor tarchur aonair chun é a chomhlíonadh.

4.7 Físchomhdháil agus/nó Comhdháil Ghutháin

Tá Físchomhdháil agus/nó Comhdháil Ghutháin ceadaithe ag Coinbhinsiúin, Cruinnithe agus Éisteachtaí (“an Cruinniú”), nuair is iomchuí leis an gCoiste i bhFeighil é. Féadfaidh ball iarratas a dhéanamh chun leas a bhaint as saoráid dá leithéid trí iarratas a dhéanamh, i scríbhinn, seacht lá ar a laghad roimh an gCruinniú (nó láithreach, i gcás gur tugadh fógra níos lú ná seacht lá maidir leis an gCruinniú).

Mura gceadaíonn an Coiste i bhFeighil an tsaoráid a iarradh, cuirfear é sin in iúl don iarratasóir, i scríbhinn, trí lá ar a laghad roimh an gCruinniú (nó láithreach, i gcás gur tugadh fógra níos lú ná trí lá maidir leis an gCruinniú).

Measfar go bhfuil Ball a bheidh páirteach i bhFíschomhdháil/Comhdháil Ghutháin “i láthair” ag an gCruinniú. Nuair a mheasfar go bhfuil Físchomhdháil/Comhdháil Ghutháin cuí, soláthróidh an Coiste i bhFeighil na saoráidí lena haghaidh.

4.8 Speansais Taistil agus Óstán

(a) Íocfaidh an Ard-Chomhairle agus an Chomhairle Chúige as speansais údaraithe a nOifigeach agus a mBall.

(b) Íocfar speansais taistil agus óstán, ar a ndéanfar athbhreithniú bliantúil, leis na foirne a bheidh ag glacadh páirt i gCluichí Ceathrú Ceannais, Cluichí Leathcheannais agus Cluichí Ceannais na hÉireann. Coinneoidh an Ard-Chomhairle nó an Chomhairle Chúige speansais na bhfoirne uile siar go dtí go mbeidh na Craobhchomórtais thart.

Féadfaidh Ard-Chomhairle nó Comhairle Chúige, de réir mar is cuí, a mheas go ngéillfidh Contae a chuirfidh foireann neamhdhleathach chun páirce ag Craobhchomórtas Idirchontae speansais nó deontais taistil agus óstán.

Trófaithe agus Boinn

4.9 Bronnfar fiche trófaí ar a laghad i gach comórtas 15 an taobh. Ní thabharfar ainm ar an trófaí as duine beo nó as eagraíocht pholaitiúil nó leathpholaitiúil reatha ar bith.

Ní bhainfear úsáid as trófaí chun críche tráchtála ar bith.

Ní líonfar corn/trófaí le deoch alcóil de chineál ar bith.

Pionós: Fionraíocht dhá sheachtain déag - duine aonair nó aonad.

4.10 Bronnfaidh an Ard-Chomhairle boinn óir 9 gcarat, ar a mbeidh dearadh an Chumainn, ar bhuaiteoir Chluichí Ceannais na hÉireann, de na meáchain seo a leanas: Sraith 1 na Sinsear: 10 dwt; Sraitheanna 2, 3 agus 4 na Sinsear, Idirmhéanach, na Sóisear agus Faoi bhun 20, 8 dwt; agus na Mionúir, 6 dwt.

Toisc gurb í maoín chláraithe de chuid an Chumainn é dearadh na mbonn Craobhchomhórtais, ní cheadaítear na trófaithe sin a dháileadh thar an líon a bhronntar go hoifigiúil. Bronnfar trófaithe ar na himreoirí a thiocfaidh sa dara háit i gCraobhchomórtas na hÉireann i ngach grád.

Is é seo a leanas líon na mbonn/trófaithe a bhronnfar: Sinsearach - suas le 26; Idirmhéanach; Sóisearach, Faoi bhun 20 agus Mionúr - ceithre is fiche.

Bronnfar mionsamhail de Chorn na hÉireann ar Chaptaen gach foirne a bhuafaidh Craobh Idirchontae Sinsir na hÉireann.

4.11 Bronnfaidh an Ard-Chomhairle suas le ceithre bhonn óir 9 gcarat, de mheáchan 8 dwt. agus ar a dtaispeántar armais na gceithre Chúige i gcruan, le lár óir ar bhuaiteoirí Idirchúige na Sinsear.

4.12 Bronnfaidh Comhairlí Cúige sé bhonn óir is fiche ar bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Cúige Iománaíochta agus Peile na Sinsear, agus ceithre bhonn is fiche do gach buaiteoir eile den Chraobhchomórtas. Beidh cineál na nduaiseanna a bhronnfar ar bhuaiteoirí an Chraobhchomhórtais Chontae de rogha na gCoistí Contae.

4.13 Beidh na boinn agus na trófaí uile greanta i nGaeilge.

4.14 Déanfar trófaí turnaiminte, nó a bpraghas ceannaigh, a thaisceadh le Coistí Contae, leis an gComhairle Chúige, nó leis an Ard-Chomhairle, sula dtosaíonn an turnaimint.

I gcás go bhfuil an comórtas le haghaidh duaiseanna nó gradaim aonair d'imreoirí, ní bheidh duais nó gradam dá leithéid os cionn €400 I luach. Tá cosc ar dhuaiséanna airgid.

Pionós: Fionraíocht 24 seachtaine don aonad cur chun cinn agus don Chlub nó do na hImreoirí Rannpháirteacha.

4.15 Beidh sé de phribhléid chaptaen na foirne buaití an trófaí a ghlacadh thar ceann na foirne.

(b) Beidh coimeád sábháilte an trófaí faoi fhreagracht Choiste Contae (Idirchontae), nó Fheidhmeannach Chlub (Comórtas Club) na foirne a n-éireoidh léi.

(c) Cuirfear trófaí na hArd-Chomhairle ar ais chuig an Ard-Chomhairle faoi na dátaí seo a leanas:

Cluichí Sraitheanna Náisiúnta, Idirchúige agus Idirclub - an 1 Feabhra.

Craobhchomórtas Idirchontae - an 1 Iúil.

Pionós: maidir le. Roinn (c) - Fíneáil de €1,000.

4.16 Taifid

(a) Is maoin de chuid Chumann Lúthchleas Gael iad na Taifid a chruthaíonn agus a fhaigheann Cumann Lúthchleas Gael, a bhaill agus na riarthóirí.

(b) Aistrefar Taifid Chumann Lúthchleas Gael chuig Cartlann aitheanta CLG de réir cibé teoracha a thabharfadh an Ard-Chomhairle.

4.17 Ciste Gortuithe na nImreoirí

Féadfaidh an Ard-Chomhairle socruithe a dhéanamh i leith Chiste Gortuithe na nImreoirí a sholáthar do bhaill imeartha aonaid chleamhnaithe an Chumainn. Riarfar an Ciste de réir théarmaí agus choinníollacha an Chiste de réir mar a chinnfear ó am go chéile.

Ní bheidh cead ag foireann páirt a ghlacadh i gcomórtas nó cluiche ar bith ar aon chor faoi dhlínse an Chumainn mura gcomhlíonann siad téarmaí agus coinníollacha an Chiste Gortuithe.

Mura gcomhlíontar cluiche mar thoradh ar neamhchomhlíonadh cuirfear an cluiche ar ceal.

Má fhaightear, i ndiaidh imscrúdú ag an Ard-Chomhairle, go ndearna duine nó aonad ar bith den Chumann éileamh bréagach, nó gur chuidigh siad le héileamh bréagach a dhéanamh, faoin gCiste, measfar gur tharraing siad míchlú ar an gCumann agus gearrfar pionóis arna leagan amach i Riall 7.2(e) orthu.

CAIBIDIL 5 - RIALÚ MHAOIN AN CHUMAINN

5.1 Úsáid na Maoine

(a) Féadfar an mhaoin uile lena n-áirítear páirceanna, Tithe Club, Hallaí, Seomraí Gléasta agus Cuairteanna Liathróid Láimhe ar le haonaid an Chumainn iad nó atá á rialú acu a úsáid chun críche, nó i ndáil le, imirt na gCluichí a rialaíonn an Cumann, agus chun cuspóirí den sórt sin nach dtagann salach ar Aidhmeanna agus Cuspóirí an Chumainn, a cheadódh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

(b) Tá sé de chumhacht ag an Ard-Chomhairle, ar chúinsí eisceachtúla, úsáid Mhaoin an Chumainn i seilbh Choiste Contae, Comhairle Cúige nó Ard-Chomhairle a údarú le haghaidh gníomhaíochtaí eile seachas iad siúd rialaíonn an Cumann i gcomhréir le beartas arna ghlacadh ag an Ard-Chomhairle.

(c) Tá sé de chumhacht ag an Ard-Chomhairle úsáid mhaoin an Chumainn atá suite lasmuigh d'Éirinn a údarú le haghaidh cluichí seachas iad siúd a rialaíonn an Cumann.

Pionós:

I gcás go bhfeidhmeodh Club, Coiste Contae, nó Comhairle Chúige ar bith i gcodarsnacht leis an Riail seo, beidh an comhlacht sin faoi réir fionraí nó fíneála, mar a mheasfar cuí é.

(Féach Aguisín 2)

5.2 Cumhachtaí

Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCumann, trína Ard-Chomhairle, agus, faoi réir dhlínse fhoriomlán na hArd-Chomhairle, a Chomhairlí Cúige, Coistí Contae agus Clubanna:

(a) Tailte agus oidhreachtáin de thionacht ar bith, nó leas ar bith iontu a éadail trí cheannach, léas, malartú, fruiliú, nó ar dhóigh eile.

(b) Leis féin nó trí pháirtithe eile, tithe, foirgnimh, páirceanna imeartha, staidiamaí, oifigí, nó oibreacha de gach cineál ar thalamh ar bith de chuid an Chumainn, nó ar thailte nó oidhreachtáin ar bith eile a thógáil, agus tithe, foirgnimh, faichí imeartha, staidiamaí, oifigí atá ann cheana a tharraingt anuas, a atógáil, a dheisiú, a athchóiriú, a mhéadú, a athrú agus a fheabhsú, chun go ginearálta déileáil le maoin an Chumainn agus í a fheabhsú.

- (c) Tailte, tithe, foirgnimh, oidhreachtáin agus maoin eile de chuid an Chumainn a dhíol, a léasú, a ligean ar cíós, ar morgáiste, nó iad a dhiúscairt ar shlí eile.
- (d) Airgead a fháil ar iasacht nó a thiomsú chun aidhmeanna an Chumainn a chur chun cinn.
- (e) Ceadúnais a fháil, a dhiúscairt nó a dheonú nó déileáil ar shlí eile le Maoin Intleachtúil.
- (f) Baill foirne, comhairleoirí, comhairligh agus conraitheoirí a fhostú.

5.3 Iontaobhais Mhaoin an Chumainn

(A) Maoin atá sealbhaithe ar iontaobhas

Maoin ar bith de chuid Club nó an Chumainn nó atá á sealbhú ag Aonaid eile den Chumann, beidh sí sealbhaithe ar Iontaobhas chun tairbhe an chlub lena mbaineann nó an Chumainn de réir mar is cuí. Tá an tIontaobhas faoi réir agus á rialú ag forálacha na Treorach Oifigiúla agus an Chóid maidir le hIontaobhais Mhaoin an Chumainn, faoi mar a leasófaí an dá cheann ó am go chéile. Déanfar gach maoin dá leithéid a dhílsiú in Iontaobhas Corparáideach Chumann Lúthchleas Gael, Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (“an tIontaobhas Corparáideach”) agus/nó líon ball iomlán mar Iontaobhaithe.

(B) Aitheantas na nIontaobhas

(a) Maoin Phearsanta

Déanfar an Mhaoin Phearsanta atá faoi úinéireacht Aonaid nó á sealbhú ag Aonad a dhílsiú sa Chathaoirleach, sa Chisteoir agus sa Rúnaí a sealbhóidh ar Iontaobhas é don Aonad. Sealbhóidh an tIontaobhas Corparáideach gach Maoin Phearsanta eile de chuid an Chumainn ar iontaobhas don Chumann.

(b) Maoin Réadach

(1) Club

Déanfar Maoin Réadach de chuid Club, a dhílsiú iontu seo a leanas:

- (i) Cúigear Iontaobhaithe, triúr díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Chlub, duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Choiste Contae ábhartha, agus duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann na Comhairle Cúige ábhartha; nó
- (ii) Ceathrar Iontaobhaithe, triúr díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Chlub agus GCT a cheapfar ar son agus

thar ceann an Choiste Contae agus Comhairle Cúige ábhartha; nó

(iii) Iontaobhaí amháin a bheidh ina GCT.

Maidir le Maoín Réadach atá lonnaithe i Sasana nó sa Bhreatain Bheag is é (ii) an t-aon rogha atá ar fáil.

(2) Aonaid Riaracháin

(a) Déanfar an Mhaoin Réadach arna sealbhú ag an gCoiste Contae, nó ag comhcheangal de na hAonaid atá faoi rialú Coiste Contae, a dhílsiú mar a leanas:-

(i) Triúr Iontaobhaithe, duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Choiste Contae, duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann na Comhairle Cúige ábhartha, agus duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann na hArd-Chomhairle; nó

(ii) Beirt Iontaobhaithe, duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Choiste Contae, agus ceapfar an duine eile a bheidh ina GCT thar ceann na Comhairle Cúige nó na hArd-Chomhairle ábhartha; nó

(iii) Iontaobhaí amháin a bheidh ina Iontaobhaí Corparáideach.

(b) Déanfar an Mhaoin Réadach arna sealbhú ag an gCoiste Contae a dhílsiú mar a leanas:-

(i) Triúr Iontaobhaithe, beirt díobh a cheapfar ar son agus thar ceann na Comhairle Cúige, agus ceapfar an duine eile a bheidh ina GCT ar son agus thar ceann na hArd-Chomhairle; nó

(ii) Triúr Iontaobhaithe, beirt díobh a cheapfar ar son agus thar ceann na Comhairle Cúige, agus ceapfar an duine eile a bheidh ina GCT ar son agus thar ceann na hArd-Chomhairle; nó

(iii) Iontaobhaí amháin a bheidh ina Iontaobhaí Corparáideach.

(c) Déanfar an Mhaoin Réadach arna sealbhú ag an Ard-Chomhairle a dhílsiú san Iontaobhas Corparáideach a cheapfar chun an Mhaoin Réadach a shealbhú ar son agus thar ceann na hArd-Chomhairle.

(d) Maoín Réadach an Chumainn nach maoín de chuid Club í nó nach bhfuil á sealbhú ag Aonad Riaracháin, déanfar í a dhílsiú san Iontaobhas Corparáideach.

(C) Cód maidir le hiontaobhais Mhaoin an Chumainn

Glacfaidh an Ard-Chomhairle le Cód maidir le hIontaobhais Mhaoin an Chumainn ina mbeidh a leithéid d'fhorálacha sin a bhaineann le hIontaobhas agus Iontaobhaithe mar a mheasann an Ard-Chomhairle iomchuí, lena n-áirítear, gan teorainn, forálacha maidir le:

- a) Aitheantas na nIontaobhas.
- b) Modh um Roghnú agus Cheapadh na nIontaobhaithe maidir leis an Maoín Réadach.
- d) Baint Iontaobhaithe na Maoine Réadaí.
- d) Cumhacht na nIontaobhaithe.
- e) Imeachtaí na nIontaobhaithe.
- f) Déileálacha le tríú páirtithe.
- g) Tarmligeán ag an Ard-Chomhairle d'fheidhmeanna áirithe dá cuid faoin gCód.
- h) Léirmhíniú.

Leis an Riall tabharfar agus bunófar údarás chun na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí go léir a chomhlíonadh de réir an Chóid sin. (Féach Agusín 2).

(D) Glacadh Ceapacháin - Dearbhú Iontaobhais

De réir mar a theastaíonn agus nuair a theastaíonn ón Ard-Chomhairle, comhlíonfaidh Iontaobhaithe uile na Maoine Réadaí Dearbhú Iontaobhais arna fhaomhadh ag an Ard-Chomhairle. Féadfar téarmaí an Dearbhaithe Iontaobhais arna bhfaomhadh ag an Ard-Chomhairle a leasú nó a ionadú de réir mar a chinnfidh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

(E) Slánaíocht

Déanfaidh gach aonad agus an Cumann Iontaobhaí a shlánú agus a shábháil ó dhíobháil maidir le caillteanas nó speansais as póca bona fide ar bith a thabhódh sé i gcomhlíonadh a chumhachtaí nó a dhualgas nó maidir leo.

Pionós

Má theipeann ar Aonad cloí le forálacha na Rialach seo nó má dhiúltaíonn sé cloí le forálacha na Rialach seo cuirfear ar fionraí é go dtí go n-aontófar an comhlíonadh agus, faoi réir am réasúnta a bheith ceadaithe, go dtí go gcuirfear i gcrích é.

5.4 Eisiamh

Ní cheadófar geallghlacadóireacht laistigh de mhaoín an Chumainn. Cuirfear ball a sháródh an Riall seo nó a chuideodh le sárú na Rialach seo ar fionraí ar feadh 24 seachtaine.

CAIBIDIL 6: CLUICHÍ AGUS COMÓRTAIS

Incháilitheacht

Imeartha/Aistrithe/Dearbhuithe

6.1 Aistrithe agus Dearbhuithe Éiteas an Chumann. Toisc go bhfuil an Cumann Lúthchleas Gael dírithe ar an bpobal, bunaithe ar ghéillsine a bhall dá gClubanna áitiúla agus dá gContaetha, léirítear an t-éiteas sin sna Rialacha um Aistrithe agus Dearbhuithe sa Treoir Oifigiúil seo agus sna Fodhlíthe Contae. Meastar go bhfuil imreoir faoi ghéillsine agus faoi dhílseacht a Chéad Chlub agus a Chontae, mar a shainítear sna Rialacha seo.

6.2 Ceanglais maidir le Ballraíocht Imeartha

(a) Ní mór d'imreoir a bheith ina Bhall Iomlán nó ina Bhall Faoi Aois de Chlub nó den Chumann.

(b) Ní bheidh imreoir ina bhall de Chlub nach bhfuil sé incháilithe le himirt ann.

(c) Calaoisí agus Pionóis:

(i) Imirt do Chlub nach bhfuil duine incháilithe le himirt ann laistigh de Chontae Chlub an duine féin:

Imreoir – Fionraíocht de 12 sheachtain;

Cathaoirleach agus Rúnaí an Chlub – Fionraíocht 12 sheachtain;

Foireann-

(1) Ar agóid chruthaithe - Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile,

(2) Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil - An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

(ii) Imirt do Chlub nach bhfuil duine incháilithe le himirt ann lasmuigh de Chontae Chlub an duine féin:

Imreoir – Fionraíocht 48 seachtaine;

Cathaoirleach agus Rúnaí an Chlub – Fionraíocht 48 seachtaine;

Foireann

(iii) Imirt do Chontae nach bhfuil duine incháilithe le himirt ann:

Imreoir – Fionraíocht 48 seachtaine;

Cathaoirleach agus Rúnaí an Chlub – Fionraí 48
seachtain.
Foireann - Amhail in (i) agus (ii) thuas.

6.3 Sainmhínte

An Chéad Chontae: an Contae ina bhfuil Chéad Chlub an imreora (nó Club laistigh d'Foireann Neamhspleách) suite.

Contae Féin: an Contae ina bhfuil Club Féin (Neamhcholáiste) an imreora bunaithe.

An Chéad Chlub: An Club (nó Club laistigh d'Foireann Neamhspleách) inar ghlac imreoir páirt go dlíthiúil (i.e. de réir Rialach agus Fodhlí) i gComórtas Club den chéad uair ag Grád Faoi bhun 12 nó Os Cionn 12 (lena n-áirítear Geábhchluichí) a eagraíonn an Coiste Contae nó ceann dá Fhochoistí sa Chontae ina bhfuil buanchónaí air.

Club Féin: an Club (Neamhcholáiste) ina bhfuil duine aonair ina bhall imeartha faoi láthair.

Abhantrach: Limistéar a chinneann an Coiste Contae mar ionadaí chúlchríoch ceann amháin nó níos mó de na Clubanna. D'fhéadfaí Teorainneacha Abhantraí a chinneadh trí thagairt do Pharóistí (faoi réir Teorainneacha Contae) nó do chritéir eile.

Buanchónaí: Mura bhfuil a mhalairt sainithe i bhFodhlí, is é áit Bhuanchnaithe duine an réadmhaoin bhaile i gcás (trí thagairt do láithreach tar oíche iarbhrí, a úinéireacht féin, nó úinéireacht a theaghlaigh ar an réadmhaoin nó a thionóntacht nó tionóntacht a theaghlaigh sa réadmhaoin, a áit fostaíochta neamhshealadaí, agus tosca ar bith eile a mheasfaí a bheith cuí) go measann an Chomhairle nó an Coiste a bhfuil measúnú á dhéanamh acu ar an gceist mar an áit a raibh a phríomh-áit chónaithe phríobháideach ar feadh na míosa roimhe sin agus gur dócha go mbeidh sé ansin ar feadh bliana eile ar a laghad.

Ní cháileofar cónaí chun críche freastal ar Bhunscoil nó ar Iarbhunscoil nó ar Choláiste Ardoideachais mar Bhuanchnaí chun críche na Rialach seo.

Féadfaidh Contae a mheas gurb ionann staideanna cúrsaí áirithe agus buanchónaí chun críche an Fhodhlí.

Chun críche iarratas ar Aistrithe idir Contaetha, beidh an sainmhíniú réamhluaite i réim.

Nasc Ábhartha Eile: Measfar go bhfuil 'Nasc Ábhartha Eile' ag ball:

(a) le Contae faoi leith má:

- (i) Bhí buanchónaí ar thuismitheoirí an bhaill nuair a rugadh an ball sa Chontae sin.
- (ii) Gurb é an Contae sin Contae chéad Chlub ceachtar dá thuismitheoirí.

(b) Le Club faoi leith má:

- (i) Bhí buanchónaí ar thuismitheoirí an Bhaill nuair a rugadh é in Abhantrach reatha an Chlub sin.
- (ii) I gcás imreora a raibh buanchónaí ar a thuismitheoirí i gCo. Bhaile Átha Cliath nuair a rugadh é, gurbh é sin Club nó Chéad Chlub ceachtar dá thuismitheoirí.
- (iii) Fodhlíthe Contae a sainíodh go ginearálta nó le haghaidh cásanna sonracha ina bhfuil tosca áirithe óna n-eascaíonn nasc den sórt sin.

6.4 Ceangal le Chéad Chlub

- (a) Chun críche na Rialach seo, beidh duine ina bhall den Chumann ar dtús trí bhallraíocht a ghlacadh ar Chlub an Chumainn, mar Bhall Faoi Aois nó mar Bhall Iomlán (de réir mar is cuí), laistigh de Chontae a bhuanchnónaí.
- (b) Forordóidh Contaetha le Fodhlí an méid (más ann dó) a bheidh rogha ag duine ar é do theacht chun bheith ina bhall den Chumann ar dtús maidir le cé acu Chlub ina nglacfaidh sé ballraíocht laistigh den Chontae.
- (c) Le Fodhlíthe d'fhéadfadh cead a bheith ag duine a mbeidh ballraíocht sa Chumann á lorg aige rogha gan srian Clubanna nó rogha teoranta Clubanna a bheith aige (e.g. i gcás go bhfuil teorainn ar an rogha i ngeall ar bhuanchnónaí in Abhantrach nó maidir le nasc ábhartha eile le hAbhantrach agus go bhfuil níos mó ná Club amháin in Abhantrach faoi leith) nó gan rogha ar bith a bheith aige (e.g. i gcás go bhfuil an rogha teoranta i ngeall ar bhuanchnónaí in Abhantrach nó maidir le nasc ábhartha eile le hAbhantrach agus nach bhfuil ach Club amháin laistigh den Abhantrach sin).
- (d) I gcás go nglacann imreoir páirt go dlíthiúil i gComórtas le Club den chéad uair (lena n-áirítear Club laistigh d'Fhoireann Neamhspleách) ag Grád Faoi bhun 12 nó Os Cionn 12 (lena n-áirítear Géabhchluichí) a eagraíonn an Coiste Contae nó ceann dá Fhochoistí, beidh an Chlub sin ina Chéad Chlub ansin.
- (e) I gcás ina ndíulthaíonn an Club nó na Clubanna ina bhfuil an duine a bhfuil sé i gceist aige bheith ina bhall i dteideal iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht ann nó iontu é a ghlacadh mar bhall,

féadfaidh an Coiste Contae údarú a thabhairt dó iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht i gClub (Clubanna) eile dá leithéid de réir mar is iomchuí leis agus aird á tabhairt aige ar spiorad na Rialacha agus na bhFodhlíthe is infheidhme.

6.5 Aistrithe laistigh de Chontae

(a) Beidh Fodhlí ag Contae lena rialófar aistriú ball ó Chlub amháin go Club eile laistigh den Chontae. Beidh an Fodhlí sin ag teacht leis an Riail.

D'fhéadfaí srian a chur ar incháilitheacht imreora le Fodhlí den sórt sin i leith aistriú trí thagairt do chúrsaí dá leithéid de réir mar is iomchuí leis an gContae (e.g. trí thagairt do bhuanchónaí nó Naisc Ábhartha Eile idir iarratasóir an aistrithe agus Abhantrach an Chlub bheartaithe nua etc.).

Beidh an rogha ag Contae, laistigh d'Fhodhlí Contae, cead a thabhairt d'imreoir imirt le Club sa cheantar ina bhfuil sé ag obair. D'fhéadfaí srianta breise de chineál nós imeachta a fhorchur má mheasann an Contae go bhfuil siad cuí (e.g. srian a chur ar an am laistigh de bhliain faoi leith nuair a dhéanfaí iarratais ar aistrithe).

(b) Ball ar mian leis Club amháin a fhágáil agus ballraíocht a ghlacadh i gClub eile sa Chontae céanna, ní mór dó iarratas ar aistriú a dhéanamh leis an gCoiste Contae.

(c) Tarmligfidh Coiste Contae breathnú iarratas chuig a Choiste Rialaithe Comórtas. Má iarrann ceann ar bith de na páirtithe lena mbaineann é, tabharfaidh an Coiste an deis don iarratasóir agus don dá Chlub lena mbaineann freastal ar éisteacht tionólta lena staideanna faoi seach maidir leis an iarratas a léiriú.

(d) Cuirfear Club an bhaill a bhfuil aistriú á lorg aige ar an eolas faoin iarratas agus breathnófar ar a bhreithnithe má fhaightear iad laistigh de cibé tráth a ordóidh an Coiste Rialaithe Comórtas.

(e) Déanfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas a chinneadh de réir na Rialach agus an Fhodhlí Contae.

(f) Féadfaidh páirtí éagóirithe achomharc i gcoinne cinnidh maidir le hAistriú a dhéanamh i scríbhinn chuig Coiste Éisteachtaí an Chontae. Déanfar é laistigh de thrí lá oibre ón bhfógra faoin gcinneadh a fháil, sonrófar na forais ann ar a ndearnadh an t-achomharc agus beidh sé sínithe ag an imreoir achomharcach nó i gcás Club, ag a Rúnaí. Ní bheidh foirmiúlachtaí eile maidir le hAchomharc a chur isteach (e.g. cóip i ndúblach, táille a sholáthar) arna léiriú i Riail 7.11 (f) go (i), i bhfeidhm maidir leis an gcás seo. Beidh gach cuid ábhartha eile de Riail 7.11 i bhfeidhm.

D'fhéadfaí seasamh le hachomharc ar bhonn na bhforálacha atá léirithe i Riail 7.11(o).

(g) Beidh éifeacht ag an aistriú:

- Ar dhul in éag na tréimhse a bheidh ceadaithe d'Achomharc i gcoinne an chinnidh ar an iarratas ar Aistriú, nó má chuirtear Achomharc isteach, ar dhéanamh an chinnidh maidir leis an Achomharc

agus

- Ar chloí le Riail 2.3 ina dhiaidh sin.

6.6 Aistrithe idir Contaetha

(a) Imreoir ar mian leis ballraíocht a ghlacadh i gClub i gContae eile, ní mór dó iarratas a dhéanamh ar aistriú leis an gComhairle Chúige nó leis an Ard-Chomhairle, de réir mar is cuí.

Is féidir iarratas ar Aistriú a dhéanamh 'ar líne'.

(b) Ní dheonófar iarratas dá leithéid mura bhfuil buanchónaí ar an imreoir sa Chontae nua.

Eisceachtaí:

(i) Imreoir a bhfuil buanchónaí air lasmuigh dá Chéad Chontae agus ar mian leis aistriú óna Chlub Féin reatha go dtí a Chéad Chlub nó go dtí an Club (nó a réamhtheachtaí) ar a raibh sé ina bhaill imeartha díreach sular fhág sé a Chéad Chontae, féadfaidh sé aistriú amhlaidh murar imir sé i gComórtas den chéad uair lena Chlub Féin i ndiaidh an 1 Eanáir.

(ii) Imreoir ag a bhfuil 'Nasc Ábhartha Eile' le Club Faoi Leith (i), faoi mar a shainítear i bhfo-alt (b) de Riail 6.3, faoi réir an t-imreoir a bheith Os cionn 18 mbliana d'aois faoi mar a shainítear i Riail 6.17.

(iii) Imreoir ag a bhfuil 'Nasc Ábhartha Eile' le Club Faoi Leith (ii), (faoi mar a shainítear i bhfo-alt (b) de Riail 6.3, ar an gcoinníoll go bhfuil an Club a bhfuil sé ag aistriú chuige i gContae atá ceadaithe ag an Ard-Chomhairle leas a bhaint as an bhforáil seo, agus go dtugann Coiste Contae Bhaile Átha Cliath cead i leith an Aistrithe (féach Aguisín 4), faoi réir an t-imreoir a bheith Os cionn 18 mbliana d'aois faoi mar a shainítear i Riail 6.17.

Imreoir a bhainfidh leas as Eisceacht thuas, ní dhearbhoídh sé ar son Club i gContae eile ina dhiaidh sin.

- (c) Imreoir a mbeidh deireadh lena bhuanchónaí i gContae, seachas a Chéad Chontae, ní bheidh sé i dteideal Comórtas nua sa Chontae sin a thosú.
- (d) Is éard is aistriú Idirchontae ann aistriú ó Chontae amháin go Contae eile chun críche Club. Imreoir a aistrefar amhlaidh, ní mór dó ceanglais Fhodhlíthe an Chontae nua maidir leis an gClub ina nglacfaidh sé ballraíocht a chomhlíonadh.
- (e) Faoi réir Fho-riail (b) den Riail seo, deonófar an t-iarratas mura bhfuil agóid ar bith ón gClub nó ón gContae óna bhfuil an t-imreoir ag fágáil laistigh de dheich lá ón iarratas a chur ar aghaidh ag an Ard-Chomhairle nó ag an gComhairle Chúige chuig an gContae, de réir mar is cuí
- (f) I gcás go lóisteálann an Contae a bhfuil an t-imreoir ag fágáil é agóid, beidh sé i dteideal go mbreathnófar ar a aighneacht agus, ar achomharc, aighneachtaí a dhéanamh.
- (g) Féadfar achomharc i gcoinne cinnidh maidir le hiarratas ar Aistriú Idirchontae a dhéanamh chun an Lárchoiste Achomharc. Cloifidh achomharc dá leithéid leis na foirmiúlachtaí atá leagtha síos i Riail 7.11 – Achomhairc, ach amháin gurb é trí lá oibre an tréimhse a bheidh ceadaithe don Achomharc.
- (h) Baineann Aistriú Idirchontae le haistriú le haghaidh gach cóid agus gach gníomhaíochta ar an leibhéal Club.
- (i) Imreoir a aistríonn ó Chontae amháin go Contae eile, agus laistigh de 96 lá ina dhiaidh sin, go n-aistríonn sé ar ais chuig an iar-Chontae, glacfaidh sé ballraíocht arís sa Chlub ina raibh sé ina bhall roimh an aistriú tosaigh.
- (j) Beidh éifeacht ag Aistriú:
- Ar dhul in éag na tréimhse a bheidh ceadaithe d'Achomharc i gcoinne an chinnidh ar an iarratas ar Aistriú, nó má chuirtear Achomharc isteach, ar dhéanamh an chinnidh maidir leis an Achomharc agus
 - Ar chloí le Riail 2.3 ina dhiaidh sin.

6.7 Ionadaíocht ag Éisteacht Aistrithe/Ceangail

I gcás aistrithe chuig Aonad den Chumann nó ceangal leis a bheith á lorg ag ball, is féidir le Ball Iomlán den Chlub/Aonad ina bhfuil sé ina bhall faoi láthair nó den Chlub/Aonad ar mian leis aistriú chuige nó bheith ceangailte leis a bheith in éineacht leis ag an Éisteacht.

6.8 Sriantha Imeartha (Club)

- (A) Ní féidir le himreoir imirt i gCraobhchomórtas ar bith i gCraobhchomórtas bliana faoi leith i níos mó ná aon Chontae amháin ach amháin mar a fhoráiltear sna hEisceachtaí thíos.
- (B) Ní féidir le himreoir imirt i gCraobhchomórtas ar bith le dhá chlub i gCraobhchomórtas bliana faoi leith, laistigh de Chontae, ach amháin mar a fhoráiltear sna hEisceachtaí thíos.
- (C) Féadfaidh imreoir Iománaíocht a imirt le Club amháin agus Peil a imirt le Club eile, laistigh de Chontae, faoi réir aon sriantha dá bhforáiltear i bhFodhlíthe Contae.
- (D) Ní imreoidh imreoir le dhá Chlub sa Chomórtas ceannann céanna bliana faoi leith.

Eisceachtaí:

(1) Faoi réir ceada ag an gCoiste Contae faoi Riail 3.19 (n): Féadfaidh imreoir Club gan foireann Faoi bhun 21/20, Mhionúir nó Gráid Níos Óige, faoi réir Fodhlíthe Contae, imirt:

(a) Le Foireann Neamhspleách Faoi bhun 21/20, Mhionúir, nó Gráid Níos Óige nach mbeidh ainm Club Aosach laistigh den Chontae sin air; nó

Le Foireann eile Faoi bhun 21/20, Mhionúir, nó Gráid Níos Óige laistigh den Chontae sin air. I gcás go bhfuil cúigear imreoirí nó níos mó ag foireann faoin bhforáil sa Riail seo, imreoidh agus beidh an fhoireann aitheanta faoi ainmneacha an dá Chlub lena mbaineann le chéile nó faoi ainm Neamhspleách nach mbeidh ainm Club Aosach laistigh den Chontae sin air.

Beidh imreoir a imríonn ar fhoireann dá bhforáiltear in (a) nó (b) thuas, ina bhall cláraithe ina Chlub Aosach agus coimeádfaidh sé ballraíocht sa Chlub sin le linn agus ag deireadh a rannpháirtíochta imeartha le foireann a bhunófar faoi (a) nó (b).

(2) Faoi réir Rialacha Incháilitheachta na Comhairle Ardoideachais, Mac Léinn ó Choláiste Ardoideachais, a bhfuil Cúrsa Fochéime nó Iarchéime á dhéanamh aige, féadfaidh sé ón mBliain Chraobhchomórtais i ndiaidh a chláráithe sa Choláiste suas go dtí Bliain Chraobhchomórtais a Bhronnta Céime agus an bhliain sin san áireamh-

(i) Imirt lena Chlub Coláiste agus lena Chlub Féin, ar an gcoinníoll go bhfaighidh sé Cead ón gComhairle Chúige nó ón Ard-Chomhairle, de réir mar is cuí.

(ii) Imirt lena Chlub Coláiste agus lena Chlub Féin, sa chás go bhfuil a Chlub Féin sa Chontae céanna agus de ghrád níos ísle, agus go bhfaighidh sé cead.

(iii) Imirt lena Chlub Coláiste i gcomórtais aosach agus lena Chlub Féin i gcomórtais Faoi bhun 21/20 agus Mhionúir, i gcás go bhfuil stádas Sinsearach ag a Chlub féin laistigh den Chontae céanna leis an gClub Coláiste, ar an gcoinníoll go bhfaighidh an t-imreoir aistriú chuig an gClub Coláiste ón gCoiste Contae.

(iv) Imirt lena Chlub Coláiste le club i Sasana, ar an gcoinníoll nach n-imreoidh sé dá Chlub Féin, agus go bhfaighidh sé Cead ón Ard-Chomhairle ar fhaomhadh ó Choiste Contae a Chlub Féin.

Nótaí: (a) Ciallóidh “Club Coláiste” chun críche na Rialach seo Club atá Cleamhnaithe le Coiste Contae, agus faoi dhlínse Coiste Contae.

(Ciallóidh “Club Coláiste” ar shlí eile Club atá Cleamhnaithe leis an gComhairle Ardoideachais, agus faoi dhlínse na Comhairle Ardoideachais).

(b) Féadfaidh Mac Léinn leas a bhaint as an Riail seo chun imirt do Choláiste amháin go díreach i mBliain Chraobhchomórtais ar bith.

(3) Imreoir a bhfuil cúrsa lánaimseartha staidéir á dhéanamh aige i dTír faoi dhlínse an Bhoird Eorpaigh, féadfaidh sé imirt le Club sa tír san Aontas Eorpach ina bhfuil an staidéar á dhéanamh aige, nó le club gar dá áit staidéir, lena n-áirítear Club Coláiste, más ann dó, agus lena Chlub Féin, ar an gcoinníoll go bhfuil páirt á glacadh aige i gclár aitheanta staidéir de 12 sheachtain ar a laghad, agus go bhfaighidh sé Cead ón Ard-Chomhairle.

(4) Imreoir a bhfuil Údarú faighte aige faoi Riail 6.12 (a) nó a bhfuil Ceadú faighte aige faoi Riail 6.12 (b).

(5) Imreoir a Aistríonn go Club eile laistigh de Chontae a d’imir cheana féin i gCraobhchomórtas an bhliain faoi leith sin lena iar-Chlub, féadfaidh sé imirt lena Chlub nua i gComórtas (Comórtais) Neamhchraoibhe, ar an gcoinníoll nár imir sé lena iar-Chlub sa Chomórtas (Comórtais) ceannann céanna.

(6) Imreoir a théann le Club eile ar aistriú Idirchontae agus a d'imir cheana féin i gCraobhchomórtas i mbliain faoi leith sin lena iar-Chlub, ní féidir leis imirt lena Chlub nua ach amháin i gcomórtas (comórtais) neamhchraoibhe sa bhliain sin.

(7) Féadfaidh imreoir a théann le Club nua trí aistriú (Laistigh de Chontae nó Idirchontae) agus a d'imir cheana roimh a aistriú lena iar-chlub i gcomórtas áirithe, beidh sé i dteideal an Comórtas sin a chríochnú agus imirt lena Chlub nua de réir mar atá ceadaithe in Ailt (5) agus (6) thuas.

(E) Féadfaidh imreoir imirt le Club eile i gcluiche neamhthrófaí, ar an gcoinníoll go bhfaighidh sé cead ón gCoiste Contae nó ó údarás níos airde.

6.9 Sriantha Imeartha (Contae agus Cúige)

(a) Go ginearálta, ní fhéadfaidh imreoir imirt ach do Chontae a Chlub Féin agus a Chúige.

(b) (i) Imreoir a aistríonn go Club Contae seachas a Chéad Chontae beidh an rogha aige imirt dá Chéad Chontae agus a Chúige, trí dhearbhu, nó do Chontae a Chlub Féin agus a Chúige.

(ii) Féadfaidh imreoir dearbhú a dhéanamh ar son Contae ar bhonn 'Nasc Ábhartha Eile' le Contae Faoi Leith (i), faoi mar a shainítear i bhfo-alt (a) de Riail 6.3, faoi réir an t-imreoir a bheith Os cionn 18 mbliana d'aois faoi mar a shainítear i Riail 6.17.

(iii) Féadfaidh imreoir dearbhú a dhéanamh ar son Contae ar bhonn 'Nasc Ábhartha Eile' le Contae Faoi Leith (ii), faoi mar a shainítear i bhfo-alt (b) de Riail 6.3, ach go bhfaighidh an Contae sin cead ón gComhairle Láir leas a bhaint as an bhforáil seo, agus go bhfaighfear ceadú le haghaidh Dhearbhu an Imreora ó Choiste a Chéad Chontae nó a Chlub Féin (féach Aguisín 4), faoi réir an t-imreoir a bheith Os cionn 18 mbliana d'aois faoi mar a shainítear i Riail 6.17.

Féadfar Dearbhú i scríbhinn do Chontae a lóisteáil nó a chúlghairm an lá deireanach nó roimh an lá deireanach de Mhárta i mbliain ar bith. Imreoir a aistreofar lasmuigh dá Chéad Chontae i ndiaidh an lae dheireanaigh de Mhárta féadfaidh sé, ar aistriú dá leithéid, dearbhú a dhéanamh ar son a Chéad Chontae.

Imreoir a dhearbhaíonn ar son Club i gContae de bhun na Rialach seo, ní dhearbhaídh sé ar son Contae eile ina dhiaidh sin.

(c) Ní mór gur imir imreoir i gCraobhchomórtas Club le Club, Grúpa nó Foireann Roinne i gContae an bhliain roimhe sin nó an bhliain reatha (ní ar bhonn Údarú, Ceadú nó Cead arna ndeonú faoi Rialacha 6.12 go 6.8) le bheith i dteideal imirt i gComórtas Idirchontae leis an gContae sin, ach amháin:

(1) Gurb é an Contae a Chéad Chontae, nó

(2) Gur Dhearbhaigh sé ar son an Chontae sin faoi ‘Nasc Ábhartha Eile’ le Contae Faoi Leith (i) nó (ii), mar a shainítear i bhfochuid (a) de Riail 6.3 nó faoi Riail 6.10

(d) Imreoir a thosaíonn ag imirt do Chontae i gcomórtas faoi leith, féadfaidh sé an comórtas sin a chríochnú, agus imirt do Chontae eile, ina nglacfaidh sé ballraíocht trí dhearbhuí nó aistriú.

(e) Ní imreoidh imreoir don dara Contae i gcomórtas bliana faoi leith.

6.10 Forálacha Incháilitheachta Speisialta maidir leis an Iománaíocht

Le haghaidh Comórtais Iománaíochta Idirchontae na Sinsear, beidh imreoir, faoi réir na gcoinníollacha thíos, i dteideal

(a) Dearbhú a dhéanamh ar son chéad Chlub ceachtar dá thuismitheoirí;

nó

(b) Imirt don Chontae Cónaithe, ar an gcoinníoll gur Contae ainmnithe é an Contae mar a fhoráiltear i gCoinníoll (1) thíos, agus beidh sé fós i dteideal imirt dá Chlub Féin.

Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(1) Nach bhfuil páirt á glacadh ag an gContae a mbainfidh leas as an Riail seo i gCraobhchomórtas Iománaíochta Sinsir na hÉireann (Corn Mhic Cárthaigh) nó i Roinn 1 den Sraithchomórtas Náisiúnta nó i Sraith 2 de Chraobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht (Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha) nó i Sraith 3 de Chraobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht (Corn Uí Riain).

(2) Féadfaidh Contae a mbainfidh leas as an Riail seo uaslíon de thriúr imreoirí dá leithéid a bheidh ceadaithe i mBliain Chomórtais ar bith a bheith aige.

(3) Ní mór cead Chlub Féin Imreora a fháil.

(4) Féadfaidh imreoir leas a bhaint as an Riail seo le haghaidh Contae amháin go díreach, agus ní dhearbhoídís sé ar son Club Féin Imreora do Pheil.

(5) Má thagann Cluichí Craoibhe salach ar a chéile idir chluiche Club Féin Imreora agus cluiche an Chontae a mbeidh leas á bhaint aige as an Riail seo, imreoidh an t-imreoir dá Chlub Féin.

(6) Ní bheidh cead leas a bhaint as an Riail seo ach le haghaidh Bliain Chomórtais amháin ag an am, agus ní mór iarratas a dhéanamh gach bliain ar athnuachan an cheada.

Is é an 31 Márta gach bliain an spriocdháta le haghaidh na nIarratas.

6.11 Comhlachtaí Neamhchleamnaithe

(a) Ní ghlacfaidh ball nó aonad de chuid an Chumainn páirt i gcluichí na Peile Gaeil, Iománaíochta nó Liathróid Láimhe a chuirfidh comhlacht chun cinn nach bhfuil cleamnaithe leis an Ard-Chomhairle, gan ceadú a fháil roimhe sin ón Ard-Chomhairle.

(b) Ní ghlacfaidh Club nó aonad eile páirt, mar sin, ach amháin i gcluiche arna rialú ag an gCumann agus i gcoinne Club nó aonaid eile de chuid an Chumainn, mura dtugadh an ceadú roimhe ré ón Ard-Chomhairle.

Pionós: Fionraí 48 seachtaine.

6.12 Ag imirt i SAM/Ceanada/san Astraláise/Eoraip

(a) Teastaíonn Údarú deireadh seachtaine ó imreoir ar bith a bhfuil sé beartaithe aige cuidiú le Club i gcluiche faoi dhlínse Bhord Nua-Eabhrac nó an Bhoird Eorpaigh. Leis an Údarú Oifigiúil, teastaíonn síniú, i ndúbláil, Rúnaí Club Baile an imreora agus an Rúnaí Contae, agus ní mór é a chur i láthair lena shíniú ag an Ard-Stiúrthóir (nó duine ainmnithe eile) i bPáirc an Chrócaigh roimhe 4 p.m. Dé Céadaoin roimh an gcluiche.

Beidh Údarú bailí ar feadh an deireadh seachtaine amháin seachas i gcás go n-imreofaí an cluiche dár deonaíodh an cead arís.

Is é líon uasta na n-imreoirí údaráithe a chuideoidh le Club ag deireadh seachtaine beirt sa Pheil agus triúr san Iománaíocht.

(b) (i) Imreoir a bhfuil sé beartaithe aige imirt ar bhonn téarma níos faide sa cheantar a rialaíonn Bord Nua-Eabhrac nó Bord Cheanada - ní mór dó Ceadú Oifigiúil i ndúbláil a fháil, a bheidh sínithe ag Rúnaí a Chlub, ag an Rúnaí Contae agus ag an Rúnaí Contae agus ag an Ard-Stiúrthóir (nó duine ainmnithe eile).

(ii) Imreoir a bhfuil sé beartaithe aige imirt ar bhonn téarma níos faide sa cheantar a rialaíonn CLGSAM, ní mór dó Ceadú Oifigiúil nó Ceadú Oifigiúil J1 i ndúblach a fháil, a bheidh sínithe ag Rúnaí a Chlub, ag an Rúnaí Contae agus ag an Ard-Stiúrthóir (nó duine ainmnithe eile).

Imreoir a cuireadh ar liosta do Chraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear a cuireadh isteach chuig an Réiteoir, de réir Rialacha Shonraíocht 2.5 (ii)(a) le haghaidh cluiche i gCraobhchomórtas na bliana reatha ní bheidh sé i dteideal go nglacfar é lena Chlárú mar bhall Club ar bith i nDlínse Bhord CLGSAM.

Eisceacht: Imreoir a cuireadh ar liosta do Chraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear a cuireadh isteach chuig an Réiteoir, de réir Rialacha Shonraíocht 2.5 (ii)(a) le haghaidh cluiche i gCraobhchomórtas na bliana reatha, ag a bhfuil Víosá reatha bailí J1 nó a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta chun Víosá J1 a fháil, agus a fhaigheann Ceadú Oifigiúil J1 i ndúbláil, a bheidh sínithe ag Rúnaí a Chlub, ag an Rúnaí Contae agus Ag an Ard-Stiúrthóir (nó duine ainmnithe eile), féadfar é a ghlacadh lena chlárú mar bhall. Ní cheadófar Ceadú J1 imreora dá leithéid a fhaomhadh ach nuair a chuirfear a fhoireann as an gCraobhchomórtas Idirchontae, lena n-áirítear cluichí Cáilithe na hÉireann.

Is é an Víosá J1 a bhaineann leis an Eisceacht seo an Víosá J1 do Chlár Oibre agus Taistil amháin – i.e. an Víosá ceithre mhí do Mhic Léinn 3ú Leibhéal.

(iii) Le Ceadú beidh imreoir i dteideal imirt le club i gceantair Bhord Nua-Eabhrac, Cheanada nó CLGSAM ón 1 Márta go dtí deireadh Dheireadh Fómhair i mbliain amháin ar bith.

(iv) Ní thabharfar ceadú i ndiaidh an 1 Iúil d'imreoirí a bhfuil sé beartaithe acu imirt i gceantair Bhord Cheanada nó CLGSAM, nó i ndiaidh an 20 Iúil d'imreoirí a bhfuil sé beartaithe acu imirt i gceantar Bhord Nua-Eabhrac.

(v) Imreoir a bheidh Ceadú faighte aige ní bheidh sé i dteideal imirt lena Chlub Féin in Éirinn (seachas i gcúinsí eisceachtúla a chinneadh an Ard-Chomhairle ó am go chéile) ar feadh na 30 lá i ndiaidh an dáta ar a bhfaomhfar a Cheadú i bPáirc an Chrócaigh ach beidh sé i dteideal imirt lena Chontae Féin.

(vi) Imreoir Ceadaithe a fhilleann ar Éirinn agus a imríonn lena Chlub Féin ní fhéadfaidh sé filleadh ina dhiaidh sin chun tosú ag imirt arís i Meiriceá nó i gCeanada an bhliain chéanna.

(vii) Is é seo a leanas líon na nImreoirí Ceadaithe a bheidh ceadaithe do Chlub ar bith i gceantar Bhord CLGSAM:

(1) Club ag a bhfuil foireann amháin - deichniúr imreoirí ar a laghad.

Eisceacht: Feadfaidh Club Iománaíochta Sinsir ag a bhfuil foireann amháin beirt imreoirí déag a bheith aige.

(2) Club ag a bhfuil foireann eile - ochtar imreoirí eile, teoranta do ghrád an dara foirne.

Lena chois sin, féadfaidh Club leas a bhaint as seirbhísí Imreoirí ag a bhfuil Víosa bailí reatha J1, chomh maith le Ceadú J1 ar leith.

I gcás Cheantar Bhord Cheanada, is é deichniúr imreoirí an líon uasta Imreoirí Ceadaithe in aghaidh an chlub.

I gcás Cheantar Bhord Nua-Eabhrac, is é seisear imreoirí an líon uasta Imreoirí Ceadaithe in aghaidh an chlub.

(viii) Beidh an stádas céanna ag na himreoirí Ceadaithe ar fad, beag beann ar uair a thaistileoidh siad.

(ix) Imreoir a gheobhaidh Ceadú, ní fhéadfaidh sé, sa bhliain chéanna, aistriú chuig Club i Sasana (mura gcáilíonn sé faoi Riail 6.6), nó san Eoraip.

(x) Ní fhéadfaidh imreoir ach Ceadú amháin a fháil i mBliain Fhéilire ar bith.

(c) Níl Údaruithe agus Ceaduithe, mar atá léirithe in (a) agus (b) thuas, ar fáil ach do na catagóirí imreoirí a leanas:

(1) Ball imeartha reatha de Chlub in Éirinn.

Eisceacht

Imreoir a fhaigheann Aistriú Idirchontae ó Chlub i Sasana go Club in Éirinn, ní bheidh sé i dteideal Údarú nó Ceadú a fháil laistigh de cheithre seachtaine is fiche ón dáta ar deonaíodh an t-aistriú sin.

(2) Ball imeartha reatha de Chlub sa Bhreatain, i gcás go bhfuil a Chéad Chlub, arna shainiú i Riail 6.3, sa Bhreatain. Seachas sin, níl baill imeartha de Chlubanna sa Bhreatain i dteideal Údaraithe nó Ceaduithe.

(d) (i) Imreoir a fhanann i gceantair Bhord CLGSAM nó Cheanada ar bhonn buan (i.e. níos faide ná Séasúr Imeartha amháin) beidh sé i dteideal aistriú Idirchontae a

fháil. Lóisteálfar iarratais ar aistriú den sórt sin i bPáirc an Chrócaigh faoin 31 Márta i mbliain ar bith.

(ii) I gcás imreora a bhogann ar bhonn buan go dtí an Ceantar faoi dhlínse Bhord Nua-Eabhrac nó Bhord na Astraláise, beidh aistriú riachtanach.

Measfar gur bhog imreoir ar bhonn buan i ndiaidh dó bheith sa dlínse nua ar feadh ceithre seachtaine ar a laghad.

(e) Is féidir iarratas ar Údarú nó ar Cheadú a dhéanamh ‘ar líne’.

Pionóis:

(1) Aonad a sháraíonn a chuóta Ceaduithe, mar a shonraítear ag

(b)(vii) thuas, géillfidh sé a theidlíocht i leith imreoirí Ceadaithe an bhliain ina dhiaidh sin.

(2) Maidir le sáruithe eile ar an Riail seo - Fionraíocht 24 seachtaine.

INCHÁILITHEACHT LE HAGHAIDH CRAOBHCHOMÓRTAS/GRÁDUITHE

6.13 Sinsear

Faoi na Srianta atá leagtha amach i Rialacha 6.17 agus 6.22(c), tá na himreoirí ar fad i dteideal páirt a ghlacadh i nGrád Sóisearach Idirchontae agus Idirclub ach amháin:

6.14 (1) Imreoirí Idirmheánacha Idir Chlubanna

Faoi réir ag na Srianta atá leagtha amach i Rialacha 6.17 agus 6.22(b), tá na himreoirí ar fad i dteideal páirt a ghlacadh i nGrád Idirmheánach Idirclub ach amháin:

- (a) Iad siúd atá grádaithe faoi láthair mar stádas Chraobh Sinsir an Chlub sa Chód.
- (b) Iad siúd atá eisiata ón stádas Idirmheánach le Fodhlí Contae, de bharr gur imir siad ar an bhfoireann bhuaiteach i gCraobhchluiche Ceannais Sinsir nó Idirmheánach an Chontae sa bhliain roimhe sin.

(2) Imreoirí Sóisir Idir-Chlub

Faoi réir ag na Srianta atá leagtha amach i Rialacha 6.17 agus 6.22(c), tá na himreoirí ar fad i dteideal páirt a ghlacadh i nGrád Sóisearach Idirclub ach amháin:

- (a) Iad siúd atá grádaithe faoi láthair mar stádas Chraobh Sinsear nó Idirmheánach Club sa Chód.
- (b) Iad siúd atá eisiata ón stádas Sóisearach le Fodhlí Contae, de bharr gur imir siad ar an bhfoireann bhuaiteach i gCluiche Ceannais Sinsir nó Idirmheánach nó Sóisir an Chontae sa bhliain roimhe sin.

Pionóis:

Imreoir - Fionraíocht dhá sheachtain déag.

Ar agóid chruthaithe -- Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

6.15 Craobhchomórtas Idirmheánach Idirchontae

Faoi réir ag na Srianta Aoise atá leagtha amach i Rialacha 6.17, tá na himreoirí ar fad i dteideal páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Iománaíochta Idirmheánaí Idirchontae ach amháin:

(a) Iad siúd a d'imir ar fhoireann Chraobhchomórtais Idirchontae na Sinsear sa bhliain chraobhchomórtais reatha nó sna blianta craobhchomórtais roimhe sin.

(b) Iad siúd a d'imir ar Fhoireann Shinsearach a gClub Féin sa Chraobhchomórtas Contae, Cúige nó na hÉireann an bhliain roimhe sin.

Eisceachtaí:

(i) Níl feidhm aige sin maidir le Contae a bhfuil cead tugtha ag an Ard-Chomhairle dó an dara Foireann is fearr dá chuid a imirt.

(ii) Imreoir a ghlac páirt mar ionadaí sealadach amháin, mar a fhoráiltear i Rial 1.5(b), Rialacha um Rialú, O.G. Cuid 2, i gcluiche craoibhe agus nár chaill a stádas Craobhchomórtais níos ísle mar thoradh air sin de réir Rial 6.19, beidh sé i dteideal páirt a ghlacadh san Fhoireann Iománaíochta Idirmheánaí Idirchontae.

(c) Iad siúd a d'imir ar an bhfoireann bhuaiteach i gCluiche Ceannais Idirmheánach na hÉireann an bhliain roimhe sin.

Pionóis:

Imreoir - Fionraíocht dhá sheachtain déag.

Ar agóid chruthaithe -- Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

6.16 Peil Idirchontae na Sóisear

Tá Rannpháirtíocht i (1) nó (2) thíos is faoi réir an tSriain Aoise atá leagtha síos i Rial 6.17.

(1) Peil Idirchontae na Sóisear, gan an Bhreatain san áireamh.

Tá na himreoirí ar fad, faoi réir Srian Aoise, i dteideal páirt a ghlacadh diomaite de:

(a) Iad siúd a d'imir ar fhoireann Chraobhchomórtais Peile Idirchontae na Sinsear -

(i) Sa Bhliain Chomórtais reatha.

(ii) Sa Bhliain Chomórtais roimhe sin.

Eisceacht le (ii) thuas:

Níl feidhm aige sin maidir le Contae a bhfuil grád Sóisearach acu faoi láthair, i gcás go bhfuil gach imreoir Club sa Chontae (lena n-áirítear imreoirí a dhearbhaíonn ar son Contae), ach amháin mura fhoráiltear a mhalairt sa Riail seo, incháilithe.

(b) Iad siúd a d'imir ar Fhoireann Shinsearach a gClub Féin sa Chraobhchomórtas Contae, Cúige nó na hÉireann an bhliain roimhe sin.

Eisceachtaí - Níl feidhm aige sin maidir le Contae a bhfuil grád Sóisearach aige nó atá ceadaithe ag an Ard-Chomhairle an dara Foireann is fearr dá chuid a imirt.

(c) Iad siúd a d'imir ar an bhfoireann bhuaiteach i gCluiche Ceannais Pheil Sóisear na hÉireann an bhliain roimhe sin.

(2) Peil Idirchontae na Sóisear

Tá na himreoirí ar fad sna Contaetha sa Bhreatain, faoi réir Srian Aoise, i dteideal páirt a ghlacadh diomaite de:

(a) Iad siúd a d'imir ar fhoireann Chraobhchomórtais Idirchontae na Sinsear sa Bhliain Chraobhchomórtais reatha.

(b) Iad siúd a d'imir ar fhoireann Shinsearach a gClub Féin sa Chraobhchomórtas Contae, Cúige nó na hÉireann an bhliain roimhe sin.

Eisceacht: Níl feidhm aige sin maidir le Contae atá grádaithe mar Chontae Sóisearach ag an Ard-Chomhairle, i gcás go bhfuil gach imreoir Club sa Chontae (lena n-áirítear imreoirí a dhearbhaíonn ar son Contae), ach amháin mura fhoráiltear a mhalairt sa Riail seo, incháilithe.

Pionóis:

Imreoir - Fionraíocht dhá sheachtain déag.

Ar agóid chruthaithe -- Bronnadh an Cluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

6.17 Gráid Aoise

CLUB

Aosach

Beidh a 17ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir den Bhliain Chomórtais.

Gráid faoi bhun Aoise

Cinnfidh Contae a Ghráid inmheánacha Faoi Bhun Aoise chun críche comórtais laistigh de pharaiméadar Faoi bhonn 21 go dtí Faoi bhun 11, faoi réir na tréimhse blianta incháilitheachta a leanas:

Faoi bhun 21 - Tréimhse cúig bliana.

Faoi bhun 20 go dtí faoi bhun 14/13 - Tréimhse ceithre bliana.

Faoi bhun 12/11 - Tréimhse trí bliana.

Sainmhíniú ar thréimhse - sampla

Faoi bhun 16 - Beidh a 12ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir agus a 16ú breithlá slánaithe aige an 1 Eanáir nó ina dhiaidh sin den Bhliain Chomórtais i.e. tréimhse ceithre bliana d'aoiseanna Faoi bhun 13/14/15/16.

Idirchontae

Aosach Beidh a 18ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir den Bhliain Chomórtais.

Faoi bhun 20 (Iománaíocht) Beidh a 17ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir agus a 20ú breithlá slánaithe aige an 1 Eanáir nó ina dhiaidh sin den Bhliain Chomórtais.

Faoi bhun 20 (Peil) Beidh a 17ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir agus a 20ú breithlá slánaithe aige ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir den Bhliain Chomórtais.

Imreoir a bhfuil a ainm ar liosta foirne a cuireadh isteach chuig Réiteoir le haghaidh Craobhchomórtas Pheil Idirchontae na Sinsear ag céim ar bith i mbliain reatha Chraobhchomórtais, beidh sé neamh-incháilithe chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Peile Idirchontae faoi bhun 20 an bhliain sin.

Mionúr (faoi bhun 17) Beidh a 15ú breithlá slánaithe ag Imreoir roimh an 1 Eanáir agus a 17ú breithlá slánaithe aige an 1 Eanáir nó ina dhiaidh sin den Bhliain Chomórtais.

Áireofar ar aosach Gráid Shinsearacha, Idirmheánacha agus Shóisearacha.

Féadfaidh cailíní páirt a ghlacadh suas go dtí an Grád Faoi Bhun 12 agus é sin san áireamh.

Nóta: Ar mhaithe le hamhras ar bith a sheachaint i ndáil le hincháilitheacht Gráid de réir Aoise, ciallóidh an Bhliain Chraobhchomórtais an Bhliain Fhéilire ina dtosaíonn an

Comórtas. I gcás go mbeadh an Comórtas críochnaithe i mBliain Fhéilire ina dhiaidh sin, ní fhorléireofar na cúinsí sin chun cead a thabhairt d'imreoir a bhí neamh-incháilithe, trí chúis aoise, ag dáta thosach an Chomórtais chun imirt sa Chomórtas ag am ar bith suas go dtí an dáta a bheidh sé críochnaithe agus an dáta sin san áireamh.

Pionóis:

Maidir le Sárú ar an Uasteorainn Aoise:

(I) Pionós Foirne:

Ar agóid chruthaithe - Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile.

(II) Imreoir:

Maidir le sárú ar Ghráid Faoi bhun 16 nó Níos Óige – Fionraíocht 4 seachtaine.

Maidir le sárú ar Ghráid Mhionúir nó Faoi bhun 21 – Fionraíocht 24 seachtain.

(iii) Duine (Daoine) i bhFeighil na foirne ina ndéantar an sárú – Fionraíocht 48 seachtaine.

(iv) Cathaoirleach agus Rúnaí Club:

Maidir le sárú ar Ghráid Mhionúir nó Faoi bhun 21 – Fionraíocht 48 seachtain.

Maidir le Sárú ar an Íosteorainn Aoise:

(i) Pionós Foirne:

Ar agóid chruthaithe - Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile.

(ii) Imreoir:

Maidir le sárú ar Ghráid ar bith – Fionraíocht 2 sheachtain.

(iii) Duine (Daoine) i bhFeighil na foirne ina ndéantar an sárú – Fionraíocht 8 seachtaine.

6.18 Srian ar Rannpháirtíocht Contae

Féadfaidh Contae páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Sinsir (Sraith 1) agus Idirmhéánach na hÉireann san Iománaíocht.

Seachas sin, glacfaidh Contae páirt i Sraith amháin - Sraith 2, 3 nó 4 de Chraobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht.

Féadfaidh Contae páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas Sinsir agus Sóisir na hÉireann sa Pheil.

Ní fhéadfaidh Contae Foireann amháin a chur isteach i nGrád Craobhchomórtais ar bith mura dtugann an Ard-Chomhairle cead dul ar Fhoireann bhreise (Foirne breise) chun críche forbartha.

6.19 Craobhchomórtas Club agus Stádas Sraithe Imreoirí

Déantar Imreoir a ghrádú de réir a Stádais Chraobhchomórtais e.g. má imríonn imreoir i gcluiche Chraobh na Sinsear grádaítear é mar imreoir Sinsir don chuid eile den Bhliain Chomórtais sin, agus ní dhéanfar é a athghrádú ina dhiaidh sin le linn na Bliana Craobhchomórtais sin. Le rannpháirtíocht i gCraobhchomórtas Club Cúige agus/nó na hÉireann, seachas faoi mar a cheadaítear i Riail 6.8, Eisceacht (2), grádaítear Imreoir trí stádas ábhartha an Chraobhchomórtais sin.

Ní imreoidh imreoir as sin amach i gComórtas na bliana reatha (Craobhchomórtas, Cluiche Réitigh Ísliú Céime, Sraith etc.) de ghrád níos ísle ná grád a stádais Chraobhchomórtais reatha.

Ní chaillfidh Imreoir a stádas Chraobhchomórtais reatha trí:

(1) Imirt i gCraobhchomórtas Sinsir nó Idirmheánach ar fhoireann Roinne nó Grúpa Sinsear nó Idirmheánach.

(2) Imirt ar fhoireann Club Coláiste i gCraobhchomórtas na Sinsear, mar a cheadaítear i Riail 6.8, Eisceacht (2).

(3) Imirt i gcluiche nó Comórtas chun cinneadh a dhéanamh maidir le Cáilíocht/Ísliú Céime le haghaidh Chraobhchomórtas na bliana dár gcionn.

nó

(4) Rannpháirtíocht mar Ionadaí Sealadach, mar a fhoráiltear i Riail 1.5 (b) Rialacha um Rialú, i gCluiche Craoibhe de ghrád níos airde ná a stádas Craobhchomórtais reatha.

(5) Imirt i gCraobhchomórtas gráid níos airde, i gceantair Bhoird CLG SAM, Nua-Eabhrac, Cheanada nó na hEorpa faoi Riail 6.12.

Pionóis:

Imreoir - Fionraíocht dhá sheachtain déag.

Ar agóid chruthaithe -- Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil- An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

6.20 Grádú Clubanna agus Imreoirí

Rialóidh Coiste Contae Grádú Clubanna agus Imreoirí, le Fodhlí Contae, lena leagtar síos na critéir um Athghrádú (e.g. uainiú) nach dtiocfaidh salach ar an Riail Ghinearálta. Beidh Grádú Clubanna faoi réir Riail 3.30.

Tarmilgfidh Coiste Contae an fhreagracht as déileáil le hiarratais ar Athghrádú dá Choiste Rialaithe Comórtas faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) Coimeádfaidh an Coiste Contae an ceart an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le hiarratas ar Athghrádú ag Club.

(b) Imreoir a bheidh míshásta faoi chinneadh ar a iarratas ar Athghrádú beidh an ceart aige achomharc a dhéanamh chun an Choiste Contae um Éisteachtaí a bheidh a chinneadh críochnaitheach. Déanfar an t-achomharc laistigh de thrí lá oibre ón bhfógra faoin gcinneadh a fháil, sonrófar na forais ann ar a ndearnadh an t-achomharc agus beidh sé sínithe ag an imreoir achomharcach. Ní bheidh foirmiúlachtaí eile maidir le hAchomharc a chur isteach (e.g. cóip dhúblach, táille a sholáthar) arna léiriú i Riail 7.11 (f) go (i), i bhfeidhm maidir leis an gcás seo. Beidh gach cuid ábhartha eile de Riail 7.11 i bhfeidhm. D'fhéadfaí seasamh le hachomharc ar bhonn na bhforálacha atá léirithe i Riail 7.11(o).

Féadfaidh Coiste Contae, ina Fhodhlí, cead a thabhairt chun Imreoir a athghrádú níos mó ná leibhéal amháin le linn Bliain Chraobhchomórtais, ar an gcoinníoll:

(1) Nár imir sé i Grád Craobhchomórtais níos airde sa Bhliain Chraobhchomórtais sin; agus

(2) Nach ndéanfar é a athghrádú níos mó ná leibhéal amháin ar iarratas aonair i.e. óna stádas Craobhchomórtais reatha go dtí an chéad Leibhéal Craobhchomórtais níos ísle dá Chlub.

Imreoir a ghlacann ballraíocht, trí aistriú, i gClub a bhfuil an stádas is airde níos ísle ná stádas Craobhchomórtais reatha an Imreora, déanfar é a athghrádú go huathoibríoch chuig stádas Craobhchomórtais is airde an Chlub sin.

CRAOBHCHOMÓRTAIS

CRAOBHCHOMÓRTAIS CLUBANNA

6.21 Craobhchomórtais Idirchontae

- (1) Eagraíodh Coiste Contae a Chraobhchomórtais ar bhonn Díbeartha, Sraithe nó Comhcheangal Sraithe agus Díbeartha.
- (2) Féadfar Contae a roinnt ina cheantair do na Comórtais sin.
- (3) Dréachtóidh agus faomhfaidh an Coiste i bhFeighil gach Rialachán eile lena rialaítear Eagrú Craobhchomórtais, sula dtosaíonn sé. Nuair a ghlacfar Rialachán fanfaidh sé i bhfeidhm mura n-athraíonn nó mura scriosann tromlach simplí díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.
- Ní bhreathnófar ar athruithe ach ar bhonn bliantúil amháin.
- (4) Má bhíonn Craobhchomórtas eagraithe i bpáirt ar bhonn Sraithe, beidh na Rialacháin seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Tabharfar torthaí sraithe faoi mar a leanas: 2 phointe le haghaidh buachana, agus pointe amháin le haghaidh comhscóir.

(b) Má Dhícháileofar Foireann mó ná Scoireann Foireann le linn Chéim na Sraithe, seasfaidh a Cluichí a imríodh agus bronnfar a Cluichí nár imríodh ar na Foirne ina Coinne.

(c) Ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt i bhFodhlí Contae nó i Rialachán Comórtais, nuair a chríochnaíonn Foirne leis na pointí comhionanna chun Cáiliú do na Céimeanna Deiridh, nó d'Ardú Céime nó Ísliú Céime, cinnfear an comhscór trí na bealaí seo a leanas agus san ord a bheidh sonraithe:

(i) Sa chás nach bhfuil bainteach ach an dá Fhoireann - toradh bhuaileadh le chéile an dá Fhoireann sa chluiche roimhe sin sa Chomórtas;

(ii) Difríocht na Scórála (iomlán na Scór i gCoinne a dhealú as Iomlán na Scór ar Son);

(iii) An Scór Iomlán ar Son is Airde;

(iv) Cluiche Réitigh

Eisceachtaí maidir le (c):

(1) I dtaca le bealaí (ii) agus (iii) thuas, má théann scóir charnacha foirne, lena mbaineann amhlaidh, i gcion ar

dhícháiliú, caillteanas an chluiche ar agóid chruthaithe, scór nó bua gan choimhlint, cinnfear an comhscór le Cluiche Réitigh.

(2) Ní bheidh feidhm ag Rialacháin (i), (ii) agus (iii) maidir le comórtais faoi bhun 16 nó gráid níos óige ach amháin áit a bhforáiltear a mhalairt i bhFodhlí Contae nó i Rialachán Comórtais.

(d) Ní rachaidh Dícháiliú i bhfeidhm ach ar thuilleadh rannpháirtíochta sa Chraobhchomórtas reatha lena mbaineann amháin agus ní ar Chraobhchomórtas na bliana dár gcionn nó ar Cháiliú ann. I gcomhthéacs Dícháilithe, i bPróiseas Ardaithe Céime nó Íslithe Céime ar bith, coimeádfaidh Foireann na pointí a bheidh buaite aici i gCéim den Chraobhchomórtas a bheidh á réachtáil ar Bhonn Sraithe.

6.22 Infhaighteacht Imreoirí Idirchontae do Chlubanna

(a) Is é seo mar a leanas a bheidh an tréimhse ama nach mbeifear ag súil le hImreoirí Sinsir Idirchontae a gCluichí Craobhchomórtais Idirclub a chomhlíonadh lena linn roimh na Cluichí Craoibhe Idirchontae, sa Chód céanna:

Craobhchomórtais Idirchontae na Sinsiar:

(1) Cluichí Ceannais na hÉireann - 17 lá ar a mhéad.

(2) Gach Cluiche Eile - 10 lá ar a mhéad.

Gach eile grád Craobhchomórtais eile, lena n-áirítear Cluiche Ceannais Mionúr agus faoi bhun 20 na hÉireann - 7 lá ar a mhéad.

Féadfar tréimhse níos lú a shainiú i bhFodhlí Contae i ngach cás.

(b) Imreoirí nach mbeidh cuimsithe ar Phainéal Idirchontae na Sinsiar de sheisear imreoirí is fiche, beidh siad ar fáil dá gClubanna ag deireadh seachtaine chluichí na Sraithe Náisiúnta agus Chraobhchomórtas na Sinsiar.

Pionós maidir le sárú ar (b):

Géillfidh Contae a Ionad Baile dá chéad ‘Chluiche Baile’ eile sa tSraith Náisiúnta faoi seach.

6.23 Fógra le haghaidh Cluichí Craoibhe

Tabharfar fógra maidir le Cluichí Craoibhe Clubanna faoi mar a leanas:

Cluichí Craoibhe Aosach, lena n-áirítear Faoi bhun 20/21 - cúig lá (120 uair);

Gráid eile Chraobhchomórtais - de réir na bhFodhlíthe Contae nó Rialacháin Chontae lena rialaítear na Craobhchomórtais, ach ní bheidh sé níos lú ná ceithre lá (96 huaire);
Athchluichí agus Cluichí Atheagraithe - ceithre lá (96 huaire).
Beidh an fógra maidir le cluichí bunaidh i scríbhinn, ach ní gá go mbeadh fógra maidir le hathimirtí/cluichí athimeartha i scríbhinn.

6.24 Dícháiliú

Beidh na Pionóis as Teip ar Chlub/Aonad Cluiche Craoibhe a chomhlíonadh mar a leanas:

(a) I gCluiche 'Díbeartha' - Dícháileofar an Club ón gCraobhchomórtas agus Bronnfar an Cluiche ar an bhFoireann Eile.

(b) I 'gCéim Sraithe' Chraobhchomórtais –

(i) Ar an gCéad Teip - Bronnfar an Cluiche ar an bhFoireann eile, ach gan Dícháiliú, faoi réir an choinnill thíos.

Má bhíonn sé de thuairim an Choiste i bhFeighil, gur bhain an teip ar chur chun páirce le cuspóir rúnda, a chuaigh i gcion ar staid (staideanna) Club (Clubanna) eile, féadfar an Club mainneachtana, faoi rogha an Choiste, a dhícháiliú ón gCraobhchomórtas.

(ii) Ar an Dara Teip - Dícháileofar Club ón gCraobhchomórtas agus Bronnfar an Cluiche ar an bhFoireann Eile.

(c) Tabharfar ar Chlub/Aonad Fíneáil ar bith a fhorchuirfí as caillteanas ioncaim ar bith ag an gCoiste i bhFeighil agus na speansais dearbhaithe réasúnta uile a thabhófaí a íoc, agus mura ndéantar é sin gearrfar Fionraíocht ocht seachtaine is daichead.

(d) Má theipeann ar Chlub fógra soiléir dhá lá a thabhairt, i scríbhinn, dá rún gach Cluiche Craoibhe a chomhlíonadh beidh sé faoi dhliteanas Fionraíocht 24 seachtain.

(e) Cloífead leis na Nósanna Imeachta atá sonraithe i Riail 7.3.

6.25 Eagrú (Cúige agus Uile-Éireann)

(a) Eagrófar Craobhchomórtas Club Cúige agus na hÉireann i nGráid Imreoirí Sinsir, Idirmheánacha agus Sóisir.

Beidh feidhm ag na Rialacha Incháilitheachta seo a leanas:

(i) Ní bheidh Foireann Roinne nó Ghrúpa a bhuachan Craobhchomórtas Contae páirteach.

(ii) Beidh Gráid na nImreoirí Idirmheánacha agus Sóisearacha teoranta do Chlubanna arb é a ngrád is airde faoi seach imreoirí Idirmheánacha nó Sóisearacha ach amháin i gcúinsí ina mbeidh Club ainmnithe ag Coiste Contae, ó mholadh ó Choiste Rialaithe Comórtas na Comhairle Cúige, agus go dtabharfaidh an Lárchoiste Rialaithe Comórtas cead roimhe ré don Chlub sin páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtais Club Cúige agus na hÉireann i ngrád níos ísle ná a stádas gráid laistigh dá Chontae.

Má bhíonn foireann bhuaiteach Craobhchomórtais Contae neamh-incháilithe mar thoradh ar (i) nó (ii) thuas nó neamh-incháilithe mar mhalairt air sin de bharr Díbharraithe, Fionraíochta nó mar thoradh ar Ghníomh Smachtaithe ar bith ar chor ar bith, ainmneoidh an Coiste Contae lena mbaineann Club incháilithe den stádas Craobhchomórtais cuí chun ionadaíocht a dhéanamh ar a shon.

Mar an gcéanna, i gcás nach gcríochnaítear Craobhchomórtas Contae ach nach bhfuil ach foireann amháin fágtha sa chraobhchomórtas sin atá i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas Cúige, ainmneoidh an Coiste Contae an Club sin chun ionadaíocht a dhéanamh ar a shon.

Níl ainmniúcháin ceadaithe i gcúinsí ar bith eile.

Ach amháin mar a fhoráiltear thuas, i gcás nach gcríochnaítear Craobhchomórtas Contae nó Cúige, leanfar le Craobhchomórtas Cúige nó na hÉireann faoi seach gan ionadaí an Chontae nó an Chúige lena mbaineann.

Is ionann Céimeanna Contae, Cúige agus Uile-Éireann na gCraobhchomórtais Club Sinsir, Idirmheánach agus Sóisir sa Pheil agus san Iománaíocht agus an Comórtas amháin.

(b) I gcás go mbuann Club Féin agus Club Coláiste an imreora a gCraobhchomórtas Contae faoi seach sa ghrád céanna, ní bheidh an t-imreoir i dteideal imirt ach lena Chlub Féin amháin sa Chraobhchomórtas Cúige nó na hÉireann sa ghrád sin.

I gcás go mbuann Club Féin agus Club Coláiste an imreora na Craobhchomórtais Chontae in dhá ghrád éagsúla, beidh an t-imreoir i dteideal imirt leis an dá Chlub sa Chraobhchomórtas Cúige nó na hÉireann ina ngráid faoi seach.

6.26 Páirtí Foirne– Club Cúige/Uile-Éireann

Páirtí Foirne a bheidh páirt á glacadh aige i gCraobhchomórtas Club Cúige nó na hÉireann, ní bheidh níos mó ná tríocha imreoir ann.

6.27 Aoisghrúpaí faoi bhun 13 agus níos Óige

Eagrófar cluichí sna haoisghrúpaí Faoi bhun 11 agus níos óige ar shamhail na ‘Géabhchluichí’, faoi mar a cheadóidh an Ard-Chomhairle. Eagrófar cluichí sna haoisghrúpaí Faoi bhun 12 agus Faoi bhun 13 ar bhonn sraithe, faoi mar a cheadóidh an Ard-Chomhairle.

CRAOBHCHOMÓRTAIS IDIRCHONTAE

6.28 Eagrú

Eagrófar na Craobhchomórtais faoi mar a leanas:

(A) Craobhchomórtas Sinsir na hÉireann sa Pheil (2018, 2019 agus 2020)

(i) Craobhchomórtais Chúige

Imreofar na Craobhchomórtais ar an bhFormáid Dhíbeartha. Ní úsáidfear Formáid Ghrúpa nó an 'Chomórtais Chiorclaigh'. Cáileoidh buaiteoirí Chraobhchomórtais Chúige le haghaidh Chéim Ghrúpaí Chluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann.

(ii) Sraith Bhabhtaí Cáilithe Chraobhchomórtas na hÉireann

Babhta 1 Áireofar sa Bhabhta seo na Contaetha ar fad nach mbeidh cáilithe i leith Bhabhtaí Leathcheannais Chúige.

Imreofar Réamhchluiche (Réamhchluichí), más gá, agus d'fhéadfaidís a bheith ar bhonn eagraithe, chun líon na bhfoirne a laghdú go sé cinn déag. Déanfar tarraingt oscailte ansin chun na hocht bpéireáil a chinneadh.

Babhta 2 Imreoidh gach ceann de na hocht bhfoireann a bhuailefear i gCluichí Leathcheannais Chúige i gcoinne ceann amháin de na hocht mbuaiteoir as Babhta 1. Déanfar Tarraingt chun na hocht bpéireáil a chinneadh.

Babhta 3 Beidh na hocht mbuaiteoir as Babhta 2 bainteach sa Bhabhta seo. Faoi réir na bPéirí Céanna a sheachaint más féidir, déanfar Tarraingt chun na ceithre phéireáil a chinneadh.

Babhta 4 Imreoidh gach ceann de na ceithre Fhoireann i gCluiche Ceannais Chúige a buaileadh i gcoinne an dá bhuaiteoir as Babhta 3. Faoi réir na bPéirí Céanna a sheachaint más féidir, déanfar Tarraingt chun na ceithre phéireáil a chinneadh.

(iii) Céim Grúpaí Chluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann

Beidh Céim Grúpaí Chluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann bunaithe ar Shraith dhá Ghrúpa de cheithre fhoireann, agus imreoidh gach foireann i nGrúpa i gcoinne na bhfoirne eile uair amháin.

Is é seo a leanas mar a bheidh na Grúpálacha i mBliain 1 (2018):

Grúpa 1

Foireann 1 Buaiteoir Chúige Mumhan

Foireann 2: Buaiteoir Chúige Chonnachta

Foireann 3: Foireann Chúige Uladh sa dara háit, nó an fhoireann a bhuailfidh iad i mbabhta 4

Foireann 4: Foireann Chúige Laighean sa dara háit, nó an fhoireann a bhuailfidh iad i mbabhta 4

Grúpa 2

Foireann 1 Buaiteoir Chúige Uladh

Foireann 2: Buaiteoir Chúige Laighean

Foireann 3: Foireann Chúige Mumhan sa dara háit, nó an fhoireann a bhuailfidh iad i mbabhta 4

Foireann 4: Foireann Chúige Chonnacht sa dara háit, nó an fhoireann a bhuailfidh iad i mbabhta 4

Is é an Ard-Chomhairle a chinnfidh na Grúpálacha sna blianta ina dhiaidh sin, agus beidh sé bunaithe ar Bheirt Sheaimpíní Cúige a bheith i ngach Grúpa de na ceithre fhoireann.

Is é seo a leanas mar a bheidh ord na gcluichí:

Céim 1

Foireann 1 in éadan Fhoireann 2 (ionad: Páirc an Chrócaigh)

Foireann 3 in éadan Fhoireann 4 (ionad: Páirc an Chrócaigh)

Céim 2

Foireann 1 in éadan Fhoireann 3 nó 4 (ionad: Buntáiste baile d'Fhoireann 3 nó 4)

Foireann 2 in éadan Fhoireann 3 nó 4 (ionad: Buntáiste baile d'Fhoireann 3 nó 4)

Céim 3

Foireann 1 in éadan Fhoireann 3 nó 4 (ionad: Buntáiste baile d'Fhoireann 1)

Foireann 2 in éadan Fhoireann 3 nó 4 (ionad: Buntáiste baile d'Fhoireann 2)

Déanfaidh an Lárchoiste Comórtas na Tarraingtí do Chéimeanna 2 agus 3.

Babhtaí Réitigh:

I gcás go gcríochnóidh foirne le pointí comhionanna i nGrúpa Cluiche Ceathrú Ceannais, cinnfear an comhscór trí na bealaí seo a leanas agus san ord a bheidh sonraithe:

- (i) Sa chás nach bhfuil bainteach ach an dá Fhoireann - toradh chasadh le chéile an dá Fhoirne sa Ghrúpa
- (ii) Difríocht sna Scóir – iomlán na Scór i gcoinne a dhealú as Iomlán na Scór ar son.
- (iii) An Scór Iomlán ar Son is Airde
- (iv) Scór Iomlán is Airde na gCúl ar Son
- (v) Cluiche Réitigh.

(vi) Cluichí Leathcheannais na hÉireann

I gCluichí Leathcheannais na hÉireann –

Imreoidh buaiteoir Chluiche Ceathrú Ceannais Ghrúpa 1 buaiteoir Dara háite Chluiche Ceathrú Ceannais Ghrúpa 2.

Imreoidh buaiteoir Chluiche Ceathrú Ceannais Ghrúpa 2 buaiteoir Dara háite Chluiche Ceathrú Ceannais Ghrúpa 1.

(v) Cluiche Ceannais na hÉireann

Cúrsaí eile a bhaineann le Sraith Bhabhtaí Cáilithe

Chraobhchomórtas na hÉireann

(1) Sceidealú

Ba cheart Cluichí Babhtaí Cáilithe a imirt ar an Satharn/Domhnach mar is iomchuí leis an Lárchoiste Rialaithe Comórtas, ach ní thiocfaidh Sceideal na gCluichí salach ar sceidil Craobhchomórtais Cúige (lena n-áirítear Athimirtí), agus tabharfar dátaí dóthanacha ann chomh maith i gcomhair Cluichí Craobhchomórtais na gClubanna. Breathnófar ar rannpháirtíocht dhéach Contaetha san Iománaíocht agus sa Pheil, agus, más féidir, seachnófar an deireadh seachtaine céanna.

Ceadófar bearna trí lá dhá do na Buaiteoirí Cúige a thiocfaidh sa Dara hÁit, más féidir, idir a gCluiche Ceannais Cúige agus a rannpháirtíocht i Sraith Bhabhtaí Cáilithe Craobhchomórtas na hÉireann.

Imreofar na Cluichí ar fad i ngach Babhta i Sraith Bhabhtaí Cáilithe Craobhchomórtas na hÉireann thar thréimhse nach mó ná dhá dheireadh seachtaine as a chéile, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

(2) Ionaid

Úsáidfear Ionaid Bhaile i mBabhtaí 1, 2 agus 3 de Shraith Bhabhtaí Cáilithe Chraobhchomórtas na hÉireann, agus beidh an Buntáiste Baile ag an gcéad Fhoireann a tharraingeofar.

Eisceacht:

Beidh an Buntáiste Baile ag foireann Roinn 3 nó 4 a tharraingeofar i gcoinne fhoireann Roinn 1 nó 2 i Sraith Náisiúnta Peile na bliana reatha. Cinnfidh an Lárchoiste Rialaithe Comórtas na hIonaid le haghaidh Bhabhta 4.)

(B) Craobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht (2018, 2019 agus 2020)

Sraith 1 – Corn Mhic Cárthaigh

Na Contaetha Rannpháirteacha

Beidh na Contaetha seo a leanas i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas seo in 2018:

I gCraobhchomórtas Mumhan – Corcaigh, Tiobraid Árann, Port Láirge, an Clár agus Luimneach

I gCraobhchomórtas Laighean - Cill Chainnigh, Loch Garman, Baile Átha Cliath, Uíbh Fhailí agus Gaillimh.

Céimeanna

(i) Craobhchomórtais Chúige

Imreofar an dhá Chraobhchomórtas Cúige ar bhonn an ‘Chomórtais Chiorclaigh’. Beidh dhá chluiche Sa Bhaile agus As Baile ag gach Contae. Cáileoidh na Contaetha a thiocfadh sa chéad áit agus sa dara háit i ngach Grúpa Cúige dá gCluichí Ceannais Cúige faoi seach.

(ii) Cluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann

Imreoidh gach foireann a thiocfadh sa tríú háit i gCraobhchomórtais Mhumhan agus Laighean ceann de Bhuaiteoir Craobhchomórtais Shraith 2 i Réamhchluichí Ceathrú Ceannais.

Déanfar péireáil Bhuaiteoirí agus Bhuaiteoirí na Dara hÁite i Sraith 2 i gcoinne na bhfoirne sa tríú háit i Chúige Mumhan agus Cúige Laighean faoi seach a mhalartú ar bhonn róta bliantúil a chinnfidh an Ard-Chomhairle i dtosach.

Beidh an buntáiste baile ag Foirne Shraith 2 ina Réamhchluichí Ceathrú Ceannais faoi seach.

Glacfaidh an dá Fhoireann bhuaite i gCluiche Ceannais Cúige agus an dá Bhuaiteoir Réamhchluichí Ceathrú

Ceannais na hÉireann páirt i gCluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann.

Imreoidh Buaiteoirí Dara hÁite Chúige Mumhan an fhoireann a thiocfaidh sa trú háit i gCúige Laighean nó an fhoireann a bhuailfidh í i Réamhchluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann.

Imreoidh Buaiteoirí Dara hÁite Chúige Laighean an fhoireann a thiocfaidh sa trú háit i gCúige Mumhan nó an fhoireann a bhuailfidh í i Réamhchluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann.

(iii) Cluichí Leathcheannais na hÉireann

Beidh Seaimpíní Chúige Mumhan agus Laighean i gCluichí Leathcheannais ar leith agus imreoidh siad in éadan foireann amháin den dá Bhuaiteoir sna Cluichí Ceathrú Ceannais.

Faoi réir nach n-imríonn na Seaimpíní Cúige faoi seach leis na Buaiteoirí óna gCúige féin ag an gCéim seo agus faoi réir, más féidir, na Péirí Céanna a sheachaint, déanfar Tarraingt chun na Péirí a chinneadh.

(iv) Cluiche Ceannais na hÉireann

Pointí/Babtaí Réitigh:

I nGrúpaí an 'Chomórtais Chiorclaigh, imreoidh gach foireann i gcoinne na bhfoirne eile uair amháin. Bronnfar Dhá phointe le haghaidh Bua, agus pointe amháin le haghaidh Comhscóir. I gcás go gcríochnóidh foirne le pointí comhionanna i sraith an 'Chomórtais Chiorclaigh', cinnfear an comhscór trí na bealaí seo a leanas agus san ord a bheidh sonraithe:

(i) Sa chás nach bhfuil bainteach ach an dá Fhoireann - toradh chasadh le chéile an dá Fhoirne sa Ghrúpa;

(ii) Difríocht sna Scóir – iomlán na Scóir i gcoinne a dhealú as iomlán na Scóir ar son;

(iii) An Scór Iomlán ar Son is Airde;

(iv) Scór Iomlán is Airde na gCúl ar Son;

(v) Cluiche Réitigh.

Ísliú Céime –infheidhme leis an mbliain dár gcionn.

Tabharfar céim síos don fhoireann ag an mbun

Chraobhchomórtais an 'Chomórtais Chiorclaigh' de chuid Laighean go dtí Craobhchomórtas Shraith 2.

Eisceacht:

Má bhuann Ciarraí (nó Contae eile de chuid na Mumhan) Craobhchomórtas Shraith 2, imreodh sé cluiche réitigh i gcoinne na foirne ag an mbun i 'gComórtas Ciorclach' Chraobhchomórtas na Mumhan an ionad neodrach na Mumhan a chinnfidh an Coiste Rialaithe Comórtas. Imreoidh buaiteoirí an chluiche réitigh sin i gCraobhchomórtas na Mumhan agus tabharfar íslíú céime go dtí Craobhchomórtas Shraith 2 do na Cailliúnaithe. Sa chás sin, ní tabharfar Íslíú Céime don fhoireann ag an mbun i 'gComórtas Ciorclach' Chraobhchomórtas Laighean.

(C) CRAOBHCHOMÓRTAS SINSIR NA hÉIREANN SAN IOMÁNAÍOCHT SRAITHEANNA 2,3,4 AGUS 5. (2018, 2019 agus 2020)

Sraith 2 – Corn Sheosaimh Mhic Dhonncha

Na Contaetha Rannpháirteacha

Beidh na Contaetha seo a leanas i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas seo in 2018:

Aontroim, Ceatharlach, Ciarraí, Laois, an Mhí agus an Iarmhí.

Formáid

Imreofar an Craobhchomórtas ar bhonn an 'Chraobhchomórtas Chiorclaigh' ar dtús. Imreoidh na foirne a chríochnóidh sa dá áit sin airde i gCluiche Ceannais Shraith 2.

Cáileoidh an dá bhuaiteoir i leith Chorn Liam Mhic Chárthaigh do Réamhchluichí Ceathrú Ceannais Craobhchomórtas Iománaíochta Sinsir na hÉireann chomh maith, faoi mar atá léirithe i Sraith 1 thuas.

Ardú Céime agus Íslíú Céime –infheidhme leis an mbliain dár gcionn.

Tabharfar Ardú Céime do Bhuaiteoirí Chraobhchomórtas Shraith 2, murab fhoireann de chuid na Mumhan iad, go dtí 'Comórtas Ciorclach' Chraobhchomórtas Laighean agus Corn Liam Mhic Chárthaigh.

Más fhoireann de chuid na Mumhan iad na buaiteoirí i gCraobhchomórtas Shraith 2, beidh orthu an Cluiche Réitigh leis an bhfoireann ag an mbun i 'gComórtas Ciorclach' Chraobhchomórtas na Mumhan a bhua chun Ardú Céime a fháil go dtí 'Comórtas Ciorclach' Chraobhchomórtas Laighean agus Corn Liam Mhic Chárthaigh.

Tabharfar ísliú céime don fhoireann ag bun Chraobhchomórtas Shraith 2 go Craobhchomórtas Shraith 3. D'fhone lón na bhfoirne a laghdú i gCraobhchomórtas Shraith 2 go cúig, ní imreoidh an fhoireann a chríochnaíonn sa dara háit ón deireadh i gCraobhchomórtas 2018 cluiche réitigh ach i gcoinne Bhuaiteoirí Shraith 3.

Imreoidh Buaiteoirí an chluiche sin i Sraith 2 agus imreoidh na Cailliúnaithe i Sraith 3 in 2019.

SRAITH 3 – Corn Uí Riain

Na Contaetha Rannpháirteacha

Beidh na Contaetha seo a leanas i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas in 2018:

Ard Mhacha, Doire, an Dún, Cill Dara, Londain, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Cill Mhantáin.

Formáid

Tarraingeofar dhá Ghrúpa de cheithre fhoireann. Imreofar Grúpchlúichí ar bhonn an 'Chomórtais Chiorclaigh'.

Cáileoidh an dá fhoireann is fearr i ngach nGrúpa i leith na gcluichí leathcheannais, ina n-imreoirí Buaiteoirí gach Grúpa Buaiteoirí dara háite an Ghrúpa eile.

An Cluiche Ceannais

Ardú Céime agus Ísliú Céime –infheidhme leis an mbliain dár gcionn. In 2018, imreoidh Buaiteoirí an Chluiche Ceannais an fhoireann a thagann sa dara háit ón deireadh i Sraith 2. Imreoidh Buaiteoirí an chluiche sin i Sraith 2 agus imreoidh na Cailliúnaithe i Sraith 3. Tabharfar ísliú céime go dtí Craobhchomórtas Shraith 4 don fhoireann i ngach Grúpa ag an mbun.

In 2019 agus 2020, tabharfar ardú céime do Bhuaiteoirí an Chluiche Ceannais go dtí Sraith 2. Imreoidh an fhoireann i ngach Grúpa a thiocfaidh ag an mbun cluiche réitigh agus tabharfar Ísliú Céime do na Cailliúnaithe go dtí Sraith 4.

Sraith 4 – Corn Nicky Rackard

Na Contaetha Rannpháirteacha

Beidh na Contaetha seo a leanas i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas in 2018:

Dún na nGall, Liatroim, Longfort, Lú, Muineachán, Tír Eoghain agus Warwickshire.

Formáid

In 2018, Tarraingeofar Grúpa de cheathrar agus Grúpa de thriúr. . In 2019 agus 2020, Tarraingeofar dhá Ghrúpa de cheithre fhoireann. Imreofar cluichí ar bhonn an 'Chomórtais Chiorclaigh'. Cáileoidh an dá fhoireann ag an mbarr i ngach nGrúpa i leith na gcluichí leathcheannais, ina n-imreoirí Buaiteoirí gach Grúpa Buaiteoirí dara háite an Ghrúpa eile.

An Cluiche Ceannais

Ardú Céime agus Ísliú Céime –infheidhme leis an mbliain dár gcionn. Tabharfar ardú céime do Bhuaiteoirí an Chluiche Ceannais go dtí Sraith 3. Imreoir an fhoireann ag an mbun i ngach Grúpa cluiche réitigh agus tabharfar Ísliú Céime do na Cailliúnaithe go dtí Sraith 5.

SRAITH 5 – Corn Lory Meaghar

Na Contaetha Rannpháirteacha

Beidh na Contaetha seo a leanas i dteideal páirt a ghlacadh sa Chraobhchomórtas in 2018: An Cabhán, Fear Manach, Lancashire agus Sligeach.

Formáid

Imreofar an Craobhchomórtais ar bhonn an 'Chraobhchomórtais Chiorclaigh'. Imreoidh an dá fhoireann ag an mbarr sa Chluiche Ceannais.

An Cluiche Ceannais

Ard Céime –infheidhme leis an mbliain dár gcionn. Tabharfar ardú céime do na Buaiteoirí go dtí Sraith 4.

Pointí/Babtaí Réitigh i sraitheanna 2,3,4 agus 5 – Rialacháin mar atá i Sraith 1.

Ionaid le haghaidh shraitheanna 2,3,4 agus 5.

Beidh na hIonaid i gCéimeanna na nGrúpaí ar bhonn Baile agus As Baile. Déanfar Tarraingt roimh thosach gach Craobhchomórtais chun Seicheamh na bPéirí agus an Buntáiste Baile a chinneadh. Beidh Cluiche amháin sa Bhaile agus as Baile ar a laghad ag gach foireann i nGrúpaí agus cinnfear an tIonad don Chluiche eile leis an Tarraingt. I nGrúpaí ina bhfuil líon corr, beidh líon cothrom cluichí sa Bhaile agus As Baile ag na foirne.

Ionaid do na, Cluichí Leathcheannais ar fad agus cinnfidh a chinnfidh an Lárchoiste Rialaithe Comórtas na Cluichí Réitigh Íslithe Céime.

(D) FOIRNE Ó LASMUIGH D'ÉIRINN

Ar ordú ón gComhdháil, beidh an t-údar ag an Ard-Chomhairle foráil a dhéanamh maidir le foirne ó lasmuigh d'Éirinn a chuimsiú sa Chraobhchomórtas.

(E) CRAOBHCHOMÓRTAS PHEIL MHIONÚR NA hÉIREANN

Eagrófar an Craobhchomórtas ar bhonn Cúige ar dtús. Rachaidh na Buaiteoirí Cúige agus na Buaiteoirí Cúige sa Dara háit as gach Cúige ar aghaidh chuig Sraith Chraobhchomórtas na hÉireann (féach Aguisín 3).

Eagrófar Sraith Chraobhchomórtas na hÉireann faoi mar a leanas: Cluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann

Imreoidh gach ceann de na Ceithre Bhuaiteoirí Cúige ceann de na Buaiteoirí Cúige sa Dara háit. Cinnfear na péirí ar chóras Uainchláir Chúige a chinnfidh an Ard-Chomhairle ar dtús, ach ní imreoidh na buaiteoirí Cúige leis an bhfoireann a bhuaigh siad ina gCluiche Ceannais Cúige féin ag an gcéim seo.

Cluichí Leathcheannais na hÉireann

Beidh córas Uainchláir Chúige arna chinneadh ag an Ard-Chomhairle ar dtús i bhfeidhm. Má bhuailtear foireann as Craobhchomórtas Cúige ina Chluiche Ceathrú Ceannais, glacfaidh an fhoireann a fuair an bua uirthi a háit sa Chluiche Leathcheannais. Cluiche Ceannais na hÉireann

(F) CRAOBHCHOMÓRTAS MIONÚR NA hÉIREANN SAN IOMÁNAÍOCHT (2018, 2019 agus 2020)

Eagrófar Craobhchomórtais Mionúr na hÉireann san Iománaíocht ar bhonn Cúige ar dtús i Mumhain agus i Laighin.

Glacfaidh Foirne Uladh, arna chomhaontú ag Comhairle Uladh agus Comhairle Laighean, i gCraobhchomórtas Laighean.

Eagrófar Sraith Chraobhchomórtas na hÉireann faoi mar a leanas: Cáileoidh Buaiteoirí Mumhan agus Laighean go huathoibríoch le haghaidh Cluichí Leathcheannais ar leith, agus ní imreoidh siad in éadan na Foirne a buaileadh óna gCúige féin ag an gcéim seo.

Eagrófar Sraith 'Comórtais Chiorclaigh' na hÉireann chun dhá iomaitheoir sa Bhabhta Leathcheannais a sholáthar. Is iad na trí fhoireann rannpháirteacha a bheidh i gceist Gaillimh agus Foirne Chluiche Ceannais na Mumhan agus Laighean a bhuailfear.

Eagrófar cláir cluichí ionas go n-imreoidh Buaiteoirí an chéad chinn de thrí chluiche sa dara cluiche. Má bhíonn comhscór mar

thoradh ar an gcéad chluiche, cinnfear an fhoireann a imreoidh sa dara cluiche trí bhonn a chaitheamh in airde.

Cáileoidh an dá fhoireann ag an mbarr do Ghrúpa an 'Chomórtais Chiorclaigh don Chluiche Ceannais. I gcás go mbeidh an líon céanna pointí ag na foirne ag deireadh Shraith an 'Chomórtais Chiorclaigh', cinnfear a suíomhanna trí na babhtaí réitigh seo a leanas agus san ord a bheidh sonraithe:

(i) Difríocht na Scórála (iomlán na Scór i gCoinne a dhealú as Iomlán na Scór ar Son);

(ii) Iomlán is Airde na Scór ar Son;

(iii) Iomlán is Airde na gCúl a Scóráladh.

I gcás go gcríochnaíonn na trí fhoireann ar na pointí céanna agus nach féidir iad a dheighilt trí na babhtaí réitigh atá léirithe i (i), (ii) agus (iii) thuas, rachaidh foireann amháin chun tosaigh ar bhonn Tarraingthe agus eagrófar cluiche 'Réitigh' maidir leis an dá fhoireann eile chun an dara foireann a cháileoidh do Chluichí Leathcheannais na hÉireann a chinneadh.

Eagrófar Craobhchomórtas Mionúr 'B' agus 'C' na hÉireann san Iománaíocht ar bhonn na Moltaí ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas, arna bhfaomhadh ag an Ard-Chomhairle.

(G) CRAOBHCHOMÓRTAS IDIRMHEÁNACH IOMÁNAÍOCHTA NA hÉIREANN

Eagrófar an Craobhchomórtas ar bhonn Cúige ar dtús, agus cáileoidh na Buaiteoirí Cúige do Chluiche Leathcheannais na hÉireann.

Beidh an Craobhchomórtas teoranta do na Contaetha i Sraith 1 na Sinsear.

Beidh na Péirí le haghaidh Chluichí Leathcheannais na hÉireann ar bhonn Córas Uainchláir, a chinnfidh an Ard-Chomhairle ar dtús.

(H) Cluichí Craobhchomórtais eile na hÉireann

Eagrófar Craobhchomórtas Sóisear na hÉireann sa Pheil, Craobhchomórtas Faoi Bhun 20 na hÉireann san Iománaíocht, agus Craobhchomórtas Faoi Bhun 20 na hÉireann sa Pheil ar bhonn Cúige ar dtús agus rachaidh na buaiteoirí ar aghaidh go dtí Sraith Chraobhchomórtas na hÉireann.

Beidh na Péirí le haghaidh Shraith Chraobhchomórtas na hÉireann ar bhonn Córas Uainchláir, a chinnfidh an Ard-Chomhairle ar dtús. Ní thosóidh Craobhchomórtas Faoi Bhun 20 na hÉireann sa Pheil tráth nach luaithe ná an deireadh seachtaine deireanach i mí na

Bealtaine (i.e. nuair a bheidh Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh araon i mí na Bealtaine) agus beidh sé críochnaithe faoi dheireadh Lúnasa.

Eagrófar Craobhchomórtais Faoi bhun 20 na hÉireann san Iománaíocht ar bhonn Cúige ar dtús i Mumhain agus i Laighin, agus glacfaidh Gaillimh agus Foireann (Foirne) Uladh ar bith faoi mar a chomhaontaithe Comhairle Uladh agus Comhairle Laighean i gCraobhchomórtas Laighean.

Imreoidh Buaiteoirí Cúige na Mumhan Foirne Cúige Laighean sa Dara hÁite agus imreoidh Buaiteoirí Cúige Laighean na Foirne Cúige Mumhan sa Dara hÁite i gCluichí Ceannais na hÉireann.

(Nóta: Rithfear Craobhchomórtas Iománaíochta Faoi bhun 20 ar bhonn trialach le haghaidh 2019 agus 2020.)

(I) Is ionann Craobhchomórtas Idirchontae a eagraítear i gcéimeanna éagsúla (e.g. Cluichí Cúige, Babhtáí Cáilithe na hÉireann, Cluichí Ceathrú Ceannais na hÉireann/Cluichí Leathcheannais na hÉireann/Craobhchomórtas na hÉireann) agus an Comórtas amháin.

Nóta:

Beidh Ionaid Bhaile do gach cluiche i gCraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear faoi réir faofa ag an Lárchoiste Rialaithe Comórtas agus comhlíonfaidh siad na critéir a bheidh leagtha síos ag an gCoiste Náisiúnta Saoráidí/Sláinte agus Sábháilteachta.

6.29 Craobhchomórtais Cúige

(a) Tosóidh Craobhchomórtais Chúige na Sinsear sna Cúigí a mbeidh orthu Foirne a chur ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas na hÉireann tráth nach luaithe ná an tríú deireadh seachtaine i mí na Bealtaine agus cinnfear le linn mhíonna na Bealtaine, an Mheithimh agus Iúil iad, mura gceadaíonn an Ard-Chomhairle athrú ar mholadh ón Lár-Choiste Rialaithe Comórtas. Tosóidh Craobhchomórtais Mionúr Chúige tráth nach luaithe ná an dara seachtain i mí Aibreáin agus cinnfear iad le linn mhíonna Aibreáin, Bealtaine, an Mheithimh (faoi mar a údaróidh an Ard-Chomhairle, bunaithe ar dhátaí scrúduithe Scoileanna Dara Leibhéal) agus Iúil.

I gcúinsí eisceachtúla, féadfar Cluichí Ceannais Cúige na Sinsear agus na Mionúr, le cead ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas, a imirt ar an gcéad Domhnach i mí Lúnasa.

Cuirfidh Cúigí Foirne ar aghaidh chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas na hÉireann ar na dátaí arna n-éileamh ag an Ard-Chomhairle.

(Nótaí: Sna blianta 2018, 2019 agus 2020, ionas go mbeifear ábalta triail a dhéanamh i gCraobhchomórtais Pheil na Sinsear, Iománaíocht na Sinsear, Iománaíocht faoi bhun 20 agus Iománaíocht Mhionúir sna blianta sin, déanfar an Riail thuas a leasú ar bhonn sealadach trí:

(i) an “tríú deireadh seachtaine i mí na Bealtaine” (sa cheathrú líne) a athrú go dtí an “chéad deireadh seachtaine i mí na Bealtaine”.)

(ii) Neamhfheidhmiú an ailt: “I gcúinsí eisceachtúla, féadfar Cluichí Ceannais Cúige na Sinsear agus na Mionúr, le cead ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas, a imirt ar an gcéad Domhnach i mí Lúnasa”.

(b) Cúige nár chuir a Chraobhchomórtas i gcrích, ainmneoidh sé, nuair is gá, foireann chun páirt a ghlacadh i gCraobhchomórtas na hÉireann. Mura ndéantar é sin dícháileofar an Cúige ón gcomórtas.

(c) **Tarraingtí** - Féadfaidh Comhairlí Cúige a gCraobhchomórtais faoi seach a eagrú chun neart coibhneasta na gContaetha laistigh den Chúige a chur san áireamh. Eagrófar Craobhchomórtais

Chúige, seachas Craobhchomórtais na Mionúr, ar bhonn Díbeartha, lena bhféadfadh Babhta Cailliúnaithe bheith i gceist.

Féadfaidh an Chomhairle Chúige a Craobhchomórtas Mionúr a eagrú de réir mar a oirfeadh sé dá riachtanais faoi seach.

I gCraobhchomórtais Idirchontae, seachas Craobhchomórtais Idirchontae Mionúr, déanfar Tarraingt amháin chun an

Craobhchomórtas iomlán a chumhdach, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sna Rialacha seo. Ní thabharfar cead ar aghaidh ach sa Chéad Bhabhta amháin, ach amháin i gcás na Mionúr.

(Nóta - Sna blianta 2018, 2019 agus 2020, beidh an Roinn (c) thuas faoi réir forálacha trialach sna Craobhchomórtais na mblianta sin mar atá léirithe go sealadach i Riail 6.28(A), (B), (C), (F) agus (H)).

6.30 Imeachtaí maidir le loiceadh cluiche Craobhchomórtais Idirchontae a chomhlíonadh

Má theipeann ar Chontae clár cluiche Craobhchomórtais a chomhlíonadh dícháileofar é ón gCraobhchomórtas, agus gearrfar fíneáil, agus beidh an méid a bheidh i gceist faoi lánrogha an

Choiste i bhFeighil.

6.31 Cluiche Ceannais na hÉireann

Imreofar Cluiche Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Imreofar na Cluichí Ceannais ar an 35ú Domhnach sa bhliain nó roimhe sin ar dhátaí a chinnefidh an Ard-Chomhairle.

Eisceacht: Nuair a tharlaíonn an chéad Dhomhnach sa bhliain ar an 1 Eanáir, imreofar na cluichí ceannais ar an 36ú Domhnach sa bhliain sin nó roimhe sin.

I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh an Ard-Chomhairle socrúithe eile a dhéanamh.

(**Nóta:** I gcomhréir le Riail 6.28 agus ar feadh tréimhse thrialach, cuireadh Riail 2017 ar leataobh do na blianta 2018, 2019 agus 2020)

6.32 Uimhriú na nImreoirí

I gcluichí Craobhchomórtais Chúige beidh na himreoirí uimhrithe go cuí ó 1 go 24.

Pionós: Pionós: Fíneáil €500.

Beidh na huimhreacha ar chúl, agus i bhformáid bheag chomh maith, ar aghaidh na ngeansaithe.

Eisceacht: I gcluichí Idirchontae na Sinsear, beidh na himreoirí uimhrithe go cuí ó uimhir a haon go dtí uimhir nach mbeidh os cionn fiche a sé.

6.33 Páirtí Foirne/Roghnúcháin

(a) Beidh páirtí foirne Contae comhdhéanta de líon nach mo ná ceathrar imreoirí is fiche agus cúigear oifigigh de chuid an Choiste Contae.

Eisceacht:

Is féidir le Páirtí Foirne Idirchontae na Sinsear suas le, ach ní níos mó ná seisear imreoirí is fiche a bheith acu.

(b) I gCluichí Leathcheannais na hÉireann agus Cluichí Ceannais na hÉireann ní mór áit na bhfoirne a thabhairt don Ard-Stiúrthóir sé lá ar a laghad roimh an gcluiche.

Pionós le haghaidh (b): Fíneáil €500.

6.34 Dathanna na gContaetha

Cláróidh gach Contae Dathanna sainiúla a Chontae gach bliain leis an Ard-Chomhairle. Cláróidh na Contaetha a ndathanna

malartacha nó comhcheangal malartach dá ndathanna chomh maith.

Pionós: Pionós: Fíneáil €500.

6.35 Clárú imreoirí idirchontae mionúr/faoi bhun 20

(a) Soláthróidh na himreoirí uile Mionúir agus Faoi bhun 20 Teastas Paróisteach fíordheimhnithe Aoise, ar fhoirm chaighdeánach, nó Teastas Sibhialta Breithe do Rúnaí an Chontae. Cúig lá ar a laghad roimh chluiche tosaigh craobhchomórtais Chontae, cuirfidh Rúnaí an Chontae Clár dúblach de na himreoirí ar aghaidh chuig an Rúnaí Contae ina leagfar amach, i nGaeilge, ainm, club, dáta agus áit bhreithe gach imreora.

(b) Cuirfidh an Rúnaí Cúige an Clár ar aghaidh chuig an Ard-Chomhairle cúig lá ar a laghad roimh rannpháirtíocht an Chúige i sraith Chraobhchomórtais na hÉireann.

(c) Féadfá breis imreoirí a chur leis an gClár do gach cluiche ina dhiaidh sin, roimh an gcluiche.

Pionós: Fíneáil €200 ar an aonad lena mbaineann.

6.36 Clárú/liostaí le haghaidh Chluichí Craoibhe Idirchontae na Sinsear

Forálacha faoi leith i leith Clárú Foirne agus soláthar Liosta Foirne don Réiteoir le haghaidh Chluichí Craoibhe Idirchontae uile na Sinsear

In ainneoin forálacha Rialacha ar bith eile, beidh na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm go sonrach maidir le Cluiche Craoibhe Idirchontae uile na Sinsear:

(a) Le haghaidh Cluiche Craoibhe Idirchontae uile na Sinsear, clárófar síneadh amach na bhFoirne (Cúigear Imreoirí Déag agus Imreoir Déag ar a mhéad ar an bPainéal - seisear imreoirí is fiche san iomlán) leis an gCoiste i bhFeighil tráth nach déanaí ná 9am an Déardaoin roimh chluiche deireadh seachtaine.

Pionós: Aistarraingt Pribhléidí na Taobhlíne ón mBainisteoir le haghaidh cluiche amháin agus/nó fíneáil €1,000 ar a mhéad ar an gCoiste Contae, ag brath ar na cúinsí.

(b) Ní chuirfear Imreoirí ar bith leis an bhFoireann nó leis an bPainéal cláraithe i ndiaidh é a chur isteach chuig an gCoiste i bhFeighil.

Eisceacht - Féadfar Cúl Báire a chur in ionad Cúl Báire nó Cúl Báire Ionaid agus ní bheidh cead ag an ionadaí sin imirt ach mar Chúl Báire amháin.

Pionós as imreoir a bheidh ag imirt, nó imreoir a chur ar an liosta foirne a cuireadh isteach chuig an Réiteoir, nach bhfuil cláraithe leis an gCoiste i bhFeighil. Cluiche a chur ar Ceal.

(c) Cuirfear Liosta Foirne a bheidh leagtha síos (arna eisiúint ag an gCoiste i bhFeighil ó am go chéile), ina ndearbhófar an 15 imreoirí tosaíthe agus 11 imreoirí painéil bhreise ar a mhéad, isteach chuig an Réiteoir tráth nach déanaí ná daichead nóiméad roimh amanna tosaigh oifigiúla an Chluiche agus ní bheidh air ach ainmneacha na nImreoirí Cláraithe arna sonrú in ailt (a) nó (b), in éineacht le hOifigigh na Foirne.

Pionós: Fíneáil ar an gCoiste Contae - suas le €1,000 ar a mhéad do gach nóiméad thar an am a leagadh síos.

COMÓRTAIS SRAITHE

6.37 Eagrú

Beidh Sraithchomórtas faoi réir Rialacha Ginearálta an Chumainn. Sula dtosaíonn an comórtas, dréachtóidh an Coiste i bhFeighil na rialacháin lena rialófar a eagraíocht. Féadfar athruithe ar Rialacha Iomeartha arna moladh ag an Ard-Chomhairle a thriail i Sraitheanna Náisiúnta agus Contae na bliana roimh Chomhdháil ina leagtar síos rúin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha Iomeartha.

6.38 (A) Féadfar sraitheanna a eagrú ar bhonn babhta amháin nó babhta dúbailte.

Beidh na Rialacháin atá leagtha amach i Rial 6.21(4) (a), (b), (c) agus (d) maidir le Cuid Sraithe Craobhchomórtais i bhfeidhm maidir le comórtais Sraithe. Nuair a imrítear babhta dúbailte, tabharfar scóir chomhcheangailte an dá chluiche san áireamh agus clásal 4(c)(i) na Rialach sin á fheidhmiú.

Pionós do gach Cluiche nach gcomhlíontar: Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile; Íosfhéineál - Contae €400, Club €100 nó pionós malartach arna shonrú i Rialacháin Comórtais an Choiste i bhFeighil.

(B) Contae ar mian leis Feidhmíocht Sraithe agus Stádas Craobhchomórtais a nascadh ní mór dó cead foirmiúil a fháil gach bliain óna Chomhairle Chúige.

6.39 Sraitheanna Náisiúnta

Cinnfidh an Ard-Chomhairle, ar chomhairle ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas na rialacháin lena rialófar comhdhéanamh, uainiú, ardú céime, ísliú céime, cluichí réitigh agus na cúrsaí eile ar fad a bhaineann leis na Sraitheanna Náisiúnta Iománaíochta agus Peile.

Comhdhéanfar na Sraitheanna Náisiúnta Iománaíochta agus Peile ionas go mbeifear ábalta iad a chríochnú, lena n-áirítear Cluichí Leathcheannais, thar líon nach mó ná ocht ndeireadh seachtaine, ach ní gá go mbeadh siad as a chéile.

Eisceachtaí:

(1) Tá naoi seachtaine ceadaithe le haghaidh Roinn 1 de na Sraitheanna Náisiúnta Peile agus Iománaíochta.

(2) Tá deich seachtaine ceadaithe le haghaidh Roinn 4 den tSraith Náisiúnta Peile.

CLUICHÍ TURNAIMINTE AGUS CLUICHÍ DÚSHLÁIN

6.40 Cluichí Turnaiminte

(a) Beidh gach cluiche Turnaiminte ceadaithe ag an údarás rialaithe cuí, a dhéileálfaidh le cúrsaí smachtaithe ar bith a thiocfadh chun cinn.

(b) Ní eagrófar Turnaimint Idirchontae ach i ngráid suas go dtí Faoi Bhun 16 agus é sin san áireamh (peil agus iománaíocht) agus i ngráid Faoi Bhun 19 (iománaíocht amháin).

Ní mór ceadú a fháil ón gComhairle Chúige i gcás go dtagann foirne as Cúige amháin, agus ón Ard-Chomhairle i gcás go dtagann na foirne as níos mó ná Cúige amháin.

(c) Beidh Turnaimint Idirclub teoranta go hocht bhfoireann ar a mhéad, ach amháin má cheadaíonn an tÚdarás Rialaithe a mhalairt. Ní mór an ceadú a fháil faoi mar a leanas:

- Ón gCoiste Contae i gcás go dtagann na foirne as laistigh de Chontae amháin.
- Ó na Coistí Contae lena mbaineann i gcás go dtagann na foirne as níos mó ná Contae amháin, agus i gcúinsí dá leithéid ní mór ceadú a fháil ón gComhairle Chúige nó ón Ard-Chomhairle, de réir mar is cuí.

(d) Ní mór na hiarratais ar fad ar cheadú na dTurnaimintí a bhaineann le foirne ó thaobh amuigh de Chlub an Chontae Féin a bheith molta ag an gCoiste Contae Baile.

(e) Íocfar táille €40 ar Thurnaimint Idirchontae agus táille €20 ar Thurnaimint Idir-Chlub leis an iarratas.

(f) Déanfaidh Aonaid a mbeidh Cluichí Turnaiminte á n-eagrú acu an t-iarratas, i scríbhinn, chuig an údarás cuí/na húdaráis chuí in am le go mbeidh cead tugtha nó seachas sin, seacht lá roimh dháta tosaigh na Turnaiminte a bheidh beartaithe. Féadfadh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil údarás a thabhairt dá Rúnaí chun cead a thabhairt. I gcás go dteastaíonn ceadú ó níos mó ná Aonad amháin den Chumann le haghaidh Turnaiminte faoi leith, tabharfaidh an tAonad Iarrthóra fógra, ag an am céanna nó thart fán am céanna, go díreach do na hAonaid ábhartha uile.

(g) Beidh na sonraí seo a leanas san iarratas:

Ainmneacha na bhFoirne Iomaíochta; an tIonad; ainmneacha na Réiteoirí neodracha, a bheidh ar Liosta reatha agus aitheanta na

Réiteoirí, ar na Leibhéil Chontae/Chúige/Náisiúnta, de réir mar is cuí.

(h) Cuirfear Tuairisc Cluiche an Réiteora faoi bhráid an údaráis chuí laistigh de thrí lá ó chluiche. Nuair is iomchuí leis an gComhairle nó leis an gCoiste i bhFeighil, cuirfear an Tuairisc isteach laistigh de 24 huaire.

(i) Tá feidhm ag na Rialacha thuas maidir le Comórtais Seachtar-an-Taobh, ach amháin teorainn foirne faoi mar a shainítear i gCuid (c) thuas. Tá líon na bhfoirne a cheadófar i gComórtas Seachtar-an-Taobh faoi rogha an Údaráis Rialaithe chuí. Beidh na comórtais sin faoi réir Rialacha na Treorach Oifigiúla, agus Rialacha eile a dhréachtóidh an Lárchoiste Rialaithe Comórtais.

Ní cheadófar athrú ar bith ar na Rialacha lena rialaítear smacht.

(j) Tá na Rialacha thuas infheidhme i leith Turnaimintí Ógánach (a bhaineann le himreoirí san aoisghrúpa faoi bhun 16 nó níos óige).

(k) Beidh comórtas réamhshéasúir Idirchontae aosach a eagraíonn na Comhairlí Cúige curtha i gcrích roimh bhabhta deiridh na gcluichí i Rannán a hAon de na Sraitheanna Náisiúnta faoi seach.

Ní rachaidh mainneachtain i gcló le ceann ar bith d'Fhorálacha na Rialacha thuas, i gcion ar Imeachtaí Smachtaithe a thiocfadh as Cluiche a imródh a thionscain.

Pionóis:

As Turnaimint Neamhúdaraithe a Eagrú -

Contae - Fíneáil €1,000

Club - Fíneáil €500; Faoi dhliteanas Fionraíocht 8 seachtaine ar a laghad.

As Páirt a Ghlacadh i dTurnaimint Neamhúdaraithe -

Contae - Fíneáil €500

Club - Fíneáil €250

Foireann/Imreoir - Faoi dhliteanas Fionraíocht 8 seachtaine ar a laghad.

6.41 Cluichí dúshláin

(a) Beidh gach Cluiche Dúshláin ceadaithe ag an Údarás Rialaithe cuí, a dhéileálfadh le cúrsaí smachtaithe ar bith a thiocfadh chun cinn.

(b) Ceadóidh an Chomhairle Chúige (Comhairlí Cúige) agus an Ard-Chomhairle cluiche Dúshláin Idirchontae, de réir mar is cuí.

Ní mór ceadú a fháil ón gComhairle Chúige i gcás go dtagann foirne as an gCúige amháin, agus ón na Comhairlí Cúige cuí agus ón Ard-Chomhairle i gcás go dtagann na foirne as níos mó ná Cúige amháin.

I ndiaidh thabhairt i gcrích Sraithe Náisiúnta Iománaíochta nó Peile ar bith agus céad chluiche contae áirithe i gCraobhchomórtas Sinsir Contae, ní féidir Cluiche Dúshláin Idirchontae sa chód sin ar leibhéal ar bith atá níos airde ná Faoi bhun 17 (Mionúr) a imirt ach Dé Luain, Dé Máirt nó Dé Céadaoin (ach amháin sna tréimhsí atá sonraithe i Riail 6.22(a) nuair nach bhfuiltear ag dréim le himreoirí Idirchontae a gcluichí Craobhchomórtais Idirclub a chomhlíonadh. Diúltóidh an Comhlacht Smachtaithe cead i leith Cluichí Dúshláin beartaithe dá leithéid mura bhfuil sé sásta gur comhlíonadh an coinníoll thuas, ach féadfar cead speisialta a thabhairt i gcúinsí eisceachtúla (eisceacht le haghaidh Oscailt Oifigiúil Páirce).

Pionós maidir le sárú ar (b): Géillfidh Contae a Ionad Baile dá chéad 'Chluiche Baile' eile sa tSraith Náisiúnta faoi seach.

(c) Ceadóidh an Coiste Contae (Coistí Contae), Comhairlí Cúige agus nó an Ard-Chomhairle Cluiche Dúshláin Idir-Chlub. Ní mór ceadú a fháil ón gCoiste Contae i gcás go dtagann foirne as an gCúige amháin, agus ón na Coistí Contae agus ón gComhairle Chúige i gcás go dtagann na foirne as dhá Chontae nó níos mó, agus ní mór ceadú a fháil ón na Coistí Contae, ó na Comhairlí Cúige cuí agus ón gComhairle Láir i gcás go dtagann na foirne as níos mó ná Cúige amháin.

(d) Déanfaidh Aonaid a mbeidh Cluichí Dúshláin á n-eagrú acu iarratais, i scríbhinn, chuig an údarás cuí/na húdaráis chuí in am le go mbeidh cead tugtha nó seachas sin, dhá lá roimh dháta tosaigh an chluiche a bheidh beartaithe. Féadfaidh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil údarás a thabhairt dá Rúnaí chun cead a thabhairt.

I gcás go dteastaíonn ceadú ó níos mó ná Aonad amháin den Chumann le haghaidh Cluiche Dúshláin faoi leith, tabharfaidh an tAonad Iarrthóra fógra, ag an am céanna nó thart fán am céanna, go díreach do na hAonaid ábhartha uile.

(e) Beidh na sonraí seo a leanas san iarratas:

Ainmneacha na bhFoirne Iomaíochta; an tIonad; Ainmneacha an Réiteora, a bheidh ar Liosta reatha agus aitheanta na Réiteoirí, ar na Leibhéil Chontae/Chúige/Náisiúnta, de réir mar is cuí.

Beidh an Réiteoir Neodrach i gcás Chluiche Idirchontae na Sinsear.
(f) Cuirfear Tuairisc Cluiche an Réiteora faoi bhráid an údaráis
chuí laistigh de thrí lá ón gCluiche.

Nuair is iomchuí leis an gCoiste i bhFeighil, cuirfear an tuairisc
isteach laistigh de 24 huair.

(g) Tá na Rialacha thuas infheidhme i leith cluichí Dúshláin
Ógánach (imreoirí san aoisghrúpa Faoi bhun 16 nó níos óige).
Ní rachaidh mainneachtain i gcloí le ceann ar bith d'Fhorálacha na
Rialacha thuas, i gcion ar Imeachtaí Smachtaithe a thiocfadh as
Cluiche a imríodh a thionscnamh.

Pionóis:

Maidir le hAonad a ghlacann páirt i gCluiche Dúshláin
neamhúdaráithe:

Fíneáil - Contae €250, Club €100.

CLUICHÍ - GINEARÁLTA

6.42 Ceapadh Oifigeach Cluichí

Beidh an chumhacht absalóideach ag an Ard-Chomhairle, ag na Comhairlí Cúige agus ag na Coistí Contae (faoi réir fhorálacha Rialacha 3.50(b), 3.32(A) agus 3.20(ii)) oifigh na gcluichí a cheapadh le haghaidh gach Cluiche faoina ndlínsí faoi seach. Féadfaidh an Chomhairle nó an Coiste ceapadh Maor agus Maor Líne a tharmligean don Réiteoir.

Beidh an Riarthóir Réiteoirí faoi seach ag leibhéil Chontae agus Chúige ina bhall den Choiste atá freagrach as ceapadh na Réiteoirí ag na leibhéil sin.

Ní bheidh sé i dteideal cúrsaí ar bith eile a phlé nó vótáil ina leith, cé is moite de cheapadh na réiteoirí.

I gcás nach bhfuil Réiteoir ceaptha ábalta feidhmiú eagróidh an Rúnaí nó ball eile den Choiste i bhFeighil ionadaí. Maidir le cluichí Chraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, ceapfaidh an Coiste freagrach maor líne neodrach agus ainmneofar duine de na maor líne roimh ré mar an Réiteoir cúltaca.

Ceapfaidh sé Oifigeach Taobhlíne le haghaidh Cluichí Idirchontae na Sinsear chomh maith.

6.43 Bronnadh/Fíricí cluiche

Is faoin gCoiste nó faoin gComhairle i bhFeighil ag gníomhú ar Thuairisc an Réiteora a bheidh Bronnadh Cluiche.

I gcás go dteipeann ar an Réiteoir a Thuairisc a chur isteach laistigh de thréimhse 10 lá i ndiaidh an Chluiche, beidh an chumhacht ag an gCoiste nó ag an gComhairle i bhFeighil chun déileáil le Fíricí an Chluiche ar bhonn na fianaise sin is iomchuí leis an gCoiste nó leis an gComhairle i bhFeighil.

Féadfaidh an Coiste nó an Chomhairle i bhFeighil Cluiche a bhronnadh chomh maith bunaithe ar thoradh Agóide nó Cur i gcoinne Agóide.

6.44 Rialacha maidir le Sonraíocht agus Rialú - Pionóis

Beidh na pionóis as sáruithe ar na Rialacha thuas mar a leanas (a) Foireann a dteipfidh uirthi cúig imreoirí déag a chur chun páirce, lena n-áirítear na himreoirí a chuirfear den pháirc nó a scoirfidh agus iad gortaithe, faoi thús an dara coda de chluiche:

Pionós: Cluiche a chur ar Ceal agus é a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile.

- (b) (i) Foireann a sháraíonn líon na n-imreoirí a cheadaítear faoi Riail 2.1 Rialacha maidir le Sonraíocht, Rialacha Imeartha:
(ii) Foireann a sháraíonn líon na n-ionadaithe a cheadaítear faoi Riail 2.4 (i) agus (ii) nó a sháraíonn Riail 2.4 (iv) (b), Rialacha maidir le Sonraíocht, Rialacha Imeartha:

Pionóis:

Ar agóid chruthaithe - Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile, nó Athimirt, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil - An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

- (c) (i) Mainneachtain i liosta Imreoirí a sholáthar faoi mar a shainítear i Riail:
(ii) Ionadaí (lena n-áirítear Ionadaí Sealadach) a chur in ionad imreora nach bhfuil a ainm tugtha don Réiteoir nó don Oifigeach Taobhlíne, de réir mar is cuí, agus faoi mar a shainítear i Riail:
(iii) I gCluichí idir Contaetha, Ionadaí (lena n-áirítear Ionadaí Sealadach) a chur in ionad imreora nach bhfuil a ainm ar an liosta d'Imreoirí a tugadh don Réiteoir:

Pionós:

Ar fhiosrú arna dhéanamh ag an gCoiste i bhFeighil – An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, ag brath ar na cúinsí.

- (d) Déanach ag dul chun páirce.

(i) Foireann a bheidh déanach ag dul chun páirce roimh chluiche:

Pionóis: Contae nó Cúige - Fíneáil €100; Fíneáil Chlub €20 - le haghaidh gach cúig nóiméad nó cuid de suas go dtí 15 nóiméad, agus ina dhiaidh gach nóiméad nó cuid de suas go dtí 30 nóiméad. Le haghaidh os cionn 30 nóiméad i ndiaidh an Ama Tosaithe a ceapadh measfar gur géilleadh an Cluiche agus Bronnfar ar an bhFoireann Eile é, mura bhfuil cúinsí eisceachtúla i réim.

(ii) (a) Foireann a bheidh freagrach as sos leath ama a shárú faoi mar a shonraítear i Rialacha 3.3 agus 3.7 de na Rialacha maidir le Sonraíocht:

Pionóis: Contae nó Cúige - Fíneáil €80 le haghaidh gach cúig nóiméad nó cuid de; Club - Fíneáil €10 le haghaidh gach nóiméad nó cuid de.

(b) Foireann a bheidh freagrach as tréimhse Sosa cheadaithe a shárú ar feadh níos mó ná 10 nóiméad:

Pionós: Cluiche a chur ar Ceal agus é a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile.

(iii) Foireann (foirne) nár cuireadh chun páirce le haghaidh breis ama éigeantach laistigh de na nóiméid shonraithe:

Pionós: Cluiche a chur ar Ceal agus é a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile.

(e) Le haghaidh iontráil neamhúdaráithe i bpáirc imeartha ag Oifigeach Foirne.

Pionós: Fionraíocht 4 seachtaine.

(f) Geansaithe/Dathanna:

(i) Foireann Chontae nach bhfuil a ndathanna sainiúla cláraithe á gcaitheamh acu i gcomórtais Idirchontae, nó i gcás go bhfuil contae ann ag a bhfuil dathanna comhchosúla nach bhfuil a ndathanna malartacha cláraithe nó dathanna eile atá údaraithe nó ordaithe ag an gComhairle Rialaithe á gcaitheamh acu.

Pionós: Pionós: Fíneáil €500.

(ii) Foireann Chlub nach bhfuil a ndathanna sainiúla cláraithe á gcaitheamh acu i gcomórtais Idirclub, nó i gcás go bhfuil club ann ag a bhfuil dathanna comhchosúla nach bhfuil a ndathanna malartacha atá faofa ag an gComhairle Rialaithe á gcaitheamh acu.

Pionós: Beidh Clubanna faoi dhliteanas fíneáil €40 ar a laghad.

(iii) Mura bhfuil geansaí atá sainiúil ó dhathanna a fhoirne féin agus na foirne eile á chaitheamh ag an gcúl báire.

Pionós: Fíneáil €80.

6.45 Tréimhsí Dúnta/Comhthraenáil

Comhthraenáil: *Is éard is Comhthraenáil ann nuair a chaithfidh imreoir amháin nó níos mó a bheith in áit faoi leith ag am faoi leith ar dháta faoi leith.*

Is féidir le painéil Idirchontae na Sinsear filleadh ar chomhthraenáil agus/nó ar chluichí le haghaidh na bliana dár gcionn ar amchlár a chinneadh an Ard-Chomhairle gach bliain.

Beidh tréimhse dhúnta éigeantach i gceist le haghaidh chluichí agus chomhthraenáil painéil Idirchontae uile na Sinsear ón 21 Nollaig go dtí an 28 Nollaig agus na dátaí sin san áireamh.

Ní bheidh Comhthraenáil do gach Painéal Foirne Idirchontae na Sinsear lena mbaineann fanacht thar oíche ceadaithe ón 1 Aibreán go dtí an 1 Samhain ach amháin le linn na 10 lae sula n-imríonn an fhoireann sin i gcluiche craobhchomórtais, nó 17 lá más Cluiche Ceannais na hÉireann atá i gceist leis an gcluiche, ach amháin má tugadh cead scríofa roimh ré ag an Lárchoiste Rialaithe Comórtais.

Beidh na dátaí tosaithe le haghaidh chomhthraenáil agus/nó chluichí na bhfoirne Idirchontae faoi aois, mura fhaomhann an Ard-Chomhairle a mhalairt, mar seo a leanas:

Peile Faoi bhun 20

- An 1 Aibreán le haghaidh comhthraenála, cluichí dúshláin/turnaiminte (Nóta: Níl Cluichí Dúshláin ceadaithe i 2019)

Iománaíocht Faoi bhun 20

- An 1 Márta le haghaidh comhthraenála.
- An 31 Márta le haghaidh cluichí dúshláin/turnaiminte.

Iománaíocht agus Peil na Mionúr

- Tá gníomhaíocht uile na n-imreoirí Faoi bhun 16 le bheith críochnaithe faoin 31 Deireadh Fómhair.
- An 1 Eanáir le haghaidh comhthraenála.
- An 31 Eanáir le haghaidh cluichí dúshláin/turnaiminte.

Beidh Foireann Idirchontae Faoi Aoise (i.e. Faoi Bhun 20 nó Mionúr) teoranta do thrí chomhsheisiún ar mhéad- Traenáil agus/nó Cluichí - in aghaidh na seachtaine.

Pionóis as sárúithe:

Painéil Fhoirne Idirchontae na Sinsear: Géillfidh an fhoireann a hIonad Baile dá céad Chluiche Baile eile sa tSraith Náisiúnta.

6.46 Athruithe ar Struchtúr na gComórtas

Aonaid Chúige ag a bhfuil an fhreagracht as Comórtais Idirchontae, Chlub, Ardoideachas agus Iarbhunscoileanna, ní chuirfidh siad leis an Struchtúr Comórtas atá ann cheana nó ní athróidh siad é gan cead a fháil roimh ré ón gComhairle Cúige nó ón Lárchoiste Rialaithe Comórtas, de réir mar is cuí.

CAIBIDIL 7: FORFHEIDHMIÚ NA RIALACHA/ EADRÁIN

7.1 Dlínte Smachtaithe

(a) Beidh an chumhacht ag an Ard-Chomhairle, ag Comhairlí Cúige, ag Coistí Contae agus ag Aonaid Thar Lear laistigh dá ndlínsí faoi seach Rialacha agus Fodhlíthe a fhorfheidhmiú, imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe ar Rialacha agus ar Fhodhlíthe, rabhadh a thabhairt d'Aonad nó do Bhall ar bith maidir le hiompar amach anseo, agus cibé pionós a leagfaí síos a ghearradh ar Bhaill, ar Fhoirne agus ar Aonaid, nó i gcás nach bhfuil pionós ar bith leagtha síos, pionós iomchuí a ghearradh orthu as sárúithe dá leithéid.

I gcás go ndéantar tagairt i Riail don Ard-Chomhairle, do Chomhairlí Cúige nó do Choistí Contae, áireofar ar thagairt dá leithéid go bhfuil dlínse ag a bhFochoistí thar Chúrsaí Smachtaithe nó beidh sí ina tagairt ina leith sin.

Beidh Údarás Smachtaithe ag na Comhairlí dá dtagraítear i Rialacha 3.56, 3.57 agus 3.58, ag Coistí eile arna n-údarú ag an Ard-Chomhairle agus ag Fochoistí díobh ina réimsí oibríochta faoi seach.

(b) I gcás go measann Comhairle nó Coiste go ndearna Ball nó Aonad ó thaobh amuigh dá limistéar dlínse calaois nó sárú ar bith ar Riail laistigh dá limistéar dlínse, tuairisceoidh sé an cúrsa lena mbreithniú don Comhairle Cúige má bhíonn an Ball nó an tAonad faoi dhlínse na Comhairle Cúige céanna, nó don Ard-Chomhairle i ngach cás eile.

(c) Beidh pionós ar bith a ghearrfar i bhfeidhm ar fud an Chumainn, lena n-áirítear pionós ar bith a ghearrfaidh Aonad Idirnáisiúnta.

(d) Tá Dlínte Smachtaithe Oifigeach Cluichí maidir le Rialú Cluichí ar an bPáirc Iomána ar leith ó fhorálacha na Rialacha seo.

(e) Beidh an ceart ag Coiste Rialaithe Comórtas Ógánach (Faoi bhun 16) Bearta Smachtaithe a thionscnamh i gcoinne Baill Aosaigh, ach i gcás go n-iarrann Páirtí Cosanta Éisteacht éistfidh an Máthairchoiste Éisteachtaí í a bhfuil an ball ina ábhar faoina dhlínse dhíreach.

7.2 Calaoisí

Beidh an méid seo a leanas ina gcalaoisí lena mbaineann Dlí nse Smachtais an Chumainn:

(a) Sárú ar bith ar Rialacha agus ar Fhodhlíthe lena n-áirítear

Cóid, Rialacháin, Treoirínte agus Treoracha a rinneadh fúthu.

Pionóis:

Faoi mar a fhoráiltear sna Rialacha agus sna Fodhlíthe ábhartha lena n-áirítear na Cóid, Rialacháin, Treoirínte agus Treoracha a rinneadh fúthu.

(b) Mí-iompar Imreoirí ag Cluichí, ina bhfuil sé Chatagóir Calaoisí a tharlaíonn ar an bPáirc Imeartha nó gar di, agus a tharlaíonn díreach roimh Chluiche, lena linn nó ina dhiaidh:

Catagóir I

A bheith curtha den pháirc de bhun:

Na dara Calaoise ar féidir Rabhadh a thabhairt ina leith nó

Calaois a Thuilleann Rabhadh agus Calaois Iompair Shoiniciúil (sa Pheil).

Pionós:

(i) Pionós Seasta: Díbharrú ó imirt don chuid eile den chluiche, am breise san áireamh;

Pionós Seasta as an dara Calaois Athuaire (i.e. a bheith curtha den pháirc den tríú huair) - Fionraíocht Cluiche Amháin sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme i leith an chéad chluiche eile sa Chomórtas inar cuireadh an t-imreoir den pháirc an tríú huair, fiú má bhíonn an cluiche sin ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

Eisceacht le (ii) thuas:

Ní bheidh an Pionós seo i bhfeidhm maidir le Calaoisí a dhéanfar sa tSraith Náisiúnta Peile nó i gCraobhchomórtas Idirchontae Peile na Sinsear lena mbaineann Foráil agus Pionós eile, arna leagan amach i gCatagóir II, Pionós (2) thíos.

Catagóir II

A bheith curtha den pháirc as Calaois Iompair Shoiniciúil (sa Pheil).

(i) Céile comhraic a tharraingt anuas d'aon toil.

- (ii) Cor coise a thabhairt do chéile comhraic d'aon toil leis an lámh (lámha), sciathán nó cos.
- (iii) Buaileadh in éadan céile comhraic d'aon ghnó i ndiaidh dó an liathróid a bhuaileadh ar shiúl nó chun é a bhaint amach as gluaiseacht imeartha.
- (iv) Bagairt a dhéanamh ar chéile comhraic nó ar chomhghleacaí foirne nó caint mhaslach nó ghriósaitheach nó comharthaí maslacha nó griósaitheacha a úsáid leis.
- (v) Gearán a dhéanamh ar mhodh ionsaitheach le hOifigeach Cluichí.

Pionóis:

- (1) Pionós Seasta: Díbharrú ó imirt don chuid eile den chluiche, am breise san áireamh;
- (2) Pionós Seasta as a bheith curtha den pháirc trí huaire as Iompar Soiniciúil nó Dara Calaois ar féidir Rabhadh a thabhairt ina leith a rinneadh sa bhliain chéanna sa tSraith Náisiúnta Peile, Craobhchomórtas Idirchontae Peile na Sinsear nó sa dá Chomórtas le chéile:
Fionraíocht Cluiche Amháin a bheidh is infheidhme leis an gcéad chluiche eile sa tSraith Náisiúnta Peile/Craobhchomórtas Idirchontae Peile na Sinsear le chéile, fiú má bhíonn an cluiche sin ar siúl an bhliain dár gcionn.

Catagóir III

- (i) Buaileadh nó iarracht a dhéanamh buaileadh leis an sciathán, uillinn, lámh nó glúin.
- (ii) Buaileadh nó iarracht a dhéanamh buaileadh le camán, le híosfhórsa.
- (iii) Ciceáil nó iarracht a dhéanamh ciceáil, le híosfhórsa.
- (iv) A bheith i mbun iompair ar bhealach atá contúirteach do chéile comhraic, lena n-áirítear a chosaint aghaidhe nó cuid ar bith de chlogad céile comhraic (san iománaíocht) a tharraingt nó greim a fháil orthu.
- (v) Seile a chaitheamh ar chéile comhraic.
- (vi) Bheith páirteach i dtroid
- (vii) Caint mhaslach a úsáid le Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.
- (vii) Mionchur isteach coirp e.g. lámh a leagan orthu, iad a bhrú, iad a tharraingt nó bheith ag buaileadh ina n-éadan

Oifigeach na Foirne eile ar an bPáirc Imeartha nó den Pháirc Imeartha.

Pionóis:

(1) Íosphionós - Fionraíocht Cluiche Amháin sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis an gcéad chluiche eile sa Chomórtas céanna, fiú má bhíonn an cluiche sin ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire - Fionraíocht Dhá Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh i bhfeidhm go dtí na chéad chluichí eile sa Chomórtas inar tharla an Chalaois Athuaire fiú má bhíonn ceann amháin de na cluiche nó an dá chluiche ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

Eisceachtaí le (1) agus (2) thuas:

Ag eascairt ón tSraith Náisiúnta, ó Chraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear nó ón dá chomórtas le chéile (iad ar fad sa Chód céanna), beidh na pionóis seo a leanas in áit na bPionós thuas:

(1) Íosphionós: Fionraíocht Cluiche Amháin sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis an gcéad chluiche eile sa tSraith Náisiúnta nó Craobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, fiú má bhíonn an cluiche sin ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraíocht Dhá Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis na chéad Chluichí eile sa tSraith Náisiúnta nó i gCraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, fiú má bhíonn ceann amháin de na cluiche nó an dá chluiche ar siúl an bhliain dár gcionn.

Catagóir IV

- (i) Buaileadh nó iarracht a dhéanamh buaileadh leis an gcloigeann.i) Buaileadh nó iarracht a dhéanamh buaileadh leis an sciathán, uillinn, lámh nó glúin.
- (ii) Céile comhraic a bhuaileadh le camán, le fórsa nó buille a mbeadh gortú mar thoradh air.
- (iii) Iarracht a dhéanamh buaileadh le camán, le fórsa.
- (iv) Céile comhraic a chiceáil, le fórsa nó cic a mbeadh gortú mar thoradh air.

(v) Iarracht a dhéanamh ciceáil, le fórsa.

(vi) Greadadh.

(vii) Gortú a dhéanamh ar chéile comhraic go meargánta trí bhealaí seachas na bealaí atá sonraithe thuas.

(viii) Ionsaí ar bith de chineál ar bith ar Oifigeach na Foirne Eile.

(ix) Gníomh trí Bheart, trí Fhocal nó trí Chomhartha de chineál Ciníochais, Seicteach, Frithchuimsithe/Frithéagsúlachta.

Pionóis:

Le haghaidh Calaoisí (i) go (viii) go huile-

(1) Íosphionós: Íosphionós - Fionraíocht Dhá Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis na chéad chluichí eile sa Chomórtas céanna, fiú má bhíonn cluiche amháin nó dhá chluiche ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Íosphionós ar Chalaois Athuaire - Fionraíocht Trí Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis na chéad chluichí eile sa Chomórtas inar tharla an Chalaois Athuaire, fiú má bhíonn cluiche amháin nó níos mó de na cluichí ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn.

Eisceachtaí le (1) agus (2) thuas:

Ag eascairt ón tSraith Náisiúnta, ó Chraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear nó ón dá chomórtas le chéile (iad ar fad sa Chód céanna), beidh na pionóis seo a leanas in áit na bPionós thuas:

(1) Íosphionós: Fionraíocht Dhá Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna, a bheidh infheidhme leis na chéad Chluichí eile sa tSraith Náisiúnta nó i gCraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, fiú má bhíonn ceann amháin de na cluiche nó an dá chluiche ar siúl an bhliain dár gcionn.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraíocht Trí Chluiche sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna a bheidh infheidhme leis na chéad chluichí eile sa tSraith Náisiúnta nó i gCraobhchomórtas Idirchontae na Sinsear, fiú má bhíonn cluiche amháin nó an dá chluiche ar siúl i gcomórtas na bliana dár gcionn

Le haghaidh Calaoise (ix) -

(3) Gearrfar pionós as Calaois (ix) thuas faoi Riall 7.2 (e).

Catagóir V

- (i) Mionchur isteach coirp (e.g. lámh a leagan, bheith ag brú, bheith ag tarraingt nó bheith ag buaileadh in éadan) le Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.
- (ii) Caint bhagrach a úsáid le Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.
- (iii) Caitheamh go bagrach nó go maslach le Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.

Pionóis:

- (1) Íosphionós: Fionraíocht 12 sheachtain i ngach Cód agus ar gach Leibhéal.
- (2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraíocht 24 seachtain i ngach Cód agus ar gach Leibhéal.

Catagóir VI

Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne a bhuaileadh nó iarracht a dhéanamh iad a bhuaileadh nó ionsaí de chineál ar bith orthu.

Pionóis:

- (1) Íosphionós: Fionraíocht 48 seachtaine i ngach Cód agus ar gach Leibhéal agus beidh Foireann an té a rinne an feall faoi dhliteanas Dícháilithe, más cuí.
- (2) Calaois Athuaire laistigh de 96 sheachtaine: Fionraíocht 96 seachtaine i ngach Cód agus ar gach Leibhéal agus beidh Foireann an té a rinne an feall faoi dhliteanas Dícháilithe, más cuí.

Pionós Malartach ar Fhionraíocht Cluichí neamh-infheidhme.

I gcás nach féidir Fionraíocht Chluiche a d'eascair as Rialacha 7.2 nó 7.5(h) a chur i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt ar imreoir sa Chomórtas sonrach, a eascródh ó chúinsí (neamh-uileghabhálach) amhail:

- (i) Imreoir ag éirí as Grád Faoi Aoise,
- (ii) Cluiche Réitigh Ardaithe Céime/Íslithe Céime - a bheith curtha i gcrích nó líon neamhleor cluichí le himirt,
- (iii) Turnaimint - a bheith curtha i gcrích nó líon neamhleor cluichí le himirt,

(iv) Cluiche Dúshláin,

- molfar/gearrfar Fionraíocht dhá sheachtain le haghaidh gach Fionraíocht Cluiche Amháin neamh-infheidhme sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna.

I gcás go n-éiríonn imreoir as Leibhéal (e.g. Scoileanna Dara Leibhéal, Coláistí Tríú Leibhéal), cuirfidh an Coiste i bhFeighil an cás ar aghaidh chuig an gCoiste Rialaithe Comórtas ar leibhéal an Choiste Contae, na Comhairle Cúige nó na hArd-Chomhairle lena bhreithniú.

Molfar/gearrfar Fionraíocht dhá sheachtain le haghaidh gach Fionraíocht Cluiche amháin ar an leibhéal Club.

(Féach Aguisín 2)

Sainmhíniú ar “Chalaois Athuaire”

Ciallaíonn “Calaois Athuaire” i gCuid na Rialach thuas an dara tarlú nó tarlú ina dhiaidh sin de Chalaois Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí sa Chatagóir chéanna laistigh de thréimhse 48 seachtaine (nó tréimhse 96 seachtaine i gcás Fheall Chatagóir VI). Maidir le Catagóirí I, III agus IV, ní bheidh ach Calaois a rinneadh sa Chód céanna ar an Leibhéal céanna leis an tarlú roimhe sin ina Calaois Athuaire. Maidir le Catagóirí V agus VI, beidh an dara tarlú ina Calaois Athuaire beag beann ar Chód nó Leibhéal an tarlaithe roimhe sin.

(c) Mí-iompar Oifigeach Foirne ag Cluichí, ina bhfuil ceithre Chatagóir Calaoisí ag Oifigigh Fhoirne a tharlaíonn ar an bPáirc Imealta nó gar di, agus a tharlaíonn díreach roimh Chluiche, lena linn nó ina dhiaidh:

Catagóir Ia

Caint mhaslach a úsáid le Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.

Pionóis:

(1) Íosphionós: Fionraí 4 seachtaine.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraí 8 seachtaine.

Catagóir IIa

Cur isteach coirp de chineál ar bith le hImreoir nó le hOifigeach Foirne de chuid na Foirne Eile.

Pionóis:

(1) Íosphionós: Fionraí 8 seachtaine;

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraí 16 seachtaine.

Catagóir IIIa

Mionchur isteach coirp agus ar Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne (e.g. lámh a leagan orthu, iad a bhrú, iad a tharraingt nó bheith ag buaileadh ina n-éadan) nó a bheith ag caitheamh go bagrach nó go maslach leo, nó caint bhagrach agus mhaslach a úsáid leo.

Pionóis:

(1) Íosphionós: Fionraí 12 seachtain.

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraí 24 seachtaine.

Catagóir IVa

Ionsaí de chineál ar bith ar Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.

Pionóis:

(1) Íosphionós: Fionraíocht 48 seachtaine, agus Foireann an duine chiontaigh faoi dhliteanas Dícháilithe, más cuí;

(2) Íosphionós ar Chalaois Athuaire: Fionraíocht 96 seachtaine, agus Foireann an duine chiontaigh faoi dhliteanas Dícháilithe, más cuí; Beidh Fionraíocht i ngach ceann de na ceithre Chatagóir thuas i bhfeidhm i ngach Cód agus ar gach Leibhéal.

Sainmhíniú ar “Chalaois Athuaire”

Ciallaíonn “Calaois Athuaire” i gCuid na Rialach thuas an dara tarlú nó tarlú ina dhiaidh sin de Chalaois Mhí-iompar ar bith ag Cluichí ag Oifigigh Fhoirne sa Chatagóir chéanna laistigh de thréimhse 48 seachtaine (nó tréimhse 96 seachtaine i gcás Chalaois Chatagóir IVa), beag beann ar Chód nó Leibhéal an tarlaithe roimhe sin.

(d) Iompar Trioblóideach ag Imreoirí ag Cluichí, a tharlaíonn ar an bPáirc Imeartha nó gar di, agus a tharlaíonn díreach roimh Chluiche, lena linn nó ina dhiaidh:

(1) Foirceannadh Cluiche Roimh Am-

Mar gheall ar Chur Isteach Tromchúiseach ag Imreoirí, Oifigigh nó Leantóirí Foirne.

Pionóis:

Foireann – An Cluiche a chur ar Ceal agus é a Bhronnadh ar an bhFoireann eile (mura raibh an dá Fhoireann freagrach), ach amháin má tá imthosca maolaitheacha eisceachtúla i gceist.

Pionós Eile - faoi rogha na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil, faoi réir Pionóis a bheith de chineál dá bhforáiltear i Rialacha 7.1, 7.2 nó 7.4 go 7.9 go huile.

(2) Foirceannadh Cluiche Roimh Am-

Mar gheall ar:

- (i) Imreoir a dhiúltaíonn an pháirc a fhágáil nuair a cuireadh den pháirc é, nó a ghlacann páirt sa chluiche arís nuair a cuireadh den pháirc é;
- (ii) Foireann nó imreoir (imreoirí) a fhágann an pháirc gan cead ón Réiteoir nó a dhiúltaíonn dul ar aghaidh ag imirt.

Pionóis:

Pionóis Foirne agus Pionóis Eile – faoi mar atá in (1) thuas.

Imreoir (Imreoirí) is cúis le Foirceannadh an chluiche – fionraíocht 24 seachtaine, chomh maith le fionraíocht ar bith as Calaois a rinneadh sa Chluiche.

(3) Iompar trioblóideach ag Imreoirí, Oifigigh Fhoirne nó leantóirí (nach hiad is cúis le Foirceannadh Cluiche Roimh Am).

Pionós Eile - faoi rogha na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil, faoi réir Pionóis a bheith de chineál dá bhforáiltear i Rialacha 7.1, 7.2 nó 7.4 go 7.9 go huile.

(4) Féadfaidh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil a ordú nach ligfidh Aonaid duine ar bith, cibé an ball den Chumann iad nó nach ea, isteach ar an Maoín atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an Chumainn má mheastar go bhfuil an duine sin ciontach as Iompar Trioblóideach ag Cluichí.

(e) Mí-iompar a Meastar gur tharraing sé Míchlú ar an gCumann.

Áireofar air sin sáruithe ar Riail 1.12 den Treoir Oifigiúil Cuid 1, agus Rialacha 5.33 (Iománaíocht) agus 5.29 (Peil) Feallanna Ionsaitheacha, Rialacha Imeartha, an Treoir Oifigiúil Cuid 2.

Pionóis:

Ball - Fionraíocht 8 seachtaine ar a laghad. D'fhéadfaí breathnú ar Dhíbharrú agus Ruaigeadh ón gCumann chomh maith.

Foireann/Aonad - I gcás go meastar fionraíocht a bheith cuí 8 seachtaine ar a laghad. D'fhéadfaí breathnú ar Fhíneáil, Dhíbharrú agus Ruaigeadh ón gCumann chomh maith.

7.3 Nósanna Imeachta maidir le Smachtú agus Éisteachtaí Gaolmhara Beart Smachtaithe a Thionscnamh

(a) Déileálfar le himscrúdú agus próiseáil cúrsaí a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha trí:

- (1) I gcás cúrsaí a eascraíonn as Comórtais nó as Cluichí, Coiste Rialaithe Comórtas na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil, agus
- (2) I gcás cúrsaí a eascraíonn ar shlí eile seachas as Comórtais nó as Cluichí, an Coiste Bainistíochta.
Féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas nó an Coiste Bainistíochta duine amháin nó níos mó dá líon a cheapadh chun feidhmeanna áirithe dá gcuid a dhéanamh i ndáil le Beart Smachtaithe ar bith.

(b) Tuigfear tagairtí sa Riail seo don Choiste Rialaithe Comórtas mar thagairtí don Choiste Bainistíochta i gcásanna Beart Smachtaithe a eascraíodh ar bhealaí eile seachas as Comórtais nó as Cluichí.

(c) Tabharfaidh an Coiste Éisteachtaí breith i ngach cás i gcás go n-iarrfar Éisteacht a bhaineann le Forfheidhmiú Rialacha, seachas Agóidí agus Frithagóidí.

(d) Cuirfear tús le Beart Smachtaithe i gcás:

- (1) go nochtar calaois líomhnaithe i dTuairisc Réiteora,
- (2) go gcinneadh an Coiste Rialaithe Comórtas go bhfuil an Beart Smachtaithe cuí ag eascairt as Comórtais nó Cluichí, faoi réir Riail 7.3(f),
nó
- (3) go gcinneadh an Coiste Bainistíochta go bhfuil an Beart Smachtaithe cuí a eascraíonn ar bhealaí eile seachas as Comórtais nó Cluichí.

(e) Féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas Iarratas i scríbhinn ar Shoiléiriú ó Réiteoir a dhéanamh:

- (1) i gcás go bhfuil débhrí ar bith ina Thuairisc, nó
- (2) i gcás go bhfuil an Coiste Rialaithe Comórtas i mbun imscrúdú a dhéanamh ar Chalaouis fhéideartha nach bhfuil sonraithe ina Thuairisc (fiú má nochtar an teagmhas féin).

(f) Beart Smachtaithe lena líomhnaítear gur tharla Calaois ar an bPáirc Imeartha nó gar di, díreach roimh cluiche, lena linn nó ina dhiaidh, ní féidir leis an gCoiste Rialaithe Comórtas é a thosú ach i gcás:

- (i) Go nochtar an Chalaouis líomhnaithe i dTuairisc an Réiteora; nó

(ii) Gur theip ar an Réiteoir a thuairisc a chur isteach laistigh de thréimhse cúig lá tar éis an Chluiche lena mbaineann; nó

(iii) Go bhfuarthas soiléiriú ar Thuairisc an Réiteora ina sonraítear nár thug an Réiteoir breith ar ábhar an Iarratais.

(g) Ní bheidh na Rialacha nós imeachta i bhfeidhm i gcásanna maidir le forchuireadh íosfhéineála sainithe i Riail nó i Rialachán Cluiche nó caillteanas pointí as mainneachtain i gcluiche sraithe a chomhlíonadh, agus sna cásanna sin ní bheidh an tAonad lena mbaineann i dteideal ach fógra i scríbhinn amháin maidir le forchuireadh an phionóis, agus ní bheidh sé i dteideal Éisteachta ag Coiste Éisteachtaí.

Ullmhú an Chúisimh

(h) I gcás go gcuirfear tús le Beart Smachtaithe, déanfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas imscrúdú ar an ábhar ar mhodh a bheidh áisiúil, cuirfidh sé agallamh ar na daoine (lena n-áirítear Oifigigh Chluichí) mar is iomchuí leis, tiomsóidh sé an fhianaise ábhartha de réir mar a chuirfear ar fáil dó í (cé acu má thugtar le tuiscint go ndearnadh Sárú nó ná dhéantar Baill an Aonaid lena mbaineann a chúiteamh), agus Tuarascáil a ullmhú (“an Tuarascáil um Smachtú”).

Níl Tuarascáil fhoirmiúil um Smachtú riachtanach i gcás go bhfuil go leor sonraí cuimsithe i dTuairisc Réiteora agus go gcuirtear cóip de Thuairisc an Réiteora nó de chuid is infheidhme di ar fáil don Pháirtí Cosanta, le litir chumhdaigh ina sonraítear an Riail (na Rialacha) lena mbaineann.

I gcás go bhfágann an Coiste Rialaithe Comórtas fianaise amach as an Tuarascáil um Smachtú agus má thaispeántar ina dhiaidh sin go raibh sé ábhartha, ní bheidh tionchar aige sin as féin ar bhailíochtú an Bhirt Smachtaithe.

(i) Beidh an méid seo a leanas sa Tuarascáil um Smachtú:

(1) Aitheantas duine (daoine) nó Aonaid (Aonad) a bhfuil an Beart Smachtaithe á dhéanamh ina leith (“an Páirtí Cosanta”),

(2) Ráiteas maidir leis an gcalaois líomhnaithe ina luafar an Riail (na Rialacha) agus an Fodhlí (na Fodhlíthe) a bhfuil sé líomhnaithe gur sáraíodh iad,

(3) Cóipeanna de na doiciméid ábhartha uile a bheidh ar fáil don Choiste Rialaithe Comórtas (lena n-áirítear, más cuí, Tuairisc Réiteora ar bith nó an chuid is infheidhme di, agus Soiléiriú ar bith a fuarthas a mhéid is a bhfuil tagairt ann don Chalaois a líomhnaíodh), agus

(4) Liosta finnétithe, más ann dóibh, a mbeidh orthu freastal ar an Éisteacht thar cheann an Choiste Rialaithe Comórtas. Féadfar an liosta a thabhairt cothrom le dáta ag céim ar bith suas le 24 huaire roimh Éisteacht ar bith.

Cásanna Práinneacha

(j) I gcásanna práinneacha, i gcás go gcreideann Imreoir go bhféadfadh sé a bheith ina ábhar i mBeart Smachtaithe, ach nach bhfuil Fógra um Beart Smachtaithe faighte aige, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoiste Rialaithe Comórtas a staid a shoiléiriú. Déanfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas socruithe éigeandála nuair a gheobhaidh sé iarratas dá leithéid chun staid an Imreora lena mbaineann a sheiceáil agus treoir a thabhairt air.

Fógra um Beart Smachtaithe

(k) Féadfaidh an Coiste Éisteachtaí, ag céim ar bith den Bheart Smachtaithe, a cheadú go ndéanfaí doiciméad ar bith a chuirfeadh páirtí ar bith sa bheart Smachtaithe sin isteach a leasú.

I gcás go dteastaíonn leasú a dhéanamh ar dhoiciméad a úsáideadh le linn an Bhirt Smachtaithe roimh Éisteacht, ba cheart don pháirtí ar mian leis é a leasú fógra a tabhairt don pháirtí eile a luaithe is féidir faoin leasú atá beartaithe, agus beidh an Coiste Éisteachtaí i dteideal éifeacht shiarghabhálach a thabhairt do leasú ar bith mar is cuí do na cúinsí.

(l) Nuair a chuirtear tús le Beart Smachtaithe, tabharfar Fógra don Pháirtí Cosanta. Leagfaidh an Ard-Chomhairle síos Foirmeacha Fógra chun cuidiú leis na Coistí Rialaithe Comórtas.

R7.3

(m) Tabharfar fógra sa mhodh atá leagtha síos le haghaidh Fógraí a sheirbheáil faoi Riail 4.6 - Cumarsáid.

(n) Beidh cóip den Tuarascáil um Smachtú san Fhógra, agus molfar pionós ann (nach lú ná an t-íosphionós) a bheidh oiriúnach faoi Rialacha an Chumainn (“an Pionós Molta”) i dtuairim an Choiste Rialaithe Comórtas.

(o) Tabharfar comhairle san Fhógra chomh maith don Bhall/Aonad faoin gceart chun Éisteacha, agus faoin gceart glao ar fhinnétithe.

Freagra

(p) Tabharfaidh an Páirtí Cosanta freagra laistigh de dhá lá ón dáta agus ón am ar a bhfuair sé an Fógra agus féadfaidh sé:

(1) an Pionós Molta a ghlacadh, nó

(2) Éisteacht a iarraidh, trí fhreagra a chur i scríbhinn.
Leagfaidh an Ard-Chomhairle síos Foirmeacha Freagra chun
cuidiú leis na Baill agus leis na hAonaid.

Eisceacht: Maidir leis an bPionós Seasta as Díbharrú ó imirt don
Chuid eile den Chluiche, am breise san áireamh, a leagadh síos le
haghaidh calaoisí athuaire Chatagóir 1 agus 11, ní bheidh an ball lena
mbaineann i dteideal ach fógra i scríbhinn amháin a fháil maidir le
Dearbhú an Phionóis ar dtús.

Ní fhéadfaidh ball Éisteacht a iarraidh maidir le calaoisí bainteacha ar
bith de chuid Chatagóir I agus II nó iad ar fad ach amháin nuair a
mholtar Fionraí Cluiche, nó a choibhéis ama ach féadfaidh siad
Soiléiriú a iarraidh ar Thuarascáil an Réiteora, mar a fhoráiltear dó i
Riail 7.3(s), uair ar bith ón am a tugadh fógra faoi shárú líomhnaithe
Chatagóir I nó II i dThuarascáil an Réiteora suas go dtí an t-am a iarrtar
Éisteacht ar Fhionraí Cluiche molta nó a choibhéis ama.

(q) Nuair a ghlacann an Páirtí Cosanta an Pionós Molta, gearrfar an
Pionós sin. Dearbhóidh an Coiste Rialaithe Comórtas forchur an
Phionóis don Pháirtí Cosanta le Fógra, ina mbeidh an Riail (Rialacha)
faoina bhforchuirtear an Pionós luaite.

(r) Mura dtugtar freagra ar Fhógra um Beart Smachtaithe laistigh de
thrí lá ón dáta agus ón am ar a bhfuair sé an Fógra, is ionann é sin
agus glacadh an Phionóis Mholta. Má chruthaítear níos déanaí é chun
sástacht an Choiste Éisteachtaí nach ndearna an Coiste Rialaithe
Comórtas seirbheáil an Fhógra um Beart Smachtaithe a chur i
bhfeidhm de réir na Rialach seo, ordóidh an Coiste Éisteachtaí go
ndéanfaí an Fhógra um Beart Smachtaithe a sheirbheáil arís agus
rachaidh an gnó ar aghaidh dá réir sin.

(s) I gcás go n-iarrann an Páirtí Cosanta Éisteacht, léireoidh sé ina
Fhreagra riachtanais speisialta ar bith maidir lena Éisteacht (e.g.
trealamh seinnte físeáin). Chomh maith leis sin féadfaidh sé Iarratas i
scríbhinn a chur isteach ar Shoiléiriú ar Thuairisc an Réiteora agus
tabharfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas an Soiléiriú a gheofar don
Choiste Éisteachtaí agus don Pháirtí Cosanta. Is féidir a leithéid
d'iarratas a chur isteach freisin maidir le sárú líomhnaithe Chatagóir I
nó II, mar a fhoráiltear dó i Riail 7.3(p).

(t) I gcás go n-iarrann an Páirtí Cosanta Éisteacht, tabharfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas cóip den Fhógra agus den Fhreagra, ina mbeidh na tagairtí ar fad iontu don ‘Phionós Molta’ scríosta, do Rúnaí an Choiste Éisteachtaí, a eagróidh an Éisteacht agus, chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí Cosanta agus don Choiste Rialaithe Comórtas maidir le háit, dáta agus am na hÉisteachta nó cúrsaí ábhartha ar bith eile.

Éisteachtaí

(u) Beidh an Coiste Éisteachtaí i gceannas ar Éisteacht ar bith. Beidh córam triúr ball den Choiste Éisteachtaí ag teastáil le haghaidh Éisteachta, ach ní bheidh níos mó ná cúigear ball i gceannas i gcás gur Ball Ógánaigh (faoi bhun 16 bliana d’aois) é an Páirtí Cosanta. Ní fhreastalóidh níos mo ná beirt bhall den Choiste Rialaithe Comórtas ar an Éisteacht chun an fhianaise sa Tuarascáil um Smachtú a chur i láthair.

(v) Ball den Choiste Rialaithe Comórtas nó den Choiste Éisteachtaí, ar ball é d’Aonad ar bith nó a bhfuil ról aige i ndáil le Ball, Foireann nó Aonad ar bith atá bainteach sna himeachtaí, seasfaidh sé síos ón gcás a chúiseamh nó ó bhreith a thabhairt.

(w) Ní fhéadfaidh Ball ar bith den Choiste cumarsáid a dhéanamh le ball ar bith den Choiste Rialaithe Comórtas nó den Choiste Éisteachtaí chun tionchar a imirt ar thoradh na hÉisteachta. Caithfear le cumarsáid neamhúdaraithle lena sárófar an Riail seo mar Mhí-iompar a Mheastar gur tharraing sé Míchlú ar an gCumann. Ní chuirfear cosc leis an Riail, áfach, ar fhinnéithe ar bith fianaise ábhartha a thabhairt ag Éisteacht.

(x) Cé is moite de Riail 6.7, déanfaidh beirt Bhall Iomlán ar a mhéad ionadaíocht ar son Club, Coiste nó Comhairle ag Éisteacht ar bith. Freastalóidh Ball go pearsanta air agus is féidir le Ball Iomlán amháin dá Chlub/Aonad a bheith ina chuideachta. Chomh maith leis an méid thuas, féadfaidh a dtuismitheoir(í) nó a gcaomhnóir(í) a bheith i gcuideachta Baill Faoi Aois.

(y) Má theipeann ar Pháirtí Cosanta a d’iarr Éisteacht freastal air gan mhíniú réasúnta ar bith, gearrfar an Pionós Molta, mar aon le Fíneáil €100 i gcás Club nó €300 i gcás Coiste Contae nó Comhairle Chúige.

(z) Déanfaidh an Coiste Éisteachtaí cinneadh maidir le gach ní a bhaineann le nós imeachta, agus féadfaidh sé Éisteachtaí a chur ar atráth agus cibé bearta is gá agus is cuí don Éisteacht a dhéanamh.

(aa) Beidh na Rialacha Fianaise seo a leanas i bhfeidhm:

(1) Go ginearálta, beidh fianaise ag Éisteacht ó bhéal, ach amháin:

(i) Féadfar ábhair fíoras chomhaontaithe a bheith sonraithe i scríbhinn;

(ii) Ceanglóidh an Coiste Éisteachtaí cibé leibhéal iontaofachta d'fhianaise dhoiciméadach (lena n-áirítear fianaise trí fhíseán) mar is iomchuí i gcúinsí na hÉisteachta.

(iii) Beidh fianaise trí fhíseán a thabharfaidh páirtí ar bith isteach inghlactha ar an gcoinníoll:

(a) gur tugadh cóip do gach páirtí eile laistigh de thréimhse réasúnta roimh an Éisteacht, agus

(b) go bhfuil an Coiste Éisteachtaí sásta go bhfuil an fhianaise trí fhíseán iontaofa agus nach bhfuil eagarthóireacht déanta air;

(iv) Is féidir aois a chruthú le Teastas Breithe bailí nó Pas bailí. Beidh an dualgas aois a chruthú faoina faoina a bhfuil a aois in aighneas, nó faoina Chlub nó Aonad ionadaíoch eile;

(v) I gcás gurb é an Páirtí Cosanta an t-aon duine, nó an duine is fearr, chun líomhain a bhfuil aighneas fúithi a chruthú nó a bhréagnú (e.g. Club chun aitheantas duine dá bhall a chruthú) agus nach nglacann sé an deis le fianaise a thabhairt maidir leis an gceist, féadfaidh an Coiste Éisteachtaí tuiscint dhíobhálach a bhaint as an mainneachtain sin;

(vi) Glacfar leis go mbeidh Tuairisc Réiteora, lena n-áirítear Soiléiriú ar bith ann, i gceart i ngach ábhar fíoras agus ní fhéadfar é a bhréagnú ach i gcás go dtagann físeán nach ndearnadh eagarthóireacht air nó fianaise láidir eile salach air;

(vii) Ní éileofar ar Réiteoir nó Oifigeach eile chun fianaise ó bhéal a thabhairt nó láithriú le haghaidh croscheistithe;

(viii) I ndiaidh na hÉisteachta, féadfaidh an Coiste Éisteachtaí, faoina rogha féin, Soiléiriú a lorg i scríbhinn maidir le hábhair ar bith i dTuairisc an Réiteora. Beidh an stádas céanna ag Soiléiriú nó trácht ar bith i scríbhinn ag an Réiteoir agus a bheidh ag Tuairisc an Réiteora féin, ach ní fhéadfar é a úsáid ach chun an Páirtí Cosanta a chúiteamh nó líomhaintí ar bith ina choinne a mhaolú. Ní dhéanfar Soiléiriú dá leithéid a cheistiú ar bhealach ar bith nó ní bheidh sé ina ábhar in Éisteacht ar bith eile.

(2) Féadfaidh an Páirtí Cosanta glaoch ar fhinnéithe chun fianaise a thabhairt thar a cheann, agus ní bheidh de fhreagracht air ach freastal na bhfinnéithe sin a chinntiú.

(3) Ní tabharfar fianaise ar bith nó ní dhéanfar aighneacht ar bith mura mbeidh páirtí ar bith sa Bheart Smachtaithe i láthair ach má theipeann orthu freastal ar an Éisteacht gan mhíniú réasúnta. Má thugtar fianaise amhlaidh de thaisme, tabharfar arís í i láthair na bpáirtithe go léir, ionas nach ndéanfaí dochar don pháirtí nach raibh i láthair roimhe sin.

(4) Ball a thugann fianaise bhréagach d'aon ghnó nó ar shlí éigin eile a chuireann Éisteachtaí ar mhíthreoir, cé acu ó bhéal nó i scríbhinn, ar fhíric ar bith, cúiseofar é as Mí-iompar a mheastar gur tharraing sé Míchlú ar an gCumann agus:

(i) Más Páirtí na Cosanta an Ball sin agus go bhfaigheann an Coiste Éisteachtaí gur chuir sé ar mhíthreoir é ar bhonn na hÉisteachta féin, forchuirfidh an Coiste Éisteachtaí an pionós is infheidhme faoi Riail 7.2(e) gan Éisteacht eile, chomh maith le pionós ar bith eile nó i ndiaidh pionós ar bith eile ar bhonn na hÉisteachta; agus

(ii) I ngach cás eile, tosóidh agus cúiseoidh an Coiste Rialaithe Comórtas Beart Smachtaithe a eascraíonn as calaois dá leithéid faoi Riail 7.2(e) mar is infheidhme faoi Riail 7.3(a) (1) agus (2).

(5) Ní ghlacfar nó ní bhreithneofar fianaise nó faisnéis ar bith mura mbaineann sé le tréimhse nach faide ná 96 seachtaine roimh dháta na hÉisteachta.

Beidh siad seo a leanas mar **eisceachtaí** leis an bhforáil sin:

(i) Cóipeanna de Shleachta na dTaifead Oifigiúil

(ii) Cruthúnas ar Aois.

(6) Ní nochtfar 'Pionós Molta' ar bith do Choiste Éisteachtaí, ach má nochtar é de dhearmad, ní dhéanfar an Éisteacht a chur ó bhail le nochtadh mar sin, agus déanfaidh an Coiste Éisteachtaí neamhaird de.

Cinneadh

(bb) Is ag an gCoiste Éisteachtaí atá an chumhacht deiridh gach ábhar fíoras a chinneadh agus breathnófar ar gach foinse fianaise a cuireadh isteach chuig an Éisteacht. Caithfear le Feall mar a chruthófar é más rud é, i dtuairim an Choiste Éisteachtaí, go bhfuil níos mó cosúlachta ann gur tharla an Chalaouis líomhnaithe nó nár tharla sé.

(cc) I gcás gur cruthaíodh Calaois líomhnaithe chun sástacht Coiste Éisteachtaí, beidh an Coiste Éisteachtaí i dteideal cibé pionóis is iomchuí leis a ghearradh, faoi réir Rialacha, agus aird chuí á tabhairt, de réir mar is cuí, ar Rialacha 7.2(b) agus (c) (toisc go mbaineann siad sin le ‘Calaois Athuaire’) nó 7.5(b), agus gan a bheith faoi cheangal théarmaí an Phionóis Mholta ar dhóigh ar bith.

(dd) Faoi réir na Rialacha Fianaise thuas, féadfaidh an Coiste Éisteachtaí a fháil amach go nochtann na fíricí a cruthaíodh calaois ach:

(i) Gur ceann nach bhfuil chomh tromchúiseach is atá an ceann atá á líomhain san Fhógra um Beart Smachtaithe nó

(ii) Gur ceann é atá difriúil ón gceann atá á líomhain san Fhógra um Bearta Smachtaithe ach go bhfuil sé sa Chatagóir Calaoise

agus cinneadh a dhéanamh dá réir sin.

(ee) I gcás go bhfuil imreoir bainteach le:

(i) Foireann Idirchontae i gCraobhchomórtas nó Sraith Náisiúnta reatha nó

(ii) Foireann Chlub i gCraobhchomórtas Clubanna reatha Cúige nó Uile-Éireann má thuairiscítear, laistigh dá Chontae, go ndearna sé Calaois Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí Chatagóir V nó VI agus go lorgaíonn an tImreoir sin Éisteacht, nuair a thabharfar fógra dó faoin mBeart Smachtaithe ina choinne, seolfaidh an Coiste Cúige Éisteachtaí nó an Lárchoiste Éisteachtaí, de réir mar is cuí, an Éisteacht sin, agus ní an Coiste Contae um Éisteachtaí nó Coiste Roinne Éisteachtaí/Fochoiste Éisteachtaí eile.

Seachas an t-athrú sin ar nós imeachta, seolfar cásanna eile Birt Smachtaithe den sórt sin de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i Riail 7.3.

(ff) Déanfar cinneadh le tromlach bhaill an Choiste Éisteachtaí a bheidh i gceannas ar an Éisteacht. Déanfar an cinneadh agus an Riail (na Rialacha) faoina ndearnadh é a thaifeadadh agus cuirfear in iúl don Choiste Rialaithe Comórtas agus don Pháirtí Cosanta iad. I gcás go ngearrfar Pionós, taifeadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas an Pionós.

(gg) Ní bheidh tionchar ag cinneadh ar bith a dhéanfar de bhun Éisteachta ar bhailíocht cinnidh ar bith de chuid an Réiteora maidir le saorchic ar bith nó am imeartha a bronnadh a cheadú nó a dhícheadú, nó ar bhailíocht Fionraíochta ar bith a seirbheáladh roimh an Éisteacht.

(Féach Aguisín 2)

7.4 Bailíocht Bhunú na Foirne

(a) Gan dochar do dhlínse smachtaithe ghinearálta na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil nó na Rialacha maidir le hAgóidí, féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas nó Comhairle nó Coiste i bhFeighil as a thoil féin ag tráth ar bith, nó ar iarratas ón Aonad a bheidh bainteach le cluiche, tráth nach déanaí ná trí lá i ndiaidh thosach oifigiúil an chluiche, imscrúdú a dhéanamh ar cibé bealach is iomchuí leis ar bhailíocht chomhdhéanamh Foirne a raibh páirt á glacadh aici sa Chluiche.

(b) I gcás, mar thoradh ar imscrúdú dá leithéid, agus ní ar Agóid, go bhfaightear amach go bhfuil comhdhéanamh Foirne a raibh páirt á glacadh aici i gCluiche neamhbhailí, gearrfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas pionós i ndáil le toradh an Chluiche mar a bhaineann (lena n-áirítear Cur ar Ceal, nuair is cuí, ach gan an Cluiche a bhronnadh ar an bhFoireann Eile). Féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas Beart Smachtaithe dá leithéid a thionscnamh de réir mar is iomchuí sna cúinsí.

7.5 Fionraíocht

Léirmhíniú na dtéarmaí

(a) Chun críche léirmhíniú na Fionraíochta agus i Riail go ginearálta:

- (1) Ciallóidh “Leibhéal” an leibhéal ionadaíoch ar a dtarla an Fhionraíocht lena mbaineann e.g. Idirchúige, Idirchontae, Club, Tríú Leibhéal, Scoileanna etc. I gcás go bhfuil Foireann Leibhéal amháin ag imirt Cluiche nó Comórtais ar Leibhéal eile e.g. Coláiste Tríú Leibhéal in éadan Contae, beidh Fionraíocht Leibhéal faoi leith a thabhaigh Imreoir i bhfeidhm ar Leibhéal na Foirne a raibh sé ag imirt ina héadan nuair a tharla an Chalaiois.

- (2) Ciallóidh “Cód” Peil nó Iománaíocht. Beidh Liathróid Láimhe nó Cluiche Corr ina gCód Shonracha mar an gcéanna.
- (3) Ciallóidh “Imreoir” duine a measfaidh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil gur duine é a bhí ina bhall ar phainéal Foirne sa Chluiche lena mbaineann.
- (4) Is ionann “Téarma Fionraíochta” agus pionós bunaithe ar am, i seachtainí.
- (5) Is ionann “Fionraíocht Chluiche” agus fionraíocht ó imirt i gcluiche (cluichí) i gcomórtas faoi leith, lena n-áirítear am breise ar bith a imreofar.

Tromchúis

(b) I gcás go leagtar síos Fionraíocht i ndáil le Calaois, tabharfaidh an Chomhairle agus an Coiste i bhFeighil aird chuí ar thromchúis an Fhill i ngach cás, agus, más cuí, gearrfaidh siad Fionraíocht Chluiche bhreise ar feadh Téarma Fionraíochta níos faide. Ní bheidh Téarma Fionraíochta ar bith os cionn 96 seachtaine. I gcásanna thar a bheith tromchúiseach, áfach, féadfar na pionóis Díbarrú ó imirt nó Ruaigeadh a ghearradh.

An Chéad Chluiche eile i gComórtas

(c) Ní ionann bua gan choimhlint agus an chéad chluiche eile i gcomórtas.

Cluiche nó comórtas, arb é an t-aon chuspóir leis cáiliú nó ísliú céime a chinneadh maidir le Craobhchomórtas nó Sraithchomórtas na bliana dár gcionn, ní mheasfar iad a bheith sa ‘Chomórtas Céanna’ le Craobhchomórtas nó Sraithchomórtas na bliana reatha, de réir mar is infheidhme, agus ní beidh ‘fionraíocht an chéad chluiche eile’ a thiocfadh ó Cluiche Craoibhe nó Cluiche Sraithe reatha i gceist leis.

Éifeacht Fionraíochta

(d) Ciallaíonn Téarma Fionraíochta a thiocfadh as Calaois Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí Chatagóir I, III nó IV Fionraíocht ó imirt i gCluichí (lena n-áirítear Cluichí Turnaiminte agus Cluichí Dúshláin) faoi mar a shonraítear, agus ó ghníomhú mar Réiteoir, Maor, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne.

Eisceacht leis an Méid thuas:

Forchuirtear téarma Fionraíochta a eascraíonn as Calaois Chatagóir IV 5.34 (Iománaíocht) nó 5 (Peil), faoi Riail 7.2(e). Tá éifeacht fionraíochta dá leithéid léirithe i Riail 7.5(e).

Ní bhaineann Fionraíocht Chluiche ach le himreoir a cuireadh ar fionraí ó imirt i gcluiche (cluichí) i gcomórtas faoi leith.

(e) Ciallaíonn Fionraíocht do gach Calaois eile dá bhforáiltear i Riail nó i bhFodhlí Contae Fionraíocht ó na feidhmeanna, pribhléidí agus Comórtais ar fad faoi smacht an Chumainn, ach ní ó bhallraíocht sa Chumann.

(f) I gcás imeachtaí smachtaithe a bhaineann le ball a bhfuil luach saothair á fháil aige faoi chonradh fostaíochta leis an gCumann nó le haonad nó gníomhaí de chuid an Chumainn, ní chuirfear cosc le pionós a ghearrfar faoi na Rialacha seo ar an mball ó dhualgais nach mór a dhéanamh faoi théarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

(g) I gcás ar bith inar fhorchuir Comhairle nó Coiste i bhFeighil Fionraíocht, ach nár tugadh Fionraíocht a bhí ann roimhe sin as Calaois Mhí-iompair ag Cluichí laistigh de 48 seachtaine nó 96 seachtaine (de réir mar is cuí), a rachadh i gcion ar an bpionós is infheidhme, ar aird na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil, forchuirfidh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil pionós breise dá leithéid faoi mar a bhainfidh sé leis an gcás.

Cuirfear tús le Téarma breise Fionraíochta ar dháta éagtha na fionraíochta a forchuireadh cheana nó ó dháta an Chluiche dheireanaigh a imríodh, cibé acu is moille.

Beidh Fionraíocht bhreise Chluiche i bhfeidhm go dtí an chéad chluiche (cluichí) eile sa chomórtas sonraithe, fiú má bhíonn an cluiche (cluichí) ar siúl i gcomórtas na bliana dar cionn.

I gcás go bhfuil an Chomhairle agus an Coiste i bhFeighil sásta go raibh an teip an Fionraíocht roimhe sin a nochtadh i ngeall ar cheilt d'aon ghnó, agus gur imir an tImreoir a cuireadh ar fionraí i gCluiche (Cluichí) ar bith le linn na tréimhse nuair ba cheart dó bheith ar fhionraí, féadfaidh an Chomhairle nó an Coiste an pionós breise sin a fhorchuireadh, lena n-áirítear an Cluiche (Cluichí) a chur ar ceal (gan é a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile) agus/nó Fionraíocht eile a fhorchur, mar is iomchuí leo.

Téarma Fionraíochta

(h) Tosóidh Téarma Fionraíochta:

(1) I gcás go gcuirtear Imreoir den pháirce imeartha, a luaithe is a chuirtear den pháirc é;

(2) I gcás rannpháirtíocht neamhdhleathach i gcluiche ag imreoir, tabhaíonn sé fionraíocht láithreach as páirt a ghlacadh. In ainneoin forálacha ar bith sa Riail seo, beidh pionós ar bith ina dhiaidh sin a fhorchuirfear ar imreoir a eascraíonn as rannpháirtíocht neamhdhleathach a cruthaíodh infheidhme i ngach Cód agus ar gach Leibhéal agus beidh sé i bhfeidhm ó dháta an chluiche dheireanaigh a d'imir sé.

Eisceacht:

Ní ghabhann Pionós ar shárú ar Riail 2.3 ar an imreoir aonair.

(3) I gcás go dtuairiscíonn an Réiteoir go ndearna Imreoir Calaois Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí Chatagóir V nó VI i ndiaidh chríoch an chluiche, díreach ó am an fhíill, faoi réir fógra a thabhairt dó i scríbhinn láithreach go ndearna an tuairisc;

(4) I gcás ar bith maidir le Mí-iompar ag Cluichí ag imreoir, ó dháta an Chluiche dheireanaigh a d'imir sé. I gcás go bhfuil Calaois Mhí-iompair ag Cluichí Chatagóir I (an dara Calaois Athuaire), III nó IV bainteach, tagróidh sé sin don Cluiche deireanach sa Chód agus ar an Leibhéal ar a ndearnadh an Feall);

(5) I gcás Neamh-Imreora, ón dáta ar glacadh an Pionós Molta nó ar dhul in éag na dtrí lá atá sainithe i Riail 7.3(r), cibé acu is luaithe; nó i gcás go n-iarrann sé Éisteacht, ó dháta chinneadh an Choiste Éisteachtaí.

(i) Beidh Téarma Fionraíochta ina sheachtainí as a chéile ach amháin:

(a) I gcás go síntear Fionraíocht de bhun cuid (g) den Riail seo tar éis dhul in éag na chéad tréimhse a forchuireadh;

(b) I gcás go bhfuil tréimhse Fionraíochta curtha isteach cheana ag an bPáirtí Cosanta as an gcalaois faoi leith arb é ábhar na Fionraíochta atá á forchuireadh, sa chás sin tabharfar an chreidiúint don tréimhse Fionraíochta atá curtha isteach cheana.

(j) I gcás gur forchuireadh Téarma na Fionraíochta, cuirfear deireadh leis ag deireadh (12 meán oíche) an lae dheireanaigh den téarma a ríomhfar ón lá ar thosaigh sé agus an lá sin san áireamh. Mar shampla

cuirtear deireadh le Fionraíocht ag 12 meán oíche ar an Satharn nuair a thosaigh an tréimhse Fionraíochta ar an Domhnach.

(k) Fionraíocht Chluiche

(1) I gcás go bhfuil Fionraíocht Chluiche (nó Pionós Malartach nuair nach bhfuil Fionraíocht Chluiche infheidhme, faoi mar atá leagtha síos i Riail 7.2) sainithe i gcomhair Calaoise ar leith Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí, beidh sé i bhfeidhm a luaithe is a chuirfear an t-imreoir den pháirc.

(2) I gcás go dtuairiscíonn an Réiteoir go ndearna Imreoir Calaois Mhí-iompair ag Imreoirí ag Cluichí Chatagóir III nó VI i ndiaidh chríoch an chluiche, beidh an Fhionraíocht Chluiche (nó an Pionós Malartach i gcás nach bhfuil an Fhionraíocht Cluiche infheidhme, faoi mar atá leagtha síos i Riail 7.2) i bhfeidhm láithreach, faoi réir fógra a thabhairt dó i scríbhinn láithreach go ndearnadh an tuairisc.

Pionós as Sárú ar Fhionraíocht

(l) Is é an pionós a ghearrfar as rannpháirtíocht neamhdhleathach agus an t-imreoir faoi Fhionraíocht Téarma nó Chluiche:

Do Bhall/Imreoir: Fionraí 24 seachtaine.

D'fhoireann a bhfuil Imreoir ar fionraí ag imirt dóibh

(a) Ar agóid chruthaithe -- Bronnadh an Chluiche ar an bhFoireann Eile.

(b) Ag eascairt as Fiosrú arna dhéanamh ag an gComhairle nó ag an gCoiste i bhFeighil: An Cluiche a chur ar Ceal gan an Cluiche a Bhronnadh ar an bhFoireann Eile, nó Fíneáil, faoi rogha na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil agus ag brath ar na cúinsí.

Fionraíocht Ógánach – Rialacha Speisialta

(m) Beidh imreoirí ógánaigh a bheidh ag glacadh páirt i gComórtais Faoi bhun 16 nó Gráid níos Óige faoi réir pionós as Calaois a tharlaíonn ag Cluichí ar an mbonn céanna leis na Rialacha Ginearálta thuas, ach amháin:

(i) go mbeidh Fionraíocht Ama íosta a fhorchuirtear as Calaois Chatagóir V nó VI i Riail 7.2(b), leath oiread na Fionraíochta sin is infheidhme in aon chás eile; agus

(ii) beidh fionraíocht 4 seachtaine ar a laghdú i gceist le pionós as sárú ar Cheanglais Ballraíochta Imeartha (Riail 6.2) nó as a bheith ag imirt faoi Fhionraíocht (Riail 7.5(I)).

(n) I gcás go cuirtear Club ar fionraí, ní bheidh an Fhionraíocht i bhfeidhm ar a Roinn Ógánach (Faoi bhun 16 agus níos óige) mura ndéanann an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil é a chuimsiú go sonrach.

Laghdú ar Fhionraíocht agus ar Pionóis eile

(o) Comhairle nó Coiste a fhorchuireann Fionraíocht nó Pionós eile atá níos airde ná an t-íos-Pionós dá bhforáiltear, beidh an chumhacht acu uair amháin ina dhiaidh sin an pionós a forchuireadh ar iarratas an Aonaid nó an Bhaill lena mbaineann a laghdú, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- (1) Go léirítear chun sástacht na Comhairle nó an Choiste sin go bhfuil an Pionós a gearradh ró-dhian.
- (2) Nach féidir leis an gComhairle nó leis an gCoiste an Pionós a laghdú faoin íosphionós dá bhforáiltear i Riail nó i bhFodhlí;
- (3) Nach dtabharfar leis an Riail údarú do Chomhairle nó do Choiste ar bith an tAonad nó an Ball ar cuireadh pionós orthu a chúiteamh, nó caitheamh leis amhail is go ndearna sé Calaois dhifriúil; agus
- (4) Má rinneadh an Fhionraíocht bhunaidh nó Pionós bunaidh eile a athrú ar Achomharc, ní mór an tIarratas ar Athbhreithniú a dhéanamh chuig an gCoiste Achomhairc lena mbaineann.

7.6 Dícháilíocht Foirne agus Cluichí a chur ar Ceal

(a) I gcás go bhforchuirtear Ceal, caithfear leis an bhFoireann lena mbaineann amhail is gur chaill siad an Cluiche lena mbaineann, ach ní Bhronnfar an Cluiche ar an bhFoireann Eile, mura bhforáiltear ina leith sin sa Riail infheidhme faoinar gearradh an pionós.

(b) I gcás go Dícháilítear Foireann ó Chomórtas, ní bheidh an Fhoireann sin páirteach a thuilleadh sa Chomórtas sin, agus má eascraíonn an Dícháiliú as Cluiche faoi leith, caithfear leis an bhFoireann amhail is gur chaill siad an Cluiche sin.

(c) Calaoisí ar bith a thaifeadfar, Beart Smachtaithe ar bith a thionscnófar nó Fionraíocht nó Pionóis ar bith eile a fhorchuirfear maidir le sárúithe ar bith ar an Riail nó i ndáil le Cluichí ar bith a d'imir an Fhoireann Dícháilithe, seasfaidh leo.

(d) Foireann ar bith a mbuailfidh Foireann Dícháilithe iad i gComórtas Díbeartha (lena n-áirítear céimeanna Díbeartha Comórtais a eagraíodh ar bhonn Sraithe seachas sin), ní thabharfar ar ais sa Chomórtas iad (ach amháin i gcás go dtagann an Dícháiliú as Agóid chruthaithe).

7.7 Fíneálacha

(a) Gearrfar na Fíneálacha sna suimeanna arna leagan amach sna Rialacha, sna Fodhlíthe agus sna Rialacháin. I gcás nach bhfuil sé sainithe, beidh suim na Fíneála faoi rogha na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil ach ní bheidh sé níos lú ná €200.

(b) Ní ghearrfar Fíneálacha ach ar Aonaid, agus ní ar Bhaill.

(c) I gcás nach n-íocfar Fíneáil laistigh de cibé tréimhse a bheidh ordaithe ag an gComhairle nó ag an Coiste i bhFeighil (tráth a bhforchuireadh an Fhíneáil nó ina dhiaidh sin), beidh an tAonad lena mbaineann agus/nó a Oifigigh faoi réir cibé smachtbhannaí is iomchuí leis an gComhairle nó leis an gCoiste i bhFeighil.

7.8 Díbharrú

(a) I gcásanna cuí, féadfaidh an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil, trí bhíthin pionóis, ball a dhíbharrú ó phribhléidí aitheanta an Chumainn amhail Cluichí a imirt, freastal ar Chluichí, bheith i seilbh oifige, cistí a láimhseáil, freastal ar ócáidí seachas Cluichí etc.

(b) I gcás go measann an Coiste Bainistíochta nó an Coiste Rialaithe Comórtas (de réir mar is cuí) go bhféadfaí dochar a dhéanamh de leasanna an Chumainn nó a Bhall le linn tréimhse fógra um Beart Smachtaithe faoi Rial 7.3 agus Éisteachta ar bith de bhun an fhógra sin, féadfar Díbharrú a fhorchur ag feitheamh chríoch an Bhirt Smachtaithe, faoi réir an chirt chun athbhreithnithe ag an gCoiste Éisteachtaí. Ní beidh tionchar ag an Rial seo ar Fhionraíocht a thosaíonn faoi Rial 7.5)i), roimh Éisteacht.

Pionós as Sárú ar Dhíbharrú:

Fionraíocht ó fheidhmeanna agus ó phribhléidí uile an Chumainn ar feadh thréimhse an Díbharraithe, mar aon le Fionraíocht bhreise ar feadh 12 sheachtain.

7.9 Ruaigeadh

(a) Ní fheidhmeoidh Aonad ar bith seachas Coiste Contae nó Aonad níos airde an dlínse maidir le Ball nó Club a ruaigeadh.

(b) I gcás go gceapann Coiste nach bhfuil an dlínse aige chun ruaigeadh a fheidhmiú, agus Beart Smachtaithe seolta aige maidir leis sin, gurb é Ruaigeadh an pionós cuí le forchur, cuirfear a mholadh maidir leis sin faoi bhráid an mháthair-Aonaid ag a bhfuil an dlínse sin, lena dhaingniú.

(c) Ar an gcoinníoll nár tharla mí-úsáid nó sárú ar an Riail agus go bhfuil an máthair-Aonad sásta go bhfuil smachtbhanna an Ruaigthe cuí, daingneoidh sé an moladh agus forchuirfidh sé an Ruaigeadh a bheidh molta. Mura ndaingneofar an moladh, féadfaidh an máthair-Choiste pionós malartach a fhorchur in áit an Ruaigthe nó féadfar an cheist a chur ar aghaidh chuig an gCoiste bunaithe lena breathnú arís.

(d) I gcás go ruaigfear Club as an gCumann, déanfar an Club a fhoirceannadh de réir Riail 3.6.

(e) I gcás go ruaigfear Club as an gCumann, ruaigfear a Bhaill ar fad dá réir sin. Féadfaidh Ball aonair ón gClub a ruaigeadh iarratas a dhéanamh leis an gComhairle nó leis an gCoiste a d'fhorchuir pionós an Ruaigthe ar chead chun Ballraíocht sa Chumann a fháil trí Chlub eile. Beidh sé faoi rogha an Choiste sin iarratas dá leithéid a dheonú nó a dhiúltú, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a mhol an Ruaigeadh, más cuí.

7.10 Agóidí

Aighneacht

(a) Féadfaidh an Rúnaí ábhartha Agóid maidir le bronnadh Cluiche a dhéanamh thar ceann na Foirne a bhí páirteach sa Chluiche lena mbaineann. Seachas sin ní féidir le ball nó tríú páirtí ar bith agóid a dhéanamh.

(b) Éistfidh Coiste Rialaithe Comórtas na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil Agóidí agus Frithagóidí.

(c) Lóisteálfar Agóid i ndúbláil le Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas tráth nach déanaí ná trí lá i ndiaidh am tosaigh oifigiúil an Chluiche is ábhar na hAgóide. Lóisteálfar Frithagóid laistigh de thrí lá

ón dáta agus ón am ar a bhfuair an tAonad a mbeidh an Fhrithagóid á déanamh aige an Agóid.

(d) In Agóid nó i bhFrithagóid:

(1) Leagfar amach na forais leis an Agóid, ina mbeidh tagairt do na Rialacha agus/nó na Fodhlíthe agus na líonta díobh, faoina bhfuil sé líomhnaithe gur sáraíodh iad;

(2) Beidh siad sínithe ag Rúnaí an Chlub, ag an gCoiste nó ag an gComhairle a mbeidh an Agóid nó Frithagóid á ndéanamh acu agus

(3) Beidh táille €100 ag gabháil leo i gcás Club, agus €300 i gcás Coiste Contae nó Comhairle Chúige.

(e) I gcás Agóide nó Frithagóide, agus iad á lóisteáil

(1) Ina dtagraíonn sé d'uimhir mhícheart Rialach i gcás gur léir cén Riail atá i gceist i ngeall ar na hábhair, measfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas, a d'fhéadfadh gníomhú faoina Rúnaí, go bhfuil sé in ord;

(2) Nach gcomhlíonann Riail 1.7, tabharfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas, a d'fhéadfadh gníomhú faoina Rúnaí, deis amháin don Té a Bheidh ag Déanamh na hAgóide agus don Té a bheidh ag cur ina hAghaidh chun an locht (lochtanna) a dheisiú, roimh an Éisteacht. Beidh an t-am a cheadófar chun na doiciméid a cheartú faoi rogha an Choiste Rialaithe Comórtas, fad is nach mbeidh sé sa bhreis ar thrí lá ón am a thabharfar fógra don Té a bheidh ag Déanamh na hAgóide nó don Té a bheidh ag cur ina hAghaidh, maidir leis na doiciméid nach bhfuil comhlíontach. Seachas comhlíonadh Riail 1.7 a chinntiú, ní dhéanfar athruithe ar bith eile ar na doiciméid.

(f) Sa Ghaeltacht, nó i gcás go n-ordaítear i bhFodhlíthe é, déanfar Agóidí nó Frithagóidí a scríobh, agus más féidir, nó i gcás go n-ordaítear i bhFodhlíthe é, a phlé, i nGaeilge.

Fógraí do pháirtithe eile agus Freagraí

(g) Cuirfear Rúnaí an Choiste Rialaithe Comórtas cóip den Agóid nó den Frithagóid chuig an bPáirtí Cosanta nó chuig an Té a bheidh ag déanamh na hAgóide (i gcás Frithagóidí) a luaithe is féidir agus de

rogha 3 lá ón Agóid nó ón bhFrithagóid a fháil. Má theipeann ar an gComhairle nó ar an gCoiste i bhFeighil cloí leis an teorainn amháin sin, ní dhéanfar an Agóid nó an Fhrithagóid a chur ó bhail mar gheall air.

(h) Nuair is féidir éascóidh an Ard-Stiúrthóir nó an Rúnaí Contae nó na Comhairle nó an Choiste i bhFeighil rochtain ar chóipeanna de na Taifid Oifigiúla (nó cuid díobh) a bhaineann leis an Agóid, ar iarratas i scríbhinn páirtí ar bith eile a shonraíonn an Taifead Oifigiúil (na Taifid Oifigiúla) a theastaíonn. Ní mór iarratas a dhéanamh nuair a chuirfear an Agóid nó an Fhrithagóid isteach. I gComórtais Faoi Aoise tabharfar na sleachta/doiciméid sin sula gcuirfear Agóid/Frithagóid isteach.

Éisteacht Agóide

(i) Soláthróidh an Coiste Rialaithe Comórtas Éisteacht do na páirtithe san Agóid nó sa Fhrithagóid murar chuir an Páirtí Cosanta iarratas i scríbhinn isteach, agus seolfar an Éisteacht faoi mar a leanas:

(1) Tabharfar fógra dá leithéid do na páirtithe san Agóid nó sa Fhrithagóid maidir le dáta, áit agus am na hÉisteachta mar is gá, agus aird á tabhairt ar phráinn an cháis;

(2) Déanfaidh suas le beirt dá Bhaill Iomlána ionadaíocht ar son Aonaid.

(3) Ní thabharfar fianaise ar bith nó ní dhéanfar aighneacht ar bith mura mbeidh páirtí ar bith san Agóid/Frithagóid i láthair ach má theipeann orthu freastal ar an Éisteacht gan mhíniú réasúnta. Má thugtar fianaise amhlaidh de thaisme, tabharfar arís í i láthair na bpáirtithe go léir, ionas nach ndéanfaí dochar don pháirtí nach raibh i láthair roimhe sin;

(4) Beidh na Rialacha Fianaise is infheidhme do na hÉisteachtaí um Smachtú i bhfeidhm agus beidh na cumhachtaí agus na feidhmeanna ag an gCoiste Rialaithe Comórtas a cuireadh síos don Choiste Éisteachtaí i Riail 7.3(aa).

(5) Féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas an Éisteacht a chur ar atráth, a chur siar nó a athsceidealú, mar is iomchuí leis.

(j) Ball den Choiste Rialaithe Comórtas, ar ball é d'Aonad ar bith nó a bhfuil ról aige i ndáil le Foireann nó Aonad ar bith atá bainteach sna himeachtaí, seasfaidh sé síos ón gcás a chúiseamh nó as breith a thabhairt air.

(k) Ní fhéadfaidh Ball ar bith den Choiste cumarsáid a dhéanamh le ball ar bith den Choiste Rialaithe Comórtas chun tionchar a imirt ar thoradh na hÉisteachta. Caithfear le cumarsáid neamhúdaraithé lena sárófar an Riail seo mar Mhí-iompar a Meastar gur tharraing sé Míchlú ar an gCumann. Ní chuirfear cosc leis an Riail, áfach, ar fhinnéithe ar bith fianaise ábhartha a thabhairt ag Éisteacht.

(l) I gcás nach féidir go réasúnta dul ar aghaidh le hÉisteacht na hAgóide nó na Frithagóide roimh dháta cluiche ar bith sa Chomórtas a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh na hAgóide nó na Frithagóide, cuirfidh an Coiste Rialaithe Comórtas an cluiche siar.

Cinneadh

(m) Déanfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas cinneadh de bhun na hÉisteachta. Cuirfear an cinneadh in iúl don Té a bheidh ag déanamh na hAgóide agus don Pháirtí Cosanta.

(n) Ní fhéadfar seasamh le hAgóid nó Frithagóid ach ar na forais (i) go ndearnadh Calaois lena gcuirtear an Páirtí Cosanta faoi dhliteanas pionós Cur ar Ceal, agus an Cluiche a Bhronnadh ar an Té a bheidh ag déanamh na hAgóide, nó (ii) nach raibh an scór a cheadaigh an réiteoir taifeadta aige nó gur thaifead sé an scór sin go mícheart, ag dul i gcion ar thoradh Cluiche dá réir sin; mar sin féin ní féidir Agóid nó Frithagóid a chur isteach ar na forais go ndearna an Réiteoir scór a cheadú nó a dhiúltú go mícheart.

(o) Féadfaidh an Coiste Rialaithe Comórtas, ag eascairt ón Agóid nó ón bhFrithagóid, tús a chur le Beart Smachtaithe ar bith de réir mar is iomchuí leis faoina rogha féin.

(p) I gcás go n-éireoidh le hAgóid nó le Frithagóid, aisíocfar an táille. Sa chás go mbeidh costas ar pháirtí in Agóid nó i bhFrithagóid a

d'éirigh leis chun a aois a chruthú chun críche na hÉisteachta, íocfaidh an páirtí nár éirigh leis an costas ar ais.

7.11 Achomhairc

Ceart chun Achomhairc

(a) Faoi réir Riall 7.11(d) agus (e) thíos, Ball nó Aonad a bheidh bainteach go díreach i gcinneadh ar bith a dhéanfaidh an Chomhairle, an Coiste i bhFeighil nó Coinbhinsiún Contae/Cúige (an Cinnteoir), beidh an ceart aige Achomharc amháin a dhéanamh (agus Achomharc amháin in aghaidh diúltú Achomhairc as neamhchomhlíonadh foirmiúlachtaí) faoi mar a leanas:

- (1) Maidir le cinníú arna ndéanamh ag Coiste Roinne nó ag Fochoistí eile a bunaíodh faoi Riall 3.19(l), chun an Choiste Contae um Éisteachtaí nó de réir mar a bheidh a mhalairt sonraithe i bhFodhlíthe Contae;
- (2) Maidir le cinníú arna ndéanamh ag Coiste Contae nó ag Fochoiste a bunaíodh faoi Riall 3.20 agus cumhachtaí iomlánach á bhfeidhmiú, chun an Choiste Cúige um Éisteachtaí;
- (3) Maidir le cinníú arna ndéanamh ag Comhairle Chúige, chun an Lárchoiste Achomharc; agus
- (4) Maidir le cinníú arna ndéanamh ag Fochoistí na hArd-Chomhairle, chun an Lárchoiste Achomharc.

(b) Beidh ceart ag an gCoiste Contae (trína Fhochoiste Cinnteoireachta, más cuí) i ngach cás chun Achomharc a dhéanamh chun an Lárchoiste Achomharc i gcoinne gach cinnidh a raibh siad ina bpáirt iontu.

(c) Beidh an ceart ag na páirtithe uile san Éisteacht bhunaidh bheith i láthair ag éisteacht Achomhairc.

(d) Déanfaidh Aonaid Idirnáisiúnta (seachas an Bhreatain) foráil i leith próiseas achomharc laistigh dá struchtúir inmheánacha. Ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ach i gcúinsí eisceachtúla, a chinnefidh Coiste Bainistíochta na hArd-Chomhairle, i gcoinne cinníú Aonaid Thar Lear a dhéanfar chun an Lárchoiste Achomharc.

(e) Ní dhéanfar Achomharc:

- (1) I gcoinne cinnidh de chuid na hArd-Chomhairle nó de chuid Aonaid ar bith maidir le cinneadh den sórt sin a chur i bhfeidhm:
- (2) Lasmuigh den Chontae, i gcoinne cinnidh de chuid Coiste Contae nó, de réir mar is cuí i Riall, ceann dá Fhochoistí maidir le:
- (i) Aistrithe laistigh de Chontae,
 - (ii) Grádú Clubanna agus Imreoirí,
 - (iii) Socruithe le haghaidh dáta agus ionad Cluiche (ar an gcoinníoll go dtabharfar fógra),
 - (iv) Ceapacháin Réiteoirí, agus
 - (v) Riarachán agus Rialú Foirne Contae, nó
- (3) I gcoinne cinnidh de chuid an Lárchoiste Rialaithe Comórtas nó Coiste Cúige Rialaithe Comórtas maidir le socruithe le haghaidh dáta agus ionad Cluiche (ar an gcoinníoll go dtabharfar fógra), nó
- (4) I gcoinne cinnidh de chuid Coiste Rialaithe Comórtas ar bith le linn tosach, imscrúdú agus ullmhú Birt Smachtaithe. (Féadfar gearán i ndáil le cúrsa ar bith den sórt sin a ardú ag Éisteacht, agus d'fhéadfadh Cinneadh an Choiste Éisteachta ar an gcúrsa sin bheith ina ábhar Achomhairc), nó
- (5) I gcoinne cinnidh de chuid Aonaid nó Fhochoiste ar bith den Aonad sin a rinne an tAonad sin nó Fhochoiste den Aonad céanna (e.g. Ní fhéadfaidh Coiste Contae nó a Choiste Bainistíochta/Choiste Rialaithe Comórtas, achomharc a dhéanamh i gcoinne Cinnidh de chuid a Choiste Éisteachtaí féin, agus mar an gcéanna ar na leibhéil Chúige agus Láir), ach amháin mar a fhoráiltear i Riall 3.19(m).

Achomharc a Chur Isteach

- (f) Cuirfear Achomharc isteach i ndúbláil chuig Rúnaí an Choiste Éisteachtaí achomhairc, agus gheofar iad laistigh de thrí lá ó dháta agus am fhógra an chinnidh, nó i gcás nach dteastaíonn fógra a thabhairt i Riall, laistigh de thrí lá ó mheán oíche i ndiaidh an chruinnithe ag a ndearnadh an cinneadh.

Fanfaidh aon phionós arna ghearradh i bhfeidhm d’ainneoin gur cuireadh isteach Achomharc.

(g) Beidh Achomharc sínithe ag an Achomharcóir, nó i gcás Club, Coiste nó Comhairle, ag a Rúnaí agus:

- (1) Leagfar amach ann forais an achomhairc lena n-áirítear (i) an Riail shonrach (Rialacha sonracha) a sáraíodh nó a mí-úsáideadh de réir mar a líomhnaítear agus (ii) na fíricí a líomhnaítear le tacú leis na forais;
- (2) Sonrófar ann cibé ar iarradh Éisteacht ó Bhéal; agus
- (3) Beidh táille €100 ag gabháil leo i gcás Club, agus €300 i gcás Coiste Contae nó Comhairle Chúige.

(h) I gcás Achomhairc, agus é á lóisteáil:

- (1) Ina dtagraíonn sé d’uimhir mhícheart Rialach i gcás gur léir as an gcomhthéacs cén Riail atá i gceist, measfaidh an Coiste Éisteachtaí achomhairc, a d’fhéadfadh gníomhú faoina Rúnaí, go bhfuil sé in ord;
- (2) Nach gcomhlíonadh Riail 1.7, tabharfaidh an Coiste Éisteachtaí achomhairc, a d’fhéadfadh gníomhú faoina Rúnaí, deis amháin don Achomharcóir chun an locht (lochtanna) a dheisiú, roimh an Éisteacht Achomhairc. Beidh an t-am a cheadófar chun an tAchomharc a cheartú faoi rogha an Choiste Éisteachtaí achomhairc, fad is nach mbeidh sa bhreis ar thrí lá ón am a chuirfear an tAchomharcóir ar an eolas nach bhfuil an tAchomharc comhlíontach, agus ní gá é sin a dhéanamh i scríbhinn. Seachas comhlíonadh Riail 1.7 a chinntiú, ní dhéanfar athruithe ar bith eile ar an Achomharc.

(i) Sa Ghaeltacht, nó i gcás go n-ordaítear i bhfodhlíthe é, déanfar Achomhairc a scríobh, agus más féidir, nó i gcás go n-ordaítear i bhfodhlíthe é, a phlé, i nGaeilge.

Fógra maidir leis an Achomharc agus Freagraí

(j) Seolfaidh an Coiste Éisteachtaí achomhairc Cóip den Achomharc, mar aon leis an bhfógra maidir le háit, dáta agus am na hÉisteachta Achomhairc, a luaithe is féidir chuig:

- (1) an Cinnteoir;

(2) i gcás Achomhairc a tháinig as Agóid nó as Frithagóid, chuig an bpáirtí san Agóid nó sa Fhrithagóid ar éirigh leis.

(k) Cuirfidh an Cinnteoir cóip de mhiontuairiscí Éisteachta ábhartha ar bith chuig an gCoiste Éisteachtaí achomhairc.

(l) I gcás nach n-iarrann an tAchomharcóir Éisteacht ó Bhéal, féadfaidh an Cinnteoir agus an páirtí ar éirigh leis (i gcás Agóide nó Frithagóide) Freagra i Scríbhinn nó iarratas ar Éisteacht ó Bhéal a sheoladh laistigh de thrí lá ar a laghad óna nAchomharc a fháil. I gcás go n-iarrann páirtí ar bith san Achomharc Éisteacht ó Bhéal, tionólfar Éisteacht ó Bhéal dá réir sin.

(m) Nuair is féidir éascóidh an tArd-Stiúrthóir nó an Rúnaí Contae nó Cúige nó an Chomhairle nó an Coiste i bhFeighil rochtain ar chóipeanna de na Taifid Oifigiúla (nó cuid díobh) a bhaineann leis an Achomharc, ar iarratas i scríbhinn páirtí ar bith eile a shonraíonn an Taifead Oifigiúil (na Taifid Oifigiúla) a theastaíonn.

I gcás Achomhairc ar bith as Beart Smachtaithe nó Agóid, is é an Taifead Oifigiúil a sholáthrófar miontuairiscí oifigiúla na hÉisteachta agus an Chinnidh, ábhar an Achomhairc, agus ní áireofar leo sin breitheanna príobháideacha an Chinniteora.

Raon feidhme agus Éisteacht Achomhairc

(n) Éistfear an tAchomharc a luaithe is a bheidh sé áisiúil go réasúnta agus beidh na Rialacha Nós imeachta arna leagan amach i Riail 7.3(u) go (aa) i bhfeidhm maidir leis Éisteacht an Achomhairc, de réir mar is ábhartha. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an tAchomharcóir glao ach ar fhinnéithe a thug fianaise ag an gcéad Éisteacht amháin.

(o) Beidh Achomharc faoi theorainn na gcúrsaí a ardófar in Achomharc an Achomharcóra faoi mar a lóisteáladh é i dtosach agus ní sheasfar leis ach i gcás (i) go bhfuil sé soiléir go ndearna an Cinnteoir an Riail a shárú nó a mhí-úsáid nó (ii) go ndearnadh dochar ar shlí eile do cheart an Achomharcóra chun éisteacht chóir a mhéid is go bhfuil sé soiléir go ndearnadh éagóir. Ní chuirfear deimhniú fíorais ar bith ag an gCinnnteoir ar leataobh mura léirítear go raibh sé mícheart go follasach.

Cinneadh

(p) Déanfaidh an Coiste Éisteachtaí Achomhairc cinneadh de bhun an Achomhairc agus cuirfear an cinneadh sin in iúl don Achomharcóir, don Chinnteoir agus do pháirtí ábhartha ar bith eile. I gcás go seasfar le hAchomharc, déanfaidh an Coiste Éisteachtaí achomhairc:

(i) an cinneadh a ndearnadh an t-achomharc ina leith a chur ar neamhní agus a ordú nach ndéanfaí an Cinnteoir gníomh ar bith eile,

(ii) an cheist a chur ar aghaidh lena hath-éisteacht nó lena hathphróiseáil (le moltaí nó gan moltaí maidir leis an nós imeachta), nó

(iii) a chinneadh féin ar an gceist a ionadú.

(q) I gcás go seasfar le hachomharc, aisíocfar an táille a íocadh.

Cluichí agus Comórtais a dtéann Achomhairc i gcion orthu

(r) Is faoin gComhairle nó faoin gCoiste i bhFeighil é Cluiche a chur siar ar an mbonn go ndéanann Aonad a bhí bainteach sa chluiche Achomhairc, nár eascair as cinneadh maidir le hAgóid nó maidir le bhFrithagóid, a lóisteáil le Comhlacht níos airde.

(s) Mura n-imreofar an Cluiche ina bhfuil an tAchomharcóir bainteach ar an dáta/am beartaithe, ag feitheamh Éisteachta ón gCoiste Éisteachtaí achomhairc, nár eascair as cinneadh maidir le hAgóid nó maidir le Frithagóid, agus má theipeann ar an Achomharc, dearbhóidh Aonad an Achomharcóra gur cailleadh an Cluiche.

(t) I gcás go dtéann Comórtas Díbeartha ar aghaidh, ag feitheamh Éisteacht Achomhairc, nár eascair as cinneadh maidir le hAgóid nó maidir le Frithagóid, ag Aonad, agus má éiríonn leis an Achomharc, beidh an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm:

(1) Seasfaidh torthaí na gCluichí a imríodh idir an dá linn.

(2) Imreoidh an tAchomharcóir rathúil in éadan na Foirne eile (murar dícháilíodh an fhoireann le cinneadh an Achomhairc) a bhí bainteach sa Chluiche nár imreoidh ag feitheamh Éisteacht an Achomhairc.

Má éiríonn leo sa Chluiche seo, rachaidh an Fhoireann Achomhairc ar aghaidh go dtí an chéim a shroich siad sa Chomórtas, agus toradh an Achomhairc ar feitheamh.

7.12 Tabhairt ar Ais

Déanfaidh an Ard-Chomhairle na moltaí a rinne an Lárchoiste Achomharc a bhreathnú agus tabharfaidh sí breith orthu maidir le

himreoirí/baill a bhfuil fionraíocht á cur isteach acu a forchuireadh de réir Rialach a thabhairt ar ais nó eile.

Beidh an rogha absalóideach ag an Lárchoiste Achomharc maidir leis an bhfeidhm seo a fheidhmiú ach ní bhreathnóidh sé ar chásanna lena gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- (i) Nach cás Mí-iompair ag Cluichí nó Calaois ar bith a rinneadh in éadan Réiteora, Maoir, Maor Líne nó Oifigeach Taobhlíne é.
- (ii) Cás é ina raibh cruatan mar thoradh ar fheidhmiú docht na Rialacha; agus
- (iii) Cás é a mhol an Chomhairle nó an Coiste a d'fhorchuir an pionós bunaidh dó.

7.13 Eadráin

(a) I gcás díospóide nó difríochta idir ball nó aonad ar bith den Chumann le ball nó aonad eile den Chumann, maidir le dlíthiúlacht cinnidh ar bith a rinne aonad ar bith de chuid an Chumainn nó nós imeachta ar bith a d'úsáid siad de bhun Rialacha agus Fhodlíthe an Chumainn, nach féidir a shocrú ar bhealach cairdiúil laistigh de Rialacha an Chumainn, féadfaidh páirtí ar bith san Eadráin díospóid dá leithéid a chur ar aghaidh faoin gCód Réitigh Díospóidí atá ceangailte leis na Rialacha sin, faoi mar a d'fhaomh an Chomhdháil ar dtús agus faoi mar a leasóidh an Údarás Réitigh Díospóidí ó am go chéile le faomhadh ón Ard-Chomhairle.

(b) Déanfar Réiteach Díospóide mar sin de réir an Chóid sin agus de réir Achtanna Eadrána 1954 agus 1980 nó mionathrú nó ath-acthú reachtúil ar bith air. Rialófar Réiteach Díospóide dá leithéid le Rialacha an Chumainn agus Dlíthe na hÉireann.

(c) Ní eiseoidh ball nó aonad den Chumann imeachtaí a bhaineann le Díospóid dá leithéid i gCúirt Dlí ar bith i ndlínse ar bith.

(d) Ní chuirfidh ball nó aonad den Chumann Díospóid dá leithéid ar aghaidh chuig Réiteach Díospóide go dtí nach mbeidh réiteach ar bith ar an Achomharc nár thriail siad faoi Rialacha an Chumainn.

(e) Díospóidí ar bith a eascróidh as rialú dópála nó a bhaineann le rialú dópála faoi Rialacha an Chumainn, rialacha den Chomhairle Spóirt nó faoi dhlí ginearálta, ní bheidh siad ina n-ábhar in Eadráin ar bith faoin Riail seo.

(f) Ní bhainfidh Eadráin ach le Díospóidí a ardóidh Baill/Aonaid ó Éirinn nó ón mBreatain.

(Féach Aguisín 6).

7.14 Cásanna Tarchurtha - Bunú na gCoistí

I gcás go dtarchuirtear cás lena athéisteacht nó lena athphróiseáil, le treoir bhreise gur féidir le Coiste (Coistí), atá comhdhéanta ar shlí dhifriúil déileáil leis an gcás, féadfaidh an Coiste/an Chomhairle lena mbaineann (nó a Coiste Bainistíochta faoi seach) baill shealadacha a cheapadh sa Choiste Rialaithe Comórtas agus/sa Choiste Éisteachtaí, de réir mar is gá, chun an cás a bhfuiltear ag déileáil leis a éascú.

Aguisín 1:

Léirmhínte agus Sainmhínte

Cuimseoidh “**Riail**”, i gcás go n-éilítear é leis an gcomhthéacs, Rialacha, Fodhlíthe agus Rialacháin ar bith de chuid an Chumainn, Bunreacht agus Rialacha an Chlub, chomh maith le Treoirlínte na hArd-Chomhairle, Treoracha agus Cóid, agus beidh siad sin ar fad infheidhmithe ar gach slí amhail is dá mba rud é go raibh a bhforálacha cuimsithe sa Treoir Oifigiúil, ar an gcoinníoll, áfach, má thagann forálacha ar bith dá leithéid salach ar théacs na Treorach Oifigiúla go mbeidh an Treoir Oifigiúil i bhfeidhm.

Cuimseoidh “**Coiste**”, i gcás go n-éilítear é leis an gcomhthéacs, Fochoiste ar bith arna chomhdhéanamh go cuí.

“**Pionós**” - I gcás go sonraítear Pionós ciallóidh sé íosphionós.

Uatha agus Iolra - Focal a chiallaíonn focal uatha ciallóidh sé focal iolra chomh maith, agus focal a chiallaíonn focal iolra ciallóidh sé focal iolra chomh maith.

Inscne - Focal a chiallaíonn an fhirinscne, i gcás go gceadaítear nó go n-éilítear é leis an gcomhthéacs, ciallóidh sé an bhaininscne chomh maith.

Aguisín 2:

Cóid, Treoirlínte agus Treoracha CLG

CAIBIDIL 1 - AIDHMEANNA AGUS ÉITEAS

Riail 1.13 - Páistí/Daoine óga (faoi bhun 18 mbliana d'Aois) a chosaint

Cód Iompair (Faoi bhun aoise)

Arna fhoilsiú in 2012 (le teideal nua in 2018) ag Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Pheil na mBan, an Cumann Iomána, Liathróid Láimhe CLG na hÉireann agus Comhairle Cluiche Corr na hÉireann.

· “Treoir CLG chun Déileáil le Líomhaintí Mí-Úsáide agus iad a Thuairisciú”

Arna sholáthar ag Oifig Náisiúnta Leanaí CLG Arna fhoilsiú ag CLG in 2009 (le teideal nua in 2018 - an Ceathrú Eagrán)

I bhfeidhm sa Chumann ón **1 Eanáir, 2010.**

Riail 1.15 – Frithdhópáil

· Rialacha Frithdhópála na hÉireann arna nglacadh ag Spórt Éireann agus arna leasú ó am go chéile.

Caibidil 5 - Rialú Mhaoín an Chumainn

· Ráiteas Beartais na hArd-Chomhairle maidir le hÚsáid Saoráidí Coimhdeacha agus Úsáid Faichí Imeartha Faoín Aer de Lánmhéide agus de Mhéid Ógánach arna rialú ag Aonaid an Chumainn.

(Márta 2019)

· Cód maidir le hÍontaobhais Mhaoín an Chumainn

(Márta 2017)

Caibidil 7 – Forfheidhmiú na Rialacha/Eadráin

Riail 7.2(b) – Pionós Malartach ar fhionraíocht cluiche neamh-infheidhme

Treoir na hArd-Chomhairle maidir le na Nósanna Imeachta le leanúint **(Eanáir 2015).**

Riail 7.3 – Nósanna Imeachta maidir le hÉisteachtaí Smachtaithe agus Éisteachtaí Gaolmhara

Tuarascálacha ar Neamhchomhlíonadh Rialacha um Smachtú.

· Treoir na hArd-Chomhairle maidir le na Nósanna Imeachta le leanúint mar fhreagairt ar Thuarascálacha dá leithéid. **(Eanáir, 2015).**

Aguisín 3

Rótaí/Tarraingtí Pheil Mhionúr na hÉireann

Na Cluichí Ceathrú Ceannais 2019

Buaiteoirí Chonnacht v Buaiteoirí Laighean sa Dara hÁit
Buaiteoirí Uladh v Buaiteoirí Mumhan sa Dara hÁit
Buaiteoirí Laighean v Buaiteoirí Chonnacht sa Dara hÁit
Buaiteoirí Mumhan v Buaiteoirí Uladh sa Dara hÁit

Cluichí Leathcheannais

Connacht v Uladh
Laighean v Mumhan

Na Cluichí Ceathrú Ceannais 2020

Buaiteoirí Chonnacht v Buaiteoirí Uladh sa Dara hÁit
Buaiteoirí Uladh v Buaiteoirí Chonnacht sa Dara hÁit
Buaiteoirí Laighean v Buaiteoirí Mumhan sa Dara hÁit
Buaiteoirí Mumhan v Buaiteoirí Laighean sa Dara hÁit

Cluichí Leathcheannais

Connacht v Mumhan
Laighean v Uladh

Na Cluichí Ceathrú Ceannais 2021

Buaiteoirí Chonnacht v Buaiteoirí Mumhan sa Dara hÁit
Buaiteoirí Uladh v Buaiteoirí Laighean sa Dara hÁit
Buaiteoirí Laighean v Buaiteoirí Uladh sa Dara hÁit
Buaiteoirí Mumhan v Buaiteoirí Chonnacht sa Dara hÁit

Cluichí Leathcheannais

Connacht v Laighean
Mumhan v Laighean

Aguisín 4:

Contaetha a bhfuil cead tugtha ag an Ard-Chomhairle dóibh chun leas a bhaint as Rialacha 6.6 (b)(iii) nó 6.9 (b)(iii).

(1) Liatroim	(2) Sligeach	(3) Longfort
(4) Ceatharlach	(5) Fear Manach	(6) Cill Chainnigh*
(7) Laois	(8) An Cabhán	(9) Ros Comáin
(10) Cill Mhantáin	(11) An Clár*	(12) Uíbh Fhailí*
(13) Tiobraid Árann*	(14) An Iarmhí	
* Ciallaíonn sé Peil amháin		

Aguisín 5:

Bunreacht agus Rialacha an Chlub

Formáid Uimh. 1 - Baineann sé leis na Clubanna ar fad - gan Beáir Cheadúnaithe

Lena gCorpraítear Rialacha 1 go 17 go huile

Formáid Uimh. 2(A) - Baineann sé leis na Clubanna ar fad sa 26 Chontae ar leo/a oibríonn Beáir Cheadúnaithe.

Lena gCorpraítear Rialacha 1 go 17 go huile, chomh maith le Rial 18 (mar is infheidhme do na 26 Chontae).

Formáid Uimh. 2(B) - Baineann sé leis na Clubanna ar fad sna 6 Chontae ar leo/a oibríonn Beáir Cheadúnaithe.

Lena gCorpraítear Rialacha 1 go 17 go huile, agus breiseanna le Rialacha 3 agus 5 faoi mar a shainítear agus Rial 18 chomh maith (mar is infheidhme do na 6 Chontae).

Rialacháin - Rialacháin arna n-eisiúint chuig Clubanna sna Sé Chontae agus sa Bhreatain ag an Ard-Chomhairle.

Formáid Uimh. 1.

1. Sna Rialacha seo:

Ciallaíonn **“CLG”** an Eagraíocht Náisiúnta Rialaithe le haghaidh chaomhnú agus chur chun cinn Cluichí Gaelacha agus caitheamh aimsire Gaelach ar a dtugtar Cumann Lúthchleas Gael.

Ciallaíonn **“An Club”** an Club faoi mar atá leagtha amach i Riail 2 leis seo.

Ciallaíonn **“An Treoir Oifigiúil”** Treoir Oifigiúil CLG.

Ciallaíonn **“Coiste Feidhmiúcháin”** Oifigigh agus Gnáthbhaill na gCoistí le chéile.

Ciallaíonn **“Rúnaí”** an Rúnaí i láthair na huaire, nó duine ar bith a cheapfar chun dualgaí Rúnaí an Chlub a fheidhmiú.

Ciallaíonn **“Maoín Réadach”** maoín an Chlub de chineál inaistrithe, ina gcuimsítear Faichí Imeartha, Páirceanna nó Foirgnimh ar bith, cibé de Thionacht Léasachta nó de Thionacht Ruilse, agus na Daingneáin agus na Feistis ar fad a cheanglaítear leo agus a úsáidtear ina dteannta.

Ciallaíonn **“Maoín Phearsanta”** maoín an Chlub de chineál inaistrithe, ina gcuimsítear trealamh uile Imeartha agus Spóirt an Chlub, chomh maith leis an Stoc ar fad i dTrádáil agus in Airgead nó i Sócmhainní eile de chuid an Chlub nach bhfuil aicmithe cheana mar dhaingneáin nó feistis ar “Mhaoín Réadach”, mar a shainíodh thuas.

Focail a chiallaíonn an uimhir uatha amháin, ciallóidh siad an uimhir iolra agus a mhalairt chomh maith, agus focail a chiallaíonn an fhirinscne amháin, ciallóidh siad an bhaninscne agus a mhalairt chomh maith.

AINM

2. Is é Ainm Oifigiúil an Chlub

AN CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

_____ agus is é an leagan Béarla a bheidh
air _____ G.A.A. Club.

CUSPÓIRÍ

3.1 Is iad cuspóirí an Chlub aidhmeanna CLG a chur chun cinn, faoi mar atá leagtha síos sa Treoir Oifigiúil.

3.2 Beidh Ballraíocht, Ioncam agus Maoin an Chlub tiomanta do na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm amháin agus ní úsáidfear iad ach chun na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm amháin.

DATHANNA

4. Is iad Dathanna an Chlub _____

BALLRAÍOCHT

5.1 Beidh trí chineál Ballraíochta sa Chumann:

5.1.1 Féadfar BALLRAÍOCHT IOMLÁN, a thabhairt do dhaoine Os cionn 18 mbliana d'aois (i.e. beidh a 18ú breithlá slánaithe acu roimh an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta) a aontaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí an Chlub agus CLG agus a gheallann iad a chur chun cinn.

5.1.2 Féadfar BALLRAÍOCHT FAOI AOIS, a thabhairt do dhaoine faoi 18 mbliana d'aois agus Os cionn 9 mbliana d'aois (i.e. beidh a 18ú breithlá slánaithe acu an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta nó ar dháta ina dhiaidh sin agus beidh a 9ú breithlá slánaithe acu roimh an 1 Eanáir de Bhliain na Ballraíochta) a aontaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí an Chlub agus CLG agus a gheallann iad a chur chun cinn.

(Nótaí - Tá Ballraíocht Leanaí sa Chumann do dhaoine Faoi 9 mbliana d'aois (i.e. beidh a 9ú breithlá slánaithe acu ar an 1 Eanáir de

Bhliain na Ballraíochta nó ar dháta ina dhiaidh sin). Ar dhul in éag Bhallraíocht Linbh sa Chumann, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar Bhallraíocht Faoi Aois sa Chumann trí Chlub a bhfuil siad i dteideal imirt dó amháin).

5.1.3 Féadfar BALLRAÍOCHT OINIGH a thabhairt do dhaoine Os cionn 18 mbliana d'aois, mar a shainítear thuas, a thug seirbhís eisceachtúil don Chlub nó do chluichí nó do ghníomhaíochtaí CLG. Beidh cearta Baill Iomláin ag Ball Oinigh, ach beidh siad eisiata ó Tháille Bhliantúil Ballraíochta an Chlub a íoc.

5.1.4 Féadfar BALLRAÍOCHT SHÓISIALTA, a thabhairt do dhaoine Os cionn 18 mbliana d'aois, mar a shainítear thuas, a aontaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí an Chlub agus CLG agus a gheallann iad a chur chun cinn, ach nach lorgóidh cearta iomlána vótála agus nach nglacfaidh páirt i ngnóthaí riaracháin an Chlub nó CLG.

5.2 Déanfar Baill de CLG de Bhaill Iomlána (lena n-áirítear Baill Oinigh) agus Bhaill Faoi Aois an Chlub chomh maith.

5.3 Nuair a dheonaítear ballraíocht, leanfaidh Ballraíocht Iomlán CLG ar feadh an tsaoil, agus leanfaidh an Bhallraíocht Faoi Aois go dtí deireadh na bliana ina slánóidh an Ball ocht mbliana déag d'aois, ag an am a bheidh a chéad íocaíocht as síntiús ballraíochta mar Bhall Iomlán go huathoibríoch mura ruaigfear i gceachtar cás, an ball nó mura nglacfar lena éirí as i scríbhinn, de réir na Bunreachta agus na Rialacha seo nó de réir na Treorach Oifigiúla.

5.4 Beidh cearta baill ar bith den Chumann ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an ball forálacha na Bunreachta agus na Rialacha seo agus na Treorach Oifigiúla, lena n-áirítear táillí nó tobhaigh bhliantúla na ballraíochta ar bith a íoc.

5.5 D'fhéadfaí na cearta sin a choinneáil siar, a shrianadh nó a chur ar fionraí de réir na Bunreachta agus na Rialacha seo agus de réir na Treorach Oifigiúla.

5.6 Duine ar bith a mbeidh iarratas mar Bhall d'aon Aicme Ballraíochta, seachas Ballraíocht Oinigh á lorg aige, comhlánóidh

agus síneoidh sé Foirm Iarratais fhorordaithe, nach mór a chur ar ais chuig an Rúnaí mar aon leis an táille fhorordaithe. Mar mhalairt air sin, féadfar Foirm Iarratais leictreonach ordaithe a chomhlánú agus a chur isteach chuig an gClub, mar aon le híocaíocht leictreonach den táille ordaithe.

5.7 Ní mór d'Iarratas ar Bhallraíocht Iomlán nó ar Bhallraíocht Shóisialta a bheith ar an bhfoirm fhorordaithe a bheidh sínithe ag an Iarratasóir agus a bheidh molta ag Ball Iomlán amháin agus tacaithe ag Ball Iomlán eile nach bhfuil ar fionraí nó nach bhfuil dícháilithe faoin mBunreacht agus na Rialacha seo nó faoin Treoir Oifigiúil.

5.8 Ní mór d'Iarratas ar Bhallraíocht Faoi Aois a bheith ar an bhFoirm Fhorordaithe a bheidh sínithe ag an Iarratasóir agus ag duine dá thuismitheoirí nó dá Chaomhnóirí, agus beidh sé molta chomh maith ag Ball Iomlán amháin agus tacaithe ag Ball Iomlán eile nach bhfuil ar fionraí nó nach bhfuil dícháilithe faoin mBunreacht agus na Rialacha seo nó faoin Treoir Oifigiúil. Mar mhalairt air sin, féadfaidh duine de thuismitheoirí nó Caomhnóirí an Iarratasóra Foirm Iarratais leictreonach ordaithe a chomhlánú agus a chur isteach chuig an gClub, mar aon le híocaíocht leictreonach den táille ordaithe.

5.9 Beidh ainm agus seoladh an duine a mholfar mar Bhall Iomlán, mar aon le hainmneacha na ndaoine a bheidh á mholadh agus ag tacú leis, curtha timpeall chuig Baill an Chlub seachtain ar a laghad roimh an toghadh. Rachaidh tréimhse nach lú ná dhá sheachtain thart idir ainmniú agus toghadh na mBall sin.

5.9.1 Ní bheidh fáil ag daoine ar phribhléidí na Ballraíochta go dtí i ndiaidh a dtosa leis na nósanna imeachta atá sonraithe sa Riail seo.

5.10 Má ghlacann agus nuair a ghlacann an Coiste Feidhmiúcháin an tIarratas ar Bhallraíocht, cuirfidh Cláraitheoir an Chlub sonraí an Bhaill nua isteach chuig an Ard-Chomhairle, trí phróiseas Clárúcháin Leictreonaigh, lena gClárú agus chun uimhir phearsanta bhallraíochta a leithdháileadh dó.

5.11.1 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin imscrúdú a dhéanamh ar chúrsa ar bith, agus Baill a ruaigeadh, a chur ar fionraí, rabhadh a thabhairt dóibh, fíneáil a thabhairt dóibh nó iad a dhícháiliú ó ghníomhaíochtaí an Chlub as sárú ar an mBunreacht agus na Rialacha seo agus ar an Treoir Oifigiúil nó as iompar a mheasfar gur tharraing sé míchlú ar an gClub nó ar CLG.

5.11.2 Daoine dá leithéid, más Baill Iomlána (lena n-áirítear Baill Oinigh) nó Baill Faoi Aois iad, beidh an ceart acu achomharc a dhéanamh chun Choiste Éisteachtaí Choiste Contae CLG, laistigh de sheacht lá ó fhógra a fháil faoi chinneadh dá leithéid.

5.11.3 Mura dtabharfaidh an Club an cion ar aird Choiste Contae CLG, agus mura ndearbhaíonn an comhlacht sin, i ndiaidh dó fiúntais an cháis a bhreathnú agus cearta an imreora nó an bhaill a chur san áireamh, an pionós a gearradh, leanann an ball de bheith ina bhall dlíthiúil den Chumann agus ní chuirfear ar fionraí é ach ó ghníomhaíochtaí an Chlub amháin.

SÍNTIÚIS

6.1 Cinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin an Síntiús Bliantúil a íocfaidh baill an Chlub agus daingneofar é ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

6.2 Féadfar an Síntiús Bliantúil a íoc nuair a thoghfar iad agus gach bliain ina dhiaidh sin, roimh an dáta agus ar an dóigh a gcinneadh an Coiste Feidhmiúcháin é. Is é an dáta a shocrófar dáta roimh an 31 Márta gach bliain.

6.3 Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin ó am go chéile an íocaíocht ar Tháille Iontrála ag baill nua nó baill atá dulta i léig a leagan síos chomh maith leis an Síntiús Bliantúil thuas.

AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

7.1 Beidh gnó agus cúrsaí an Chlub faoi bhainistíocht Coiste Feidhmiúcháin, agus beidh sé ina chomhlacht rialaithe ar an gClub.

7.2 Beidh an Coiste Feidhmiúcháin comhdhéanta den Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí, Cláraitheoir, Oifigeach na Gaeilge agus an Chultúir, Oifigeach Caidrimh Phoiblí, Oifigeach na Leanaí, Ionadaí amháin do na hImreoirí, agus cúigear Ball Iomlán ar a laghad.

7.3 Déanfaidh Beirt Bhall Iomlán a bhfuil a dtáillí ballraíochta íoctha acu go dáta ainmniúcháin chun fónamh ar an gCoiste Feidhmiúcháin de réir Riail 6.2 agus nár cuireadh ar fionraí nó nár dícháilíodh faoin mBunreacht nó faoi na Rialacha seo nó faoin Treoir Oifigiúil.

7.4 Beidh páirt glactha ag Ionadaí na nImreoirí mar imreoir don Chlub laistigh den 48 seachtaine roimhe sin.

7.5 Toghfaidh na Baill Iomlána a bheidh i láthair a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil an Coiste Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Ionadaí na nImreoirí, ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

Eisceachtaí: Ceapfar Oifigeach na Leanaí agus Oifigeach na Gaeilge agus an Chultúir ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil ar mholadh ón gCoiste Feidhmiúcháin a bheidh ag dul as oifig.

7.6 Baill Iomlána a bhfuil a dtáillí Ballraíochta íoctha acu go dáta de réir Riail 6.2 agus nár cuireadh ar fionraí nó nár dícháilíodh faoin mBunreacht nó faoi na Rialacha seo nó faoin Treoir Oifigiúil, is iadsan amháin a bheidh i dteideal lena dtoghadh chun an Choiste Feidhmiúcháin.

7.7 Tionólfaidh an Coiste Feidhmiúcháin a bheidh ag dul as oifig an Cruinniú Ginearálta Bliantúil.

7.8 Beidh an Coiste Feidhmiúcháin i seilbh oifige go dtí go gcuirfear an chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil eile i gcrích.

7.9 Tiocfaidh an Coiste Feidhmiúcháin le chéile uair amháin ar a laghad gach ráithe, agus comhdhéanfaidh ceathrar ball a bheidh i láthair córam den Choiste Feidhmiúcháin.

7.10 Beidh an Cathaoirleach, nuair a bheidh sé i láthair, i gceannas ar chruinnithe an Choiste Feidhmiúcháin; beidh an Leas-Chathaoirleach i gceannas nuair a bheidh an Cathaoirleach as láthair.

7.11 Má bhíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach beirt as láthair, toghfaidh an Coiste ball a bheidh i láthair le bheith i gceannas ar an gcruinniú.

7.12 Taifeadfaidh an Rúnaí Miontuairiscí gach Cruinnithe.

7.13 Sonrófar sna Miontuairiscí dáta an Chruinnithe, na daoine a bhí i láthair, agus cuntas gairid den Chruinniú, agus léifear iad ag an gcéad Chruinniú eile.

7.14 Má aontaítear go bhfuil Miontuairiscí dá leithéid cruinn nó gur leasaíodh iad go cuí, síneoidh an Cathaoirleach agus an Rúnaí iad, tar éis dóibh a bheith molta, tacaíthe agus glactha.

7.15 Beidh an ceart eisiach ag an gCoiste Feidhmiúcháin chun Fochoistí a cheapadh, mar is cuí.

7.16 Saineoidh an Coiste Feidhmiúcháin dualgais gach Fochoiste, agus coimeádfaidh sé smacht i ngach ábhar agus gach gníomhaíocht a mheasann sé a bheith tábhachtach do leas ginearálta an Chlub, lena n-áirítear diúscairt cistí ar bith i seilbh Fochoistí dá leithéid.

7.17 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin Cathaoirleach na bhFochoistí sin a ainmniú.

7.18 Beidh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir an Choiste Feidhmiúcháin ina mbaill ex-officio de gach Fochoiste.

7.19 Beidh an chumhacht ag an gCoiste Feidhmiúcháin ó am go chéile, cibé Rialacháin a athrú nó a aisghairm a mheasfaidh siad a bheith riachtanach, fóirsteanach nó áisiúil le haghaidh iompar agus bhainistiú cuí an Chlub, agus go háirithe, ach ní go heisiach, d'fhéadfadh siad, leis na Rialacháin sin, an méid seo a leanas a leagan amach:

- (a) Na téarmaí agus na coinníollacha faoina mbeidh cead ag aíonna, leanaí bhaill an Chlub agus cuairteoirí áitreabh agus maoín an Chlub a úsáid;
- (b) Amanna oscailte agus dúnta na bPáirceanna Pailliúin agus Áitreabh an Chlub, nó cuid ar bith díobh;
- (c) Iompar bhaill an Chlub maidir lena chéile;
- (d) Cur ar leataobh áitreabh iomlán an Chlub, nó cuid nó codanna de le haghaidh am sonrach nó amanna sonracha ar bith, nó le haghaidh cuspóra nó cuspóirí ar bith;
- (e) Forchuireadh fíneálacha as sárú ar cheann ar bith de Rialacha nó Rialacháin an Chlub.
- (f) Cuirfear faomhadh na rún ar aghaidh chuig an gCoinbhinsiún Bliantúil Contae.
- (g) Agus go ginearálta na nithe sin go léir a bhíonn ina n-ábhar Rialacha an Chlub de ghnáth.

7.20 Glacfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cibé bealaí a mheasfaidh siad a bheith imleor, chun na Rialacháin sin ar fad agus na hathruithe agus na haisghairmeacha ar fad a chur ar aird bhaill an Chlub.

7.21 Fad is a bheidh na Rialacháin sin ar fad i bhfeidhm, beidh siad ina gceangal ar bhaill uile an Chlub, ar an gcoinníoll mar sin féin nach mbeidh Rialacháin ar bith neamh-chomhsheasmhach leis an mBunreacht seo nó leis na Rialacha nó leis an Treoir Oifigiúil, agus nach rachaidh siad i gcion ar aon rud iontu ná nach n-aisghairfear aon rud iontu leo, agus go bhféadfaí Rialacháin ar bith a chur ar leataobh le rún speisialta de Chruinniú Ginearálta an Chlub.

7.22 Beidh an ceart ag gach Ball Iomlán go n-éistfidh an Coiste Feidhmiúcháin leis maidir le gearán nó aighneacht ar bith a chuirfeadh sé, i scríbhinn, chuig an Rúnaí.

7.23 Féadfaidh iad siúd a leanas cruinniú speisialta den Choiste Feidhmiúcháin a ghairm:

- (a) an Rúnaí, nó
- (b) an Rúnaí, le haghaidh dáta tráth nach mó ná seacht lá ón dáta a gheobhaidh sé foréileamh a bheidh sínithe go cúí ag ceathrar comhaltaí den Choiste Feidhmiúcháin.

(c) Leagfar amach an cuspóir lena dteastaíonn an cruinniú speisialta i bhforéileamh dá leithéid.

7.24 Ball ar bith den Choiste Feidhmiúcháin nach dtéann chuig trí chruinniú as a chéile, gan mhíniú réasúnta, measfar gur éirí sé as an gCoiste Feidhmiúcháin.

7.25 I gcás go n-éiríonn Ball ar bith den Choiste Feidhmiúcháin as, go measfar gur éirigh sé as, nó go ndeachaigh a phost i léig ar shlí eile, beidh an chumhacht ag baill eile an Choiste Feidhmiúcháin, faoina rogha féin, an folúntas a líonadh, trí bhall eile ó chomhlacht na Ballraíochta Iomláine a chomhthoghadh ina ionad.

7.26 Ní áireofar seirbhís Baill ar bith a chomhthoghtar mar sin chun an Choiste Feidhmiúcháin agus sinsearach Baill dá leithéid á ríomh, má thoghtar ina dhiaidh sin é le fónamh ar an gCoiste Feidhmiúcháin.

CRUINNITHE GINEARÁLTA

8.1 Tionólfaidh an Club cruinniú ginearálta gach bliain mar a Chruinniú Ginearálta Bliantúil, chomh maith le Cruinnithe Ginearálta ar bith eile an bhliain sin, agus sonródh sé an cruinniú amhlaidh san fhógra ina ngairfear é.

8.2 Tabharfar Cruinnithe Ginearálta Speisialta ar gach Cruinniú Ginearálta, seachas Cruinnithe Ginearálta Bliantúla.

8.3 Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil cibé am a chinnfeadh an Coiste Feidhmiúcháin, ach a mhéid a bheidh sé praiticiúil tionólfar é roimh dheireadh mhí na Samhna gach bliain.

8.4 Déanfar an gnó seo a leanas a idirbheartú ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil:

- (a) Glacadh Buanorduithe.
- (b) Miontuairiscí ón gCruinniú Ginearálta Bliantúil roimhe sin.
- (c) Breathnú ar an Tuarascáil Bhliantúil a chuir an Rúnaí isteach.

- (d) Breathnú ar na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear Tuarascáil an Chuntasóra (Cuntasóirí) nó an Iniúcháir (Iniúcháirí).
- (e) Aitheasc an Chathaoirligh.
- (f) Toghadh Oifigigh agus Bhail an Choiste Feidhmiúcháin.
- (g) Fógraí maidir le Rún.
- (h) Gnó eile

8.5 Gairfear Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chlub ar na bealaí seo a leanas:

8.5.1 Cinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin dáta, am agus áit don chruinniú, ag tabhairt go leor ama chun na teorainneacha ama atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh.

8.5.2 Nuair a bheidh dáta an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil socraithe, tabharfaidh an Rúnaí fógra ocht lá is fiche ar a laghad i scríbhinn do na bail maidir leis an dáta sin, agus iarrfaidh sé ainmniúcháin ag an am céanna lena dtoghadh chun an Choiste Feidhmiúcháin le haghaidh na bliana dár gcionn agus rún lena mbreathnú ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, ag sonrú chomh maith go bhfaighidh sé na hainmniúcháin agus na rún sin faoi dháta nach lú nach aon lá is fiche roimh an dáta a bheith socraithe don chruinniú.

8.5.3 Déanfaidh an Rúnaí ansin, ar an dáta a bheidh socraithe chun na hAinmniúcháin agus na Rúin sin a chur ar ais chuige nó i ndiaidh an dáta sin, ach ionas go dtabharfar fógra soiléir deich lá roimh an gcruinniú, na doiciméid seo a leanas a scaipeadh:

- (a) Cóip den Chlár Oibre don chruinniú.
- (b) Cóip de Thuarascáil Bhliantúil an Rúnaí.
- (c) Cóip de na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear Tuarascáil an Chuntasóra (Cuntasóirí) nó an Iniúcháir (Iniúcháirí)
- (d) Sonraí maidir leis na hAinmniúcháin lena dtoghadh chun an Choiste Feidhmiúcháin.
- (e) Cóipeanna de rún ar bith lena mbreathnú ag an gcruinniú.

8.6 I gcás líon na hAinmnithe le haghaidh post Coiste Feidhmiúcháin ar bith a bheith comhionann le líon na bpost a bheidh le líonadh nó níos lú ná líon na bpost a bheidh le líonadh, dearbhófar go bhfuil na

hAinmnithe sin tofa, agus poist ar bith nach líonfar, i ngeall ar easpa Ainmnithe nó Ainmnithe ag tarraingt amach, líonfaidh an Coiste Feidhmiúcháin nua iad, chomh luath agus is féidir i ndiaidh an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil.

8.7 Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin Cruinniú Ginearálta Speisialta a ghairm ag tráth ar bith, fad is go dtabharfar fógra soiléir deich lá, i scríbhinn, do na baill, ina sonrófar an cuspóir le Cruinniú Ginearálta Speisialta den sórt sin.

8.8 Gairfidh an Coiste Feidhmiúcháin Cruinniú Ginearálta Speisialta, le haghaidh dáta tráth nach mó ná ocht lá is fiche ón dáta a gheobhaidh an Coiste Feidhmiúcháin foréileamh, i scríbhinn, a bheidh sínithe go cuí ag beirt bhall déag den Chlub, agus tabharfar fógra soiléir deich lá do na Baill.

8.8.1 Leagfar amach an cuspóir lena dteastaíonn an Cruinniú Ginearálta Speisialta i bhForéileamh dá leithéid ó bhaill an Chlub, agus lóisteálfar iad leis an Rúnaí.

8.8.2 Mura ngairtear an Cruinniú Ginearálta Speisialta le haghaidh dáta laistigh de na hocht lá is fiche a ordaíodh, féadfaidh na Daoine a Rinne na Foréilimh Cruinniú Ginearálta Speisialta a thionól iad féin, ag baint úsáid as fógraí nuachtáin más gá chun cruinniú dá leithéid a chur in iúl do na baill.

8.9 Ní dhéanfar gnó ar bith eile, lasmuigh den ghnó a bheidh sonraithe san Fhógra, a idirbheartú ag Cruinniú Ginearálta Speisialta.

8.10 Ní dhéanfar gnó ar bith a idirbheartú ag Cruinniú Ginearálta ar bith mura bhfuil córam ball i láthair tráth a rachaidh an cruinniú ar aghaidh chuig cúrsaí gnó. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt anseo, beidh fiche faoin gcéad de na Baill Iomlána atá i dteideal vótáil ina chóram ag Cruinniú Ginearálta.

8.11 Mura mbeidh córam ball i láthair laistigh de leathuair i ndiaidh an ama a ceapadh le haghaidh Cruinniú Ginearálta, déanfar an cruinniú, má bhíonn sé á thionól ar fhoréileamh na mball, a dhíscaoileadh; i gcás ar bith eile cuirfear ar atráth é go dtí an lá céanna

an tseachtain dár gcionn, ag an am céanna agus ag an áit chéanna; agus mura mbeidh córam ball i láthair ag an gcruinniú a ationóladh leathuair i ndiaidh an ama a ceapadh le haghaidh an chruinnithe, beidh na baill i láthair ina gcóram mar sin.

8.12 Beidh an Cathaoirleach, agus an Leas-Chathaoirleach mura mbeidh an Cathaoirleach ansin, i gceannas mar Chathaoirleach ag gach Cruinniú Ginearálta de chuid an Chlub.

8.13 Mura mbeidh Cathaoirleach dá leithéid ann, nó mura mbeidh sé i láthair ag cruinniú ar bith laistigh de thríocha nóiméad i ndiaidh an ama a ceapadh le haghaidh an cruinniú a thionól, roghnóidh na baill a bheidh i láthair ag an am sin duine dá líon ar ball é den Choiste Feidhmiúcháin le bheith ina Chathaoirleach ar an gcruinniú, agus mura mbeidh Ball ar bith den Choiste Feidhmiúcháin i láthair, toghfaidh na baill duine dá líon féin le bheith ina Chathaoirleach ar an gcruinniú.

8.14 Féadfaidh an Cathaoirleach, le toiliú an chruinnithe, an cruinniú a chur ar atráth ó am go chéile agus ó áit go háit, ach ní dhéanfar gnó ar bith a idirbheartú ag cruinniú ationólta ar bith seachas gnó ar bith a fágadh gan chríochnú ag an gcruinniú a cuireadh ar atráth.

8.15 Mura gcloítear go docht leis na teorainneacha ama atá leagtha amach sa Bhunreacht agus sna Rialacha seo nó mura bhfaigheann daoine atá i dteideal fógra a fháil Fógra maidir le Cruinniú, ní dhéanfar na himeachtaí ag an gcruinniú sin a chur ó bhail mar thoradh air sin, ach beidh formhór na mball a bheidh i láthair i dteideal atráth an chruinnithe a iarraidh agus a fháil go dtí cibé dáta faoina mbeadh go leor ama acu le hábhair doiciméad ábhartha ar bith a fháil agus a bhreathnú.

VÓTÁIL

9.1 Baill Iomlána, a bhfuil a dTáillí Ballraíochta íoctha acu go dáta de réir Rialí 6.2, agus nár cuireadh ar fionraí nó nár dícháilíodh faoin mBunreacht nó faoi na Rialacha seo nó faoin Treoir Oifigiúil, is

iadsan amháin a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh ag Cruinniú Ginearálta.

9.2 I gcás comhionannas vótaí, cibé acu le taispeáint lámh nó le ballóid, beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach ar Chruinniú Ginearálta, ar chruinniú Coiste Feidhmiúcháin nó ar chruinniú Fochoiste sa bhreis ar a vóta mar bhall, beag beann ar cibé acu ar chaith sé vóta ar an ábhar i dtosach nó nár chaith, cé is moite de thoghadh chun poist ar bith, i gcás go gcinneadh an toradh i gcás comhionannas vótaí trí chrannchur.

9.3 Ag Cruinniú Ginearálta ar bith cinneadh rún a chuirfear chun vóta cruinnithe le taispeáint lámh, ach amháin, má bhíonn ballóid roimh dhearbhuí thoradh na taispeánta lámh, nó ina dhiaidh sin, á héileamh ag:

- (a) an Cathaoirleach
- (b) ag cúigeard ball ar a laghad a bheidh i láthair agus i dteideal vóta a chaitheamh.

9.4 Mura n-éilítear ballóid amhlaidh, dearbhú ón gCathaoirleach gur glacadh le rún leis an taispeáint lámh, nó gur glacadh d'aon toil é, nó le tromlach faoi leith, nó gur cailleadh é, beidh an dearbhú sin críochnaitheach, agus beidh iontráil maidir leis sin sa leabhar ina gcuimsítear miontuairiscí an Chlub ina fianaise dhochloíte air sin, gan cruthúnas ar líon nó ar chion na vótaí i bhfabhar nó i gcoinne rún dá leithéid.

9.5 Má éilítear ballóid amhlaidh, déanfar an bhallóid sin i cibé dóigh a n-ordóidh an Cathaoirleach é, agus measfar gur toradh na ballóide sin cinneadh an chruinnithe ar éilíodh an bhallóid aige.

9.6 Déanfar Ballóid Rúnda chun toradh comórtais ar bith le haghaidh post toghthach a chinneadh.

SÓCMHAINNÍ AGUS IONTAOBHAITHE

10.1 Sealbhaítear gach maoín ar bith de chuid Club ar Iontaobhas chun tairbhe an Chlub lena mbaineann. Tá an tIontaobhas faoi réir agus á rialú ag forálacha na Treorach Oifigiúla agus an Chóid maidir

le hIontaobhais Mhaoín an Chumainn, faoi mar a leasófaí an dá cheann ó am go chéile.

Dílseofar gach maoín den sórt sin san Iontaobhas Corparáideach agus/nó i líon ball iomlán mar Iontaobhaithe.

10.2 Beidh an chumhacht ag an gClub Maoín Réadach agus Maoín Phearsanta a éadail, a shealbhú agus a fhorbairt, a léasú, a mhorgáistiú, táille a ghearradh as, a mhalartú nó a dhíol, agus airgead a fháil ar iasacht nó a thiomsú chun cuspóirí an Chlub a chur chun cinn, faoi réir údarás foriomlán Ard-Chomhairle CLG.

10.3 Ní dhéanfar an Maoín Réadach a léasú, a mhorgáistiú, ní ghearrfar táille as, nó a dhíol, nó a iompar, nó a aistriú nó ní dhéileálfar leis ar bhealach ar bith gan toiliú i scríbhinn ón Ard-Chomhairle CLG, nó faoi mar a leagfar amach i nDearbhú Iontaobhais ar leith ar bith.

10.4 (A) Déanfar an Mhaoín Phearsanta atá faoi úinéireacht Club nó á sealbhú ag Club a dhílsiú sa Chathaoirleach, sa Chisteoir agus sa Rúnaí a sealbhóidh ar Iontaobhas é don Club.

(B) Déanfar Maoín Réadach de chuid Club, a dhílsiú iontu seo a leanas:

- (i) Cúigear Iontaobhaithe, triúr díobh a cheapfar ar son agus thar ceann Club, duine amháin díobh a cheapfar ar son agus thar ceann an Choiste Contae ábhartha, agus duine amháin a cheapfar ar son agus thar ceann na Comhairle Cúige cú; nó
- (ii) Ceathrar Iontaobhaithe, triúr díobh a cheapfar ar son agus thar ceann Club agus ceapfar an tIontaobhaí Corparáideach ar son agus thar ceann an Choiste Contae agus na Comhairle Cúige ábhartha; nó
- (iii) Iontaobhaí amháin a bheidh ina Iontaobhaí Corparáideach. Maidir le Maoín Réadach atá lonnaithe i Sasana nó sa Bhreatain Bheag is é (ii) an t-aon rogha atá ar fáil.

10.5 Féadfaidh an Coiste Feidhmiúcháin a chinneadh cibé an gceapfar an tIontaobhaí Corparáideach nó daoine eile mar Iontaobhaithe ar son agus thar ceann an Chlub chun críche Rialacha 5.3(B)(b)(1)(i) nó (ii) agus cé hiad na daoine a bheidh i gceist.

10.6 Trí bhíthin a gceapachán a ghlacadh agus de réir mar a theastaíonn agus nuair a theastaíonn ón Ard-Chomhairle, comhlíonfaidh Iontaobhaithe uile na Maoine Réadaí Dearbhú Iontaobhais, arna fhaomhadh ag an Ard-Chomhairle, agus ina mbeidh na forálacha maidir le ceapadh, cur as oifig nó cur in ionad na nIontaobhaithe chomh maith le hiompar na nIontaobhaithe i bhfeidhmiú a ndualgas agus i bhfeidhmiú a gcumhachtaí faoin iontaobhas a rialú.

Féadfar téarmaí an Dearbhaithe Iontaobhais arna bhfaomhadh ag an Ard-Chomhairle a leasú nó a ionadú de réir mar a chinneadh an Ard-Chomhairle ó am go chéile.

10.7 Sa chás gur duine aonair é an t-iontaobhaí, beidh Iontaobhaí i seilbh oifige go dtí go scoirfidh sé/sí nó go dtí go bhfaighidh sé/sí bás mura gcuirtear duine eile ina ionad/hionad de réir fhorálacha Riall 5.3, na Treorach Oifigiúla agus an Chóid maidir le Maoín an Chumainn.

10.8 Déanfaidh Iontaobhaithe na Maoine Réadaí, ach cead a fháil ar dtús ón Ard-Chomhairle CLG más gá, a chumhachtaí a fheidhmiú agus a ndualgaí a chomhlíonadh faoi mar a ordóidh an Club agus de réir na Rialacha i gCaibidil 5 den Treoir Oifigiúil agus den Chód maidir le Maoín an Chumainn.

10.9 Tabharfar Treoir de chuid an Chlub le rún bhaill iomlána an Chlub, a rithfidh tromlach na mball a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil ag Cruinniú Ginearálta a tionóladh go cuí agus nuair a rithfear é beidh sé ina cheangal ar bhaill uile an Chlub.

10.10 Beidh Deimhniú a shíneoidh an Rúnaí, i bhfabhar duine ar bith a bheidh ag brath air, ina fianaise dhochloíte gur tugadh Treoir, a chomhlíonann forálacha na Rialach seo ar gach slí, go cuí do na hIontaobhaithe.

10.11 Infheisteadh agus úsáidfidh Iontaobhaithe na Maoine Pearsanta an mhaoín sin de réir Threoracha an Choiste Feidhmiúcháin, a mbeidh iontráil i leabhar na Miontuairiscí ina fianaise dhochloíte ina leith.

10.12 Déanfaidh an Club Iontaobhaithe a shlánú agus a shábháil ó dhíobháil maidir le caillteanas nó speansais as póca bona fide ar bith a thabhdh siad i gcomhlíonadh a gcumhachtaí nó a ndualgas nó maidir leo.

LEABHAIR AGUS CUNTAIS

11.1 Oslóidh an Coiste Feidhmiúcháin Cuntas Bainc nó Cuntais Bhainc le Banc faofa thar ceann an Chlub, agus beidh na seiceanna ar fad a tharraingeofar as an cuntas sin sínithe ag an gCisteoir agus comhshínithe ag an gCathaoirleach nó an Rúnaí.

11.2 Cuirfidh an Coiste Feidhmiúcháin faoi deara go gcoinneofar Leabhair chuí Chuntais maidir le:

- (a) Na suimeanna airgid ar fad a gheobhaidh agus a chaithfidh an Club, agus na cúrsaí maidir lena ndearnadh na fáлтаis agus an caiteachas sin; agus
- (b) Na Díolacháin agus Ceannacháin uile a rinne Club; agus
- (c) Sócmhainní agus Dliteanais an Chlub.

11.3 Coinneofar na Leabhair Chuntas cibé áit nó áiteanna is cuí leis an gCoiste Feidhmiúcháin, agus beidh siad ar fáil ag gach am réasúnta lena n-iniúchadh ag baill an Choiste Feidhmiúcháin.

11.4 Maidir le Leabhair Chuntais an Chlub cinnfidh an Coiste Feidhmiúcháin ó am go chéile cibé an mbeidh siad ar fáil, a mhéid a bheidh siad ar fáil, na hamanna agus na háiteanna a mbeidh siad ar fáil, agus na coinníollacha agus na rialacháin faoina mbeidh siad ar fáil lena n-iniúchadh ag baill iomlána an Chlub nach ball den Choiste Feidhmiúcháin iad, agus ní bheidh ceart ag ball ar bith (nach Ball den Choiste Feidhmiúcháin iad) iniúchadh a dhéanamh ar Chuntas nó Leabhar nó Doiciméad ar bith de chuid an Chlub ach amháin má chheadaíonn an Coiste Feidhmiúcháin é.

11.5 Ceapfar Duine neamhspleách nó Daoine neamhspleácha atá cáilithe go cuí mar Chuntasóir (Cuntasóirí) chun tuairisciú a dhéanamh ar Chuntais/Ráitis Airgeadais an Chlub lena gcur i láthair an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil. Má mheasfaidh Coiste Feidhmiúcháin an Chlub gur cuí é déanfar iniúchadh ar na

Cuntais/Ráitis Airgeadais. Cuirfear cóip de na Cuntais/Ráitis Airgeadais, arna nglacadh agus arna bhfaomhadh, faoi bhráid an Choiste Contae laistigh de cheithre seachtaine ó dháta an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil.

11.6 Cuirfidh an Coiste Leabhair agus Cuntais an Chlub i láthair an Chuntasóra (Cuntasóirí) nó an Iniúchóra (Iniúchóirí) in am trátha le go mbeidh Tuarascáil an Chuntasóra (Cuntasóirí) nó an Iniúchóra (Iniúchóirí) sin ar fáil ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chlub agus go mbreathnófar iad ag an gcruinniú sin.

11.7 Beidh na Ráitis Airgeadais faofa ag an gCoiste Feidhmiúcháin, agus sínithe ag beirt as an triúr Oifigeach – an Cathaoirleach, an Rúnaí, an Cisteoir – thar ceann an Choiste Feidhmiúcháin.

11.8 Cuirfidh an Coiste Feidhmiúcháin faoi deara Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Clár Comhardaithe a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil agus beidh siad sin tugtha cothrom le dáta tráth nach mó ná sé mhí roimh chruinniú dá leithéid.

11.9 Cuirfear Clár Comhardaithe agus Cuntais an Chlub ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim, nuair a iarrfar iad.

11.10 Is leis an gClub gach Leabhar Cuntas, lena n-áirítear gach doiciméad, dearbhán, ráiteas agus nóta, chomh maith le leabhair mhiontuairiscí, nótaí ar chruinnithe, comhfhreagras bunaidh agus cóipeanna de gach doiciméad dá leithéid, agus ní bheidh teideal pearsanta ar dhoiciméid dá leithéid ag duine ar bith nó ní bheidh leas ar bith aige iontu d'eisiamh an Chlub.

11.11 Is é an 31 Deireadh Fómhair deireadh bhliain Airgeadais an Chlub

IONCAM AGUS MAOIN

12.1 Ní dhéanfar cion ar bith d'Ioncam agus Maoin an Chlub a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí bhíthin brabúis, díbhinne, bónaís nó trí bhealach eile ar chor ar bith chuig Baill an Chlub.

12.2 Ní cheapfar Oifigeach ar bith in Oifig ar bith laistigh den Chlub a íocfar le tuarastal nó táillí, nó ní bhfaighidh sé luach saothair nó sochar ar bith eile in airgead nó i luach airgid ón gClub Maidir le hOifig dá leithéid, ar an gcoinníoll, áfach, nach gcuirfidh rud ar bith cosc ar íocaíocht de mheon macánta ag an gClub maidir le:

- (a) luach saothair réasúnta agus cuí le Ball nó Oifigeach ar bith den Chlub as seirbhísí ar bith a sholáthraíonn siad don Chlub (seachas mar Oifigeach);
- (b) luach saothair réasúnta agus cuí le cuideachta ar bith a bhfuil Ball nó Oifigeach den Chlub ina stiúrthóir nó ina gheallsealbhóir uirthi, as seirbhísí ar bith a sholáthraíonn siad don Chlub;
- (c) ús ag ráta nach mó ná 5% in aghaidh na bliana ar airgead a thug Oifigigh nó Baill eile den Chlub ar iasacht don Chlub;
- (d) cíós réasúnta agus cuí ar áitreabh a bheidh á fhorléasadh agus a ligean ar cíós ag Oifigigh nó Baill eile den Chlub (lena n-áirítear Oifigeach ar bith) don Chlub;
- (e) speansais as póca réasúnta agus chuí a thabhoídh Oifigeach ar bith i ndáil lena bhfreastal ar aon ní a bhaineann leis an gClub;
- (f) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid do Chuideachta ar bith a bhféadfadh Oifigeach bheith ina bhall inti, agus nach bhfuil níos mó ná an céadú cuid de chaipiteal eisithe na Cuideachta sin á shealbhú aige.

FOIRCEANNADH

13.1 Ní rithfear rún chun Club a fhoirceannadh ach amháin ag Cruinniú Ginearálta, a ghairfear go speisialta chun críche rúin dá leithéid, má bhíonn sé tacaíte ag líon nach lú ná trí cheathrú díobh siúd a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil.

13.2 Beidh cinneadh ar bith maidir le Club a Fhoirceannadh faoi réir fhaomhadh an Choiste Contae.

13.3 Ar fhoirceannadh dá leithéid, má bhíonn maoin ar bith ar chor ar bith fágtha, i ndiaidh shásamh a fhiach agus a dhliteanas uile, ní íocfar an mhaoín sin le baill, oifigigh nó fostaithe an Chlub, nó ní dháilfear ina measc í, ach coinneoidh na hIontaobhaithe ar iontaobhas í do Choiste Contae cuí an Chumainn, lena diúscairt faoi mar a ordódh an Coiste Contae sin, ach ní íocfaidh siad an mhaoín leis na baill, na hoifigigh nó na fostaithe, nó ní dháilfidh siad í ina measc i gcás ar bith.

BREISEANNA LE RIALACHA AGUS LEASUITHE ORTHU

14.1 Féadfar Breiseanna leis na mBunreacht agus na Rialacha seo agus leasuithe orthu a dhéanamh ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil nó ag Cruinniú Ginearálta Speisialta a ghairfear chun na críche sin, ar an gcoinníoll go nglacfaidh vóta dhá thrían de na baill a bheidh i láthair, a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus a bheidh ag vótáil leis an Rún ina moltar é sin, nach dtagann sé sin salach ar an Treoir Oifigiúil, agus go dtabharfaidh an Coiste Bainistíochta Contae cead i leith an athraithe (athruithe).

14.2 Baill ar mian leo Breiseanna ar an mBunreacht agus na Rialacha seo nó leasuithe orthu a mholadh ní mór dóibh fógra faoi na Breiseanna agus na Leasuithe molta a chur chuig an Rúnaí i scríbhinn tráth nach déanaí ná aon lá is fiche roimh an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, nó roimh an gCruinniú Ginearálta Speisialta mar a fhoráiltear le Riail 8.5.2 leis seo.

14.3 Más cuí, ní chuirfear Breiseanna le forálacha na gClásal maidir leis an bPríomhchuspóir (Príomhchuspóirí) (3), Ioncam agus Maoin (12) agus Foirceannadh (13) sa Bhunreacht agus na Rialacha seo atá i bhfeidhm i láthair na huaire nó ní dhéanfar leasuithe orthu, mura mbeidh siad faofa roimhe seo ag na Coimisinéirí Ioncaim i scríbhinn.

COMHLÍONADH FHORÁLACHA NA TREORACH OIFIGIÚLA

15. Léifear an Bhunreacht agus na Rialacha seo i gcomhar leis an Treoir Oifigiúil agus faoi réir na Treorach Oifigiúla.

LÉIRMHÍNIÚ BHUNREACHT AGUS RIALACHA AN CHLUB

16. Is é an Coiste Feidhmiúcháin amháin a bheidh ina údarás maidir le Léirmhíniú Bhunreacht agus Rialacha an Chlub (cé is moite de Rialacha 5.11.1, 5.11.2 agus 5.11.3) agus maidir le fodhlíthe agus rialacháin ar bith a dhéanfar anseo istigh; agus beidh cinneadh an Choiste Feidhmiúcháin ar cheist ar bith ar léirmhíniú, nó ar ábhar ar bith a bhaineann leis an gClub agus nach ndéanfar foráil maidir leis, críochnaitheach agus ina cheangal ar na baill, faoi réir achomhairc chun Choiste Éisteachtaí an Choiste Contae de réir fhorálacha Riail 5.11.2, agus ní bheidh sé i gcúinsí ar bith faoi réir achomhairc chun Cúirte Dlí ar bith.

GINEARÁLTA

17.1 Féadfaidh an Club Fógra a thabhairt do Bhall ar bith go pearsanta nó trí é a sheoladh sa phost nó le ríomhphost chuige go dtí an seoladh is déanaí is eol a bheith aige.

17.2 I gcás go seolfar Fógra sa phost, measfar seirbheáil an Fhógra sin a bheidh déanta tríd an seoladh ceart a chur ar litir ina mbeidh an Fógra, é a réamhíoc agus a chur sa phost, agus measfar é a bheith déanta tráth a seachadfaí an litir i ngnáthchúrsa an phoist.

17.3 Mainneachtain fógra maidir le cruinniú ar bith a thabhairt nó i gcás nach mbeidh fógra faighte ag duine atá i dteideal fógra a fháil, ní dhéanfar imeachtaí an chruinnithe sin a chur ó bhail mar thoradh air sin.

17.4 Glacfar an Bhunreacht agus na Rialacha seo mar leasú nó mar ionadú ar Bhunreacht nó Rialacha reatha ar bith de chuid Chlub CLG_____ amhail an____ lá de_____.

Mar chuid d'Fhormáid Uimh. 2(A)

LE hAGHAIDH GHLACADH NA gCLUBANNA AR LEO/A OIBRÍONN BEÁIR CHEADÚNAITHE SNA 26 CHONTAE

DÁILEADH DEOCHANNA MEISCIÚLA

18.1 Ní bheidh leas pearsanta ar bith ag Ball, Oifigeach, Ball Coiste, Bainisteoir nó Fostaí de chuid an Chlub i ndíolachán deochanna inmháil ann, nó sna brabúis a dhéanfaí as an díolachán sin.

18.2 Seachas i gcás grúpa a thugann cuairt ar an gClub, mar a fhoráiltear le Cuid 30 den Acht Deochanna Meisciúla 2000, ní sholáthrófar deoch inmháil do chuairoteoir in áitreabh an Chlub ach amháin má thugann ball den Chlub cuireadh dó agus in éineacht le ball den Chlub, agus cuirfidh an ball sin ar chuairteoir dá leithéid a ligean isteach ar Áitreabh an Chlub nó díreach nuair a sholáthrófar deoch dá leithéid dó a ainm féin agus ainm agus seoladh an chuairteora isteach i leabhar a choimeádtar chun na críche sin, agus ina dtaispeánfar dáta gach cuairte.

18.3 Ní dhíolfar nó ní sholáthrófar deochanna inmháil ar bith lena n-ól lasmuigh d'Áitreabh an Chlub ach amháin do bhaill den Chlub idir 8 an chloig ar maidin agus 10 an chloig san oíche.

18.4 Ní dhíolfar nó ní sholáthrófar deochanna inmháil ar Áitreabh an Chlub do dhuine ar bith faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

18.5 (1) Faoi réir na n-eisceachtaí atá sainithe in alt (2) den Riail seo, ní sholáthrófar deoch inmháil ar bith lena hól ar Áitreabh an Chlub do dhuine ar bith (seachas ball den Chlub a bheidh ar iostas in Áitreabh an Chlub) nó lena hól ar áitreabh an chlub ag duine ar bith (seachas ball den Chlub a bheidh ar iostas in Áitreabh an Chlub) -
(a) ag am ar bith ar Lá Nollag;
(b) ar lá ar bith eile, faoi mar atá sainithe thíos, lasmuigh de na hamanna atá sainithe maidir leis-
(i) Lá Fhéile Pádraig: idir 12.30 p.m. agus 12.30 a.m. an lá ina dhiaidh;

- (ii) an 23 Nollaig: má bhíonn sé ar an Domhnach, idir 10.30 p.m. agus 11.30 p.m.;
- (iii) Oíche Nollaig: idir 10.30 p.m. agus 11.30 p.m.;
- (iv) oíche shaoire bainc ar bith (seachas Oíche Nollag):
- (I) má thiteann an oíche ar lá seachtaine, idir 10.30 a.m. agus 12.30 a.m. an lá ina dhiaidh sin, nó;
- (II) Lá Fhéile Pádraig: idir 12.30 p.m. agus 12.30 a.m. an lá ina dhiaidh;
- (v) Domhnach ar bith eile (ach amháin Lá Fhéile Pádraig a thiteann ar an Domhnach): idir 12.30 p.m. agus 11 p.m.;
- (vi) Luan, Máirt, Céadaoin nó Déardaoin: idir 10.30 a.m. agus 11.30 p.m.;
- (vii) Aoine nó Satharn ar bith eile: idir 10.30 a.m. agus 12.30 a.m. an lá ina dhiaidh sin.

(1A) Tá na huaireanta atá sainithe in alt (b) d’fho-alt (1) i ndáil le lá ar bith atá sainithe san alt sin sa bhreis ar an tréimhse idir meán oíche agus 12.30 a.m. ar an lá sin, i gcás go bhfuil an tréimhse sin san áireamh sna huaireanta atá sainithe amhlaidh i ndáil le tráthnóna an lae sin.

(1B) I bhfo-alt (1), tá an brí ag ‘saoire bhainc’ a thugtar di san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

18.6 Ní fheidhmeofar aon rud atá cuimsithe in Achtanna Clárú na gClubanna 1904 go 2003 nó atá cuimsithe, de bhua fheidhmiú alt (1) den Riail seo amháin, chun cosc a chur ar dheochanna inmháil a sholáthar lena n-ól ar Áitreabh an Chlub do dhuine ar bith nó ar dheochanna inmháil a sholáthar do dhuine ar bith ar áitreabh an Chlub ag duine ar bith:

- (a) ar Lá Nollag, idir 12.00 meán lae agus 10.00 p.m. nó
- (b) ar lá ar bith eile, ar feadh uair amháin i ndiaidh éag tréimhse ar bith i ndáil leis an lá sin ina bhfuil sé dleathach don Chlub, de bhua fho-alt (1) (b), deoch inmháil a sholáthar lena hól ar Áitreabh an Chlub lena linn.

Maidir leis an deoch inmháil i ngach cás-

- (i) má ordáíonn an duine sin é nó má ordáítear ar son an duine sin é ag an am céanna a ordáítear béile substainteach, agus
- (ii) má ólann an duine sin é le linn an bhéile nó nuair a bheidh an béile ite.

18.7 In ainneoin fhorálacha Rial 18 roimhe seo, díolachán, soláthar, nó ól deochanna inmháil i bhfoirgneamh nó i dtailte an Chlub atá ceadaithe faoi na hAchtanna Deochanna Meisciúla nó leasuithe ar bith orthu sin, beidh sé dleathach agus ní bheidh sé ina shárú ar Rialacha an Chlub seo.

Mar chuid d'Fhormáid 2(b)

LE hAGHAIDH GHLACADH NA gCLUBANNA AR LEO/A OIBRÍONN BEÁIR CHEADÚNAITHE SNA SÉ CHONTAE

Leasuithe ar Riail 1-17 go huile

Cuir leis mar Riail 3.1.2

Sainítear Club mar Chlub Spóirt laistigh de théarmaí Registration of Orders (N.I.) 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile) ina sonraítear go gciallaíonn 'Club Spóirt' oidhreachtán a áitiú lena mbaineann Airteagal 31 d'Ordú na Rátaí 1997 (TÉ) (Rates (N.I.) Order 1997) (Faoiseamh Rátaí) ar oidhreachtán é a úsáidtear go heisiach agus go príomha chun críche caitheamh aimsire coirp.

Cuir le Riail 5.1.3

Ní bheidh cead ag duine ar bith bheith ina Bhaill Oinigh den Chlub nó faoiseamh a fháil ó íocaíocht na ngnáth-tháillí iontrála nó an tsíntiúis, ach amháin iad siúd a bhfuil na cáilíochtaí acu atá sainithe sa Riail seo, agus faoi réir na gcoinníollacha agus na rialacháin atá sainithe sna Rialacha.

Cuir leis mar Riail 5.1.5

Ní ligfear do dhaoine nach mbeidh cearta vótála acu i ndáil le gnóthaí an Chlub chun bheith ina mbaill i líonta chomh mór sin is go mbeidh líon na mball nach bhfuil na cearta sin acu trí oiread líon na mball a bhfuil na cearta sin acu.

Dáileadh Deochanna Meisciúla

18.1 Ní bheidh leas pearsanta ar bith ag Ball, Oifigeach, Ball Coiste, Bainisteoir nó Fostaí ar bith de chuid an Chlub i soláthar deochanna meisciúla ann, nó sna brabúis a dhéanfaí as deochanna meisciúla dá leithéid a sholáthar.

18.1.1 Ní íocfar coimisiún, céatadán nó íocaíocht chomhchosúil le duine ar bith ar chostas an Chlub ar cheannacháin deochanna meisciúla ag an gClub nó i dtaca leo.

18.1.2 Ní bhainfidh duine ar bith go díreach ná go hindíreach, sochar airgid ar bith as deochanna meisciúla a sholáthraíonn an Club nó a sholáthraítear thar a cheann, nó a sholáthraíonn baill nó aionna, seachas sochar ar bith a fhabhraíonn chuig an gClub ina iomláine.

18.2 Ach amháin i gcás grúpa ag tabhairt cuairt ar an gClub, dá bhforáiltear in alt 18.10, ní ligfear cuairteoir isteach ar áitreabh an Chlub nó ní sholáthrófar deoch mheisciúil dó ar áitreabh an Chlub ach amháin má thugann ball den Chlub cuireadh dó agus in éineacht le ball den Chlub, agus cuirfidh an ball sin ar chuairoteoir dá leithéid a ligean isteach ar Áitreabh an Chlub a ainm féin agus ainm agus seoladh an chuairoteora isteach i leabhar a choimeádtar chun na críche sin, agus ina dtaispeánfar dáta gach cuairte.

18.3 Ní sholáthrófar deoch mheisciúil ar bith lena hól lasmuigh d'Áitreabh an Chlub.

18.4 Ní sholáthrófar deoch inmháil ar Áitreabh an Chlub do dhuine ar bith faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

18.5 Faoi réir na n-eisceachtaí atá sainithe in alt 18.2 den Riail seo, ní sholáthrófar deoch mheisciúil lena hól ar Áitreabh an Chlub do dhuine ar bith (seachas ball den Chlub a bheidh ar iostas in Áitreabh an Chlub) nó lena hól ar Áitreabh an Chlub ag duine ar bith (seachas ball den Chlub a bheidh ar iostas in Áitreabh an Chlub)

18.5.1 Ní sholáthrófar, ní gheofar nó ní ólfar deoch mheisciúil ar Áitreabh an Chlub amach amháin le linn na n-uaireanta atá ceadaithe.

18.5.2 Coinneofar beár ar bith ar áitreabh an Chlub dúnta ach amháin le linn na n-uaireanta atá ceadaithe.

18.5.3 Uaireanta Ceadaithe:

(i) Ar laethanta den tseachtain, seachas Aoine an Chéasta agus Lá Nollag, ó 11.30 a.m go 11.00 p.m.

(ii) Aoine an Chéasta ó 5.00 p.m. go 11.00 p.m.

(iii) Ar an Domhnach agus Lá Nollag, ó 12.30 a.m go 10.00 p.m.

18.5.4 Eisceacht: Mar a fhoráiltear in Airteagal 25 de Registration of Clubs Order (NI) 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile) ní chuirfidh an Club cosc ar dheochanna meisciúla a ól le linn na chéad 30 nóiméad i ndiaidh dheireadh na n-uaireanta ceadaithe.

18.5.5 Ní sholáthróidh an Club deochanna meisciúla lasmuigh de na huaireanta ceadaithe mura bhfaigheann sé an cead riachtanach mar a thuairiscítear in Airteagal 26 de Registration of Clubs Order (NI) 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile).

18.6 Ní ligfear an duine céanna sin, ach amháin más tuismitheoir, fear céile, bean chéile nó páiste de chuid baill é nó í, isteach mar aoi baill ar áitreabh an Chlub líon nach mó ná 20 lá i dtréimhse 12 mhí ar bith.

18.7 Féadfaidh duine, ach táille a íoc leis an gClub maidir le lá ar bith úsáid a bhaint as an lá sin as cibé saoráidí a chinneadh an Coiste Feidhmiúcháin nó comhlacht rialaithe an Chlub agus ní bheidh alt 18.2 i bhfeidhm maidir leis an duine sin i ndáil leis an lá sin.

18.8 Ní sholáthróidh, ní bhfaighidh nó ní ólfaidh duine ar bith seachas aoi baill nó fostaithe de chuid an Chlub deoch mheisciúil, i gClub cláraithe.

18.9 Beidh ball freagrach as a chinntiú go gcloíonn a aoi go docht leis na rialacha agus ní fhágfaidh sé an club roimh a aoi, agus ní sholáthrófar deoch mheisciúil don aoi ar áitreabh an Chlub ach amháin má thugtar cuireadh dó agus má tá sé i gcuideachta baill.

18.10 Foirne ar cuairt etc a ligean isteach:

(1) In ainneoin ailt 12 agus 14 de Sceideal 1 de Registrations of Clubs (NI) Order 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile) nó riail ar bith nach mór don Chlub iad a dhéanamh leis na hait sin, i gcás go bhfuil foireann nó comhlacht daoine a bhfuil cuairt á tabhairt acu, mar bhaill chlub eile (cibé an bhfuil sé cláraithe nó nach bhfuil), ar an gClub chun páirt a ghlacadh i gcaitheamh aimsire, spórt, cluiche nó fóillíocht ar

bith ag an gClub nó chun iad a eagrú nó socruithe a dhéanamh ina leith, féadfaidh oifigeach den Chlub ainm an chlub, an chumainn nó na heagraíochta a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar an gClub agus líon na ndaoine gan a n-ainmneacha agus seoltaí a shonrú a iontráil isteach sa leabhar a cheanglaítear a choinneáil le halt 12, agus féadfar deoch mheisciúil a sholáthar do na daoine sin ar iarratas oifigeach an Chlub agus ina láthair ar ócáid na cuairte sin.

(2) Déanfar neamhaird ar admháil daoine lena mbaineann alt

(1) chun críche alt 11 de Sceideal 1 den Registration of Clubs Order (NI) 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile).

18.11 Soláthar nó ól deochanna meisciúla i bhfoirgneamh nó i dtailte an Chlub atá ceadaithe faoin Registration of Clubs (NI) Order 1996 (nó mar a leasófar é ó am go chéile), agus ag aon síntí agus leasuithe ina leith, beidh sé dleathach agus ní bheidh sé ina shárú ar Rialacha an Chlub seo.

18.12 Coinneofar liosta, in ord aibítir, d'ainmneacha agus seoltaí gach oifigigh agus gach baill ar áitreabh an Chlub.

Rialacháin arna n-eisiúint chuig Clubanna sna Sé Chontae agus sa Bhreatain ag an Ard-Chomhairle.

(1) Arna n-eisiúint faoi Rialacha 1.11 agus 1.12 den Treoir Oifigiúil chun Riail 5 de Bhunreacht an Chlub a Shoiléiriú:

“Beidh Ballraíocht, faoi Rialacha 5.1.1 go 5.1.4 go huile de Bhunreacht an Chlub, ar oscailt don phobal ina iomláine, gan dochar, ach amháin a mhéid is gá de bharr cheanglais na gcluichí Iománaíochta, na Peile Gaelaí, Liathróid Láimhe agus Cluiche Corr, agus cluichí ar bith eile dá leithéid, arna gceadú nó arna bhfaomhadh ag an gComhdháil Bhliantúil, lena gcur chun cinn agus lena rialú ag Cumann Lúthchleas Gael, agus léirmhíneofar Rialacha 5.1 go 5.1.4 dá réir sin.”

(2) Arna n-eisiúint faoi Riail 3.7 den Treoir Oifigiúil chun Riail 13 de Bhunreacht an Chlub a Shoiléiriú: “Faoi Riail 13.3 de Bhunreacht an Chlub, ordóidh an Coiste Contae nach ndéanfar ach maoin a bheidh fágtha i ndiaidh Foirceannadh Club, ar shásamh a fhiach agus a

dhliteanas uile, a úsáid le haghaidh ceann de na cuspóirí atá liostaithe ag alt 5 (a) go (c) de Sceideal 18, an tAcht Airgeadais 2002.”

(3) Arna n-eisiúint faoi Riail 1.10 den Treoir Oifigiúil chun Riail 12 de Bhunreacht an Chlub a Shoiléiriú: “Tá stádas amaitéarach agus neamhbhrabúsach ag an gClub. Déanfar barrachas nó gnóthachain ar bith a ath-infheistiú sa Chlub, agus ní dháilfear sócmhainní, in airgead tirim nó i gcomhchineál, ar bhaill nó ar thríú páirtithe.

[Foirm Iarratais do Bhallraíocht Iomlán]

[Foirm Iarratais do Bhallraíocht Páiste/Óige]

[Fógraí tábhachtacha]

Aguisín 6

An Cód Réitigh Díospóidí

1. Údarás agus Dlíne an Údaráis Réitigh Díospóidí

1.1 Bunófar Údarás ar a dtabharfar Údarás an Chóid Réitigh Díospóidí. Beidh sé neamhspleách ar an gCumann agus beidh sé faoi cheangal Fhorálacha an Chóid seo amháin.

Beidh sé comhdhéanta de Rúnaí, a cheapfaidh an Chomhdháil ar ainmniú na hArd-Chomhairle, ar feadh téarma nó téarmaí, agus ní mhairfidh ceann ar bith de na téarmaí sin tréimhse nach faide ná trí bliana. Má thagann folúntas chun cinn idir Comhdhálacha líonfaidh an Ard-Chomhairle é, agus daingneofar an ceapachán ag an gcéad Chomhdháil eile.

Beidh an chumhacht ag an Rúnaí Ionadaithe agus/nó Cúntóirí a cheapadh.

Coimeádfaidh an Rúnaí Painéal de líon nach lú ná 30 duine, a bheidh comhdhéanta de líon nach lú ná 15 duine a bheidh cáilithe mar aturnaetha nó abhcóidí nó eadránaithe (Grúpa 1), agus líon nach lú ná 15 duine nach mbeidh cáilíocht den sórt sin acu, a bheidh, de bhua a dtaithí agus a saineolais i ngnóthaí an Chumainn, cáilithe go cuí chun díospóidí a bhaineann le Rialacha an Chumainn a réiteach (Grúpa 2). Daingneoidh an Ard-Chomhairle na Baill a roghnóidh an Rúnaí don Phainéal.

Ní bheidh Oifigeach atá ag fónamh ar leibhéal Contae, Cúige nó Náisiúnta incháilithe i leith an phainéil.

1.2 Slánófar an tÚdarás Réitigh Díospóidí i ndáil leis na costais, speansais agus dliteanais uile ag an gCumann agus gcuirfidh sé cuntas dá ghnó os comhair na hArd-Chomhairle (nó a fochoiste ceaptha) ar bhonn bliantúil. Ní bheidh an tÚdarás Réitigh Díospóidí faoi dhliteanas aon ní a dhéanfar nó a fhágfar gan déanamh i gcomhlíonadh nó i gcomhlíonadh airbheartaithe a fheidhmeanna mura dtaispeánfar gur de mheon mímhacánta a rinneadh an gníomh nó an neamhghníomh.

1.3 Rialófar ceist ar bith idir páirtithe díospóideacha faoi Rialacha Chumann Lúthchleas Gael (lena n-áirítear Fodhlíthe, Rialacháin agus Léirmhíntithe na Rialacha ag an Ard-Chomhairle a bhainfidh leis an

gcinneadh, a bheidh ina ábhar sa díospóid) (“na Rialacha”) agus faoi Dhlíthe na hÉireann agus cuirfear i bhfeidhm iad maidir le ceist ar bith idir páirtithe díospóideacha.

Déanfaidh an Binse (mar atá sainithe i gCuid 5) cibé fiosruithe, iarrfaidh sé cibé tuairimí agus fianaise, agus déanfaidh sé cibé orduithe is iomchuí leis, faoi réir an Chóid seo agus faoi réir an Dlí.

1.4 Sna nithe go léir ina bhfuil feidhm ag Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí faoin gCód seo, féadfaidh sé/sí ionadaithe a cheapadh chun gníomhú ina áit/ina háit i gcás, chun cúiseanna praiticiúlachta, nach bhfuil sé/sí ábalta gníomhú. Beidh cumhachtaí agus feidhmeanna an Rúnaí ag an Ionadaí sin agus é/í ag gníomhú lena údarás/húdarás.

2. Iarratas ar Réiteach Díospóide

2.1 Páirtí ar bith i ndíospóid a rialaítear faoin gCód seo a bheidh cinneadh á lorg aige (“an tÉilitheoir”), ní mór dó iarratas i scríbhinn ar imeachtaí um réiteach díospóide (“an tÉileamh”) a chur isteach chuig Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

- (a) ainm agus seoltaí na bpáirtithe uile sa díospóid agus a ndátaí breithe má tá siad faoi ocht mbliana déag d’aois;
- (b) ráiteas gairid ina mbeidh cur síos ar chineál agus ar chúinsí na díospóide, agus ina sonrúfar an leigheas a bheidh á éileamh;
- (c) cóipeanna de na rialacha, na rialacháin, na fodhlíthe, den rialú nó den údarás dlí a bhaineann leis an éileamh;
- (d) ráiteas maidir le nithe ar bith a bheidh comhaontaithe ag na páirtithe cheana i ndáil le seoladh na n-imeachtaí um réiteach díospóide, nó moltaí ar bith (más ann dóibh) i ndáil le seoladh dá leithéid;
- (e) Deimhniú go ndearnadh triail a bhaint as bealaí achomhairc uile atá ar fáil faoin Treoir Oifigiúil ; agus
- (f) Ráiteas ina sonraítear go bhfuil ábhair an Éilimh fíor agus beacht.

Tá foirm fhorordaithe leagtha amach ag deireadh an Chóid seo, agus féadfaidh an Rúnaí foirmeacha forordaithe cothrom le dáta le haghaidh Éileamh faoin Rial seo a fhoilsiú.

2.2 Cuirfear an t-éileamh in iúl do Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí a luaithe is féidir nuair a bheidh na hachomhairc ar fad atá ar fáil laistigh den Riail seo curtha i gcrích, agus i gcás ar bith laistigh de na 7 lá ón gcinneadh, agus ní bhreathnófar Éileamh ar bith i ndiaidh an dáta sin, mura bhfuil an Rúnaí sásta go bhfuil cúis mhaith ann leis an tréimhse ama a shíneadh.

2.3 Beidh éarlais €1,000 ag gabháil leis an éileamh i leith speansais an Údaráis Réitigh Díospóidí, agus déanfaidh an Rúnaí an tsuim sin a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus a chur in iúl don Ard-Chomhairle sna cuntais iniúchta. Ag deireadh imeachtaí um Réiteach Díospóide ar bith, déanfar speansais iomlána an Údaráis Réitigh Díospóidí sna himeachtaí a ríomh agus féadfaidh an Binse (mar atá sainithe i gCuid 5) a ordú go n-íocfaidh cibé páirtí nó páirtithe is iomchuí na speansais, agus chun na críche sin, féadfaidh sé a éileamh go n-aisíocfaidh páirtithe ar bith nach n-éireoidh leo Éilitheoir ar bith a n-éireodh leis.

2.4 Ní mór don Éilitheoir cóip den Éileamh mar aon le cóipeanna de dhoiciméid ar bith a soláthraíodh don Rúnaí a sheirbheáil ar an bpáirtí nó ar na páirtithe eile (“an Freagróir”) chomh maith le hArd-Stiúrthóir Chumann Lúthchleas Gael. Dearbhóidh an tÉilitheoir i scríbhinn don Rúnaí nuair a bheidh an t-éileamh á chur isteach aige gur seirbheáladh na doiciméid sin go cuí. Is é an dáta a bhfaighidh an Rúnaí an t-éileamh an dáta a gcuirfear tús leis na himeachtaí um réiteach díospóide (“an Dáta Tosaithe”).

3. Freagairt an Fhreagróra

Laistigh de thréimhse 7 lá, nó laistigh de cibé teorainn ama bhreise, nó i gcásanna práinne speisialta, laghdaithe, a fhorchuirfidh Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí agus a chuirfidh sé in iúl don Fhreagróir, maidir leis an Dáta Tosaigh, féadfaidh an Freagróir freagairt (“an Freagra”) a chur chuig an Rúnaí ina mbeidh na sonraí seo a leanas:

- (a) freagairt trí bhíthin admhála nó séanta maidir le gach ráiteas san Éileamh;
- (b) ráiteas gairid ina mbeidh cur síos ar chineál agus ar chúinsí frithéilimh infheidhme ar bith atá á dhéanamh;

(c) nóta tráchta mar fhreagairt ar ráitis ar bith san Éileamh maidir le nithe ar bith a bhaineann le seoladh na n-imeachtaí um réiteach díospóide.

(d) deimhniú nár fágadh réiteach ar bith ar an achomharc atá ar fáil faoin Treoir Oifigiúil nár thriail sé; agus

(e) ráiteas ina sonraítear go bhfuil ábhair an Fhreagra fíor agus beacht.

agus dearbhóidh sé i scríbhinn don Rúnaí gur seirbheáladh cóipeanna de dhoiciméid ar bith a soláthraíodh don Rúnaí ar an Éilitheoir, agus ar Fhreagróirí ar bith eile agus ar Ard-Stiúrthóir Chumann Lúthchleas Gael. Tá foirm fhorordaithe leagtha amach ag deireadh an Chóid seo, agus féadfaidh an Rúnaí foirmeacha cothrom le dáta le haghaidh Freagraí faoin Riail seo a fhoilsiú.

4. Eadráin

4.1 Spreagfaidh an tÚdarás Réitigh Díospóidí eadráin agus idirbheartaíocht más praiticiúil, agus má iarrtar air agus seachas sin de rogha an Rúnaí, cuirfidh sé ainmneacha agus sonraí teagmhála na ndaoine a bheidh sásta agus a bheidh ábalta cuidiú leis i réiteach cairdiúil na ndíospóidí laistigh de Rialacha an Chumainn in iúl do na páirtithe.

4.2 Ní dhéanfaidh eadráin nó idirbheartaíocht dochar do na himeachtaí um réiteach díospóide agus féadfar dul ina mbun agus leanúint leo ag tráth ar bith le linn na n-imeachtaí um réiteach díospóide.

5. An Binse

5.1 Faoi réir Chuid 5.4 thíos, cinnfidh Binse (“an Binse”) díospóid ar bith a chuirfear isteach chuig an Údarás Réitigh Díospóidí ar a mbeidh triúr daoine a roghnófar as Painéal an Údaráis Réitigh Díospóidí, agus roghnófar duine amháin díobh sin ar a laghad as Grúpa 1 agus duine amháin ar a laghad as Grúpa 2 den Phainéal.

5.2 Ní mór do gach duine a bheidh imeachtaí réitigh á seoladh acu faoin gCód seo a bheith neamhspleách agus neamhchlaonta, agus ní ghníomhóidh siad choíche mar ionadaí ar son páirtí ar bith.

5.3 Roghnóidh Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí an Binse ar bhonn sealadach ó Phainéal an Údaráis Réitigh Díospóidí agus cuirfidh sé ainmneacha bhaill an Bhinse in iúl do na páirtithe a luaithe is féidir i ndiaidh iad a roghnú. Beidh an Binse comhdhéanta amhlaidh, mura ndéanann páirtí amháin nó níos ná sin agóid leis an Rúnaí i gcoinne duine ar bith a roghnaíodh go sealadach laistigh d'fhógra trí lá (nó tréimhse níos gairide a shocrófaí i gcás go ndéantar an éisteacht a shocrú le haghaidh dáta níos luaithe), agus go bhfuil sé sásta go bhfuil fíorchoinbhleacht leasa ag an duine sin.

5.4 Má aontaíonn gach páirt sa díospóid nach mbeidh sa Bhinse ach duine amháin a ainmneoidh siad ó Phainéal an Údaráis Réitigh Díospóidí, ní mór an Rúnaí a chur ar an eolas dá réir sin, agus déanfaidh an Rúnaí, ar an gcoinníoll go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil an duine a ainmníodh neamhspleách ar na páirtithe sa díospóid, an duine amháin sin a cheapadh, agus comhdhéanfaidh an duine sin Binse bailí.

5.5 Má dhiúltaíonn duine ar bith den Bhinse gníomhú, nó nach mbeidh an duine sin ábalta gníomhú nó nach mbeidh sé oiriúnach le gníomhú, i dtuairim an Rúnaí, ceapfaidh an tÚdarás Réitigh Díospóidí duine eile sa Bhinse ina áit/háit.

5.6 Toghfaidh baill an Bhinse duine dá líon chun gníomhú mar Chathaoirleach, agus in éagmais comhaontaithe, roghnóidh an Rúnaí an Cathaoirleach.

5.7 Féadfaidh an Binse cinneadh a dhéanamh ar a dhlínse féin, lena n-áirítear agóidí ar bith maidir le marthain nó bailíocht an atreoraithe chuig eadráin de réir na Treorach Oifigiúla. Chun na críche sin, caithfear leis an gCóid seo mar chomhaontú atá neamhspleách ar théarmaí eile Rialacha an Chumainn.

6. Cumarsáid

6.1 Ní dhéanfaidh na páirtithe cumarsáid leis an mBinse ach amháin trí Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí, mura n-ordóidh an Rúnaí amhlaidh.

6.2 Féadfaidh an Rúnaí cumarsáid a dhéanamh go díreach le páirtí ar bith eile lena dhearbhuí go bhfuarthas na Doiciméid, agus féadfaidh sé cóipeanna de na Doiciméid a chur chucu.

6.3 Beidh trí chóip bhreise leis an gcomhfhreagras ó pháirtí amháin chuig Rúnaí an Údaráis Réitigh Díospóidí, agus ní mór don pháirtí sin cóip eile den chomhfhreagras a chur chuig gach páirtí eile sa díospóid.

6.4 Seachadfar an chumarsáid ar fad de láimh nó déanfar é a sheoladh sa phost, a chur le ríomhphost nó a chur trí tharchur facs chuig na páirtithe ag na seoltaí a bheidh leagtha amach do gach duine díobh san Éileamh, nó ag seoladh a bheidh curtha in iúl roimhe sin ag páirtí ar bith don Údarás Réitigh Díospóidí, don Bhinse agus do na páirtithe eile. Measfar go mbeidh cumarsáid ar bith dá leithéid seirbheáilte:

- (a) má seachadadh de láimh í, ag am an tseachadta,
- (b) má cuireadh sa phost í, ag deireadh 48 n-uaire tar éis an clúdach litreach ina mbeidh an chumarsáid sin a bheith curtha sa phost, agus
- (c) má cuireadh le ríomhphost nó trí tharchur facs í, ag deireadh 12 uair an chloig i ndiaidh an chumarsáid sin a admháil go huathoibríoch don té a sheol í, agus chun seirbhís dá leithéid a chruthú, is leor é a chruthú gur cuireadh an seachadadh i gcrích nó gur cuireadh an seoladh ceart ar an gclúdach ina raibh an chumarsáid agus gur seoladh í mar litir réamhíoctha, nó go raibh an seoladh ceart ar an ríomhphost nó ar an tarchur facs agus gur seoladh agus gur admháodh iad mar is ceart de réir mar is cuí.

6.5 I gcásanna práinne speisialta, féadfaidh an Rúnaí, an Binse agus (ar an gcoinníoll go bhfuarthas cead ón Rúnaí) na páirtithe úsáid a bhaint as an teiléafón nó as modhanna eile dá leithéid is gá chun fógra a thabhairt.

6.6 Féadfaidh an Binse a mheas go raibh an chumarsáid dóthanach in ainneoin mainneachtain i gCuid 6 seo a chomhlíonadh, dá mbeadh an chumarsáid sin éifeachtach go leor.

7. Cur Chun Feidhme na nImeachtaí

